Tuarascáil Bhliantúil

an aire Talmhaíochta agus Bia

2003

THE DEPARTMENT OF
AGRICULTURE & FOOD
AN ROINN TALMHAÍOCHTA AGUS BIA

Bímid i gcónaí ag iarraidh feabhas a chur ar an bhfaisnéis a sholáthraímid dár gcuid custaiméirí agus is féidir leatsa cuidiú linn. Ba mhaith linn go gcuirfeá do chuid tuairimí ar chuma, leagan amach agus ábhar na Tuarascála seo in iúl dúinn.

Is féidir é seo a dhéanamh ach **scríobh** chun:

Rannóg na gCúrsaí Corparáideacha (Tuarascáil Bhliantúil)
Bloc 6 Thoir, An Roinn Talmhaíochta agus Bia,
Teach na Talmhaíochta, Sráid Chill Dara,
Baile Átha Cliath 2, Éire

Nó **r-phost** a chur chun:
publications@agriculture.gov.ie

Go raibh míle maith agat

© Rialtas na hÉireann 2004

Praghas €10
Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne: www.agriculture.gov.ie

An Roinn Talmhaíochta agus Bia,
Príomhoifig, Teach na Talmhaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2
Guthán: 01 6072000; Lóghlao: 1890 200 510

RÁITEAS MISIN

"Is é ár misean bheith ar thús cadhnaíochta ag forbairt earnáil iomaíoch agraibhia a bheidh dírithe ar an tomhaltóir, agus ag cur le geilleagar agus sochaí bhríomhar na tuaithe"

(Ráiteas Straitéise, 2003 - 2005)

THE DEPARTMENT OF
AGRICULTURE & FOOD
AN ROINN TALMHAÍOCHTA AGUS BIA

OIFIGÍ NA ROINNE

CLÁR ÁBHAIR

ATHBHREITHNIÚ AN AIRE ... iv

FOCAL BROLLAIGH ÓN ARDRÚNAÍ ... vi

EAGRÚCHÁN NA ROINNE ... viii

TUARASCÁIL AR CHUSPÓIRÍ NA ROINNE

Forbairt an Agraibhia agus an Trádáil ... 1
Sábháilteacht Bia, Sláinte agus Leas Ainmhithe, Sláinte Plandaí ... 16
Creatlach Idirnáisiúnta ... 29
Geilleagar agus Comhshaol na Tuaithe ... 35
Cur i gCrích Scéimeanna agus Bainistiú Airgeadais ... 39
Cumais Oibriúcháin ... 48

NODA ... 61

AGUISÍNÍ

1. An Plean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 – Talmhaíocht agus Bia ... 64
2. Plean Gníomhartha do Sheirbhísí do Chustaiméirí – Táscairí ... 66
3. Táscairí Feidhmíochta ... 70
4. Vóta 31 – Talmhaíocht agus Bia ... 95
5. Caiteachas Ráthaíochta FEOGA ... 97
6. Cuntas a Íoc go Pras ... 100
7. Eagrais Stáit faoi Choimirce na Roinne ... 101
8. Orduithe agus Rialacháin ... 103
9. Achtanna Talún ... 112

ATHBHREITHNIÚ AN AIRE TALMHAÍOCHTA AGUS BIA AR AN MBLIAIN

Joe Walsh TD
an tAire Talmhaíochta agus Bia

Nollaig Ó Treasaigh TD
Aire Stáit

Liam Aylward TD
(Aire Stáit le linn 2003)

Bliain thábhachtach ab ea 2003 do chúrsaí talmhaíochta in Éirinn. Ar an bhforbairt ba mhó ó thaobh na mbeartas de bhí deireadh na caibidlíochta i gComhairle na nAirí i Lucsamburg i mí an Mheithimh faoin Athbhreithniú Lárthéarma ar an gComhbheartas Talmhaíochta. Shocraigh an Chomhairle ar an CBT a leasú ó bhonn agus cuireann sé seo urrús faoina thodhchaí trína dhéanamh níos ábhartha don tsochaí nua-aimseartha. Athru iomlán ar an tslí ina dtacaíonn an tAE leis an talmhaíocht is ea díchúpláil na n-íocaíochtaí díreacha. As seo amach beidh an CT curtha níos fearr in oiriúint do riachtanais na dtomhaltóirí agus tabharfaidh sé deis d'fheirmeoirí **dul i ngleic le riachtanais na dtomhaltóirí agus an mhargaidh araon, agus coinníollacha idirnáisiúnta, de réir mar a athraíonn siad.** Bainfidh an tsochaí féin leas mór as an nasc idir íocaíochtaí tacaíochta agus comhlíonadh na gcaighdeán comhshaoil, sábháilteachta bia agus leasa ainmhithe.

Toradh an-sásúil d'Éirinn is ea an córas nua seo. Ón tús féin bhí mar chuspóirí agam na buntáistí substainitiúla airgeadais, a baineadh amach don Talmhaíocht in Éirinn faoin gcomhaontú Clár Oibre 2000, a choinneáil, agus creatlach bhartais a chur ar bun a thabharfadh an deis d'earnáil an agraibhia éirí níos iomaíche agus níos dírithe ar an margadh agus, san am céanna, an tacaíocht riachtanach ioncaim a thabhairt d'fheirmeoirí. Táim an-sásta gur bhaineamar na cuspóirí sin amach.

Sholáthair an comhaontú seo an-chuid roghanna do Bhallstaít maidir leis an modh ina gcuirfí an díchúpláil, agus an méid di a chuirfí, i bhfeidhm. Tar éis próisis fhada chomhairliúcháin, d'fhógair mé i mí Dheireadh Fómhair go roghnódh Éire **díchúpláil iomlán na n-íocaíochtaí díreacha** maidir le heallach, caoirigh agus barra curaíochta le héifeacht ó 1 Eanáir 2005. Agus mé ag tógáil an chinnidh seo, rinne mé dianmhachnamh ar an mbreis agus 200 aighneacht a fuarthas agus ar thorthaí an **taighde neamhspléach** a choimisiúnaigh mé ó FAPRI Ireland. Ní dhearna mé dearmad ach oiread ar thromlach mór na dtuairimí ar son na díchúplála iomláine a bhí le feiceáil i measc feirmeoirí aonair a d'fhreastail ar na seimineáir eolais a reachtáil mo Roinn ar fud na tíre.

Le cúnamh ón Scéim Íocaíochta Feirme Single, beidh an tsaoirse ag feirmeoirí as seo amach díriú ar an margadh agus ar riachtanais an tomhaltóra. Cuirfidh sé seo bonn níos fearr faoi thionscal iomaíoch talmhaíochta agus bia ná córas a d'imir tionchar ar fheirmeoirí cinneadh a dhéanamh a bhí bunaithe ar an teidlíocht a bhí acu ar bhisigh. Cinnteoidh an córas nua freisin **go laghdófar ar mhéid an mhaorlathais d'fheirmeoirí agus don Roinn araon,** rud a rachaidh chun leasa an dá dhreama againn.

De bharr gur tógadh an cinneadh go luath díchúpláil iomlán a roghnú, agus léirigh Éire ceannródaíocht do gach Ballstát eile, thosaigh an Roinn ag socrú teidlíochtaí feirmeoirí aonair faoin Scéim Íocaíochta Feirme Single. Thug sé seo an deis dúinn fadhbanna a aithint a d'fhéadfadh a bheith ann i bhfeidhmiú an chórais nua agus ina thionchar ar fheirmeoirí, agus dá bharr seo cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh sa chaibidlíocht ar rialacha mionchruinne an chur i bhfeidhm.

Bhí díomá orm gur theip ar an **gCúigiú Comhdháil EDT d'Airí**, a bhí ar siúl i gCancún Mheicsiceo i mí Mheán Fómhair, teacht chun réitigh. Creidim go mbainfeadh tíortha faoi fhorbairt go háirithe, ach tíortha forbartha freisin, leas mór as na téarmaí a bhí faoi chaibidil. Bhí an tAthbhreithniú Lárthéarma ar an gComhbheartas Talmhaíochta agus an comhaontú idir an tAE agus SAM ar an talmhaíocht tar éis a léiriú **a thiomanta a bhí an tAE toradh maith** a bhaint amach, agus chruthaigh sé an fuinneamh riachtanach chun teacht chun réitigh shásúil. Bhí an-chuid cúiseanna leis an teip, ina measc castacht na saincheisteanna a bhí á bplé agus struchtúir chiotrúnta chinnteoireachta an EDT a chaithfidh tuairim gach ceann de na 148 ballstát a mheas. Níorbh í an talmhaíocht ba chúis leis an teip ar an gcaibidlíocht. Mar sin féin tá súil agam nach raibh sna himeachtaí i gCancún ach **sos beag sa chaibidlíocht** agus go gcuirfear Babhta Forbartha Doha i ngníomh.

Tháinig meánmhéadú **4.9%** ar ioncam feirmeacha in Éirinn i 2003. **€2.8 billiún**, nach beag, an **caiteachas poiblí iomlán** mar thacaíocht d'earnáil an agraibhia. **€1.6 billiún** méid **iomlán na n-íocaíochtaí díreacha**, lena n-áirítear préimheanna d'fheirmeoirí, tacaíocht do mhargaí, díothú galar agus bearta faoi Phlean Forbartha Tuaithe an CBT. Léiríonn an leibhéal seo caiteachais a thiomanta atá an Rialtas d'earnáil an agraibhia ar bhonn leanúnach.

Chonaiceamar gur éirigh go maith le mairteoil na hÉireann i margaí na hEorpa agus bhí athshaothrú maith sa trádáil leis an Rúis de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh agus chuidigh sé seo leis na méideanna a bhí á n-onnmhairiú go dtí margaí tíortha treasacha. Tríd is tríd meastar gurbh fhiú nach mór **€1.28 billiún** an méid de mhairteoil na hÉireann a onnmhairíodh. Léirigh na praghsanna ardaithe ar earraí déiríochta ar fud an domhain i 2003 go raibh feabhas ginearálta tar éis teacht ar choinníollacha an mhargaidh, le héileamh níos mó ar mhargaí idirnáisiúnta agus soláthar laghdaithe ón Astráil. Mar go raibh éileamh soláthair níos mó ar gach earra, agus go raibh méid níos lú acu ar fáil ó na soláthróirí traidisiúnta lasmuigh den AE, bhí **margadh an AE níos cothroime agus na praghsanna inmheánacha níos tréine.**

Bhí áthas ar leith orm gur shocraigh an Rialtas go gcuirfí ar ais ar mo Roinn an fhreagracht as **earnáil na foraoiseachta**, le héifeacht ó 1 Eanáir 2004. Tá baint ag earnáil na foraoiseachta le han-chuid réimsí éagsúla de shaol geilleagrach agus sóisialta na hÉireann, go háirithe i bpobail tuaithe.

Tríd is tríd, bliain lán d'eachtraí a bhí i 2003, ina ndearnadh dul chun cinn agus forbairt in an-chuid réimsí, ach cuimhneofar uirthi mar bhliain inar críochnaíodh céim mhór chun tosaigh i bhforbairt an CBT.

Joe Walsh TD

An tAire Talmhaíochta agus Bia

FOCAL BROLLAIGH ÓN ARDRÚNAÍ

John Malone
Ardrúnaí

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don chion oibre a rinne foireann na Roinne chun ár gcuid misean agus cuspóirí i 2003 a bhaint amach, agus réimse leathan beart agus seirbhísí a sholáthar i mbliain inar foilsíodh **Ráiteas Straitéise** nua - an ceathrú Ráiteas Straitéise a d'fhoilsigh an Roinn.

Léirítear sa Ráiteas Straitéise an comhshaol claochlaitheach, idir inmheánach agus sheachtrach, ina bhfuil an Roinn ag obair, agus aithnítear na dúshláin atá romhainn. Leagann sé amach ár misean do na **trí bliana** atá amach romhainn, aithníonn sé **na cuspóirí agus na straitéisí** agus cuireann sé síos ar an bpróiseas **measúnachta agus monatóireachta**. Go bunúsach, is é is bun le gach plean gnó rannach de chuid na Roinne. Tugtar imlíne ar ghníomhaíocht na Roinne sa Tuarascáil Bhliantúil seo maidir le cur i gcrích na straitéisí seo.

Bunriachtanas eile is ea forbairt na foirne agus leanadh den **Chóras Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha** a thabhairt isteach i 2003, le fócas ar dheimhin a dhéanamh de go raibh an próiseas pleanála leabaithe go maith i ngach leibhéal ar fud na Roinne. Athbhreithníodh oibriú an chórais agus cuireadh i bhfeidhm na moltaí chun an próiseas a chuíchóiriú agus a fheabhsú. Ghlac an Roinn páirt freisin sa mheasúnú ar an CBFF, a rinneadh i rith na bliana ar bhonn seachtrach ar fud na Státseirbhíse.

Ar na príomhthosaíochtaí tá **Seirbhís den scoth** don chustaiméir. Rinneamar a thuilleadh forbartha ar ár modhanna íocaíochtaí i gcaitheamh na bliana. Cuireadh in iúl d'fheirmeoirí i Meitheamh 2003 go raibh **rogha na híocaíochta leictreonaí** ar fáil agus tugadh foirm réamhchlóbhuailte chun sonraí bainc a sholáthar. D'fhreagair suas le 17,000 feirmeoir air, agus ó Dheireadh Fómhair 2003 ar aghaidh tá 14% den mhéid iomlán íocaíochtaí le feirmeoirí á dhéanamh go leictreonach. Faoi dheireadh na bliana bhí 17,000 feirmeoir eile tar éis sonraí cuntais bainc a sholáthar chun úsáid a bhaint as an Aistriú Leictreonach Maoine (ALM). Tá an áis seo in úsáid go forleathan freisin chun soláthróirí agus foireann a íoc agus leanfaimid den áis seo a chur chun cinn.

Neartaíomar ár gcumas eagrucháin freisin tríd **an gclár bainistíochta priacal**, ar cuireadh tús leis ar bhonn píolótach i 2003. Is é is cuspóir leis an gclár ná measúnú a dhéanamh ar na príomhphriacail (ó thaobh straitéisí, oibriucháin, airgeadais agus chlú na Roinne de) atá roimh an Roinn agus í ag iarraidh a cuspóirí a bhaint amach, agus bearta a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar na priacail seo.

Rinneadh dul chun cinn mór eile i réimse na bpríomhbheartas, lena n-áirítear an tsábháilteacht bia agus lipéadú, saincheisteanna agrachomhshaoil agus sláinte agus leas ainmhithe. Thug sé spreagadh ar leith dúinn i 2003 a fheiceáil go raibh

laghdú 45% ar mhéid na gcásanna de Ghalar na Bó Mire (BSE) i gcomparáid leis na leibhéil i 2002. Cuireadh go mór lenár bhfócas ar shaincheisteanna tomhaltais i rith na bliana de réir mar a lean **painéal idirchaidrimh tomhaltóirí** na Roinne dá obair agus a d'fhoilsigh sé a chéad tuarascáil bhliantúil i Lúnasa.

Beidh tionchar nach beag ag na hathruithe ó bhonn a chuirfear i bhfeidhm ar an gComhbheartas Talmhaíochta, agus a chomhaontaigh Comhairle na nAirí i 2003, ar ghnó na Roinne as seo amach. De thoradh an phlean dílárnaithe a d'fhógair an tAire Airgeadais ina ráiteas ar an gcáinaisnéis ar 3 Nollaig, athlonnófar ceanncheathrú na Roinne go Port Laoise agus aistreofar 400 ball foirne.

Tabharfaidh na hathruithe seo ar an gcomhshaol ina bhfuilimid ag obair dúshlán na Roinne go mór, ach táim lánchinnte go n-éireoidh leis an Roinn í féin a chur in oiriúint do na coinníollacha nua seo, mar atá déanta aici roimhe seo.

John Malone

Ardrúnaí

EAGRÚCHÁN NA ROINNE

Tá 4,820 ball foirne go hiomlán ag an Roinn (a bhfuil 630 acu ag roinnt oibre). Tá 2,655 ball foirne riaracháin, 350 i ngrádanna tréidlianna, 205 i ngrádanna cigireachta, 1,257 i ngrádanna teicniúla, 185 i ngrádanna speisialtóireachta agus 168 i ngrádanna eile.

Is é an Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) an fhoireann shinsearach bhainistíochta agus tá John Malone, Ardrúnaí, i bhfeighil ar an gCoiste ina bhfuil naonúr Ardrúnaithe Cúnta, an Príomhoifigeach Tréidliachta agus an Príomhchigire. Is iad seo a leanas a bhfeagrachtaí:

COISTE COMHAIRLEACH BAINISTÍOCHTA 2003

Jim Beecher, Rúnaí Cúnta

Bart Brady, Rúnaí Cúnta

Denis Byrne, Rúnaí Cúnta

John Fox, Rúnaí Cúnta

John Gillespie, Rúnaí Cúnta

Seamus Healy, Rúnaí Cúnta

Tom Moran, Rúnaí Cúnta

Aidan O'Driscoll, Rúnaí Cúnta

Philip O'Reilly, Rúnaí Cúnta

Paddy Rogan, Príomhoifigeach Tréidliachta

Tom Teehan, Príomhchigire

CAIRT EAGRÚCHÁIN 2003



Nóta. Tuairiscíonn an tUasal Paul Dillon, Stiúrthóir, An Oifig Aghomhairc Talmhaíochta, go direach don Aire Talmhaíochta agus Bia.

TUARASCÁIL AR CHUSPÓIRÍ NA ROINNE

TUARASCÁIL AR CHUSPÓIRÍ NA ROINNE DON BHLIAIN 2003

6.1 Forbairt Agraibhia agus Trádáil

Earnáil agraibhia a fhorbairt a bheidh iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta, an trádáil i dtáirgí talmhaíochta agus bia a réiteach agus tacaíocht a thabhairt di.

6.2 Sábháilteacht Bia, Sláinte agus Leas Ainmhithe, Sláinte Plandaí

Deimhin a dhéanamh de na caighdeáin is airde sa tsábháilteacht bia agus i gcosaint an tomhaltóra, i sláinte agus leas ainmhithe agus i sláinte plandaí.

6.3 Creatlach Inmheánach

An chreatlach is fearr d'earnáil an agraibhia, don gheilleagar tuaithe agus don chomhshaol nádúrtha a bhaint amach ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal idirnáisiúnta araon, agus cur leis an gcomhoibriú idir an Deisceart agus an Tuaisceart.

6.4 Geilleagar agus Comhshaol na Tuaithe

Forbairt an gheilleagair tuaithe agus córais talmhaíochta agus táirgeachta bia, atá inmharthana agus nach ndéanann díobháil don timpeallacht, a chur chun cinn.

6.5 Cur i bhfeidhm Scéimeanna agus Bainistíú Airgeadais

Ár gcuid scéimeanna agus cláracha ar fad a oibriú ar mhodh éifeachtach feidhmiúil, agus deimhin a dhéanamh de na caighdeáin is airde bainistíochta corparáidí agus airgeadais agus freagrachta inár gcuid gníomhaíochtaí go léir.

6.6 Cumais Oibriúcháin

Ár gcuid acmhainní, idir dhaonna agus nádúrtha, agus ár gcumais oibriúcháin a fhorbairt, agus deimhin a dhéanamh go soláthrófar seirbhís den scoth dár gcuid custaiméirí, i gcéin is i gcóngar.

FORBAIRT AGRAIBHIA AGUS TRÁDÁIL

Earnáil agraibhia a fhorbairt a bheidh iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta, an trádáil i dtáirgí talmhaíochta agus bia a réiteach agus tacaíocht a thabhairt di.

FORBAIRT AGRAIBHIA

Ag leanúint den dul chun cinn

Tháinig deireadh leis an gClár um Rathúnas agus Cothroime (CRC) i ndeireadh 2002 agus cuireadh tús leis an gcaibidlíocht leis na páirtnéirí sóisialta d'fhonn comhaontú nua a chumadh. Ghlac Cuaille na Feirmeoireachta le téarmaí an chomhaontaithe nua, dar teideal Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn, agus thoiligh sé dul isteach sa pháirtíocht shóisialta, mar a bhfuil siad ó bunaíodh é i 1987.

Tá sé i gceist go mairfidh an comhaontú go deireadh 2005. Sa mhír thalmhaíochta den chomhaontú leagtar amach cuspóirí socraithe maidir le beartas talmhaíochta, seasamh caibidlíochta faoi leasú an Chomhbheartais Talmhaíochta agus na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT), agus gealltanais faoi fhorbairt na n-earnálacha mairteola, déiríochta agus bia. Tá forálacha tábhachtacha ann maidir le cur i bhfeidhm na Treorach maidir le Níotráití, feabhsú na Scéimeanna Cosanta don Chomhshaol Tuaithe (SCCT), Bainistíochta Dramhaíola Feirme agus Sláinteachas Déiríochta. Chomh maith leis sin tá athbhreithnithe ar scéimeanna na Limistéar Speisialta Caomhnúcháin agus Foraoise. Cuireann na forálacha um shláinte ainmhithe rompu leibhéil na heitinne, na brúsalóise agus BSE sa bhólacht náisiúnta a laghdú, agus tá tiomantas ann na tobhaigh ó ghalair eallaigh a athbhreithniú de thoradh coigealtais éifeachtachta. Tá cuspóir ann tógáil ar an dul chun cinn atá déanta cheana féin maidir le seirbhísí don tomhaltóir, simpliú agus teicneolaíocht ríomhaireachta.

Anailís ar an Athbhreithniú Lárthéarma ar an gComhbheartas Talmhaíochta

Chuaigh an Roinn i mbun anailíse ar na moltaí san Athbhreithnithe Lárthéarma ar an CBT a chuidigh le seasamh na hÉireann le linn na caibidlíochta a shocrú.

Ina measc seo bhí costasú na moltaí modúlaithe, mar a tháinig siad amach, agus gnéithe eile airgeadais den chomhaontú. Chomhlánaigh an anailís seo an anailís neamhspleách a choimisiúnaigh an tAire agus a rinne FAPRI-Ireland[1], agus chuidigh sí leis an Aire an cinneadh a thógáil díchúpláil iomlán na n-íocaíochtaí díreacha a roghnú ón dáta is luaithe agus ab fhéidir.

Agraibhia 2010

Tugadh gealltanas sa chaibidil in Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn a bhain leis an talmhaíocht:

"Athscrúdófar Tuarascáil Choiste Agraibhia 2010 agus nuashonrófar í de bharr na bhforbairtí faoin Athbhreithniú Lárthéarma agus an EDT. Ar na cúinsí seo cuirfear i bhfeidhm athbhreithniú iomlán ar ioncaim feirmeacha agus ar shaincheisteanna iomaíochta san earnáil seo. Comhaontófar formáid an athscrúdaithe seo in éineacht le Cuaille na Feirmeoireachta."

Dá éis seo, rinneadh obair ullmhúcháin i 2003 chun Téarmaí Tagartha a dhréachtú d'fhonn Coiste nua neamhspleách a eagrú a mbeadh an saineolas agus an taithí chuí aige.

Acmhainn Iomaíochta

Ag leanúint den staidéar a rinneadh roimhe seo agus a bhí urraithe ag an Roinn, fuarthas torthaí tosaigh na hoibre a rinneadh ar réimse tábhachtach na táirgiúlachta. Is iad an Dochtúir Carol Newman agus an tOllamh Alan Matthews as Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath a bhí i mbun na hoibre seo. Chuathas i mbun an staidéir le tacaíocht ó Chiste Dreasachta Taighde na Roinne agus "Measuring And Understanding Productivity Growth In Irish Agriculture" teideal an staidéir seo. Úsáideadh sonraí ann ón Suirbhé Náisiúnta Feirmeacha a rinne Teagasc.

1 Ina bhfuil Teagasc, cuibhreannas d'Ollscoileanna na hÉireann, agus an Institiúid um Thaighde ar Bheartas Bia agus Talmhaíochta in Ollscoil Missouri i Meiriceá.

FORBAIRTÍ I mBEARTAIS

Anailís ar Bheartais

Sheol an tAire Athbhreithniú Bliantúil agus Dearcadh ar an Talmhaíocht agus Bia 2002/ 2003 i Meitheamh 2003. Sa tuarascáil seo tá réimse leathan anailísí agus staidrimh ar an bpríomhearnáil talmhaíochta agus ar thionscal an bhia araon. Nuashonraítear leathanach fíricí ar thalmhaíocht na hÉireann go rialta agus cuirtear ar fáil é ar shuíomh gréasáin na Roinne, www.agriculture.gov.ie, chomh maith le Díolaim Staidrimh ar Thalmhaíocht na hÉireann a nuashonraíodh i mí na Samhna 2003.

Beartas Cánach

Bunaíodh Cáinaisnéis 2003 ar choinníollacha geilleagracha agus buiséadacha a bhí i gcónaí ag athrú. Is é **€3 billiún** an caiteachas cúlra poiblí iomlán ar an talmhaíocht. Bhí tábhacht ar leith i gCáinaisnéis 2003 ag baint le hathnuachan **an fhaoisimh 100% ó dhleacht stampála d'fheirmeoirí óga oilte** go cionn trí bliana eile, go deireadh 2005. Laghdaíonn an faoiseamh seo an dliteanas cánach atá ar fheirmeoirí óga atá ag ceannach talún nó ag fáil feirmeacha mar fhéirín. Meastar go gcosnaíonn an faoiseamh seo €13 milliún i mbliain iomlán.

Níor tháinig aon athrú ar ráta **na liúntas caipitiúil ar fhoirgnimh feirme** a fhanann ag 15% thar 7 bliain agus coimeádadh ráta luathaithe na liúntas caipitiúil don infheistíocht in áiseanna riachtanacha smachta truaillithe go deireadh 2003. Leathnófar **na Liúntais Chaipitiúla ar mhonarcha agus ar ghléasra** thar thréimhse níos faide, ag an ráta 12.5% thar 8 bliain. Meastar go dtabharfaidh an beart seo toradh €20 milliún ar an sreabhadh airgid don Státchiste i 2003.

Laghdaíodh rátaí **na Cánach Corparáide** ó 16% anuas go 12.5% le héifeacht ó 1 Eanáir 2003. Cuideoidh sé seo deimhin a dhéanamh den fhás agus den chumas iomaíochta i ngach tionscal, lena n-áirítear iadsan in earnáil an agraibhia.

Fuarthas réidh le faoiseamh carntha na Cánach ar Ghnóthachain Chaipitiúla (CGC) ó 4 Nollaig 2002. Ach tá feirmeoirí os cionn 55 bliain fós i dteideal faoisimh scoir CGC, áfach, do dhiúscairt ar fiú suas le €476,250 í. Baineann sé seo le diúscairt trí aistriú, trí dhíol nó trí Orduithe um Cheannach Éigeantach (OCÉ).

Méadaíodh ar an ráta níos ísle Cánach Breisluacha (CBL) ó 12.5% aníos go 13.5% le héifeacht ó 1 Eanáir 2003. Tá sé seo le híoc as réimse leathan earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear díosal glas, seirbhísí tréidliachta, A.I. agus conraitheoireacht talmhaíochta. I gcás feirmeoirí nach bhfuil cláraithe fanann an ráta comhréidh CBL ag 4.3%.

Cheadaigh an Bille Airgeadais 2003 go n-athnuafaí Faoiseamh Stoic, a bhí le héag i ndeireadh 2002, go cionn dhá bhliain eile go deireadh 2004. Ceadaíonn an faoiseamh seo faoiseamh ó cháin ioncaim ar aon mhéaduithe a tháinig ar luach an bheostoic nó ar stoc trádála eile de réir na leabhar. Tá dhá ráta ann - gnáthfhaoiseamh 25% agus ráta 100% d'fheirmeoirí óga oilte.

Bhí an Roinn Talmhaíochta agus Bia páirteach sa mheitheal idir-rannach ar an gcáin ghlas.

LÍON NA BHFEIRMEACHA

Líon na bhFeirmeacha Teaghlaigh (2002)	
Líon na bhFeirmeacha Teaghlaigh	136,300

Foinse: POS, Ionchur Saothair Talmhaíochta, 2002

PRÓIFÍL AOISE FEIRMEOIRÍ (2000)

Aois	Líon feirmeoirí	% feirmeoirí
< 35	17,800	13%
35 – 64	91,100	67%
> = 65	27,400	20%

Foinse: POS, Ionchur Saothair Talmhaíochta, 2002

TÁIRGEACHT, IONCHUR AGUS IONCAM 2003

		€m
Táirgeacht Talmhaíochta ag Praghsanna Táirgeora agus ag Bunphraghsanna, le Luach Comhlán san Áireamh agus Barrachas Oibriucháin sa Talmhaíocht	Táirgeacht Earraí ag Praghsanna Táirgeora	4,730.6
	Móide Obair ar Conradh	303.6
	Móide Fóirdheontais lúide Cánacha ar an Táirge	889.7
	Táirgeacht Talmhaíochta ag Bunphraghsanna	5,923.8
	Lúide Tomhaltas Idirmheánach	3,148.7
	Luach Comhlán san Áireamh ag Bunphraghsanna	2,775.1
	Lúide Tomhaltas Caipitil Sheasta	623.9
	Móide Fóirdheontais eile lúide Cánacha ar Táirgeadh	722.8
	Lúide Cúiteamh le Fostaithe	284.5
	Barrachas Oibriúcháin	**2,589.5**

Foinse: Réamh-mheastúchán na Príomhoifige Staidrimh (POS) ar Tháirgeacht, Ionchur agus Ioncam 2003 sa Talmhaíocht, Feabhra 2004

COSTAIS TÁIRGEACHTA NA BPRÍOMHEARNÁLACHA TALMHAÍOCHTA (2002)

	Costais dhíreacha an fheirm €	Costais dhíreacha mar % den táirgeacht (gan DP san áireamh)	Costais iomlána an fheirm €	Costais iomlána mar % den táirgeacht ghlan (gan DP san áireamh)
Na Córais go léir	15,608	49%	30,248	95%
Déiríocht	32,865	42%	58,826	76%
Déiríocht + Eile	30,898	48%	57,066	88%
Tógáil Eallaigh	6,394	61%	13,650	129%
Eallach Eile	8,847	63%	18,580	132%
Caoirigh den chuid is mó	8,720	55%	18,098	115%
Curadóireacht den chuid is mó	29,345	50%	60,581	104%

Foinse: Teagasc, Suirbhé Náisiúnta Feirmeacha, 2002

AN PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA

Bearta Agraibhia

Faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN) tá infheistíocht phoiblí thábhachtach le déanamh i ngníomhartha a mbeidh tionchar díreach acu ar cheantair thuaithe sa tréimhse ó 2000 - 2006. Is é Plean Forbartha Tuaithe an Chomhbheartais Talmhaíochta, a chumhdaíonn SCCT, an luathscor, liúntais chúitimh agus an fhoraoiseacht, an phríomhghné talmhaíochta. Tá tacaíocht ar fáil faoi bhearta comhlántacha Cláracha eagsúla Oibriúcháin do réimse leathan tionscnamh a bhaineann leo seo a leanas:

- **infheistíocht ar-feirme chun an cumas iomaíochta agus caighdeáin feabhsaithe chomhshaoil agus sláinteachais a spreagadh**
- **cúnamh suiteála d'fheirmeoirí óga**
- **leathnú amach i bhfiontair eile, sa ghortóireacht, prátaí agus san fheirmeoireacht orgánach**
- **taighde, oiliúint agus seirbhísí comhairle**
- **bonneagar a fhorbairt do thógáil eallaigh agus eachra**

Tá sonraí ar an gcaiteachas go dtí seo, agus i 2003 amháin, faoi na bearta éagsúla le fáil in Aguisín 1. Sa bhliain 2003 rinneadh an-dul chun cinn leis an gcaiteachas ag teacht leis sin a bhí beartaithe sa chuid is mó de na réimsí, agus le méaduithe suntasacha ar an infheistíocht ar-feirme agus sa chúnamh suiteála i gcomparáid leis na blianta roimhe sin.

Rinneadh measúnachtaí lárthéarma ar an PNF agus ar a chuid cláracha i 2003. I gcás Phlean Forbartha Tuaithe an CBT, bhain na príomh-mholtaí le SCCT. Cuireadh moltaí ábhartha chun an scéim a athrú, ag teacht le gealltanais sa Chomhaontú Ag Coinneáil an Dun Chun Cinn, faoi bhráid Choimisiún an AE i ndeireadh 2003. De bhíthin a measúnachtaí lárthéarma agus Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn, moladh feabhas a chur ar na scéimeanna Bainistíochta Dramhaíola Feirme agus Sláinteachais Déiríochta agus cuireadh faoi bhráid Choimisiún an AE iad seo freisin agus faomhadh i mí na Nollag iad.

Scéimeanna Infheistíochta Ar-Feirme agus an Scéim Chúnaimh Suiteála

Ag teacht leis na gealltanais a tugadh sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2000 - 2006, leanadh den obair i rith 2003 ar na Scéimeanna Infheistíochta ar-Feirme (is é sin an Scéim Bhainistíochta Dramhaíola Feirme, an Scéim Sláinteachais Déiríochta agus Scéim na bhFiontraíochtaí Comhroghnacha) agus an Scéim Chúnaimh Suiteála de réir mar a foráladh dóibh sa Phlean. Mar chuid den chomhaontú Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn, rinneadh moltaí chun feabhas mór a chur ar na buntáistí atá ar fáil d'fheirmeoirí faoin Scéim Bhainistíochta Drámhaíola Feirme agus faoin Scéim Sláinteachais Déiríochta araon, cé gur ghá fanacht leis an bhfaomhadh cuí ó Choimisiún an AE sular tugadh isteach iad, rud a fuarthas roimh dheireadh 2003. I rith na bliana fuarthas faomhadh freisin ó Choimisiún an AE chun cómhaoiniú AE a leathnú chun an Scéim Chúnaimh Suiteála agus réigiúin na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair den Scéim Sláinteachais Déiríochta a chumhdach. Is é seo a leanas an caiteachas ar na Scéimeanna i rith 2003:-

Scéim	Méid a Íocadh
Scéim Bhainistíochta Dramhaíola Feirme	€20.606m
Scéim Sláinteachais Déiríochta	€2.429m
Scéim na bhFiontraíochtaí Comhroghnacha	€0.784m
Scéim Chúnaimh Suiteála	€7.995m

Chomh maith leis na scéimeanna thuas, leanadh d'íocaíochtaí iarmharacha faoin Scéim Infheistíochta ar-Feirm, a bhí ann roimh na scéimeanna a tugadh isteach faoin bPlean Forbartha Náisiúnta:-

	Méid a Íocadh
Scéimeanna COTFTF 1994-1999:	
Smachtú Truaillithe Feirme	€0.022m
Scéim Sláinteachais Déiríochta	€0.058m
Scéim Feabhsúcháin do Fheirmeacha	€0.016m
Feabhsúchán Feirmeacha (Gortóireacht)	€0.016m
Scéimeanna Eile:	
Scéim Náisiúnta Sláinteachais Déiríochta	€0.070m
Scéim Náisiúnta Smachtaithe Truaillithe Feirme	€1.653m
Scéim Náisiúnta Chúnaimh Suiteála	€0.896m

Cuireadh tús le dhá Athbhreithniú Caiteachais i 2003, de bhun chuspóir na Roinne dul i mbun measúnachtaí rialta ar phríomhréimsí an chaiteachais. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an Scéim Chúnaimh Suiteála i bhFeabhra agus le hathbhreithniú ar an Scéim Bhainistíochta Dramhaíola Feirme i mí na Samhna. Bhí sé beartaithe go gcuirfí i gcrích go luath i 2004 iad.

TIONSCAL AN BHIA

Clár Forbartha do Thionscal an Bhia

Is faoi Chláracha Oibriúcháin na hEarnála Táirgiúlachta agus Fostaíochta agus Forbartha Acmhainní Daonna a mhaoinítear na tionscnaimh bhia sa BFN 2000 - 2006. Tá na tionscnaimh "bhia" seo, a chuireann san áireamh na moltaí a rinne Grúpa Forbartha Thionscal an Bhia agus an Coiste Agraibhia 2010, **dírithe ar an margadh agus ceaptha chun freagra cuimsitheach réasúnta a sholáthar ar riachtanais an tionscail.** Tá an Roinn agus na gníomhaireachtaí forbartha á gcomhbhainistiú agus cuireann na tionscnaimh rompu cumais nuálaíochta, margaíochta agus acmhainní daonna an tionscail a fheabhsú de réir riachtanais an chustaiméara agus, san am céanna, deimhin a dhéanamh de go leanfar ag tabhairt tacaíochta don fhorbairt seo trína bheith ag cloí leis na caighdeáin is airde sábháilteachta agus cáilíochta bia.

Formheas agus Caiteachas faoin BFN don bhliain 2003

Beart	Caiteachas 2003 (€m)	Caiteachas 2000-2003 (€m)
Infheistíocht Chaipitil	8.56	23.76
Taighde istigh i gCuideachta	1.91	7.22
Taighde Institiúideach ar Bhia	10.55	25.40
Margaíocht agus Cur Chun Cinn	4.54	24.00
Acmhainní Daonna	2.15	7.91
Iomlán	**27.71**	**88.29**

Faoi Bheart na hInfheistíochta Caipitil, riarann an Roinn scéim chun cuidiú le tionscadail chaipitiúla sna hearnálacha gortóireachta, prátaí, uibheacha, gráin agus margaíochta agus próiseála beostoic. €5.244 milliún an caiteachas iomlán i 2003 ar thionscadail a faomhadh i 2002. Sa tábla seo a leanas tá miondealú ar an gcaiteachas i 2003 de réir na n-earnálacha.

Earnáil	Caiteachas 2003 (€m)	Caiteachas Carnach go deireadh 2003 (€m)	Iomlán a Bronnadh (€m)
An ghortóireacht	1.224	1.336	2.363
Prátaí	0.405	0.571	1.796
Uibheacha	0.351	1.176	1.260
Grán	3.218	4.013	8.193
Margaíocht agus Próiseáil Beostoic	0.046	0.207	0.650
Iomlán	**5.244**	**7.303**	**14.262**

I dtaobh an Bhirt ar Thaighde Institiúideach ar Bhia, roghnaíodh 82 tionscadal don mhaoiniú tar éis glao, idir ghinearálta agus dhírithe, i 2000 agus 2001. Íocadh €10,553 milliún i 2003 maidir leis na tionscadail seo. Sa tábla seo a leanas tá miondealú ar na dámhachtainí agus an gcaiteachas faoi na téamaí éagsúla taighde go dtí seo.

Téama	Iomlán a Bronnadh (€m)	Caiteachas 2003 (€m)	Caiteachas Carnach go deireadh 2003 (€m)
Bia Tomhaltais	6.931	1.424	3.803
Déiríocht	3.881	0.995	3.005
Teicneolaíocht DNA	2.167	0.560	0.963
Comhábhair Bhia	3.207	1.132	2.597
Sábháilteacht Bia	9.232	2.343	5.594
Víris Bhia	0.498	0.089	0.172
Dramhaíol Bhia	0.607	0.0	0.213
Feoil	2.566	1.071	2.140
Ilchineál	3.424	1.017	2.584
Beathú	2.539	0.794	2.234
Dearadh Próisis	1.380	0.569	1.129
Iarmhar	1.081	0.303	0.492
TSE	1.198	0.256	0.456
Iomlán	**38.613**	**10.553**	**25.382**

An Bord Bia

Bunaíodh An Bord Bia i 1994 mar ghníomhaireacht chun tráláil a fhorbairt agus tionscal bia na hÉireann a chur chun cinn. Is é a fheidhm reachtúil ná táirgí bia agus dí na hÉireann a chur chun cinn, cuidiú leo agus iad a fhorbairt. Margaíonn an Bord Bia tionscal bia na hÉireann faoin mbranda ***'Ireland the Food Island'***. Tá trí phríomhfhoinse maoinithe ag an mBord, mar atá Deontas-i-gCabhair ón Státchiste, tobhaigh ar bheostoc agus táillí seirbhísí agus muirir ón tionscal. Sa bhliain 2003 fuair an Bord Bia €17 milliún de Dheontais-i-gCabhair, lena n-áirítear €4.5 faoi na tionscnaimh do Mhargaíocht agus Cur Chun Cinn an Bhia atá sa Phlean Forbartha Náisiúnta.

An tAire Stáit Nollaig Ó Treasaigh TD

I measc réimse gníomhaíochta an Bhord Bia tá cláracha forbartha margaí, seirbhísí trádála, freastal ar aontaí agus ar thaispeántais idirnáisiúnta trádála, oibriú **Scéimeanna Deimhnithe Cáilíochta** agus feachtais chun muiceoil, uaineoil, mairteoil, uibheacha agus bia agus comhábhair tomhaltais a chur chun cinn. Tá an Bord Bia ag oibriú dhá cheann de scéimeanna deontais do chuideachtaí - an Clár Cúnaimh Feabhsúcháin do Mhargaí agus an Clár Rannpháirtíochta Margaí. Cuireann na scéimeanna seo rompu feabhas a chur ar an gcumas margaíochta atá ag cuideachtaí i bhfiontar an bhia, idir mhicreachuideachtaí, chinn bheaga agus meánmhéide.

Shocraigh an Rialtas i Márta 2003 Bord Glas a chumasc leis an mBord Bia. Foilsíodh dréacht reachtaíochta chun an cumasc seo a chur i gcrích - An Bille um Bord Bia (Leasú) 2003 - i mí na Nollag.

Bord Glas

Tugadh deontas-i-gcabhair €2.5 milliún do Bhord Glas i 2003 chun tacú le táirgeadh, margú agus tomhaltas táirgí gortóireachta. Faoi Phlean Forbartha Bhord Glas 2000 - 2006, is é a phríomhchuspóir ná táirgeacht na gortóireachta a mhéadú ó €330 milliún go €380 milliún faoi 2006.

Comhairle Chomhoibrithe na Gníomhaireachta Bia

Bunaíodh Comhairle Chomhoibrithe na Gníomhaireachta Bia faoi choimirce na Roinne i Márta 2000. Is iad príomhfheidhmeanna na Comhairle ná an comhoibriú is fearr a chur chun cinn idir na gníomhaireachtaí éagsúla a bhfuil baint acu le tionscal an bhia, agus a chinntiú go mbaintear an t-uasmhéid úsáide as na bearta a sholáthraítear don bhia faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006, chun leas an tionscail. Tá Príomhfheidhmeannaigh na nGníomhaireachtaí Stáit a bhfuil baint acu le tionscal an bhia ar an gComhairle agus tá Padraic White ina chathaoirleach uirthi.

Tháinig an Chomhairle le chéile trí huaire i rith 2003 agus chuir sí roinnt tionscnamh chun cinn agus, chomh maith leis sin, d'athbhreithnigh sí an dul chun cinn a bhí déanta sna bearta don bhia sa Phlean Forbartha Náisiúnta. Bhí foilsiú "A Guide to New Product Development in the Food and Drink Industry" ar an mbuaicphointe dá clár oibre. Is iad cuspóirí na Comhairle ná cuidiú le cuideachtaí bia agus dí teacht ar an gcleachtas is fearr chun táirge a fhorbairt, an baol go dteipfidh orthu a laghdú agus a shocrú conas is féidir le Gníomhaireachtaí Stáit seirbhísí a chur ar fáil a thacóidh leis an tionscal bia agus dí táirgí nua a chumadh agus a fhorbairt.

Teagasc

Tugadh maoiniú €120 milliún do Teagasc le haghaidh taighde, oiliúna agus gníomhaíochtaí comhairleacha de bhíthin deontas-i-gcabhair agus maoinithe faoin bPlean Náisiúnta Forbartha, 2000 - 2006. Bhí caiteachas Theagasc thart ar €150 milliún.

Cláracha Taighde – Séú Creatchlár an AE

Feidhmíonn an Roinn mar Thoscaire Náisiúnta agus Phointe Teagmhála do Théama na Cáilíochta agus Sábháilteachta Bia don 6ú Creatchlár de chuid an AE do Thaighde agus Forbairt Theicneolaíochta (CC6), agus bhí sí ina hionadaí do chúrsaí taighde na hÉireann agus í ag cur chun cinn rannpháirtíocht lucht taighde na hÉireann. Freastlaíodh ar gach cruinniú de chuid CC6 agus eagraíodh seisiúin eolais/ miontuairisce d'ionaid taighde agus tionscail na hÉireann. Ghlac lucht taighde na hÉireann páirt an-rathúil i gCéad Ghlao CC6 ar Mholtaí.

Ciste Dreasachta Taighde agus an Clár Comhoibrithe idir na Stáit Aontaithe agus Éire

Sa bhliain 2003 chaith an Roinn €0.6 milliún faoin gCiste Spreagtha Taighde den Phlean Forbartha Náisiúnta agus €0.04 milliún ar an gClár Comhoibrithe idir na Stáit Aontaithe agus Éire in Eolaíocht agus Teicneolaíocht na Talmhaíochta.

Scéimeanna um Chur Chun Cinn na Talmaíochta (Uimh. Rialachán Comhairle 2826/2000)

Rinne an Roinn conradh trí bliana leis an mBord Glas chun an méid beacán a itear a mhéadú. As an mbuiséad €399,000 tá 50% de ina mhaoiniú ón AE, 20% ina mhaoiniú náisiúnta agus 30% ina mhaoiniú ón tionscal.

TUARASCÁIL AR NA TRÁCHTEARRAÍ

Mairteoil

Is é an Comhaontú Clár Oibre 2000 an chreatlach beartais ina bhfuil earnáil na mairteola ag obair. Foráiltear do laghdú 20% ar an bpraghas idirghabhála agus tá feirmeoirí ag fáil cuitimh as seo trí íocaíochtaí díreacha méadaithe. Ba fhiú €860 milliún na préimheanna in earnáil na mairteola i 2003.

Tá foráil i gClár Oibre 2000 freisin go dtabharfar cuid den chúiteamh d'fheirmeoirí trí Chlúdach Náisiúnta. Bhí €31.4 milliún go hiomlán ar fáil i 2003. Don bhliain 2004 shocraigh an Roinn go gcoinneálfaí an barrlíonadh €10.4 milliún ar an bpréimh mharaithe mart, an barrlíonadh €10.5 milliún ar an bpréimh do bha diúil maidir le hathsholáthar tréada laistigh den Scéim Phréimhe Bó Dhiúil agus an barrlíonadh €10.5 milliún maidir le bearacha seasca a cháilíonn don Phréimh Bhó Dhiúil, aníos go teorainn 15%.

Ní dhearnadh **aon cheannach idirghabhála mairteola in Éirinn i 2003**. Faoin gcomhaontú Clár Oibre 2000, cuireadh bunphraghas €2,224 an tonna in ionad an phraghais idirghabhála ó 1 Iúil 2002 agus níl san idirghabháil anois ach gaireas sábháilteachta. Díoladh gach stoc idirghabhála (200,000 tonna) i 2003.

Tháinig méadú 5.9% ar mhéid iomlán mhairteola na hÉireann a maraíodh in áitribh onnmhairíochta agus maraíodh 1.76 milliún ceann eallaigh, i gcomórtas le 1.67 milliún i 2002. Tháinig méadú 7% ar mhéid na mbullán a maraíodh, 3% ar mhéid na mbearach agus 4% ar mhéid na mbó.

Sa bhliain 2003 **d'éirigh go maith le mairteoil na hÉireann i margaí na hEorpa** agus, de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh, cuireadh leis na méideanna a bhí á n-onnmhairiú go dtí margaí na dTíortha Treasacha de thoradh athshaothraithe mhaith sa trádáil leis an Rúis. Tríd is tríd, meastar gurbh fhiú beagnach €**1.28 billiún** onnmhairiú mairteola na hÉireann.

Bhí an Ríocht Aontaithe (RA) fós ar an bpríomh-mhargadh do mhairteoil na hÉireann agus fuair sí níos mó ná leath de mhéid iomlán na n-onnmhairithe, mar atá 265,000 tonna. Is méadú 4% é seo ar leibhéil na bliana 2002.

Tháinig méadú 30% ar onnmhairiú mhairteoil na hÉireann go dtí na margaí ar Mhór-Roinn an AE i rith 2003, ag sroicheadh 150,000 tonna, meastar, nó 30% den onnmhairiú iomlán. B'í an Iodáil an príomh-mhargadh i gcaitheamh na bliana le 35,000 tonna - an méid ba mhó riamh - a léiríonn an t-éileamh méadaithe ar an mairteoil go ginearálta. In áiteanna eile onnmhairíodh 32,000 tonna go dtí an Ísiltír, a léiríonn éileamh maith miondíola ar mhairteoil na hÉireann, agus onnmhairíodh 24,000 tonna chun na Fraince. D'éirigh go maith leis na honnmhairithe go

Críoch Lochlainn, a léiríonn méadú 20% agus 16% ar riachtanais allmhairíochta sa tSualainn agus sa Danmhairg faoi seach. Bhí níos mó fáis le feiceáil sna méideanna a onnmhairíodh go dtí margaí eile ar an Mór-Roinn, amhail an Spáinn agus an Phortaingéil, ag léiriú go bhfuil mairteoil na hÉireann ag dul go mór i bhfód ar an margadh.

Bhí tionchar ag na cuótaí allmhairíochta a tugadh isteach sa Rúis in Earrach 2003 ar na honnmhairithe go dtí margaí na dTíortha Treasacha. Chuir sé seo isteach ar an éileamh i rith an chéad leath den bhliain. Ón bhFómhar ar aghaidh, áfach, tháinig méadú mór ar an éileamh ar mhairteoil na hÉireann. Nuair a osclaíodh margadh na hÉigipte arís i rith an Fhómhair bhí méid teoranta trádála, cé go bhfuiltear ag súil le leibhéil mhéadaithe trádála i rith 2004.

Go huile is go hiomlán, ba fhiú 85,000 tonna na honnmhairithe go dtí na margaí idirnáisiúnta, meastar, nó 17% de na honnmhairithe iomlána i rith 2003.

Onnmhairithe Eallaigh Bheo

Onnmhairíodh 220,000 ceann eallaigh i gcaitheamh 2003, a léiríonn **méadú 48%** ar mhéideanna na bliana 2002.

As an méid iomlán d'onnmhairithe eallaigh bheo i rith 2003, laonna coiscthe/ beithígh stóir a bhí in 113,000 ceann, nó breis agus 50% den iomlán, i gcomparáid le 88,000 ceann i 2002. Bhí an Spáinn, Tuaisceart Éireann agus an Iodáil ar na príomh-mhargaí. Onnmhairíodh 62,000 lao beo, méadú thart ar 45,000 ar mhéid na bliana 2002, de thoradh trádála méadaithe leis an Ísiltír den chuid is mó.

Bhí méadú thar 15% ar onnmhairithe eallaigh chríochnaithe go dtí an Liobáin, is é sin 37,000 ceann ina raibh tairbh óga den chuid is mó. Coinníodh méid na n-onnmhairithe go dtí an Ríocht Aontaithe, mar atá 40,000 ceann, agus chuaigh an chuid is mó acu go Tuaisceart Éireann.

Rochtain Mhargaí ar an Mairteoil

Bhí sé ríthábhachtach go n-athosclófaí margaí na dtíortha treasacha a chuir cosc ar allmhairiú mairteola ón AE. I rith na bliana a d'imigh tharainn chuir an Eilvéis, Poblacht na Seice, an Pholainn agus an Ungáir a gcosc ar onnmhairiú mhairteoil na hÉireann de bharr BSE i leataobh. I mí Mheán Fómhair 2003, tar éis teagmhála leanúnaí leis na húdaráis ann, rinne an Éigipt, a bhí tar éis a margadh a oscailt do mhairteoil na hÉireann i mí Dheireadh Fómhair 2003, **na coinníollacha soláthair a laghdú arís agus cuireadh tús leis an trádáil arís i mí na Samhna 2003**. I mí Iúil 2003, chuir Bairéin a shriantaí ar allmhairiú mhairteoil na hÉireann i leataobh. Tar éis teagmhálacha le húdaráis na hAraibe Sádaí i ndeireadh 2003, tháinig toscaireacht ón Araib Shádach go hÉirinn i mí an Mhárta 2004 chun rialáin na hÉireanna maidir le BSE agus sábháilteacht bia a bhreithniú. Lean an Roinn, i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus an mBord Bia, d'iarrachtaí diana a dhéanamh chun margaí tábhachtacha, amhail an Iaráin, an Afraic Theas agus na hOileáin Fhilipíneacha, a oscailt arís.

Tógáil Eallaigh

Bunaíodh Cónaidhm Tógála Eallaigh na hÉireann (CTEÉ) go foirmiúil i 1997 chun cláracha a fhorbairt chun pór na n-eallach náisiúnta a fheabhsú, ionas go mbainfí amach an feabhas géiniteach ba mhó sa bhólacht náisiúnta chun leas fheirmeoirí eallaigh na hÉireann, na dtionscal déiríochta agus mairteola agus a cuid eagras is ball. Comharchumann is ea é ina bhfuil scaireanna ag na hIonaid AI, na hEagrais Taifeadta Bainne, Cumainn na bPórleabhar agus na príomhEagrais Feirmeoirí.

I rith 2003, thóg an CTEÉ roinnt céimeanna tábhachtacha maidir le hoibriú agus bunú bonneagair náisiúnta do thógáil eallaigh. Bhí an bunachar sonraí ar thógáil eallaigh ag teacht go huile is go hiomlán le riachtanais faisnéise an phórleabhair ba mhó in Éirinn - pórleabhar na bólachta Holstein Friesians, le 95,000 clárú póir próiseáilte agus é ag baint úsáide as an

gcóras imeachtaí ainmhithe chun na cláraithe a fhógairt. Faoi dheireadh na bliana bhí 50% den phróiseáil taifeadta bainne á dhéanamh go díreach ón mbunachar sonraí. Cuireadh measúnachtaí géiniteacha ar thréitheanna déiríochta i bhfeidhm go hiomlán, ag úsáid an bhunachair sonraí mar fhoinse sonraí agus mar stór do na torthaí. Chuathas i mbun forbartha chun tacú le gach pórleabhar eile, idir mhairteola agus dhéiríochta, leis an athrú ag tarlú 31 Nollaig 2003. Tugadh maoiniú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, arbh fhiú breis agus €550,000 é, chun cuidiú leis an tionscnamh seo.

Tar éis dó oibriú an Stáisiúin Náisiúnta Tástála Cruthachtála Tarbh ar an Tulaigh a ghlacadh air féin i mí Mheán Fómhair, reachtáil an CTEÉ a chéad reic tarbh i mí an Mhárta 2003. Ó shin i leith tá méadú leanúnach ag teacht ar an líon tarbh a tástáiltear, agus ar cháilíocht na dtarbh a roghnaítear don tástáil. Tá an t-aiseolas ó na feirmeoirí an-dearfach agus tá an chuid is mó de na graíonna móra sásta tairbh a sholáthar do na tástálacha ábhartha.

Grádú Meicniúil Mairteola

I mí Iúil 2003 foilsíodh Rialachán 1215/2003 an AE, a cheadaigh grádú meicniúil mairteola a thabhairt isteach. Thug an creatrialachán seo deis don Roinn trí inneall a thriáil (ón Astráil, an Danmhairg agus an nGearmáin) i rith mhí na Samhna. Chomhlíon na trí inneall na critéir a socraíodh sa Rialachán agus tugadh ceadúnas dóibh le húsáid i dtionscal na mairteola. Táthar ag súil go rachaidh úsáid na nuatheicneolaíochta seo chun sochair na hÉireann as seo amach **chun a clú agus cáil mar sholáthróir mairteola den scoth go dtí margaí tomhaltais an AE a dhaingniú**.

Caoirigh

Sa bhliain 2003 bhí an chuma air go raibh an margadh ag teacht chuige féin tar éis an tsuaite de bharr ghéarchéim an Ghalair Crúb agus Béil i 2001. Go luath sa bhliain bhí an soláthar do na monarchan an-ard agus d'fhan na praghsanna daingnithe. Chuaigh seachadtaí agus praghsanna i léig sa chuid eile den bhliain, ag críochnú thart ar 4% níos ísle ná i 2002. Bhí soláthar uan thart ar 4% níos ísle na an bhliain roimhe sin, le 2.4 milliún ceann, de bharr an laghdaithe leanúnaigh ar líon na gcaorach.

Bhí an Fhrainc ar an bpríomh-mhargadh onnmhairíochta arís, agus cé gur fhan na honnmhairithe mar a bhí ag 31,000 tonna, bhí éileamh níos lú orthu de bhrí laghdaithe ar an tomhaltas. Bhí iomaíocht thréan i margadh na honnmhairíochta de bharr na hathbheochta i dtáirgeacht na Ríochta Aontaithe, agus brú leanúnach ó onnmhairithe as an Nua-Shéalainn. Tháinig méadú 8% ar thomhaltas sa bhaile i 2003 agus ba fhiú aon trian amháin den táirgeacht é sin.

Chabhraigh an **Phréimh Chaorach** a bhí socruithe ag €21 an ceann, móide €7 sa bhreis i gceantair nach bhfuil chomh forbartha sin, tacaíocht láidir a thabhairt don earnáil, ag tabhairt breis agus €100 milliún i 2003. Íocfar barrlíonadh breise a bheidh thart ar €1.25 in aghaidh na caorach a cháilíonn, nó beagnach €5 milliún go hiomlán, i 2004.

Lean an Roinn uirthi ag forbairt na Scéime Deimhnithe Cáilíochta Uan i 2003 i gcomhar leis an mBord Bia agus Teagasc.

D'oibrigh an Roinn an Clár Feabhsúcháin Tógála Caorach Ginealaigh (CFTCG) go rathúil. B'é ba chuspóir leis an CFTCG ná feabhas a chur ar na rátaí fáis agus ar cháilíocht na gconablach i bpórtha na gcaorach ginealaigh. Bronntar Innéacs Truafheola (ITF) ar na caoirigh, a rangaíonn an t-ainmhí de réir a fhiúntais ghéinitigh do thréithe teirminéalacha (feoil). Tá baint ag an Roinn freisin le soláthar Innéacs Bisiúlachta do Chaoirigh Ghinealaigh na Gaillimhe. Úsáidtear an t-eolas seo i roghnú stoic chun tógála, agus cabhróidh sé seo leis an scéim chun an acmhainn uathúil ghéiniteach seo a chaomhnú.

Bainne

Léirigh praghsanna méadaithe ar tháisgí déiríochta ar fud an domhain i 2003 gur tháinig **feabhas ginearálta ar choinníollacha an mhargaidh**, le héileamh níos mó ar na margaí idirnáisiúnta. Bhí margadh níos cothroime san AE agus bhí praghsanna inmheánacha níos treise de bharr éilimh níos mó ar gach earra a onnmhairítear agus méid níos lú díobh a bheith ar fáil ó na soláthróirí traidisiúnta lasmuigh den AE.

Bhí margaí an ime agus an phúdair go maith go háirithe, le praghsanna an domhain ar an im ag baint leibhéil amach a bhí 30% níos airde ar an meán, agus praghsanna ar phúdar bainne bhearrtha 29% níos airde ar an meán, ná praghsanna na bliana roimhe sin. Bhí na margaí do cháiséin agus do tháirgí bainne eile go maith freisin ach bhí siad cuibheasach místuama de bharr an chogaidh san Iaráic agus laige an dollair Mheireacánaigh.

An tAire Walsh ag seoladh "Plean Straitéiseach Forbartha d'Earnáil Próiseála Déiríochta na hÉireann", Márta 2003.

I mí an Mhárta 2003 sheol an tAire "Plean Straitéiseach Forbartha d'Earnáil Próiseála Déiríochta na hÉireann". I dtátail na tuarascála seo, a choimisiúnaigh agus a chómhaoinigh an Roinn, Enterprise Ireland agus tionscal na déiríochta, dúradh go raibh gá le scála méadaithe agus níos mó éifeachtachta costais ar fud earnáil na déiríochta. Chomh maith leis sin, moladh dul i dtreo táirgí le luach breise níos mó, agus gur gá níos mó a chaitheamh ar thaighde agus ar fhorbairt.

Bainistiú Cuótaí

Mar thoradh ar na hathruithe a cuireadh ar chóras na gcuótaí bainne in Éirinn i 2000, tá an Scéim Athstruchtúraithe Cuóta Bainne ar an bpríomh-mhodh ina bhfaigheann táirgeoirí cuóta bainne. Faoin scéim i 2003, athdháileadh thart ar 165 milliún líotar (36 milliún galún), a raibh baint ag 12,767 táirgeoir, 50% de na táirgeoirí atá ag táirgeadh faoi láthair, leis. Socraíodh ar €0.31 an líotar mar uasphraghas an chuóta, an praghas céanna agus a bhí i 2002. Tugadh tábhacht ar leith do tháirgeoirí beaga agus meánmhéide.

De bharr athruithe ar Rialacháin an Chuóta Bhainne i 2003 bhí an deis ann Páirtíochtaí Táirgeachta Bainne d'Iontrálaí Nua/ Tuismitheoir a chlárú, agus i Scéim Athstruchtúraithe 2003 bronnadh cuóta den chéad uair ar fheirmeoirí óga cáilithe a bhí páirteach ina leithéidí de pháirtíochtaí.

I 2002/03 ní dheachaigh soláthar bainne na hÉireann thar an gcuóta náisiúnta agus ní raibh aon forthobhach le híoc.

Mar chuid den Athbhreithniu Lárthéarma ar an CBT, cuireadh síneadh le córas an chuóta bainne go dtí 2014/15.

Muiceoil

Ba é €123/100 cileagram (conablaigh Aicme E, lúide CBL) an meánphraghas a íocadh le táirgeoirí, laghdú 4% i gcomparáid le 2002, rud a d'fhág gur bhliain an-deacair a bhí ann do tháirgeoirí. Tugadh isteach Cúnamh do Stóráil Phríobháideach (CSP) i dtosach agus i ndeireadh 2003 d'fhonn cuidiú le margadh na muiceola ar fud an AE.

Maraíodh 2.9 milliún muc in Éirinn i 2003, laghdu 6.8% ar an méid a maraíodh i 2002. Tharla sé seo de bhrí gur méadaíodh ar onnmhairithe muc beo go Tuaisceart Éireann agus mar gur tháinig laghdu thart ar 3.5% ar an líon muc a táirgeadh.

Tháinig laghdú luacha thart ar 7% ar onnmhairithe muc i 2003, anuas go €250 milliún, de bharr méideanna agus praghsanna níos lú. B'fhiú beagáinín sa bhreis agus leath d'onnmhairithe muc na hÉireann na honnmhairithe go dtí an RA. Sna margaí idirnáisiúnta, d'fhan méid na n-onnmhairithe cuibheasach stuama, agus bhí méideanna níos mó le feiceáil i margaí tábhachtacha, amhail an tSeapáin agus SAM.

Éanlaith Chlóis agus Uibheacha

D'fhan táirgeadh feola éanlaithe clóis dúchasaí cuibheasach stuama ag 123,000 tonna agus níor tháinig aon athrú ar phraghsanna táirgeoirí. Tá dúshlán táirgeoirí agus próiseálaithe feola éanlaithe clóis na hÉireann á thabhairt ag allmhairithe méadaithe ón AE agus ó thíortha treasacha, agus ag costais mhéadaithe bheathaithe agus eile. Tháinig ardú beag ar mhéideanna na n-onnmhairithe i 2003 agus cuireadh luach €180 milliún orthu, a raibh feoil phróiseáilte éanlaithe clóis agus feoil ullmhaithe ina dhá dtrian de.

Tháinig méadú ar tháirgeacht uibheacha aníos go 586 milliún ubh i 2003 agus bhí bliain thar barr ag an earnáil seo. Táirgtear an chuid is mó de na huibheacha a dhíoltar de réir na Scéime Deimhnithe Cáilíochta Uibheacha a fheidhmíonn an Bord Bia. Lean foireann na Roinne den mhonatóireacht ar rialáin i rith na bliana lena chinntiú go raibh táirgeoirí agus pacálaithe ag comhlíonadh na reachtaíochta faoi na caighdeáin mhargaíochta d'uibheacha.

Gránbharra

Le linn an tSamhraidh, ghoill cúinsí diana triomaigh ar phríomhcheantair táirgeachta an AE agus, dá bhrí seo, bhí fómhar an Chomhphobail 27 milliún tonna níos ísle ná an bhliain roimhe sin. De bharr an easnaimh ghráin a d'eascair as seo thosaigh praghsanna an ghráin ar fud an Chomhphobail ag éirí stóinsithe. I mí na Nollag, mar iarracht chun tionchar an triomaigh ar stoic a mhaolú, bheartaigh Comhairle na nAirí ar an ráta riachtanach cur-i-leataobh a laghdú, ó 10% anuas go 5%, faoi scéim na n-íocaíochtaí do cheantair churaíochta d'fhómhar na bliana 2004.

Sa chaibidlíocht faoi leasú an CBT, baineadh amach formhór chuspóirí na hÉireann d'earnáil na ngránbharr. Aistarraingíodh an laghdú 5% a bhí molta don praghas idirghabhála do bharra curaíochta sular foilsíodh Chlár Oibre 2000, agus ligeadh chun siúil freisin an moladh bunaidh faoi chur-i-leataobh riachtanach neamh-uainíochta ar feadh 10 bliain, nach mbeadh oiriúnach do chás na hÉireann. De bharr an chinnidh gan an praghas bunaidh idirghabhála a athrú, rachaidh sé seo i gcabhair ar an earnáil chun í a chosaint ar allmhairithe saora mar tá baint ag praghas allmhairíochta gránbharr leis an bpraghas idirghabhála.

Bhí an bhliain 2003 i bhfad níos fearr do tháirgeoirí gránbharr in Éirinn, leis an bhfómhar á dhéanamh faoi chúinsí dea-uaine agus á chur i gcrích ní ba luaithe ná mar a cuireadh le blianta beaga anuas. Bhí feabhas mór ar na torthaí i gcomparáid le 2002 cé go raibh athraigh mhóra idir na torthaí féin. Ba é 292,000 heicteáir an t-achar iomlán faoi ghránbharra, laghdú 2% ar an mbliain roimhe sin. Bhí méadú beag ar tháirgeadh gránbharr i gcomparáid leis an méid i 2002, ag 2,051 tonna. Le blianta beaga anuas tá an meántáirgeadh gráin sa tír thart ar dhá mhilliún tonna agus tá sé i gceist an leibhéal seo táirgeachta a chothú ionas nach rachfar an iomarca i dtuilleamaí ar ghrán allmhairithe. Dar le réamh-mheastacháin gur fiú €189.1 milliún luach na táirgeachta - méadú 33.4% ar mhéid 2002. Ba fhiú €133.7 milliún íocaíochtaí Cúnamh Curaíochta an AE.

Prátaí

Tháinig méadú ar achair agus ar thorthaí foriomlána i 2003 agus gineadh 50,000 tonna táirgeachta. Dá bharr seo bhí an iomarca ar an margadh agus brúdh síos na praghsanna.

Siúcra

Bliain mhaith ab ea 2003 do thionscal an tsiúcra, le fómhar an-mhaith. Cuireadh laghdú beag ar chuóta náisiúnta an tsiúcra do 2003, chun fanacht laistigh de theorainneacha an EDT. Bhí cion ard siúcra sa bhiatas a soláthraíodh ar conradh de bharr na dea-uaine, agus ba leor é chun an cuóta leasaithe a chomhlíonadh. Rinneadh cigireacht gach mí chun stoc an tsiúcra a fhíorú, mar aon leis an áireamh bliantúil stoic. Chomh maith leis sin rinneadh seacht gcinn de chigireachtaí i rith shéasúr na táirgeachta. Leanadh de bheith ag dul i gcomhairle le Ballstáit an AE, táirgeoirí agus an tionscal le linn na bliana. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht i 2003 maidir leis an moladh chun córas Siúcra an AE a leasú.

Gortóireacht

Seoladh scéim chúnaimh infheistíochta in earnáil thrádálach na gortóireachta i 2001 faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000 - 2006. Faoin gcéad bhabhta den scéim i 2002, íocadh cúnamh deontais €3.852 milliún le 183 iarrthóir. Faoin dara babhta den scéim i

2003 íocadh cúnamh deontais €1.438 go hiomlán le 118 iarrthóir.

Lean na beacáin de bheith ar an mbarr gortóireachta ba thábhachtaí. Leanadh de chuíchóiriú na n-earnálacha beacán, torthaí agus glasraí ag leibhéal na táirgeachta, na pacála agus na margaíochta. Tá an chuid is mó de lucht fáis na mbeacán agus de lucht táirgthe torthaí agus glasraí ina mball anois d'eagras táirgeoirí, agus mar sin is féidir leo leas a bhaint as an gcúnamh faoi Eagrú Coitianta an Mhargaidh do Thorthaí agus do Ghlasraí (ECM) chun dul i ngleic níos fearr le riachtanais an mhargaidh agus an chomhshaoil. Bunaíodh trí cinn nua d'Eagrais Táirgeoirí le linn na bliana agus cumascadh roinnt Eagras Táirgeoirí a bhí ann cheana agus bhí a thuilleadh comhchruinnithe soláthair mar thoradh air seo. Bíonn an margadh do stoc plandlainne ag fás i gcónaí. Tá ról ríthábhachtach tacaíochta ag an earnáil seo ag soláthar réimse leathan de phlandaí ardchaighdeáin do ionaid gharraithe na hÉireann.

Tástáil Chineálacha Barr

I dtrialacha an Liosta Náisiúnta agus Mholta measúnaíodh thart ar 400 cineál féar, seimre, eorna, cruithneachta, coirce, arbhair Indiaigh, biatais siúcra agus prátaí i 2003. Tríd is tríd bhí na coinníollacha chun barra a chur agus a bhaint go maith i 2003 agus ní raibh aon mhórdheacrachtaí ann.

Roghnaíodh cineálacha gach speicis a measadh a bheith níos oiriúnaí don lucht fáis in Éirinn, de bharr ár gcineálacha ithreacha agus aeráide, as na trialacha seo agus foilsíodh iad i Leabhráin an Liosta Mholta ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Líon na gCineálacha a measúnaíodh i 2003

Féar	158
Seamair	21
Gránbharra	161
Arbhar Indiach	35
Biatas Siúcra	47
Prátaí	18

D'éirigh le haistriú na meithle measúnaíochta ó Bhaile na Cora go Moorepark, Mainistir Fhear Maí agus bunaíodh tacar iomlán tástálacha ar an láithreán nua i 2003. Reachtáileadh Laethanta Oscailte do Chumann Trádála Síolta na hÉireann, do Chumann Lucht Fáis Arbhair Indiaigh agus do roinnt buíonta leasmhara eile i mBacastún, Co. Chill Dara, le linn na bliana.

Bunaíodh roinnt tástálacha féir agus gránbharr ionas go bhfaighfí amach cérbh iad na cineálacha atá níos oiriúnaí do na córais talmhaíochta níos leithne (SCCT). Tá an obair fós ar siúl.

Orgánaigh Ghéinathruite

Thosaigh an Roinn ag obair chun beartas a fhorbairt maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an nGéinathrú (GA) i leith táirgeachta barr. Bhunaigh an Roinn Meitheal Oibre (ina bhfuil ionadaithe ón Roinn Talmhaíochta agus Bia, an Roinn Comhshaoil, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ón nGníomhaireacht um Chosaint an Chomhshaoil agus Teagasc) chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhaineann le barra GA a bheith ann i dteannta gnáthbharr agus na feirmeoireachta orgánaí.

Deimhniú Síolta

Caithfear na cineálacha Barr Curaíochta a mhargaítear in Éirinn a chur ar liosta Chatalóg Náisiúnta na hÉireann de Chineálacha Plandaí Curaíochta, nó ar Chatalóg Choitianta an AE de Chineálacha Speiceas Plandaí Curaíochta, agus ní ceadmhach ach síolta deimhnithe na gcineálacha sin a mhargú. Ní mór do shíol deimhnithe caighdeáin áirithe cháilíochta a bhaint amach maidir le haithint agus íne an chineáil, cumas péactha agus leibhéil ghalar. Is iad na príomhghnéithe den Scéim Deimhnithe Síolta ná seirbhís cigireachta allamuigh; tástáil roimh rialú agus ina dhiaidh; Trialacha Comparáideacha an AE; samplú, tástáil agus lipéadú síolta. Coinneáiltear bunachar sonraí mionchruinne staidrimh ar an Scéim Deimhnithe; tugtar amach faisnéis ar na síolta atá ar fáil ar bhonn rialta do lucht trádála síolta agus do na meáin a bhíonn ag plé leis an agraibhia.

Achar Iomlán na mBarr a Formheasadh le Deimhniú 2003

	Ha
Gránbharra	9,107
Prátaí	1,726
Piseánach	175
Féara	25

Le linn 2003 coinneáladh 194 cineál in vitro sna Saotharlanna Prátaí, Tops, Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall. Fásadh thart ar 35,800 miontiúbair phrátaí ó 21 ceann de chineálacha éagsúla prátaí i dtolláin víreasdíonacha, agus táirgeadh 100 tonna prátaí póir réamhbhunúsacha ar an bhfeirm. Tástáladh sé cinn nua de shíológa prátaí d'uathúlacht, aonchineálachas agus stuamacht, de réir mar atá leagtha amach ag an Aontas Idirnáisiúnta um Chosaint Cineálacha Nua Plandaí (ACNP). Coinneáladh bailiuchán tagairtí do chineálacha prátaí freisin.

I gcás síolta Talmhaíochta agus Gortóireachta atá faoi réir ag deimhniú oifigiúil, caithfear iad a thástáil go hoifigiúil freisin d'íne agus do phéacadh ionas go gcomhlíonfaidh siad rialúcháin síolta an AE.

Rinneadh na tástálacha seo i Stáisiún Tástála Síolta na Roinne agus rinneadh beagnach 11,000 díobh i 2003.

TIONSCAL NA gCAPALL

Cuideachta Ghraí Náisiúnta na hÉireann, Tta

Go nuige seo tá scaireanna sa Chuideachta, arbh fiú €12.7 milliún iad, ceannaithe ag an Stát. Úsáideadh an ciste seo go príomha chun staileanna ardhcaighdeáin a cheannach. Cuireann ceannach na staileanna seo taca faoin rath atá ar an nGraí, agus thug sé an Chuideachta ar ais óna bheith ag cailleadh airgid sna 1990í luatha go dtí an lá atá inniu ann, mar a bhfuil sí ag déanamh brabúis. Tá an Ghraí agus na gairdíní fós ar phríomhtharraingtí na tíre do thurasóirí.

Bord Capall na hÉireann

Tionscal ríthábhachtach is ea tionscal na gcapall agus na gnéithe éagsúla de, lena n-áirítear léimneach seó, an rásaíocht, gníomhaíochtaí áineasa, tógáil agus traenáil capall. Cuireann sé go mór leis an ioncam a ghineann fiontar luachmhar comhroghnach feirme le haghaidh cúrsaí fostaíochta, turasóireachta, forbartha tuaithe agus do shaol sóisialta, pobail agus tuaithe na tíre agus don gheilleagar ina iomláine. Fuair Bord Capall na hÉireann (BCÉ) €560,000 mar chúnamh deontais i 2003 ón Roinn.

Maoiniú faoin BFN

Tá sé an-tábhachtach go mbeadh seirbhísí fáthmheasta agus taighde ar Ghalair Chapaill ar fáil do lucht tógála capall folaíochta agus spóirt. Dá bharr seo thug an Roinn cúnamh deontais €2.65 milliún faoin BFN do Lárionad Capall na hÉireann chun cuidiú leis seirbhísí níos fearr a sholáthar chun dul i ngleic le riachtanais thionscal na gcapall sa tréimhse 2001 - 2003.

Tá réimse leathan scéimeanna capall ann ata á maoiniú faoin BFN, cuid acu á riar ag BCÉ ar son na Roinne a bhfuil cuspóir ar leith acu, mar atá cáilíocht na gcapall a fheabhsú. Ina measc seo tá an Scéim Tástála Cruthachtála Staileanna, an Scéim Dhreasachta chun Staileanna Ardchaighdeáin a Cheannach agus Comórtais Láracha Ardchaighdeáin. I measc na réimsí eile gníomhaíochta a fhéachann le cáilíocht na gcapall a fheabhsú, a fhaigheann maoiniú faoin BFN agus a bhfuil baint ag BCÉ leis, tá bailiú na n-innéacsanna géiniteacha, tástáil DNA chun an fholaíocht a chinntiú, agus bunú, forbairt, cur chun cinn agus margú leabhair graíonna. Bhí an Roinn in ann €811,000 a sholáthar do Bhord Capall na hÉireann faoin BFN i gcomhair na seirbhísí seo roimh dheireadh 2003.

Sa bhliain 2003 chuir an Roinn íocaíocht dheireanach €20,500 faoin BFN i leataobh don chostas chun an

scoile crúdóireachta ag RACE, Co. Chill Dara a chríochnú. Aithníodh an chrúdóireacht mar sheirbhís thábhachtach tacaíochta do thionscal na gcapall agus glactar leis go bhfuil sé barrthábhachtach go mbeadh crúdóireacht den scoth ar fáil chun capaill ardchaighdeáin indíolta a tháirgeadh. Ba é €691,000 costas iomlán na scoile crúdóireachta agus d'oscail an tAire Joe Walsh, T.D. go hoifigiúil ar 24 Bealtaine 2003 í.

D'éirigh leis an Roinn €291,600 a sholáthar faoin BFN don Institiúid Idirnáisiúnta Capall atá in Ollscoil Luimnigh don chostas a bhaineann le cúrsaí tríú leibhéal neamhchéime sa chapalleolaíocht a fhorbairt agus a sholáthar chun dul i ngleic le riachtanais thionscal na gcapall.

CUSPÓIR 6.2

SÁBHAILTEACHT BIA, SLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE AGUS SLÁINTE PLANDAÍ

Deimhin a dhéanamh de na caighdeáin is airde sábháilteachta bia agus cosanta tomhaltóirí, sláinte agus leasa ainmhithe, sláinte plandaí

SÁBHÁILTEACHT BIA

Lean an Roinn uirthi ag **cur beartas i bhfeidhm lena chinntiú go dtáirgtear an bia de réir na gcaighdeán sábháilteachta is airde amuigh.** Cuireann sí an cuspóir seo i gcrích trí bhreis agus 2,000 ball foirne a úsáid chun seirbhísí monatóireachta, faireacháin agus cigireachta a dhéanamh ar fud na nasc sa slabhra bia. Tá an obair sin á riar go príomha anois trí chonradh seirbhíse leis an Údarás Sábháilteachta Bia (ÚSB). Cuireadh isteach trí earnáil nua sa chonradh seirbhíse athcheartaithe a chumhdaíonn an tréimhse idir Eanáir 2003 go Nollaig 2005, mar atá ionaid cigireachta teorann, an clár náisiúnta monatóireachta ar iarmhair agus an treoir maidir le zónóisí. Comhaontaíodh freisin, i mí na Nollag 2003, lipéadú bia a chur sa chonradh seo.

Tá comhoibriú leanúnach ann idir an Roinn agus gníomhaireachtaí eile maidir le forbairt reachtaíochta ar shábháilteacht bia. Ina measc seo tá an Roinn Sláinte agus Leanaí, an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia (***Safe***food) agus an Rúnaireacht Thuaidh-Theas. Tá cumarsáid seanbhunaithe ann freisin leis an Oifig Bia agus Tréidliachta (OBT), an gCoimisiún Eorpach agus gníomhaireachtaí eile, idir Eorpacha agus idirnáisiúnta.

Allmhairiú Táirgí de Bhunús Ainmhíoch

Caithfear an t-allmhairiú díreach táirgí de bhunús ainmhíoch ó thíortha treasacha chun na hEorpa a dhéanamh trí Ionad Cigireachta Teorann (ICT) atá faofa ag an AE ionas gur féidir seiceálacha tréidliachta a dhéanamh. Tá na seiceálacha ann chun deimhin a dhéanamh de shláinte an phobail agus na n-ainmhithe araon. Tá dhá ICT faofa anois in Éirinn trínar féidir táirge de bhunús ainmhíoch a allmhairiú. Is i bPort Átha Cliath agus in Aerfort na Sionainne atá siad. Aistarraingíodh an faomhadh mar ICT ó Phort Chorcaí agus ó Phort na gCealla Beaga mar níor feabhsaíodh na háiseanna chun an chaighdeáin chuí. Rinne an OBT, a dhéanann monatóireacht ar oibriú na ICT, scrúdú ar na háiseanna ICT in Éirinn i 2003. Dhearbhaigh an scrúdú sin stádas an dá ICT faofa. Tá moltaí ar siúl faoi láthair chun na háiseanna in Aerfort na Sionainne a fheabhsú ionas go mbeifear in ann seiceálacha a dhéanamh ar tháirgí reoite allmhairithe do thionscal na cógaseolaíochta agus na teicneolaíochta. Tá an Roinn ag cuimhneamh an bhféadfaí áiseanna a chur in Aerfort Átha Cliath ina mbeadh áis bheag chun cigireacht a dhéanamh ar tháirgí de bhunús ainmhíoch i gcás táirgí timpeallacha agus cinn reoite.

An Scéim Náisiúnta Deimhnithe Mairteola

Is é is cuspóir le hAcht na Scéime Náisiúnta Deimhnithe Mairteola 2000 (Uimh. 2 de 2000) sábháilteacht na mairteola agus na dtáirgí mairteola a dhéanamh níos fearr trí:

- **chóras éifeachtach rianaithe agus aitheanta ainmhithe a chur i bhfeidhm**
- **ardchaighdeáin táirgeachta agus próiseála a fhorbairt, agus**
- **na caighdeáin seo a chur i bhfeidhm trí chóras cláraithe agus formheasta.**

Ceann de chuspóirí na Scéime Náisiúnta Deimhnithe Mairteola ná go mbeidh gach duine a bhfuil baint acu le táirgeadh agus próiseáil phríomhúil eallaigh agus mairteola (feirmeoirí, marglanna, seamlais, próiseálaithe feola, lucht déanta beathaithe do bha agus lucht coimeádta eile eallaigh) faoi réir ag próiseas éigeantach iarratais, cigireachta agus formheasta. De bharr na ndeacrachtaí a bhí ann le bunú próisis chigireachta ag leibhéal na bhfeirmeacha, agus le forbairtí ina dhiaidh sin ag leibhéal an AE ó thaobh freagrachtaí an táirgeora agus an trasghéilliúntais, tá an Roinn ag féachaint ar roghanna éagsúla faoi láthair chun an próiseas cláraithe, cigireachta agus formheasta a chur chun cinn. Dá bharr seo, glacadh le I.R. Uimh 656 de 2003 (Acht na Scéime Náisiúnta Deimhnithe Mairteola, 2000 (Formheas) Ordú, 2003) chun síneadh a chur leis an tréimhse ama atá ag rannpháirtithe chun iarratas a dhéanamh ar fhormheas a fháil faoin scéim.

Tuarascáil ar Lipéadú Bia

Cuireadh an Tuarascáil ar Lipéadú Bia faoi bhráid an Aire i mí na Nollag 2002. Bhí moladh is fiche ann a chumhdaigh rialacha ginearálta lipéadaithe, beartas agus cur i bhfeidhm, oideachas do thomhaltóirí agus feasacht agus bunús. Rinneadh an-dul chun cinn le linn 2003 maidir le cur i bhfeidhm na moltaí, go háirithe i gcás an dá phríomh-shaincheist a d'eascair as an tuarascáil, .i. **go bhfágfaí faoi Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, eagras lárnach, na rialacháin ar an lipéadú bia a chur i bhfeidhm agus go sainmhíneofaí an chiall atá le bunús feola.**

Taighde ar Shábháilteacht Bia

Ceann de na tosaíochtaí faoin mBeart ar Thaighde Institiúideach ar Bhia de chuid Chlár Oibriúcháin na hEarnála Táirgeachta 2000 - 2006 is ea an tSábháilteacht Bia. Go nuige seo, tá móriomlán €9.2 milliún bronnta ar 18 tionscadal sábháilteachta bia. I measc na n-ábhar seo tá taighde chun paitiginí amhail E.Coli 0157:H7, an tSalmonallóis, an Listéir agus an Campalabaictéir a aithint agus a dhíothú, an córas HACCP i bhfeoil a fhorbairt agus bunachar sonraí Tomhaltais Náisiúnta Bia do leanaí a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar an bpriacal atá ann ó cheimiceáin a iompraítear i mbia. Bronnadh tionscadal taighde amháin i 2003 chun na fachtóirí a bhfuil tionchar acu ar chruthú aicrilimíde in dtáirgí áirithe bia a fhiosrú.

An Plean Náisiúnta Iarmhair

Cuireann an Roinn Plean Náisiúnta Iarmhair cuimsitheachi bhfeidhm freisin, plean atá ceaptha chun tomhaltóirí a chosaint ar iarmhair aindleathacha, is cuma má thagann siad ó tháirgí faoi chosc (amhail hormóin spreagtha fáis), ó chógais faoi cheadúnas (tarlaíonn sé seo de ghnáth nuair a thagann ainmhithe isteach sa slabhra bia sula gcríochnaíonn an tréimhse ordaithe aistarraingthe don chógas atá i gceist) nó ó éilliúcháin chomhshaoil. Cumhdaíonn an Plean Iarmhar aon cheann déag de speicis a tháirgeann bia (lena n-áirítear an t-uiscechultúr, mar a bhfuil an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ag riar an Phlean). Le linn 2003 tógadh breis agus 60,000 sampla agus tástáladh iad i saotharlanna oifigiúla do 18 grúpa iarmhar. I gcás torthaí dearfacha scrúdaítear an fheirm ónar tháinig siad, féachaint leis na bearta cuí feidhmithe a chur i ngníomh, lena n-áirítear cúrsaí dlí más gá.

Ón mbliain 2000 ar aghaidh tá an tástáil oifigiúil á comhlánú ag córas de bhunús reachtúil, a chuireann iallach ar phróiseálaithe príomhúla bearta a chur i ngníomh chun monatóireacht a dhéanamh ar iarmhair. De bharr an chórais seo caithfear suimisean bliantúil a thabhairt don Roinn chun go bhfaofar pleananna aonair iarmhair, agus ní mór do phróiseálaithe monatóireacht i bhfad níos grinne a dhéanamh ar sholáthróirí a bhfuil toradh dearfach ar a gcuid ainmhithe nó táirgí de bhunús ainmhíoch. Déanann an Roinn féin scrúdú ar an gcóras seo na féinmhonatóireachta.

Sláinteachas Déiríochta

Leanadh de I.R. Uimh 9 de 1996, a shocraíonn na rialacha do tháirgeadh agus do phróiseáil shlán táirgí bainne agus déiríochta, a chur i bhfeidhm de réir théarmaí an chonartha seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Leasaíodh an I.R. le linn na bliana chun a shoiléiriú gur ar an lucht próiseála bainne atá an t-iallach príomhúil deimhin a dhéanamh de nach dtagann an bainne ach amháin ó fheirmeacha a chomhlíonann na caighdeáin sláinteachais atá leagtha amach.

Lean na Saotharlanna Eolaíochta Déiríochta orthu ag comhlíonadh a bhfeidhme tástála do Scéimeanna Tacaíochta do Mhargaí, Deimhnithe don Onnmhairiú agus an tSábháilteacht Bia. Cuireadh i bhfeidhm an samplú don tsábháilteacht bia, atá bunaithe ar mheasúnú priacail, agus chuir sé le córas tástála atá níos dírithe agus níos éifeachtaí. Bhronn an Bord Náisiúnta Creidiúnaithe an creidiúnú EN 17025 ar Shaotharlann Eolaíochta Déiríochta Átha Cliath.

I dtreo dheireadh na bliana, rinne Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann iniúchóireacht ar an tionscal, ag díriú ar na gníomhartha leanúnacha a glacadh chun moltaí Oifig Bia agus Tréidliachta an Choimisiúin Eorpaigh a chur i bhfeidhm, tar éis a n-iniúchóireachta sa bhliain 2000. Beifear ag súil leis an tuarascáil i lár 2004.

Cógais Tréidliachta agus Faireachán ar Iarmhair

Líon sláintiúil ainmhithe a chuireann taca faoi thionscal bia na hÉireann. Tá sé tábhachtach úsáid cheart dhleathach a bhaint as cógais tréidliachta (lena n-áirítear vacsaíní) le deimhin a dhéanamh go leanfar d'ardchaighdeán sláinte na n-ainmhithe sa bhólacht náisiúnta agus de shláinte lucht tomhaltais bhia na hÉireann. Déanann an Roinn, i gcomhar le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus Bord Cógais na hÉireann, maoirseoireacht ar rialáin thábhachtacha agus cuireann i bhfeidhm iad, trí chógais tréidliachta a fhormheas agus a dháileadh, bearta faireacháin ar iarmhair a chur i bhfeidhm, m.sh. an Plean Náisiúnta Iarmhair, agus gníomhaíochtaí leanúnacha feidhmithe.

Ó thaobh an AE de rinneadh forbairtí tábhachtacha i 2003 maidir leis an athbhreithniú leanúnach ar chreatreachtaíocht an Chomhphobail a rialaíonn an córas formheasta agus dáileacháin, idir lárnaithe agus náisiúnta, do chógais tréidliachta. I mí Mheán Fómhair 2003, ghlac Comhairle na nAirí a seasamh foirmiúil i dtaobh mholtaí an Choimisiúin a chuir bonn faoin gcomhaontú a baineadh amach le Parlaimint na hEorpa i mí na Nollag 2003. Cinntíonn sé seo gur féidir 'pacáiste na gcógas' a shíniú go foirmiúil (i mí an Mhárta 2004 is dóichí) sula méadóidh an tAE ar 1 Bealtaine 2004 (ag tabhairt 18 mí eile do Bhallstáit chun dlí náisiúnta a dhéanamh den reachtaíocht).

An tAire Stáit Liam Aylward TD le baill foirne ón tSaotharlann Eolaíochta Déiríochta ag fáil Creidiúnaithe don tSaotharlann Eolaíochta Déiríochta

Tá roinnt feabhas nua sa reachtaíocht nua atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb "infhála na gcógas" in earnáil na tréidliachta. Ina measc seo tá bearta chun forbairt leigheasanna nua a spreagadh trí chosaint sonraí agus tástálacha cliniciúla a éascú. Feabhsófar córais náisiúnta ceadúnuithe freisin, go háirithe trí mheicneachas níos éifeachtaí den 'an aitheantas díbhlíonach' ar chóir dó, in éineacht 'scairdeán' níos fearr (faoina bhfuil tréidlianna in ann úsáid 'neamhlipéadaithe' a cheadú), cur go mór le cógais tréidliachta a chur ar fáil i margaí níos lú, amhail margadh na hÉireann. Tá bearta ar leith ann freisin chun feabhas a chur ar an leigheas do chapaill, a aithníonn nach dtéann an-chuid capall isteach sa slabhra bia. Tá riachtanas ginearálta sa reachtaíocht AE freisin go mbeidh gach cógas tréidliachta d'ainmhithe a tháirgeann bia faoi réir ag oideas ó thréidlia - ach, ar iarratas ó Éirinn agus ó roinnt Ballstát eile, tá foráil sa reachtaíocht gur féidir eisceachtaí ón bprionsabal ginearálta seo a dhéanamh faoi ghnáthas cúirtéiseolaíochta na Comhairle.

Ag leibhéal an AE, le linn 2003, cuireadh roinnt athruithe i bhfeidhm ar an 'gCosc ar Hórmóin', faoina bhfuil úsáid na hórmón chun críche fáis faoi chosc le fiche bliain anuas nach mór. Léiríonn na hathruithe an chomhairle eolaíoch is nuaí atá ar fáil don Choimisiún Eorpach agus tá siad ceaptha chun an 'Cosc ar Hórmóin' a thabhairt chun admhála le tátail an EDT. Téann an príomhathrú i bhfeidhm ar an hórmón ostraidial mar, cé go bhfuil sé faoi chosc chun críche fáis, d'fhéadfaí é a úsáid chun críoch teirpeach agus zútheicniúil ar leith i gcógais fhormheasta tréidliachta. Cuirfear a thuilleadh srianta ar ostraidial agus, i gcásanna áirithe, gheofar réidh leis de réir a chéile faoi Dheireadh Fómhair 2006.

Ag an leibhéal náisiúnta, cuireann an Roinn roinnt rialán i bhfeidhm maidir le **cógais tréidliachta** chun sláinte an phobail agus sláinte agus leas ainmhithe a chosaint. Tá bunús reachtach cuimsitheach ag an Acht Leigheasanna Ainmhithe, 1993 agus ag na Rialacháin a rinneadh faoi mar sin, chun cógais tréidliachta a cheadúnú (lena n-áirítear ról Bhord Cógais na hÉireann chomh fada agus a fheidhmíonn an bord sin mar údarás inniúil faoin reachtaíocht) agus chun áitribh atá i mbun dáilte thrádálaigh cógas tréidliachta a cheadúnú freisin. Le linn 2003 rinne an Roinn athbhreithniú ar roinnt gnéithe den reachtaíocht náisiúnta, ag cur san áireamh taithí oibriucháin, forbairtí ábhartha ó reachtaíodh é lena n-áirítear Tuarascáil ó Bhord Cógais na hÉireann ar infhaighteacht cógas tréidliachta idirshineach, agus toise an AE - mar atá agus mar a bheidh. Cuirfear na hathruithe ar an gcóras náisiunta a eascróidh as an athbhreithniú seo i bhfeidhm le linn 2004.

Faoi láthair tá breis agus 1,000 táirge aonair faoi cheadúnas faoi réir ag riachtanais mhionchruinne reachtaíochtaí an AE. Anuas air sin, rialaítear agus ceadúnaítear thart ar 75 áitreabh mórdhíola agus 740 áitreabh miondíola faoi réir ag an reachtaíocht chuí, tar éis don Roinn cigireacht a dhéanamh orthu lena chinntiú go mbaineann siad na caighdeáin riachtanacha amach. Tá táirgeadh, dáileadh agus díol beathaithe mhíochnaithe, agus na dtáirgí idirmheánacha chun a dhéanta, faoi réir ag ceadúnú ón Aire faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leigheasanna d'Ainmhithe agus Beathú Míochnaithe), 1994, faoi mar a bhí sé leasaithe ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leigheasanna d'Ainmhithe agus Beathú Míochnaithe) (Leasú), 2003. Tá cosc ar úsáid a bhaint as beathú míochnaithe ach amháin faoi, agus faoi réir ag, na treoracha scríofa tréidliachta arna n-eisiúint ag tréidlia cláraithe. Caithfidh Bord Cógais na hÉireann réamh-mheascáin mhíochnaithe a údarású freisin. Faoi láthair tá thart ar 25 táirgeoir beathaithe mhíochnaithe faoi cheadúnas, agus tá an Roinn i mbun córas ceadúnaithe a chur i bhfeidhm do mheascóirí a dhéanann beathú míochnaithe sa bhaile.

Rialú Ionchuir Talmhaíochta

Tugadh isteach cúig phíosa de reachtaíocht an AE sa Dlí Náisiúnta le linn 2003:

- I.R. 237 de 2003 Rialacháin na gComhphobal Eorpach, (Margú Beathaithe Chumaisc) (Leasú) 2003
- I.R. 238 de 2003 Rialacháin na gComhphobal Eorpach, (Cigireacht ar Chothú Ainmhithe) 2003
- I.R. 317 de 2003 Rialacháin na gComhphobal Eorpach, (Ábhair Dhomhianaithe i mBeathú) 2003
- I.R. 461 de 2003 Rialacháin na gComhphobal Eorpach, (Breiseacháin i mBeathú) (Leasú) 2003
- I.R. 694 de 2003 Rialacháin na gComhphobal Eorpach, (Ábhair Dhomhianaithe i mBeathú) (Leasú) 2003

Chun monatóireacht a dhéanamh ar bheathú agus ar leasacháin ionas go gcomhlíonfaidh siad na riachtanais reachtúla, rinneadh 2,100 cigireacht ar ionaid allmhairíochta, áitribh déanta beathaithe, stóir ábhair bheathaithe, idirghníomhairí agus feirmeacha. Chun na críche seo tógadh 3,700 sampla nach mór de bheathú chun anailís a dhéanamh orthu lena fháil amach an raibh siad ag cloí leis an reachtaíocht ar bheathú. Déanann an Roinn anailísí rialta ar gach beathú d'ainmhithe, féachaint an bhfuil próitéiní ó ainmhithe próiseáilte ann nó nach bhfuil. Tá gnáthshamplú agus anailísiú beathaithe, idir randamach agus dírithe, sa chlár cigireachta freisin do chothathaigh agus méideanna breiseachán agus Táirgí agus Ábhair Dhomhianaithe. Chomh maith leis sin rinneadh 120 cigireacht ar áitribh táirgthe leasacháin agus ar ionaid miondíola inar tógadh 430 sampla agus a ndearnadh anailís orthu do cothathaigh phríomhúla.

Leanadh den chigireacht maidir le cur i bhfeidhm Threoir 95/69/AE na Comhairle, ag leagan síos na gcoinníollacha agus na socruithe chun áitribh agus idirghníomhairí áirithe atá ag obair in earnáila an bheathaithe d'ainmhithe a cheadú agus a chlárú. Le linn 2003 ceadaíodh 96 áitreabh eile mar idirghníomhairí breisiúchán nó réamh-mheascán agus cláraíodh 16 de mheascóirí ar-feirme.

Comhaontaíodh Nós Imeachta Caighdeánach um Oibriúchán nua leis an tionscal a rialóidh samplú agus anailísiú beathaithe le haghaidh próitéiní ó ainmhithe próiseáilte.

PAINÉAL IDIRCHAIDRIMH TOMHALTAIS

Bunaíodh an Painéal Idirchaidrimh Tomhaltais in Eanáir 2002 chun an chumarsáid idir tomhaltóirí agus an Roinn a neartú. Is iad a théarmaí tagartha ná dul in idirchaidreamh maidir le saincheisteanna ginearálta tomhaltóra agus cliaint a bhaineann le gníomhaíochtaí na Roinne, agus tráchtaireacht a thabhairt ar an sreabhadh faisnéise chun an phobail agus uaidh araon.

Ar an bPainéal tá ionadaithe ó Chomhlachas Tomhaltóirí na hÉireann, Chomhdháil na gCeardchumann, Bhantracht na Tuaithe, Ardán na hEarnála Saorálaí agus Pobail agus ionadaithe ón mbonn tomhaltóirí atá ag asraonta móra miondíola bia.

I mí Lúnasa chuir an Painéal a chéad Tuarascáil Bhliantúil faoi bhráid an Aire. De thoradh na moltaí a rinne an Grúpa Lipéadaithe Bia, choimisiúnaigh an Painéal taighde ar thuairimí na dtomhaltóirí ar lipéadú feola, a rinneadh idir Iúil agus Samhain. Tugadh na torthaí air seo don Aire i mí na Nollag.

Tháinig an Painéal le chéile ocht n-uaire i 2003 agus d'athbhreithnigh sé saincheisteanna amhail an Lipéadú Bia, BSE, an Scéim Náisiúnta Deimhnithe Mairteola agus praghsanna bia.

SLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE

An Córas Aitheanta agus Rianaithe Ainmhithe

Tá an Córas Aitheanta agus Rianaithe Ainmhithe faoi lánseol anois agus úsáidtear é chun bunús, aithint agus cúlra saoil eallaigh atá ag teacht isteach sa slabhra bia a fhíorú. Le linn 2003 feabhsaíodh agus forbraíodh an bunachar sonraí chun cruinneas agus ionracas na sonraí a chinntiú. Baintear úsáid fhorleathan as an mbunachar

sonraí chun an teidlíocht ar scéimeanna préimheanna an AE, agus an cháilíocht dóibh, a fháil amach.

Faoi **I.R. 655 de 2003, Acht na Scéime Náisiúnta Deimhnithe Mairteola 2000 (Gluaiseacht Ainmhithe), Rialacháin 2003** tugadh isteach córas leasaithe fógartha maidir le gluaiseachtaí o fheirm go feirm, a chuireann an dualgas ar fheirmeoirí cead a fháil ó bhunachar sonraí lárnach **an Chórais Mhonatóireachta Gluaiseachta Eallaigh (CMGE)** sula mboftar ainmhithe ó fheirm go feirm. Is é is cuspóir leis an gcóras seo ná cáilíocht na sonraí maidir le rianú an eallaigh a fheabhsú, agus aimhrialtachtaí i gcúlra na ngluaiseachtaí a chosc.

Cuireadh tús le tionscadal **an Chórais Gluaiseachtaí Ainmhithe (CGA)** i 2002 a ghlacfaidh an fheidhm atá ann faoi láthair sa CFGE air féin agus a fheabhsóidh í. Tógadh cinneadh i 2003 an tionscadal a chur chun cinn i bhformáid mhodúlach. Rinneadh obair mhór i 2003 maidir le modúl an lipéadaithe. Díreoidh modúil ina dhiaidh sin ar chlárú breitheanna, gluaiseachtaí agus diúscairtí. Tógfaidh sé roinnt blianta chun an tionscadal a chríochnú.

Monatóireacht agus Rialú Galar Aicme A

Plean Teagmhasachta GCB

I mí an Aibreáin 2003 foilsíodh leabhrán cuimsitheach nua oibriuchán, agus plean teagmhasachta, don Ghalar Crúb agus Béil (GCB). Sa chomhthéacs seo rinne an Roinn athbhreithniú mór domhain ar bhainistiú na géarchéime i 2001, agus bhí Ranna agus gníomhaireachtaí eile páirteach sa ghníomh seo. Ar thorthaí an athbhreithnithe seo tá na leaganacha athcheartaithe den Leabhrán Oibriúchán agus den Phlean Teagmhasachta. Ar na torthaí eile tabharfar isteach córais aitheanta agus rianaithe do chaoirigh agus do mhuca, córas formheasa agus cláraithe do cheannaithe, rialáin níos fearr chun glacadh le hainmhithe i monarchana feola, bonn níos fearr reachtaíochta agus níos mó comhoibre ar bhonn uile-oileánda i dtaobh saincheisteanna ar shláinte ainmhithe.

An tAire Walsh i láthair ag foilsiú an Phlean Teagmhasachta athcheartaithe don Ghalar Crúb agus Béil, Aibreán 2003

Min Feola agus Cnámh Siní agus Miodamas Éanlaithe Clóis

Tá monarú, ceannach agus úsáid mine feola agus cnámh siní faoi réir ag forálacha an Achta um Ghalair Ainmhithe 1966 (Spongiform Encephalpathies Iniompair) (Min Feola agus Cnámh agus Miodamas Éanlaithe), Ordú 2002 (I.R. 551 de 2002). Faoin Ordú seo oibríonn an Roinn córas ceadúnais chun monarú, ceannach agus úsáid mine feola agus cnámh sineach a rialú.

Tugtar amach ceadúnais ar bhonn bliantúil. Eisíodh naoi gceadúnas le linn 2003 chun críche min feola agus cnámh a mhonarú.

Tá foráil san Ordú thuasluaite freisin do rialacháin maidir le miodamas éanlaithe a chur i mbeathú d'ainmhithe nach bhfuil á gcoinneáil, á gcothú ná á dtógáil chun bia a tháirgeadh, agus maidir lena leithéidí de bheathú ina bhfuil miodamas éanlaithe a dhíol. Forálann sé freisin do rialacháin maidir le lipéadú beathaithe do pheataí, agus cuireann sé cosc ar bheathú triomaithe do pheataí, ina bhfuil feoil agus cnámha siní, a choimeád ar an bhfeirm. Ní cheadaítear a leithéid de bheathú ina bhfuil miodamas éanlaithe ar fheirmeacha, ach amháin má tá sé i málaí atá níos éadroime ná 5 chileagram ar chúinsí sainithe.

Sainítear san Ordú freisin na coinníollacha a bhaineann leis na táirgí seo a chur i stóras agus a iompar (feithiclí sainithe), agus forálann sé do chosc a chur ar mhin feola agus cnámh siní a úsáid i leasacháin. Cuireann sé cosc ar mhin feola agus cnámh siní nó miodamas éanlaithe a thabhairt d'aon ainmhí atá ceaptha don tomhaltas bia, agus tá sé seo sa bhreis ar na rialacháin maidir leis an gcosc ar phróitéiní ó ainmhithe próiseáilte a thabhairt d'ainmhithe feirme atá ceaptha chun bia a tháirgeadh agus a dtagraíonn Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Táirgí ó Ainmhithe Próiseáilte) 2000 go 2001 (I.R. 486 de 2000 agus I.R. 553 de 2001) dóibh.

Coir is ea é faoin Acht um Ghalair Ainmhithe, 1966 an tOrdú seo a shárú. Níor cuireadh an dlí ar éinne faoi fhorálacha an Ordaithe i 2003.

Is i Rialacháin 2002 (I.R. Uimh 550 de 2002) na gComhphobal Eorpach (An tAcht um Ghalair Ainmhithe 1966) (Spongiform Encephalopathies Iniompair) (An tOrdú um Min Feola agus Cnámh agus Miodamas Éanlaithe 2002) atá na bearta teicniúla a theastaíonn chun lánéifeacht a thabhairt do chóras an AE maidir leis na rialacháin ar mhin feola agus cnámh agus miodamas éanlaithe a mhonarú, a dhíol, a cheannach, a thabhairt mar bheathú agus a chur i stóras.

Comhlánaíonn na Rialacháin seo I.R. Uimh 551 thuas.

Briodarnach

Tá cosc gan deireadh faoin dlí ar bhriodarnach a bhailiú agus a thabhairt d'ainmhithe de bharr cúinsí sláinte ainmhithe, ach ceadaítear táirgí áirithe nach bhfuil de bhunús ainmhíoch a thabhairt d'ainmhithe. Teastaíonn ceadúnas chun briodarnach idirnáisiúnta a bhaint as poirt agus as aerfoirt faoi na hOrduithe éagsúla ar Bhriodarnach. Ní ceadmhach ach d'oibrí faoi cheadúnas briodarnach idirnáisiúnta a bhaint as port nó as aerfort. Bhí cosc riamh ar a leithéid de bhriodarnach/ dríodar bia idirnáisiúnta a thabhairt d'ainmhithe.

Coir is ea é faoin Acht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (mar a leasaíodh) na hOrduithe seo a shárú. Tá ionchúiseamh amháin ar feitheamh.

FREAGRA AR ÉIGEANDÁIL GALAIR AICME A

Galar na Bó Mire (BSE)

Dearbhaíodh 182 cásanna BSE go hiomlán i 2003. Anuas air sin, cuireadh i bhfeidhm na gnáthbhearta réamhchúramacha, lena n-áirítear díothú bólachta iomláine, i dtrí chás eile ina úsáideadh an tástáil scagtha agus ar a raibh toradh dearfa BSE ag na hainmhithe a bhí faoi amhras ach níorbh fhéidir é seo a chinntiú de bharr chaighdeán an tsampla. **Laghdú beagnach 45% é an 185 cás seo i gcomórtas leis na 333 cás an bhliain roimhe sin.**

Tá an laghdú suntasach seo ar líon na gcásanna ag tarlú san am céanna a bhfuil monatóireacht ghrinn ghníomhach á déanamh ar an ngalar agus ina ndearnadh 700,344 tástáil mhear BSE ar mhonarchana feola agus cniogaireachtaí. Is léir ón titim ar líon na gcásanna, agus an méadú leanúnach ar phroifíl aoise na n-ainmhithe dearfacha, go raibh toradh dearfach ag na bearta níos fearr rialaithe a tugadh isteach i 1996 agus i 1997 ar ainmhithe a rugadh tar éis na tréimhse sin, agus ar a nochtadh don ghníomhaí galaraithe, agus go leanfar den titim ar chásanna BSE de réir mar a fhágfaidh ainmhithe níos sine an córas.

An Scráibeach

Leanadh de bheartas an AE i dtaobh na scráibí a mhúnlú. Ó Deireadh Fómhair 2003, táthar ag tíopáil na dtréad úd ina bhfuil an scráibeach de réir géine agus níltear ach ag díothú na n-ainmhithe is so-ghabhálaí don ghalar. Faoin gcóras a bhí ann go dtí sin dhíothaítí an tréad iomlán.

Chomh maith le forbairt córais nua chun dul i ngleic le tréad a bhfuil an scráibeach orthu, thosaigh an Roinn ag obair ar Chlár Náisiúnta Géinitíopála, atá le tabhairt isteach i 2004 agus atá ceaptha chun feirmeoirí caorach a spreagadh chun caoirigh a thógáil nach bhfuil chomh so-ghabhálach sin don scráibeach.

Rinneadh tástáil mhear ar 54,813 caora don scráibeach i monaracha feola agus i gcniogaireachtaí i 2003 faoi chlár faireacháin ghníomhaigh na Roinne. De bhrí an chláir seo, agus mar gur cuireadh in iúl faoi ainmhithe a bhí faoi amhras, aithníodh 37 tréad nua a raibh an galar orthu.

GALAIR AICME B AGUS EILE - MONATÓIREACHT AGUS RIALÚ

An Eitinn Bó agus an Bhrúsalóis

Agus an Eitinn Bó agus an Bhrúsalóis á meas ba chóir a thabhairt faoi deara gur éirigh leis na scéimeanna díothaithe **99.5% de na ba a choinneáil saor ón Eitinn agus 99.9% díobh saor ón mBrúsalóis.**

An Eitinn Bó

Tá líon an ghalair tar éis titim le blianta beaga anuas. I 2003 fuarthas 28,000 imoibreoir i gcomórtas le 45,000 imoibreoir i 1998 agus i 1999. Leanadh den chlár athcheartaithe fiadhúlra a thabhairt isteach.

Críochnaíodh clár díothaithe eitinne 2003, le 98% as na 126,000 bólacht á dtástáil laistigh den tréimhse dhá mhí dhéag. Rinneadh ar a laghad tástáil amháin ar thart ar 7 milliún ainmhí laistigh de thréimhse dhá mhí dhéag agus rinneadh thart ar 8.75 milliún tástáil ar ainmhithe.

Leanadh den taighde ar ról an fhiadhúlra in eipidimeolaíocht an ghalair. Críochnaíodh an Staidéar Ceithre Cheantar ar an mBroc agus tá tuarascáil le teacht go luath i 2004. Cuireann an Tionscnamh Forbartha Vacsaíne do Bhroic, atá fós ar siúl, roimhe aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna na heitinne sna broic agus bearta a aithint chun an méid traiseolta eitinne idir broic agus eallach a laghdú, lena n-áirítear forbairt vacsaíne ar an eitinn do bhroic.

An Bhrúsalóis Bó

Leanadh den titim ar líon na gcásanna den Bhrúsalóis i 2003, agus is é 0.26% an méid bliantúil cásanna i mbólachtaí i gcomparáid le 0.76% i 1998. Leanadh de bheartais an díothaithe agus na tréimhse fadaithe scíthe, mar aon le bearta eile atá i bhfeidhm. Tháinig laghdú ar líon na n-imoibreoirí anuas ó 6,417 i 1998 go 900 i 2003.

Ó tosaíodh ar an dianchlár reatha faoin mBrúsalóis i 1998, tá dul chun cinn mór déanta i dtreo a dhíothaithe mar a thugtar thíos.

Staidreamh ar an mBrúsalóis

	Líon na nImoibreoirí	Líon na Líon na mBólachtaí Nuaghaibhnithe
1998	6,417	1,081
1999	4,545	875
2000	3,590	659
2001	3,112	553
2002	1,530	430
2003	900	324

Tástáladh beagáinín sa bhreis agus 4.9 milliún sampla d'fhuil i 2003. Tá an príomhbheart tástála á fhorlíonadh ag an Tástáil Bulcbhainne ó gach bólacht gach mí agus ag an samplú fola ó bha atá i ngléasraí maraithe, rudaí atá thar a bheith éifeachtach ag taispeáint roinnt imoibreoirí a d'fhéadfaí nach dtabharfaí faoi deara iad murach iad.

Ionchúisimh

Sa bhliain 2003 lean an tAonad Fiosriúcháin Speisialta den fhiosruchán ar neamhrialtachtaí sna Scéimeanna Díothaithe Eitinne Bó agus Brúsalóise agus in aithint agus i gclárú ba. De thoradh na bhfiosrúchán seo, cuireadh an dlí go rathúil i 22 cás i rith na bliana agus cuireadh 28 cás eile le hionchúiseamh. Aistarraingíodh dhá chás ar chúinsí dlí agus tá 56 cás ag fanacht lena n-éisteacht.

Ceannaithe

Faoi Ordú na nAchtanna um Ghalair Ainmhithe 1966 go 2001 (Formheas agus Clárú Ceannaithe agus Áitribh Ceannaithe), 2001 (I.R. Uimh 9 de 2001), a tháinig i bhfeidhm i Márta 2001, sainmhínítear ceannaí mar "dhuine a cheannaíonn ainmhí nó éanlaith chlóis agus a dhíolann nó a sholáthraíonn a leithéid sin ainmhí nó éanlaithe clóis le duine eile laistigh de thréimhse 45 lá". Caithfidh an Roinn gach ceannaí a fhaomhadh agus a chlárú. Caithfear gach áitreabh a úsáideann ceannaí a fhaomhadh ina n-aonar chun na críche sin. Faoi dheireadh 2003, bhí 1,784 ceannaí faofa;

- 311 ceannaí le háitreabh
- 1,473 ceannaí gan áitreabh (gníomhairí)

Scéim Luachála Margaidh Ar-Feirme

Cuireadh an Scéim Luachála Margaidh Ar-Feirme in ionad na Scéime Deontais Imoibreora nuair a tugadh isteach í go hiomlán le héifeacht ó 2 Aibreán 2002. Caitheadh €3.67 milliún le linn 2003 ar gach cuid chúitimh de na Scéimeanna Díothaithe Eitinne Bó agus Brúsalóise.

Tobhaigh ar Ghalair Bhó

Rinneadh athbhreithniú ar na tobhaigh le linn 2003. De thoradh feabhas leanúnach a theacht ar leibhéal na hEitinne agus na Brúsalóise, agus an laghdú dá bharr sin ar chostais na Scéimeanna, gearradh laghdú 25% ar rátaí na dTobhach ar Ghalair Bó le héifeacht ó 1 Eanáir 2004, tar éis faomhadh a fháil ón Rialtas i mí na Nollag 2003 agus formheas ina dhiaidh sin ó Thithe an Oireachtais. Is fiú €5 milliún d'fheirmeoirí an laghdú seo i mbliain iomlán. Táthar ag súil mbeidh dtiocfaidh thart ar 50% de na costais chúitimh réamh-mheasta as na rátaí nua seo.

Bailíodh €19.74 milliún le linn 2003, arbh é thart ar 54% den chaiteachas cúitimh don tréimhse chéanna.

Clár Náisiúnta Rialaithe agus Díothaithe Ghalar Aujeszky

Rinneadh an-dul chun cinn le linn 2003 maidir leis an gClár Náisiúnta Rialaithe agus Díothaithe Ghalar Aujeszky.

Sa chéad bhabhta iomlán den chlár tástáladh gach mucra sa tír. Is é 1,125 mucra an t-iomlan a tástáladh agus samplaíodh 60,000 muc aonair nach mór. Bhí torthaí spreagúla ar an mbabhta seo, le leibhéal an ghalair díreach faoi bhun 3%.

Cuíchóireofar an clár agus cuirfear ar aghaidh é chun críche an galar seo a dhíothú sa mhucra náisiúnta. Bainfidh earnáil iomlán muice na hÉireann leas mór as seo trí chaighdeán na sláinte sa mhucra náisiúnta a fheabhsú agus ár rochtain ar mhargaí onnmhairithe a chosaint.

Galar Johne

Galar infhógartha is ea Galar Johne atá á rialú ag Ordu Ghalar Johne, 1955 (I.R. Uimh 86 de 1955) agus Galar Aicme B atá ann. Galrú leis an bhFospeiceas Aratuberculosis den Mycobacterium Avium is cúis le Galar Johne. Galraítear an chuid is mó den eallach go hóg trí MAP a ionghabháil trí ghruth núis, bainne, didí atá galraithe ag faecas, uisce, beathú nó dromchlánna. Galraítear ainmhithe fásta uaireanta ach is annamh an rud é agus de ghnáth bíonn fadhbanna eile acu, amhail easnaimh ina gcóras imdhíonachta.

Sa bhliain 2002, chun feasacht ar an ngalar a mhéadú agus caighdeáin níos airde a chur chun cinn sna cleachtais bhainistíochta sláinteachais agus tógáil laonna, d'fhoilsigh agus dháil an Roinn dhá leabhrán faoi Ghalar Johne, ceann acu dírithe ar an bhfeirmeoir agus an ceann eile ar an ngnáththréidlia. Dá ainneoin seo agus in ainneoin beart eile lena n-áirítear an Roinn ag ceannach agus ag díothú ainmhithe galraithe, thángthas ar an tuairim gur ghá athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige a bhí glactha ag an tír seo go nuige sin chun dul i ngleic leis an ngalar. Cé gur galar infhogartha é, níl aon iallach ar an Stát faoi fhorálacha Ordú Ghalar Johne 1955, ainmhithe a bhfuil galar Johne orthu a cheannach agus a dhiothú cé gur nós leis an Roinn ainmhithe galraithe a cheannach go dtí le déanaí.

Le linn 2003 bhuail an Roinn le príomhpháirtithe leasmhara, amhail Teagasc, Veterinary Ireland, CTTÉ, na cumainn tógála eallaigh, comharchumainn déiríochta, eagrais ionadaíochta feirmeoirí agus eile chun an cur chuige a d'fhéadfaí a ghlacadh chun dul i ngleic leis an ngalar a phlé. De bharr an nósa imeachta seo ghlac agus thuig na príomhpháirtithe an fhadhb seo go ginearálta. Glacadh leis nach n-éireodh leo ach amháin dá gcuirfeadh gach n-aon ceangaltas air féin dul i ngleic leis an bhfadhb seo laistigh de chur chuige beartais a bheadh comhtháthaithe agus ní ab éifeachtaí. Dá thoradh seo tharraing an Roinn le chéile na haschuir éagsúla agus d'aithin sí ordaithigh, idir ghearrthéarmach agus fhadtéarmach. Is é is cuspóir leis ná cur chuige comhtháthaithe éifeachtach a bhunú agus a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb, ina mbeidh ról sainithe agus railí ag gach geallchoimeádaí.

An Scéim Bhailithe Ainmhithe Tite

Tugadh isteach an Scéim seo i 2001 d'fhonn feabhas a chur ar an scéim bhailithe ainmhithe tite agus, san am céanna, í a chomhtháthú leis na riachtanais faoin BSE. Tá de bhuntáiste ag an scéim go gcabhraíonn sé le feirmeoirí cloí le riachtanais an tionscnaimh *Dea-chleachtas Feirmeoireachta* tríd an úsáid a bhaintear as adhlacthaí ar-feirme a íosmhéadú agus, dá bharr seo, breis buntáistí tábhachtacha comhshaoil a sholáthar. Tá foráil sa scéim seo, atá ar fáil sna 26 contae, do bhailiú fóirdheontaithe ainmhithe buaibheacha atá tite agus

do mhin feola agus cnámh a dhéanamh astu ina dhiaidh sin i monarchana ceadúnaithe. Tacaíodh le rindreáil ainmhithe neamhbhuaibheacha faoin scéim freisin. Cuirtear an mhin feola agus cnámh thar sáile lena dhíothú.

B'fhiú €24.2 milliún na híocaíochtaí i 2003 - €8.5 milliún as seirbhísí bailiúcháin agus €15.7 milliún as seirbhísí rindreála agus díothaithe.

Tionscal na Rindreála

Leanadh d'íocaíochtaí le tionscal na rindreála as an bhfóirdheontas táirgeachta/diúscartha do mhin feola agus cnámh go 31 Bealtaine 2003 (bhí ráta laghdaithe i bhfeidhm do na trí mhí dheireanacha). Ó 1 Meitheamh 2003 stadadh den fhóirdheontas a íoc agus is ar an tionscal féin atá gach costas a bhaineann le diúscairt feola agus cnámh anois. I 2003 ba fhiú €35 milliún an fóirdheontas.

Sheol an Roinn comórtas tairisceana ar fud an AE ar 7 Meán Fómhair le haghaidh conartha chun 172,000 tonna de mhin feola agus cnámh, min éanlaithe clóis agus min fola a dhiúscairt.

An Scéim Dheontais

Tugadh isteach Scéim Dheontais Chaipitil do Dhiúscairt Conablaigh Ainmhithe i 2002 faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Ba é ba chuspóir leis an scéim seo ná cabhrú leis an infheistíocht in áiseanna cuí chun ainmhithe tite a láimhsiú agus a chur i stóras, le béim á leagan ar sheirbhís chuimsitheach bhailithe ainmhithe a bhunú sna ceantair den tír nach bhfuiltear ag fónamh orthu cheana féin. Faoin scéim seo, tabharfar maoiniú chun bailiú agus cóireáil uisce dramhaíola a fheabhsú. Sa bhliain 2003 tugadh amach maoiniú €211,451 maidir le ceithre iarratas.

Reachtaíocht um Sheachtháirgí Ainmhithe

Thug Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2003 (Seachtháirgí Ainmhithe) [I.R. Uimh 248 de 2003] lánéifeacht do Rialachán (CE) Uimh 1774/2002 de chuid Pharlaimint na hEorpa. Sna rialcháin seo cuirtear cosc ar sheachtháirgí ainmhithe a athchúrsáil (go háirithe Ábhar Sainithe Priacail) sa slabhra beathaithe ainmhithe, socraítear roinnt modhanna eile len iad a úsáid nó a dhiúscairt, agus neartaítear rialacháin, rianú agus bearta feidhmithe san earnáil seo.

LEAS AINMHITHE

Leas Laonna agus Muc

Shínigh an tAire I.R. Uimh 38 de 2003, Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2003 (Leas Laonna agus Muc) ar 12 Feabhra 2003 agus tháinig sé i bhfeidhm láithreach. Sonraíonn na rialacháin seo riachtanais áitribh agus leasa chun muca a thógáil agus a bheathú.

Cuireadh amach leabhrán *"Riachtanais Leasa Muc - Ar Feirm agus san Idirthuras"* chun cuidiú le feirmeoirí agus iompróirí cloí leis na rialacháin ábhartha. Rinneadh cigireacht maidir le leas laonna, muc agus cearc goir agus críochnaíodh tuarascálacha faoi réir ag riachtanais an AE. Thug an Roinn maoiniú do Theagasc chun dhá cheardlann déag ar leas na muc a eagrú.

Bhí baint ag an Roinn freisin le monatóireacht a dhéanamh ar leas na n-ainmhithe i marglanna, seamlais, sáinseáin allmhairíochta, ag cruinnithe cúrsála, sa tseilg agus i zú.

Cosaint Ainmhithe Feirme

Is iad an tAcht um Chosaint Ainmhithe, 1911 agus 1965 na príomhreachtanna ag rialú na turcántachta d'ainmhithe in Éirinn. Cuireann na Gardaí an reachtaíocht i bhfeidhm agus, nuair a ghearántar leo, is féidir leo fiosrúchán a dhéanamh agus an dlí a chur ar éinne a bhfuil sé curtha ina leith go ndearna siad ainghníomh ar ainmhí sa tír seo. D'fhiosraigh oifigigh na Roinne seo, i gcomhar leis na Gardaí nó le baill foirne tréidliachta na nÚdarás Áitiúil, cásanna a cuireadh in iúl dóibh faoi thurcántacht d'ainmhithe, nó faillí iontu,. Bhí an fhoireann réamhghníomhach ag plé le cásanna leasa i roinnt áiteanna ar fud na tíre, iad ag éascú an tsoláthair ghearrthéarmaigh beathaithe san am céanna agus a bhíothas ag plé le hainmhithe a raibh drochbhail orthu.

An Córas Cigireachta Leasa Ainmhithe (CCLA)

Leathnaíodh an córas seo ó chigireachtaí ar fheirm ionas go gcumhdófaí leas na n-ainmhithe i rith cigireachta ar chúrsaí iompair. Is iad na marglanna agus sáinseáin na monarchana maraithe na príomháiteanna ina ndearna cigirí tréidliachta na Roinne a gcuid cigireachtaí. Reachtáladh seimineáir oiliúna chun cabhrú le baill foirne an córas nua a oibriú.

Leas Ainmhithe Buaibheacha

Ar 20 Meitheamh 2003 shínigh an tAire I.R. Uimh 263 de 2003, Rialacháin um Chosc Sciota Eireaballl (Ainmhithe Buaibheacha) 2003, An tAcht um Chosaint Ainmhithe a Choimeádtar chun críche Feirmeoireachta 1984 agus tháinig sé i bhfeidhm láithreach. Coscann an I.R. seo eireaball ainmhithe buaibheach a sciotadh ach amháin ar chúinsí áirithe.

Iompar Ainmhithe Beo

Faoi Chlár Tarraingeoirí/ Iompróirí Náisiúnta Ainmhithe Beo (Rial. CE 693/2003) agus faoi Threoir 91/628/CE, caithfidh gach tarraingeoir agus iompróir náisiúnta a iompraíonn ainmhithe beo feirme thar achar níos sia ná 50 cileamhéadar cláru leis an Roinn. Caithfear oiliúint shainiúil a chur ar an bhfoireann laistigh den ghnóthas nó ó eagras oiliúna, nó caithfidh an urdail taithí praiticiúla a bheith acu, chun go gcáileoidh siad chun ainmhithe veirteabracha a láimhsiú agus a iompar agus, más gá, an aire chuí a thabhairt do na hainmhithe atá á n-iompar.

Eagrais Leasa Ainmhithe

Sa bhliain 2003 d'fhaomh an tAire deontais arbh fhiú €850,000 iad do 80 eagras leasa ainmhithe atá i ngach contae ar fud na tíre agus a bhfuil baint acu le haire agus seirbhísí leasa a thabhairt go díreach d'ainmhithe, chun cuidiú leo a n-obair a dhéanamh i rith 2004. Thaobhaigh na heagrais atá i gceist an Roinn i rith 2003 ag lorg cúnaimh airgid. Le deontais na bliana 2003 san áireamh is é €3.76 milliún iomlán an chúnaimh airgid a chuir an tAire ar fáil dá leithéidí d'eagrais ó 1995.



An tOllamh Patrick Fottrell, Cathaoirleach na Comhairle Comhairlí ar Leas Ainmhithe Feirme agus an tAire Walsh ag seoladh na dTreoracha maidir le Leas Ainmhithe d'Fheirmeoirí Mairteola

An Chomhairle Chomhairleach ar Leas Ainmhithe Feirme

Is é is cuspóir leis an gComhairle seo, a dhéanann ionadaíocht do pháirtithe leasmhara éagsúla agus atá á riar go neamhspleách, ná comhaontú tuairimí a lorg agus moladh a thabhairt don Aire i dtaobh saincheisteanna a bhaineann le cúram agus leas ainmhithe feirme. Cuireadh amach leabhráin ar Threoracha maidir le Leas Ainmhithe d'Fheirmeoirí Mairteola, Caorach agus Déiríochta i 2003.

Marglanna Beostoic

Tháinig Rialacháin 2002, Acht na Marglann Beostoic 1967 (Dáta agus Tástáil agus Aithint an Díoltóra) (I.R. Uimh 188 de 2002) i bhfeidhm ar 1 Iúil 2002 agus, leis sin, cúlghaireann sé Rialacháin na Marglann Beostoic 1997 (Dáta agus Tástáil agus Ainm agus Seoladh an Úinéara) (I.R. Uimh 33 de 1997). Tugadh isteach an riachtanas ar leith seo do shonraí taispeána leictreonaí ar mhaithe lena chinntiú go mbeidh níos mó trédhearcachta ann agus chun cáilíocht aonghnéitheach seirbhíse a sholáthar do chliaint.

Coir is ea é faoi Rialacháin 2002 Acht na Marglann Beostoic 1967 (Dáta agus Tástáil agus Aithint an Díoltóra) (I.R. Uimh 188 de 2002) an I.R. seo a shárú. Tá roinnt ionchúiseamh ar feitheamh.

SEIRBHÍSÍ SAOTHARLAINNE TRÉIDLIACHTA

I measc fheidhmeanna na Seirbhíse Saotharlainne Tréidliachta (SST) tá soláthar comhairle, seirbhísí fáthmheasta cliniciúla agus saotharlainne d'úinéirí tréadanna agus do Thréidlianna, agus taighde leanúnach ar ghalair sceidealta ainmhithe agus ar ghalair ainmhithe de thábhacht gheilleagrach. Díríonn an obair bhuan sa SST ar thaighde agus ar fhorbairt chun modhanna fáthmheasta a fheabhsú.

Tá baint ag an SST freisin leis an monatóireacht a dhéanamh ar ghalair andúchasacha agus eindéimeacha agus len iad a rialú, rud atá riachtanach faoi reachtaíocht an AE. Is í an tSaotharlann Lárnach Taighde Tréidliachta (SLTT) Saotharlann Tagartha an AE le haghaidh réimse de ghalair andúchasacha. Feidhmíonn sí freisin mar Leabharlann Náisiúnta Tagartha do roinnt galar zónóiseach, amhail an tsalmonallóis.

Comhordaítear an taighde agus na gníomhaíochtaí fáthmheas ar BSE/ an Scráibeach (TSE) go dlúth le gníomhaíochtaí cosúla i stáit eile san AE trí chláracha urraithe taighde an AE. Dearbhaíonn an SLTT gach toradh dearfach ó thástálacha meara TSE. Mhaoinigh an Roinn ceithre thionscadal taighde freisin ar TSE ba agus caorach i gcomhar le Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath.

Leanadh den chlár chun an tsalmonallóis i muca a rialú i 2003 le samplú gach mucra. Tugadh isteach bunachar sonraí náisiúnta ar an tástáil don tsalmonallóis i gcomhar leis an mBord um Shábháilteacht Bia. Ba chóir go gcuirfeadh an bunachar sonraí go mór le hearnáil na sábháilteachta bia.

Chuir an Roinn Víreaseolaíochta, i gcomhar le Lárionad Capaill na hÉireann, tús le clár tástála do Ghalar Aujesky. Lean sí de sheirbhís chuimsitheach víreaseolaíochta a sholáthar do na seirbhísí stáit tréidliachta, do ghnáththréidlianna agus do thionscal na héanlaithe clóis mar a bhí beartaithe ina cuid pleananna oibre.

Leanadh den taighde freisin ar theicníc Imoibrithe Shlabhrúil Pholaiméaráise (ISP) a fhorbairt chun víreas an Ghalair Bolgóidíní Muc a aithint i gcomhar leis an tSaotharlann Tagartha Eorpach don Ghalar Bolgóidíní Muc.

Chríochnaigh an tsaotharlann babhta 2003 den tástáil oilteachta a bhí eagraithe ag an tSaotharlann Tagartha Eorpach (STE) in Hanover do fhiabhras clasaiceach na muc, ag an STE i Londain don Ghalar Newcastle agus don Ulpóg Éan agus ag an STE i Maidrid don Ghalar Afraiceach Capall.

Forbraíodh teicnící chun géinitíopáil caorach a dhéanamh mar chrann taca leis an gclár rialúcháin faoin Scráibeach le linn 2003.

Tugadh isteach Córas Bainistíochta Faisnéise Saotharlainne ríomhbhunaithe (CBFS) atá in úsáid sa SLTT i ngach Saotharlann Cheantrach Tréidliachta. Ba chóir go bhfeabhsódh an fhorbairt seo an cumas láimhseála sonraí atá ag an SST.

Leanann an SST de bhaint a bheith aici le cur i bhfeidhm na moltaí ón bhfiosrúchán i mBéal Átha Gabhann ar an tionchar atá ag an luaidhe ar shláinte ainmhithe. Chomh maith leis sin tá an SST i mbun monatóireachta in áiteanna ar leith ar ainmhithe feirme atá n-úsáid mar fhorchoimeádaithe don chomhshaol i gcoitinne.

SLÁINTE PLANDAÍ

Rinne Seirbhís Chosanta Plandaí na Roinne roinnt gníomhaíochtaí chun stádas sláinte phlandaí na tíre a chosaint agus a chaomhnú. I measc na ngníomhaíochtaí sa chlár gnímh:

- Rinneadh cigireacht éigeantach sláinte ar gach planda agus táirge planda a allmhairíodh go díreach go hÉirinn ó thíortha treasacha, agus níor ligeadh isteach iad ach amháin nuair a cinntíodh gur comhlíonadh riachanais an AE maidir le sláinte plandaí.
- Comhlíonadh riachtanas AE go ndéanfaí suirbhé náisiúnta le haghaidh orgánach urchóideach áirithe, lena n-áiritear iadsan a bhfuil stádas an chreasa chosanta ag Éirinn dóibh.

- Leanadh den mhonatóireacht ar áitribh atá cláraithe faoin Scéim Chláraithe Sláinte Plandaí, agus ar asraonta eile ina dtrádáiltear ábhar eile atá faoi réir ag riachtanais sláinte plandaí, le linn na bliana.
- Cúpla uair fuarthas orgánaigh a bhí biniúil don choraintín, ach déileáileadh le gach ceann acu agus níor éirigh le haon cheann acu fódú sa tír.
- Cumadh plean gnímh chun dul i ngleic le galar lofa fáinne prátaí agus cuireadh i bhfeidhm é mar fhreagra ar ráig den ghalar i mBallstát eile.
- Nochtadh i suirbhé ar fud an AE maidir le Bás Tobann Daracha go raibh an phaitigin ní ab fhorleithne ná mar a ceapadh, agus táthar chun na bearta a leathnú chun iarracht a dhéanamh ar an ngalar a ghabháil.
- Tar éis scaipeadh na lotnaide arbhair Indiaigh, lena ndeirtear an Chruimh Arbhair Iartharach (*Diabrotica Virgifera*), ar fud na hEorpa tugadh isteach bearta chun cosc a chur ar a scaipeadh. Taispeánadh i suirbhé faoi bharr an arbhair Indiaigh in Éirinn nach bhfuil an lotnaid anseo go fóill.

CREATLACH IDIRNÁISIUNTA

An chreatlach is fearr d'earnáil an agraibhia, don gheilleagar tuaithe agus don chomhshaol nádúrtha a bhaint amach ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal idirnáisiúnta araon, agus cur leis an gcomhoibriú Thuaidh/ Theas.

IDIRBHEARTAÍOCHT IDIR AN tAE AGUS AN EDT

Ar an dul chun cinn ba mhó a rinneadh le linn na bliana bhí an comhaontú ar leasú an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) a rinne Comhairle na nAirí Talmhaíochta agus Iascaireachta i Lucsamburg ar 26 Meitheamh. Bhí díchúpláil na n-íocaíochtaí díreacha den táirgeacht ar an leasú ba bhunúsaí a rinneadh ar an CBT ó bunaíodh é. Chomh maith leis sin bhí forbairtí eile, nach raibh chomh críochnúil sin, sa chaibidlíocht ar an mbabhta nua den EDT.

Seimineár Faisnéise a d'eagraigh an Roinn ag an gCraobh Treafa Násiúnta, Meán Fómhair 2003

Leasú an Chomhbheartais Talmhaíochta

Tar éis dianphlé ar Chumarsáid an Choimisiúin don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa in Iúil 2002 maidir leis an Athbhreithniú Lárthéarma ar Chlár Oibre 2000, d'fhoilsigh an Coimisiún moltaí mionchruinne reachtacha do leasú an CBT in Eanáir 2003. Phléigh Comhairle na nAirí moltaí an Choimisiúin i ngach ceann dá cruinnithe ó Eanáir go Meitheamh sular thángthas chun réitigh ina cruinniú ar 25/26 Meitheamh - an tríú cruinniú den Chomhairle a reachtáladh le linn mhí an Mheithimh. Bhain Éire amach a cuid cuspóirí foriomlána sa chaibidlíocht maidir le cosaint na mbuntáistí do thalmhaíocht na hÉireann agus do phobail tuaithe a baineadh amach faoin gComhaontú Clár Oibre 2000. Bunaíonn an leasú seo creatlach nua beartais a chinnteoidh go ndíreofaí an táirgeacht ar thomhaltóirí agus, san am céanna, go mbeidh feirmeoirí in ann iad féin a chur in oiriúint d'éilimh an tomhaltóra agus an mhargaidh. De bharr dhíchúpláil na n-íocaíochtaí díreacha, nó bhriseadh na snaidhme idir fóirdheontais agus an táirgeacht, beidh cumas iomaíochta na bhfeirmeoirí níos fearr agus san am céanna tabharfar roinnt mhaith ioncaim chobhsaí dóibh.

Cé gur baineadh amach an réiteach polaitiúil i Meitheamh, ghlac an Chomhairle leis na téacsanna dlíthiúla a chuireann an comhaontú i bhfeidhm i Lucsamburg ar 29 Meán Fómhair. Leanadh den phlé ar na rialacháin mhionchruinne faoin gcur i bhfeidhm i rith na coda eile den bhliain agus isteach i 2004.

Príomhghnéithe an Leasaithe

Díchúpláil na n-íocaíochtaí díreacha den táirgeacht

Thug an comhaontú roghanna do Bhallstáit dícúpláil iomlán a thabhairt isteach nó aon cheann de na roghanna seo a leanas le haghaidh díchúplála neamhuilíche:

Barra Curaíochta

- **Is féidir suas le 25% acu a choinneáil cúpláilte**

Mairteoil

- **Is féidir an Phréimh Bó Dhiúil (PBD) a dhíchúpláil ag aon leibhéal anuas go dtí 100%, má tá an PBD lánchúpláilte is féidir suas le 40% den Phréimh Mharaithe a choinneáil cúpláilte**
- **Má dhíchúpláiltear an PBD go hiomlán, is féidir an Phréimh Mharaithe a chúpláil go hiomlán nó a dhíchúpláil ag aon leibhéal suas le 100% nó is féidir suas le 75% den Phréimh Speisialta Mairteola a chúpláil**

Caoirigh

- **Is féidir suas le 50% a choinneáil cúpláilte**

Is féidir tús a chur le cur i bhfeidhm na díchúplála ar 1 Eanáir 2005 nó moill a chur uirthi go dtí 1 Eanáir 2007. Chinn an Chomhairle freisin go mbeidh íocaíochtaí díreacha faoi réir ag riachtanais trasghéilliúntais chun **meas ar an gcomhshaol, sábháilteacht bia agus caighdeáin sláinte pleandaí agus leasa ainmhithe** a chinntiú.

Rialú Airgeadais

Aistarraingíodh an chéad mholadh a rinne an Chomhairle maidir le laghdú uathfheidhmeach chomh hard le 13% in íocaíochtaí díreacha ionas go gcomhlíonfaí riachtanais airgeadais an CBT (laghdú an mhéid) as seo amach. Ina ionad sin bheartaigh an Chomhairle go mbunófaí meicneachas rialaithe airgeadais, ó 2007 amach, féachaint nach rachaidh caiteachas an CBT thar na teorainneacha bliantúla atá socraithe.

Modúlú

D'aontaigh an Chomhairle modúlú íocaíochtaí díreacha a thabhairt isteach ag an ráta 3% i 2005, ag méadú aníos go dtí 5% i 2007 agus ina dhiaidh sin, i gcomparáid leis an 6% a chéadmhol an Chomhairle. Gheobhaidh Éire thart ar 80% ar ais den chiste modúlaithe as an gcaiteachas ar bhearta chun forbairt na tuaithe a neartú agus chun feirmeoirí a ghríosadh chun cáilíochtaí a fheabhsú agus caighdeáin a bhaint amach.

Bainne

Cuireadh síneadh le córas an chuóta, a bhí le teacht chun deiridh i 2008, amach go dtí 2014/2015. D'aontaigh an Chomhairle praghsanna idirghabhála a laghdú thart ar 4% thar an leibhéal a bhí beartaithe cheana i gClár Oibre 2000; mhol an Chomhairle laghdú breise 10% ar dtús. Cé go raibh foráil i moladh bunaidh na Comhairle chun cúiteamh a thabhairt as laghdú an phraghais idirghabhála ag an leibhéal céanna agus a bhí sa chomhaontú Clár Oibre 2000, .i. ag an ráta 56%, chinn an Chomhairle gur ag an ráta 80% a bheadh an cúiteamh as an laghdú breise praghais, nó thart ar 5 ceint an galún as na 6 ceint an galún i laghdú an phraghais idirghabhála.

Ó thaobh an mholta bhunaidh de go mbeadh teorainn bhliantúil 30,000 tonna ann ar cheannach idirghabhála ime, cuirfear scála sleamhnaithe teorainneacha ina ionad a thosóidh le 70,000 tonna i 2004/05 agus ag titim 10,000 tonna an bhliain thar tréimhse 5 bliain anuas go 30,000 tonna i 2008/09.

Barra Curaíochta

Dhiúltaigh an Chomhairle don laghdú a bhí molta ar phraghsanna idirghabhála do ghránbharra. Chinn an Chomhairle freisin go leathnófaí na breisíochtaí míosúla (a íoctar mar bharr ar an bpraghas idirghabhála).

Forbairt Tuaithe

Comhaontaíodh bearta nua chun caighdeáin, an comhshaol, leas ainmhithe, cur chuige nuálach i bpróiseáil bia, forbairt agus cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn agus chun cabhrú le feirmeoirí caighdeáin táirgeachta an AE a bhaint amach.

Díchúpláil iomlán in Éirinn

Tar éis próisis comhairliúcháin phoiblí chinn an tAire ar 19 Deireadh Fómhair go mbeadh gach íocaíocht dhíreach as eallach, caoirigh agus barra curaíochta díchúpláilte go hiomlán den táirgeadh ó 1 Eanáir 2005. Beidh an phréimh nua do bha bainne, a thabharfar isteach i 2004 faoi Chlár Oibre 2000, díchúpláilte go hiomlán den táirgeadh le héifeacht ó 2005. Thóg an

tAire an cinneadh faoin díchúpláil iomlán go luath ionas go soiléireofaí aon éiginnteacht faoina mbeadh i ndán, agus chun an deis a thabhirt d'fheirmeoirí agus do mhargaí iad féin a chur in oiriúint agus pleananna urrúsacha a dhéanamh.

Rinneadh an cinneadh faoin dichúpláil iomlán dá mbarr seo a leanas:

- an staidéar a choimisiúnaigh an Pháirtíocht FAPRI-Ireland. D'fhoilsigh FAPRI-Ireland staidéar in Eanáir 2003 a scrúdaigh an tionchar a bheadh ag díchúpláil na n-íocaíochtaí díreacha. Foilsíodh staidéar eile i mBealtaine a chuir san áireamh moltaí iomlána Athbhreithniú Lárthéarma an Choimisiúin, lena n-áirítear an díchúpláil, laghdú an mhéid, modúlú agus na leasuithe eile a bhí molta d'earnálacha na déiríochta agus na ngránbharr; chuir an dara staidéar san áireamh na moltaí a chuir an Coimisiún faoi bhráid an EDT maidir leis an gcaibidlíocht ar an mbabhta reatha trádála.
- na soimisin a rinneadh faoin bpróiseas comhairliúcháin phoiblí, agus
- tromlach na mbarúlacha ó fheirmeoirí aonair a bheith ar son na díchúplála iomláine a cuireadh in iúl i seimineáir faisnéise a reachtáladh ar fud na tíre chun míniú a thabhairt ar impleachtaí an chinnidh faoin leasú.

Cuireadh tús le ríomhadh teidlíochtaí gach feirmeora aonair roimh dheireadh 2003 ionas nach mbeadh aon fhadhbanna ann agus an t-athrú go dtí an córas nua ar siúl i 2005. Dúshlán mór riaracháin don Roinn is ea an t-athrú seo go dtí córas nua agus bunaíodh Meitheal Stiúrtha chun an próiseas a bhainistiú le linn 2004.

Forbairtí i mBeartais eile san AE

Chomh maith leis an gcaibidlíocht faoi leasú an CBT, scrúdaigh an Roinn moltaí ón gCoimisiún le linn na bliana maidir le gnéithe áirithe den CBT agus le saincheisteanna tréidliachta, fíteashláinteachais agus sábháilteachta bia, lena n-áirítear sláinteachas beathaithe, bia agus beathú géinathruithe, an galar crúb agus béil, ionaid d'ainmhithe chun a scíth a ligean i rith turasanna fada, smachtú confaidh, aithint agus clárú caorach agus gabhar agus monatóireacht agus smachtú zónóisí, agus thug sí freagra orthu. Leanadh den phróiseas chun an CBT a shimpliú agus d'fhoilsigh an Coimisiún moltaí chun earnálacha na hola olóige, an chadáis, an tobac agus lus an leanna a leasú agus chun scrúdú a dhéanamh ar na roghanna le córas an tsiúcra a leasú.

Laistigh den chreatlach leathan beartais a chomhaontaigh Comhairle na nAirí Talmhaíochta, is iad na cinní a thóg Coistí Bainistíochta agus a tógadh i gcruinnithe le buíonta tréidlianna, fíteashláinteachais agus teicneolaíochta a rialaíonn creatlach rialacháin agus trádála earnáil an agraibhia ó lá go chéile. D'fhreastail foireann na Roinne ar 700 cruinniú AE nach mór i 2003, lena n-áirítear cruinnithe de Chomhairle na nAirí.

An tAire Walsh le Coimisinéir Talmhaíochta an AE Fishcler

Ullmhúchán d'Uachtaránacht na hÉireann ar an AE i 2004

I rith na bliana rinne an Roinn na hullmhúcháin agus pleanáil a bhí riachtanach chun an clár talmhaíochta a chríochnú agus chun freagrachtaí Uachtaránacht na hÉireann ar an AE sa tréimhse ó Eanáir go Meitheamh 2004 a ghlacadh uirthi féin. Idir Deireadh Fómhair agus

an Nollaig bhuail an tAire agus a chuid oifigeach lena gcomhghleacaithe as gach ceann de na 14 Ballstát eile, na 10 Tír a bhí le teacht isteach agus an Romáin chun imlíne an chláir oibre a phlé agus cluas éisteachta a thabhairt dá n-ábhair imní, agus bhí cruinniú le hAire na Bulgáire le bheith ann go luath i 2004. Bhí comhairliúcháin réamh-Uachtaránachta ann freisin le Coimisinéirí Fischler agus Byrne agus cuireadh idirchaidreamh ar bun ag leibhéal oifigiúil leis an gCoimisiún agus le Rúnaíocht na Comhairle. Ainmníodh 41 duine do Mheithleacha Oibre na Comhairle agus cuireadh oiliúint ar fáil de réir mar a bhí riachtanach. Chomh maith leis sin rinneadh socruithe do na cruinnithe a bhí le bheith in Éirinn le linn na hUachtaránachta.

An Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT)

Bhí an bhliain 2003 thar a bheith gnóthach maidir leis an gcaibidlíocht ar bhabhta nua den EDT. Bhí an t-ullmhúchán don Chúigiú Comhdháil Airí i gCancún Mheicsiceo i mí Mheán Fómhair, an teip ar an gcaibidlíocht sa Chomhdháil agus na torthaí air sin ar na himeachtaí ba mhó i dtosach na bliana.

Chomhaontaigh an Chomhairle seasamh an AE ar mhodúlachtaí (an chreatlach fhoriomlán faoina gcuirfear an comhaontú nua i gcrích) in Eanáir agus cuireadh faoi bhráid an EDT é. Is iad seo a leanas na príomhghnéithe de mholtaí an AE:

- Tacaíocht Bhaile; laghdú 55% ar thacaíocht an Bhosca Ómra
- Rochtain ar Mhargaí; laghdu 36% ar thairifi ar an meán le híoslaghdú 15%
- Fóirdheontais Onnmhairíochta; laghdú suntasach ar mhéid na n-onnmhairithe fóirdheontaithe agus laghdú 45% ar an gcaiteachas

Bhí moltaí flaithiúla do Thíortha faoi Fhorbairt i dtairiscint an AE freisin.

In ainneoin na ndianiarrachtaí agus na caibidlíochta roimh dheireadh an Mhárta, an spriocdháta a bhí socraithe i nDoha chun teacht chun réitigh ar mhódúlachtaí, theip ar an gcaibidlíocht aon réiteach a bhaint amach. Thug cinneadh Chomhairle na nAirí faoin Athbhreithniú Lárthéarma i mí an Mheithimh níos mó saoirse do sheasamh an AE sa chaibidlíocht agus chuir sé ar chumas an AE agus SAM teacht chun réitigh i mí Lúnasa ar chur chuige comhpháirteach maidir le modúlachtaí a nglacfaí leis i gCancún. In 'Téacs Comhpháirteach an AE/SAM' leagadh amach na bunphrionsabail chomhaontaithe a bhí bunaithe ar phríomhghnéithe shainordú Doha, ach gan aon ghealltanais a thabhairt faoi laghduithe áirithe mar bhí sé i gceist iad a chomhaontú tar éis Chancún.

Theip ar an gCúigiú Comhdháil Airí teacht chun réitigh faoin mbealach ar aghaidh ar chúiseanna áirithe, lena n-áirítear réimse agus castacht na saincheisteanna a bhí á bplé, an éagsúlacht mhór i mbarúlacha an 148 tír is ball agus na struchtúir agus modhanna cinnteoireachta ciotrúnta atá ag an EDT. Ní raibh an Talmhaíocht freagrach as an gcliseadh. Tar éis an chliste i gCancún rinne an tAE a mhachnamh agus i mí na Nollag bheartaigh sé ar a thiomantas don chur chuige ilsleasach a athnuachan agus tacú le tús a chur go luath leis an gcaibidlíocht arís. Nuair a tháinig Ardchomhairle an EDT le chéile sa Ghinéiv i mí na Nollag, áfach, ní raibh aon athrú mór ar sheasamh na bpríomhpháirtnéirí caibidlíochta agus ní dhearnadh aon dul chun cinn cé go ndúirt gach tír is ball go raibh siad tiomanta an chaibidlíocht a atosú arís go luath i 2004.

Caidreamh Éifeachtach a Chothú

Chothaigh an Roinn caidreamh éifeachtach le hinstitiúidí AE agus le Ballstáit eile trínár n-oifigigh thaidhleoireachta thar sáile agus trí chaidreamh déshleasach le hinstitiúidí AE agus le Ranna Talmhaíochta i mBallstáit eile. Tá *attachés* Talmhaíochta lonnaithe in ardchathracha ár bpríomhpháirtnéirí trádála san AE (an Ríocht Aontaithe, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Spáinn agus an Iodáil) agus friothálann siad ar eagrais idirnáisiúnta freisin (AE, EDT, EBT, CDP agus ECGF).

Le linn 2003 lean an Roinn uirthi ag cothú caidrimh leis na deich mBallstát nua. Chomh maith le comhairliúcháin réamh-Uachtaránachta ag leibhéal na nAirí agus na n-oifigeach araon, thug toscaireachtaí oifigiúla roinnt cuairteanna ar Éirinn ó na tíortha is iarrthóirí agus thug an Roinn treoracha, comhairle agus oiliúint de réir mar a iarradh. Thug oifigigh ón Roinn cuairt ar chuid de na tíortha is iarratasóirí. Ghlac an Roinn páirt i socrú foirmiúil cúplála leis an Roinn Talmhaíochta san Eastóin chun comhairle faoi chursaí teicniúla a sholáthar chun í a ullmhú do bhallraíocht an AE.

Forleathnú an AE

Cuireadh an chaibidlíocht faoi fhorleathnú an AE i gcrích ag an gComhairle Eorpach i gCóbanhávan i Nollaig 2002. Chun iad féin a ullmhú chun teacht isteach ar 1 Bealtaine 2004, d'fhreastail ionadaithe ó na Ballstáit nua (an Chipir, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Ungáir, Málta agus Poblacht na Seice) ar chruinnithe de Chomhairle na nAirí, agus de Choistí agus de Mheithleacha Oibre freisin, ón Aibreán ar aghaidh i gcáil breathnóirí. Leanadh den chaibidlíocht faoi theacht isteach na Bulgáire agus na Romáine le linn na bliana.

Cúnamh Forbartha

Le linn 2003 lean an Roinn de bheith ag tacú le hobair fhiúntach Chlár Domhanda Bia na Náisiún Aontaithe (CDB) le deontas €4.4 milliún sa bhliain 2003. Lean an Roinn freisin dá tacaíocht airgeadais do ghairmithe óga, a raibh duine amháin acu leis an CDB agus duine eile le hEagras Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (EBT) in Eanáir 2003.

Ghlac Éire a háit den chéad uair ar Bhord Feidhmiúcháin an CDB i 2003 agus bhí páirt mhór aici ag cabhrú leis na cruinnithe boird sin beartais níos éifeachtaí a fhorbairt. Thug Stiurthóir Feidhmiúcháin an CDB, James Morris, cuairt ar Bhaile Átha Cliath in Iúil 2003 chun obair a eagrais a phoibliú agus buíochas a ghabháil le hÉirinn as a tacaíocht leanúnach. Chuaigh an Roinn i mbun athbhreithnithe ar an gcaiteachas san earnáil phoiblí maidir lenár ranníocaíochtaí leis an EBT agus an CDB. Cuireadh an t-athbhreithniú seo i gcrích agus cuireadh amach é ionas go ndéanfaí measúnacht sheachtrach air.

Feidhmíonn an Roinn i gcáil Ionaid Náisiúnta Teagmhála do Thionscnamh na hEorpa um Thaighde Talmhaíochta le haghaidh Forbartha (TETTF) agus do Chóras Faisnéise don TETTF, Córas Faisnéise atá bunaithe ar an ngréasán agus a bhaineann le Taighde Talmhaíocht le haghaidh Forbartha, agus oibríonn sé fóram leictreonach chun faisnéis a scaipeadh.

Rannpháirtíocht i bhFóraim Idirnáisiúnta

Comhordaíonn an Roinn rannpháirtíocht na hÉireann sa Codex Alimentarius agus feidhmíonn sí mar ionad teagmhála an Codex in Éirinn. Chun cabhrú leis seo tá an Roinn i bhfeighil ar Chomhairle Chomhairleach Codex na hÉireann (CCCÉ), ar a bhfuil ionadaithe ó na Ranna/ Gníomhaireachtaí Rialtais ábhartha, ón lucht taighde agus acadúil, ó thionscal an bhia agus ó thomhaltóirí. Tháinig an CCCÉ le chéile cúig huaire le linn na bliana agus chuidigh sí seasamh na hÉireann a shocrú sna sé sheisiún déag den Codex ar fhreastail Éire orthu, agus a raibh oifigigh ón Roinn i láthair ag deich gcinn acu. Le linn 2003 d'ullmhaigh an Roinn í féin chun dul i gceannas ar Mheitheal Oibre na Comhairle ar an gCodex le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE trí shraith de chruinnithe a eagrú agus trí Chathaoirligh Éireannacha agus toscairí oifigiúla a ainmniú.

COMHOIBRIÚ THUAIDH/THEAS

Leanadh den chomhoibriú idir an Tuaisceart agus an Deisceart i réimsí comhleasa in earnáil na talmhaíochta. Ó cuireadh an Tionól i dTuaisceart Éireann ar fionraí táthar ag leanúint den chomhoibriú ar bhonn "cúraim agus cothabhála". Ar na réimsí a ndearnadh dul chun cinn iontu ó Chomhaontú Aoine an Chéasta tá:

- Forbairt **Straitéise Uile-Oileánda faoi Shláinte Ainmhithe** chun gluaiseachtaí ainmhithe a rialú agus galair eipeazótacha a chosc, a sháinniú agus a dhíothú in Éirinn.
- Forbairt **Straitéise Uile-Oileánda faoi Shláinte Plandaí agus Taighde** ina ndéantar comhoibriú idir an dá dhlínse maidir le táirgí cosanta plandaí.
- Idirchaidreamh ar shaincheisteanna a eascraíonn as **an EDT, forleathnú an AE agus as an Athbhreithniú Lárthéarma ar an CBT.**

Aimsíodh na réimsí nua comhoibrithe seo chun forbairt a dhéanamh iontu:

- an oiliúint
- an fheirmeoireacht orgánach
- tástáil cineálacha barr

Comhairle na nAirí Thuaidh/Theas (CATT)

Leanadh de chruinnithe de na meithleacha éagsúla beartais de chuid CATT le linn na bliana agus rinneadh dul chun cinn maidir le beartas allmhairíochta agus rialachán teorann a chuíchóiriú, córais chomhlántacha aitheanta ainmhithe a fhorbairt, cur chuige coitianta a ghlacadh maidir le faireachán a dhéanamh ar ghalair agus faisnéis a mhalairt i dtaobh saincheisteanna trasteorann. Cuspóir leanúnach is ea an straitéis uile-oileánda faoi shláinte agus leas ainmhithe a cuireadh chun cinn i 2003, ach caithfear í a fheabhsú agus a fhorbairt ar mhaithe le cúrsaí trádála agus tomhaltais.

An Mheitheal Oibre faoi Leas Ainmhithe

Leanadh de dhlúthchaidreamh a chothú le heagrais sláinte agus leasa ainmhithe i dTuaisceart Éireann. Bhí cruinniú ann i mí na Samhna 2003 idir foireann na Roinne do Leas Ainmhithe agus foireann Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe Thuaisceart Éireann do Leas Ainmhithe. Pléadh gnáthábhair leasmhara lena n-áirítear moltaí chun an reachtaíocht a leasú i roinnt réimsí chuíchóiriú.

Faoi shocruithe CATT a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta, agus chun obair a dhéanamh i dtreo straitéise uile-oileánda faoi shláinte ainmhithe, bunaíodh meitheal oibre d'oifigigh ón Tuaisceart agus ón Deisceart atá freagrach as saincheisteanna a bhaineann le leas ainmhithe. Cuireann sé fóram ar fáil chun saincheisteanna comhleasa, nó a bhfuil baint trasteorann ar leith acu maidir le leas ainmhithe, a phlé agus chun aghaidh a thabhairt orthu.

GEILLEAGAR AGUS COMHSHAOL NA TUAITHE

Forbairt an gheilleagair tuaithe agus córais talmhaíochta agus táirgthe bia, atá inmharthana agus nach ndéanann díobháil don chomhshaol, a chur chun cinn.

AG TACÚ LE FEIRMEOIREACHT NEAMHDHÍOBHÁLACH DON CHOMHSHAOL

An Scéim Chosanta don Chomhshaol Tuaithe (SCCT)

Faoi dheireadh 2002 bhí thart ar 39,000 feirmeoir ag glacadh páirte san SCCT. Bhí breis agus 35,000 acu sa dara scéim a seoladh i ndeireadh 2000 agus bhí an chuid eile acu sna céimeanna deireanacha dá rannpháirtíocht sa chéad scéim a bhí ar siúl ó 1994 anuas go dtí Nollaig 1999 nuair a cuireadh deireadh le hiarratasóirí nua. Cómhaoiníonn an tAE 75% den scéim seo agus ó tugadh isteach é i lár 1994 tá breis agus €1.2 billiún, ó thaobh an airgeadais de, tugtha aige d'fheirmeoirí i bhfoirm íocaíochtaí. Ní hamháin go ndeachaigh na híocaíochtaí seo chun leasa na bhfaighteoirí aonair, ach rinne siad a gcion féin i gcothú pobal agus comhsaol na tuaithe.

Sa bhliain 2002 d'fhógair an tAire próiseas comhairliúcháin ar an SCCT agus fuair gach geallchoimeádaí cuireadh páirt a ghlacadh ann. Bhí an próiseas ceaptha chun moltaí a thabhairt don Choimisiún Eorpach i 2003 maidir le hathrú an SCCT ionas go dtaispeánfaí na hathruithe ar na cúinsí ann agus go n-uasmhéadófaí an rannpháirtíocht. Thosaigh an próiseas comhairliúcháin i Nollaig 2002 le cuireadh poiblí ar aighneachtaí scríofa agus tháinig sé chun deiridh i bhfóram oscailte i Meitheamh 2003. Tar éis a thuilleadh plé le heagrais feirmeoireachta agus le geallchoimeádaithe eile, cuireadh moltaí faoin SCTT faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i Nollaig 2003. Thaispeáin na moltaí seo an geall a tugadh in *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn* faomhadh a lorg ar an gCoimisiún i dtaobh rátaí íocaíochta do rannpháirtithe a bheadh 28% ní ab airde ar an meán.

An Scéim Luathscoir don Fheirmeoireacht

Faoi dheireadh 2003 bhí thart ar 6,000 duine as an gcéad 10,250 rannpháirtí a bhí sa Scéim Luathscoir 1994 fós á n-íoc. Bhí 2,250 feirmeoir eile tar éis dul sa scéim a thosaigh i mí na Samhna 2000. Bhí líon na n-iarratas nua a fuarthas i 2003, 545 ceann, níos lú ná mar a bhí sna blianta roimhe sin, agus is dóichí gurbh í an phríomhchúis leis sin ná an éiginnteacht a bhí ann de bharr na moltaí san Athbhreithniú Lárthéarma ar an CBT.

Bia agus Feirmeoireacht Orgánach

Bunaíodh an dá Ghrúpa seo a leanas i dtosach 2003 de réir na moltaí i dTuarascáil Choiste Forbartha Orgánaí ionas go gcuideofaí le forbairt na hearnála orgánaí.

- Meitheal Shaineolach Pháirtíochta chun soláthar oiliúna, oideachais, comhairle agus taighde a chomhordú, a éascú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Grúpa Forbartha Margaidh Orgánaigh ar a bhfuil an cúram foriomlán straitéis náisiúnta margaíochta do bhia orgánach a fhorbairt.

I mí Dheireadh Fómhair foilsíodh Móráireamh Táirgeachta Orgánaí na hÉireann 2002 ag an gComhdháil Náisiúnta Orgánach a bhí ar siúl i bPort Omna, Co. na Gaillimhe.

Féachtar ar fheirmeacha léirithe mar mhodh an-áisiúil an-phraiticiúil chun faisnéis agus sonraí a chur ar fáil. Roghnaíodh seacht gcinn d'fheirmeacha léirithe ar bhonn píolótach ar feadh bliana amháin. Gheobhaidh na feirmeoirí a roghnaíodh íocaíocht €3,000 as suas le ceithre cinn de chuairteanna/ shiúlóidí fócais feirme a cheadú i 2004. Baileofar sonraí luachmhara ar chúrsaí airgeadais agus ar tháirgeacht phraiticiúil freisin mar glacfaidh na feirmeacha seo páirt sa Suirbhé Náisiunta Feirmeacha agus sa Líonra Feirmeacha is Monatóirí le Teagasc.

Leanadh de thacaíocht shubstaintiúil airgeadais a sholáthar don earnáil orgánach trí SCCT agus tríd an Scéim Chúnaimh Deontais d'Fhorbairt na hEarnála Orgánaí a faomhadh faoin bPlean Forbartha Náisiúnta.

Straitéis faoin Athrú Aeráide

Foilsíodh an Straitéis faoin Athrú Aeráide i 2000. Tá ionadaithe ón Roinn Talmhaíochta agus Bia ar an bhfoireann trasrannach faoi athrú aeráide agus ar roinnt foghrúpaí a cuireadh ar bun chun maoirseoireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise.

Táthar i mbun cláir taighde faoin gClár Comhshaoil RTDI 2000 - 2006 chun fardail iontaofa d'astúcháin gáis cheaptha teasa ón talmhaíocht a bhunú agus chun gníomhartha a aithint a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun astúcháin meatáin agus ocsaíde nítriúla a laghdú.

Mheas FAPRI go mbeidh na hastúcháin ón talmhaíocht i 2012 16% níos lú ná an leibhéal a taifeadadh i 1990 de bharr na leasuithe a comhaontaíodh mar chuid de Chomhaontú Lucsamburg i Meitheamh 2003. Sháródh an laghdú measta seo ar astúcháin gáis cheaptha teasa na spriocanna a leagadh síos don earnáil sa Straitéis Náisiúnta faoin Athrú Aeráide.

Tá trádáil in astúcháin, a cheadaítear faoi Phrótacal Kyoto, ceaptha chun margadh a chruthú do liúntais astúchán gáis a cheapann teas. Cuid de straitéis chomhtháthaithe is ea an trádáil in astúcháin a ceapadh le cur ar chumas na hÉireann a cuid spriocanna i bPrótacal Kyoto a bhaint amach. Glacfaidh na hearnálacha móra tionsclaíochta, lena n-áirítear an tionscal bia agus dí, agus ionaid ghinte chumachta páirt sa trádáil phíolótach in astúcháin ó 2005 ar aghaidh, sula dtabharfar isteach an córas éigeantach sa trádáil dhomhanda in astucháin i 2008.

Prótacal Gothenburg

Chuir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (UNA) 2004 (I.R. Uimh. 010 de 2004) an Treoir faoin Uasmhéid Náisiúnta Astúchán (UNA) (2001/81/CE) i bhfeidhm maidir le huasmhéideanna náisiúnta astúchán i gcás roinnt truailleán atmaisféarach (an dé-ocsaíd sulfair, ocsaídí nítriúla, comhdhúla orgánacha so-ghalaithe agus an amóin) de bharr na ngealltanas i bPrótacal Gothenburg ar Thruailliú Trasteorann Aeir. Is í an amóin an truailleán atmaisféarach is mó baint leis an talmhaíocht arb í foinse 98% d'astúcháin amóine na hÉireann í. Thug an Roinn Talmhaíochta agus Bia trácht ar Phlépháipear *"Straitéis chun Astúcháin Truaillithe Trasteorann Aeir a Laghdú faoi 2010"* don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Treoir maidir le Níotráití

Baineann an Treoir maidir le Níotráití - Treoir na Comhairle 91/676/CCE ó 12 Nollaig 1991 - huiscí a chosaint ar an truailliú de bharr níotráití a thagann as foinsí talmhaíochta. Leagtar príomhbhéim na Treorach ar bhainistiú aoiligh beostoic agus leasúchán eile. Is ar an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil is mó atá an fhreagracht as seo a chur i bhfeidhm.

Thug an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil isteach Rialcháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint na nUiscí ar an Truailliú ó Fhoinsí Talmhaíochta) 2003 (I.R. Uimh. 213 de 2003) a thug aitheantas foirmiúil do thalamh na hÉireann ar fad mar achar ina bhféadfaí Clár Gnímh a chur i bhfeidhm.

D'ullmhaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil dréacht de Chlár Gnímh don Treoir maidir le Níotráití, chun níos mó den Treoir maidir le Níotráití a chur i bhfeidhm, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia agus le Teagasc, chun críche comhairliúcháin. Iarraidh ar pháirtithe leasmhara trácht a dhéanamh ar dhréacht an Chláir Ghnímh faoi 19 Feabhra 2004. Nuair a bheidh an próiseas comhairliúcháin críochnaithe agus machnamh déanta ar na suimisin eagsúla, cuirfear moltaí cinntitheacha faoin gClár Gnímh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh.

TACAÍOCHT DON TAIGHDE

Chuir an Roinn Talmhaíochta agus Bia, i gcomhar leis an Eagras Cosanta Comhshaoil (ECC), Institiúid na Mara agus COFORD, maoiniú ar fáil d'fhoireann taighde, a bhfuil baint aici le hOllscoil na hÉireann, Maigh Nuad, agus le Teagasc agus a bhfuil Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath i bhfeighil uirthi, chun Staidéar Tultreorach a dhéanamh ar Fhorbairt na Tuaithe in Éirinn i 2025. Is é is cuspóirí leis an Staidéar Tultreorach ná dearcadh ar cheantair thuaithe agus chósta mar a bheidís i 2025 a fhorbairt ó thaobh chaighdeáin an chomhshaoil fhisiciúil agus inmharthanacht na tuaithe de, lena n-áirítear forbairtí geilleagracha agus athruithe sóisialta.

Thug an Roinn Talmhaíocht agus Bia maoiniú i 2003 do Networks for Nature chun dul i mbun tionscnaimh chun aird a tharraingt ar luach na bhfál sceach. Comhthionscadal is ea Networks for Nature idir Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann agus Crann, agus maoiníonn an Chomhairle Oidhreachta, an Roinn Talmhaíochta agus Bia, Coillte agus an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra é.

Rinne Teagasc Suirbhé ar Áiseanna Feirme ar son na Roinne Talmhaíochta agus Bia chun sonraí bunlíne a fháil ar áiseanna feirme agus ar chleachtais bainistíochta feirme a bhaineann leis an aoileach, uisce salach agus córais farae. Soláthróidh an suirbhé seo sonraí ionadaíocha bunlíne ar a fheabhas agus an inniúlacht náisiúnta stórála.

SAINCHEISTEANNA AGRA-CHOMHSHAOIL

Tá an Roinn i mbun comhairle leanúnaí le gníomhairí comhshaoil, idir náisiúnta agus AE, agus le Ranna Rialtais eile maidir leis an ngné thalmhaíochta de bheartais agus de shaincheisteanna comhshaoil atá ag teacht chun cinn. Bhí ionadaithe ón Roinn ar an gcoiste idir-rannach a cuireadh ar bun chun an Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta a chur i bhfeidhm, agus ar an Ardán Náisiúnta do Thaighde ar an mBithéagsúlacht.

Pleananna Bainistíochta Cothaitheach ar Fheirmeacha Lasmuigh den SCTT

Rinne cúig Chomhairle Chontae, mar atá Corcaigh, an Cabhán, an Iarmhí, Tiobraid Árann Thuaidh agus Uíbh Fhailí, fodhlí faoi Alt 21 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) (Leasú), 1990 agus faoi Rialacháin an Achta Rialtais Áitiúil, 1994 (Fodhlíthe) 1999 chun críche an truailliú uisce de bharr na talmhaíochta a chosc nó a íosmhéadú. Is é 127 líon iomlán na bPleananna Bainistíochta Cothaitheach ar Fheirmeacha Lasmuigh den SCTT don bhliain 2003.

Úsáid Leasacháin

Tá laghdú thart ar aon trian amháin tagtha ar úsáid an fhosfair ó 1989/1990 nuair a díoladh 64,573 tonna. (Maireann an bhliain leasacháin ó 1 Deireadh Fómhair go 30 Meán Fómhair). Leis na trí bliana anuas tá an laghdú seo tagtha chun deiridh, le méadu beag ar an úsáid i 2003/2003 aníos go 43,832 tonna. Ba é an méid ba mhó nitrigine riamh ná 442,916 tonna i 1998/1999. Ó sin i leith tá laghdú tagtha ar an méid a úsáidtear anuas go 388,080 tonna i 2002/2003, a léiríonn méadú thart ar 7% ar mhéid na bliana roimh sin.

Cosaint Plandaí agus an Tionchar ar an gComhshaol

Ó Bhealtaine 2002 tá nasc ar shuíomh idirlín na Roinne (**www.agriculture.gov.ie**) chun faisnéis ar lotnaidicídí a sholáthar ar bhonn níos forleithne. Cuireann sé seo rochtain idirghníomhach ar fáil ar fhaisnéis ar tháirgí cosanta plandaí, chomh maith le sonraí ar an gcóras

rialúcháin do loitnaidicídí agus do nithe eile a bhaineann le hábhar.

Ó thaobh rialú na dtáirgí cosanta plandaí de, rinneadh luachálacha mionchruinne agus measúnachtaí priacail i gcás 35 de tháirgí cosanta plandaí lena chinntiú nach mbeadh aon tionchar do-ghlactha acu ar an gcomhshaol. Rinneadh measúnú ar an gcríoch a bheidh orthu agus ar iompraíocht a gcomhábhar gníomhach sa chomhshaol, agus ar na priacail ina mbeadh speicis uiscí, éin, ainmhithe talaimh, beacha meala agus speicis antrapóideacha eile, péisteanna talún agus macrorgánaigh agus miocrorgánaigh ithreach eile, agus leagadh amach na sriantaí a bheadh ag teastáil chun a dtionchar ar an gcomhshaol a íosmhéadú.

Rinneadh naoi gcinn de chur i láthair d'fhoireann Theagasc, lucht fáis agus do pháirtithe leasmhara eile maidir le húsáid cheart na lotnaidicídí.

CUR I gCRÍCH SCÉIMEANNA AGUS BAINISTIÚ AIRGEADAIS

Ár gcuid scéimeanna agus cláracha ar fad a oibriú ar mhodh éifeachtach feidhmiúil, agus deimhin a dhéanamh de na caighdeáin is airde bainistíochta corparáidí agus airgeadais agus freagrachta inár gcuid gníomhaíochtaí go léir.

OIBRIÚ SCÉIMEANNA

Scéimeanna a Chur i gCrích ar Mhodh Éifeachtach Feidhmiúil

Tugadh **breis agus milliún íocaíocht arbh fhiú €1.335 billiún iad** d'fheirmeoirí le linn 2003 faoi scéimeanna éagsúla lena n-áirítear Préimheanna Beostoic an AE, Liúntais Chúitimh do Cheantair faoi Mhíbhuntáiste agus Cúnamh Curaíochta, ar bhain €846 milliún de le híocaíochtaí a rinneadh faoi na scéimeanna i 2003. Cloíodh leis na dátaí chun tús a chur leis na híocaíochtaí de réir mar a beartaíodh sa Phrótacal um Íocaíochtaí Díreacha le Feirmeoirí.

Leis na blianta beaga anuas tá an Roinn tar éis **an-dul chun cinn a dhéanamh ag simpliú na nósanna imeachta iarratais faoi na scéimeanna éagsúla** agus í i mbun comhairle leis na heagrais feirmeoireachta agus ag úsáid na teicneolaíochta faisnéise ar bhonn forchéimnitheach. I measc na n-athruithe a cuireadh i bhfeidhm tá:

- **Sonraí pearsanta (ainm, seoladh agus uimhir bhólachta agus, i gcás iarratas ar Chúnamh Ceantair, uimhreacha aitheantais agus ceantair na ndáileachtaí) a chlóbhualadh roimh ré ar na foirmeacha iarratais. Tá comhlíonadh ceart na bhfoirmeacha do chúnamh ceantair fós ina chúram ríthábhachtach d'fheirmeoirí. Mar chabhair dóibh d'eisigh Aonad an Chúnaimh Ceantair 127,000 foirm a bhí clóbhuailte roimh ré don Scéim i 2003. Bhí bileog chabhrach faoi iamh le gach foirm, le treoracha céim ar chéim. Chomh maith leis sin eisíodh léarscáileanna nuashonraithe do 26,000 iarratasóir ar cuireadh athrú léarscáile i bhfeidhm orthu an bhliain roimhe sin.**
- **Barrachóid a úsáid ar phasanna d'ainmhithe buaibheacha - bhain sé seo an gá le huimhreacha clibe a liostú ar iarratais, mar is féidir iad a léamh anois ó na pasanna ach scanaire barrchóid a úsáid (ach amháin faoin Scéim do Bha Diúil (1) nuair atá úinéir na bólachta ag cur isteach iarratais ar bhearacha agus/ nó (2) nuair atá an bhólacht faoi ghaibhniú agus sa chás sin caithfear na ba a liostú).**
- **An Scéim Préimheanna Leathnaithe ar Phróifílí Bólachta bunaithe ar an CMGE a sholáthar d'fheirmeoirí atá páirteach sa scéim ag na cúig dháta móráirimh ionas go mbeidh said in ann monatóireacht a dhéanamh ar mhéid a stoic le linn na bliana agus fios a chur ar an Roinn i dtaobh aon neamhréitigh idir líon na n-ainmhithe atá taifeadta ar bhunachar sonraí an CMGE agus an líon sa bhólacht ag dáta móráirimh ar leith.**
- **Teidlíochtaí ar an bPréimh Mharaithe a phróiseáil go huathfheidhmeach ó bhunachar sonraí an CMGE gan a thabhairt ar na feirmeoirí iarratais a chur isteach.**
- **Riachtanais áirithe faisnéisithe a bhaint sa chás gur féidir an fhaisnéis riachtanach a thógáil as bunachar sonraí an CMGE.**

B'ionann na rátaí íocaíochta do na scéimeanna éagsúla préimheanna beostoic agus don scéim Chúnaimh Churaíochta agus na rataí i 2002, an t-uasmhéid a comhaontaíodh faoi Chlár Oibre 2000.



De ghnáth íoctar airleacain 60% faoi na scéimeanna éagsúla préimheanna beostoic, ag tosú ar 16 Deireadh Fómhair ar a dhéanaí. Sa bhliain 2003 d'aontaigh an Coimisiún Eorpach airleacain 80% a íoc. Thosaigh Éire ag íoc na n-airleacan faoi na scéimeanna ar 16 Deireadh Fómhair agus faoi 31 Nollaig bhíothas tar éis €**488 milliún** go hiomlán a íoc. Tosaíodh ar na híocaíochtaí faoin Scéim Chúnaimh Churaíochta ar 16 Samhain agus faoi dheireadh na bliana bhíothas tar éis €**127 milliún** go hiomlán a íoc.

Cuireadh tús leis na híocaíochtaí faoi Scéim na Liúntas Cúitimh do Cheantair faoi Mhíbhuntáiste ar 19 Meán Fómhair faoi réir ag an ngealltanas sa Phrótacal um Iocaíochtaí Díreacha le Feirmeoirí agus faoi 31 Nollaig 2003 bhíothas tar éis €**229 milliún** a íoc le 94% de na hiarratasóirí.

De ghnáth íoctar na Préimheanna Leathnaithe maidir le aon bhliain amháin i Meitheamh na bliana dár gcionn. Cuireadh tús ar 5 Meitheamh 2003 leis na híocaíochtaí don bhliain 2002 agus faoi dheireadh na míosa bhíothas tar éis €**140 milliun** a íoc le 95% de na hiarratasóirí cáilithe. Fuarthas an fhaisnéis faoi mhéid na stoc don bhliain 2002 ón CMGE agus ó bhunachair eile sonraí. Bhain sé seo an dualgas de na feirmeoirí úd, a roghnaigh an córas móráirimh chun méid an stoic a fháil amach, sonraí a thabhairt ar na hainmhithe buaibheacha a bhí acu ag na cúig dháta móráirimh le linn na bliana.

I Meitheamh 2003 thángthas chun réitigh i dtaobh an Athbhreithnithe Lárthéarma ar an CBT. D'fhoilsigh an Roinn leabhrán eolais chun eolas a thabhairt d'fheirmeoirí faoi théarmaí an chomhaontaithe agus, i gcomhar le Teagasc, d'eagraigh sí breis agus 40 cruinniú eolais d'fheirmeoirí ar fud na tíre. Reachtáladh cruinnithe eolais dhá uair sa lá ag an gCraobh Treafa Náisiúnta. I dtreo dheireadh 2003 beartaíodh go ndíchúplálfadh Éire an beostoc, an Cúnamh Curaíochta agus íocaíochtaí na bPréimheanna Déiríochta nuair a bheadh an Comhaontú ar an Athbhreithniú Lárthéarma á chur i bhfeidhm, agus go mbunódh sí na gnéithe beostoic agus curaíochta de na hÍocaíochtaí Aonta as seo amach ar íocaíochtaí a rinneadh cheana féin. Ansin tosaíodh ag obair ar na teidlíochtaí sealadacha a shocrú do gach feirmeoir a fuair íocaíochtaí díreacha sa tréimhse thagartha ó 2000 go 2004. De bhrí mhéid na hoibre táthar ag súil go mbeidh sí ar siúl ar feadh na coda is mó de 2004.

Athchistithe Onnmhairíochta Mairteola

Níor athchistíodh ach €**72.26 milliún** maidir le hathchistithe onnmhairíochta mairteola le linn na bliana, i gcomparáid le €89.24 milliún i 2002. Is laghdú 19% é seo ar 2002 agus léiríonn sé laghdú ginearálta ar an athchistiú ach ceann atá a chuireann taca faoi fheidhmíocht mhairteoil na hÉireann atá ag dul i neart i Margadh Inmheánach an AE. Scaoileadh €116.3 milliún de ráthaíochtaí i 2003 a úsáideadh chun onnmhairithe a chinntiú.

Cuireadh tús le ríomhthionscadal mór rialtais le linn 2003 a chumhdaíonn earnáil iomlán an athchistithe onnmhairíochta agus atá deartha chun CRA, an phríomhcháipéis a theastaíonn chun maoiniú athchistithe a fháil, a tharchur agus a ghlacadh go leictreonach. Tá an tionscadal seo le cur i gcrích i 2004 agus déanfaidh sé a thuilleadh cuíchóirithe ar phróiseas na n-iarratas ar athchistiú onnmhairíochta agus, go háirithe, laghdóidh sé an mhoill a éiríonn as sonraí droch-chaighdeáin a fháil.

Stóráil Phoiblí Mairteola

Leanadh de loisceadh na 55,000 tonna mine feola agus cnámh a táirgeadh faoi na scéimeanna Ceannach le haghaidh Díothaithe (SCD) agus Ceannach Speisialta (SCS) i 2003 agus cuireadh i gcrích go rathúil é i Meán Fómhair. Ba é €6 milliún costas an oibriúcháin i 2003 don SCD agus €3 milliún don SCS (ba é €63 milliún don SCD agus €43 milliún don SCS costas iomlán oibriúcháin na scéimeanna).

Níor ceannaíodh aon mhéideanna breise mairteola isteach i scéim na hidirghabhála i 2003. De bharr an laghdaithe ar phraghas idirghabhála an AE agus ar

phraghsanna tréana margaidh ar an mairteoil ní raibh an beart ag teastáil. As na 4,994 tonna mairteola i stóras i dtosach na bliana díoladh 4,449 tonna agus cuireadh 545 tonna i gcannaí le dáileadh ag cumainn charthanachta. Faoi Lúnasa 2003 bhí an mhairteoil ar fad bainte agus níl aon stoc idirghabhála ann faoi láthair.

Tacaíochtaí eile don Mhargadh

Ó thaobh tacaíochtaí eile don mhargadh de a íocadh sa bhliain FEOGA 2003 agus a bhaineann le hathchistiú onnmhairíochta as táirgí déiríochta, gránbhairr agus próiseáilte, cúnamh do stóráil phoiblí agus phríobháideach i gcomhair táirgí déiríochta, cúnamh do cháiséin agus fóirdheontais eile do bhainne agus cúnamh beag eile, íocadh €437 milliún i gcomparáid le €420 milliún i 2002. Cé go raibh méadú 4% ar an gcaiteachas foriomlán, bhí méadú thar 50% ar athchistithe onnmhairíochta agus ar thacaíochtaí fóirdheontais do bhainne, agus léiríonn sé seo na méideanna níos airde cúnaimh agus an fheidhmíocht níos fearr sna margaí onnmhairíochta do na táirgí seo.

Ceadúnais Fíona

Eisíodh 3,003 ceadúnas fíona i 2003, méadú 12.5% ar 2002.

Córas Cuntas Bunaithe ar FTB

Cuireadh an dara Céim den FTB R/3 i bhfeidhm de réir mar a bhí beartaithe i Lúnasa 2003. Soláthraíonn sé seo feidhmiúlacht nua agus próisis chaighdeánacha chun rudaí a cheannach, sócmhainní a rianú agus do chuntais a fhaightear ar fud na Roinne. Tá an córas ag obair gan stró agus tá sé arna chomhtháthú le feidhmiúlacht Chéim 1 a bhí ann cheana. Tugann sé seo fainséis i bhfad níos mionchruinne don Roinn le haighaidh bainstíochta airgeadais agus rialaithe níos fearr ar a chuid ceannachán, fiachas agus sócmhainní.

Tá rochtain ghréasáin níos fearr ar fáil anois maidir le sonraí chóras na gcuntas a chuireann ar chumas na foirne in oifigí áitiúla ar fud na tíre deileáil le ceisteanna faoi íocaíochtaí ar bhonn níos éifeachtaí.

Bhí ag éirí leis an gcóras FTB R/3 i gcónaí faisnéis luachmhar a sholáthar ar chúrsaí bainistíochta le linn 2003 agus chomhlíon sé gach ceann de na riachtanais mhóra chuntasóireachta agus tuairisceoireachta, idir Náisiúnta agus AE. Chuidigh an Córas Cuntas FTB R/3 leis an Roinn an stádas creidiúnaithe mar Ghníomhaireacht Íocaíochta a choinneáil.

An tAire Stáit Ó Treasaigh le Baill Foirne den Roinn ag an gCraobh Treafa Náisiúnta, Mean Fóhair 2003

Ceannach Earraí

Taifeadann modúl ceannaigh an FTB ceannach na n-earraí agus na seirbhísí ag céim an ordaithe, agus chuir sé seo an-chuid athruithe móra ar an tslí ina n-údarásaíonn agus a bpróiseálann Ranna a gcuid ceannachán.

Mórleabhar Féichiúnaithe

Le cur i bhfeidhm mhodúl an Mhórleabhair Féichiúnaithe tá áis chuimsitheach ag an Roinn na sonraí ioncaim a fhaigheann sí a thaifeadadh ar bhonn fabhraithe. Chomh maith leis sin cuidíonn na háiseanna caighdeánacha do bhainistiú féichiúnaithe a sholáthraíonn FTB leis an bpróiseas bainistíochta fiachais, le cuardach méideanna nár íocadh, le haird a tharraingt ar sheanfhiachais, srl.

Sócmhainní Seasta

Soláthraíonn modúl Sócmhainní an FTB cuntas cuimsitheach sócmhainní don Roinn a thaifeadann sonraí ábhartha na sócmhainne, a háit fhisiciúil, a costas, cúlra a dímheasa, srl.

Aistriú Leictreonach Maoine (ALM)

Feirmeoirí

Cuireadh fios ar fheirmeoirí i mBealtaine 2003 faoi rogha na híocaíochta leictreonaí agus eisíodh foirm réamhchlóbhuailte dóibh chun sonraí bainc a sholáthar. D'fhreagair thart ar 17,000 feirmeoir air agus ó Dheireadh Fómhair ar aghaidh tá 14% de na híocaíochtaí iomlána á n-íoc go leictreonach le feirmeoirí. Cuireadh amach cor poist eile, ag moladh úsáid na n-íocaíochtaí leictreonacha, i mí na Samhna chun na bhfeirmeoirí a bhí fós á n-íoc le seiceanna agus faoi dheireadh na bliana thug 17,000 feirmeoir eile sonraí cuntais bainc chun áis a bhaint as an ALM.

Baill Foirne na Roinne

Bhí feachtas eile ann le linn 2003 chun baill foirne a bhí á n-íoc le seiceanna a ghríosú chun athrú go dtí an tAistriú Leictreonach Maoine (ALM), agus anois tá 81% den fhoireann ag fáil a dtuarastail go leictreonach.

Soláthróirí

Cuireadh cor poist amach ag iarraidh sonraí bainc chuig gach soláthróir ginearálta atá cláraithe leis an Roinn agus de thoradh air seo tá breis agus 55% de na soláthróirí gineáralta go léir á n-íoc tríd an ALM. Iarrtar sonraí bainc anois ar gach soláthróir ginearálta nua nuair a dhéanann siad gnó den chéad uair leis an Roinn agus méadóidh sé seo an céatadán d'íocaíochtaí leictreonacha le soláthroirí ginearálta.

BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

Caiteachas

Faigheann gníomhaíochtaí agus scéimeanna na Roinne maoiniú ón Vóta, ón AE as Roinn Ráthaíochta an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht agus Treoracha Talmhaíochta (CERTT) nó cómhaoiníonn an Vóta agus an tAE iad as ranna Ráthaíochta agus Treoracha (An Ciste Struchtúrach) de CERTT.

Bhí an Roinn freagrach as Caiteachas Vótáilte €**1,226 milliún** i 2003. Bhí baint ag roinnt den chaiteachas seo le bearta a chómhaoinigh an tAE a fuair admhálacha arbh fhiú €348 milliún iad ón AE. Chomh maith leis sin chaith an Roinn €1,550 milliún ag riar scéimeanna Ráthaíochta CBT agus ceannach Idirghabhála a bhí lánmhaoinithe ag an AE, rud a d'fhág gurb é €2,776 milliún an caiteachas iomlán. Ba chóir go dtabharfaí faoi deara nach féidir caiteachas na Roinne ar bhearta an AE agus admhálacha ón AE a chur i gcomparáid lena chéile in aon bhliain faoi leith de bharr an aga moille a bhaineann leis an athcistiú a thugann an tAE as an gcaiteachas a tharraingíonn an Roinn uirthi féin de bharr bhearta an AE.

Tá an fhreagracht ar an Roinn deimhin a dhéanamh de go bhfuil cur i bhfeidhm gach scéime ag teacht leis na riachtanais, idir náisiúnta agus AE, maidir le tuairisciú airgeadais, cothabháil sonraí cuntasóireachta agus beartaíochta agus rianta iniúchóireachta. Oibríonn sí córas cuimsitheach bainistíochta agus rialaithe airgeadais agus cuntasóireachta chun é seo a chinntiú.

Caiteachas ar Thalmhaíocht na hÉireann i 2003

		€m	€m
Caiteachas a Vótáladh,			**1,226.18**
As sin:	Cúrsaí Riaracháin	*237.11*	
	Bearta Struchtúracha[1]	*43.81*	
	Forbairt Tuaithe[1]	*499.15*	
	Sláinte Ainmhithe, Eagrais Stáit	*413.66*	
	Idirghabháil sa Mhargadh agus Eile[2]	*32.45*	
Ráthaíocht CERTT ar chaiteachas díreach			**1,447.34**
As sin:	Préimheanna/ Cúnamh Ceantair	*1,104.61*	
Tacaíocht don Mhargadh		*342.73*	
Ceannach Idirghabhála[3]			**102.79**
Caiteachas Iomlán			**2,776.31**

(1) Faigheann bearta Forbartha Tuaithe agus bearta áirithe Forbartha Struchtúracha cómhaoiniú ón AE agus ón Vóta. Is éard atá sna figiúirí seo ná caiteachas iomlán an Vóta ar na bearta seo sa bhliain féilire, mar déantar íocaíochtaí ón Vóta. Faigheann an Vóta cionroinn an AE den chaiteachas ar ais ina dhiaidh sin i bhfoirm leithghabhálacha cúnaimh agus faightear cuid díobhsan sa bhliain féilire dár gcionn.

(2) Baineann an caiteachas Vóta seo leis an gcaiteachas ar an EBC agus le costais airgeadais (ús) agus oibriúcháin na hIdirghabhála. Éilítear na costais dheireanacha ar an AE ar bhonn méideanna caighdeánacha.

(3) Is é seo an méid a íocann an Roinn Talmhaíochta agus Bia ar tháirgí a ceannaíodh isteach san Idirghabháil le linn na bliana. Faightear costas iomlán na gceannachán Idirghabhála ar ais ón AE trí dhímheas ar luach an stoic le linn na bliana inar ceannaíodh iad agus in am díolta an táirge.

Caiteachas Vóta

Tríd is tríd bhí laghdú glan €88 milliún ar an ollchaiteachas iomlán i 2003 i gcomórtas le 2002. Tharla sé de bharr roinnt fachtóirí lena n-áirítear caiteachas níos ísle ar BSE agus ar Liúntais Chúitimh atá bunaithe ar Cheantair. Anuas air sin bhí méid an chaiteachais ar mhaoiniú an CBT, ERAD agus an Agra-airgeadais níos ísle ná mar a bhí i 2002.

Sa tábla thíos tá an méid caiteachais don Talmhaíocht agus Bia faoi Vóta 31 do na blianta 2002 agus 2003.

Méideanna comparáideacha caiteachais faoin Vóta do na blianta 2002 agus 2003

Cineál Caiteachais	Bliain 2002	Bliain 2003
	€m	€m
Caiteachas Glan	853.831	828.727
Leithghabhálacha Cúnaimh	460.869	397.472
- Admhálacha ón AE	419.345	348.006
- Eile	41.524	49.466
Ollchaiteachas	**1,314.700**	**1,226.199**

Nóta: Sna figiúirí ó 2002 níl an caiteachas go dtí 18 Meitheamh ar fheidhmeanna a aistríodh go dtí Ranna eile ar an lá sin. Tá sé seo á dhéanamh chun an comparáid idir an caiteachas sa dá bhliain ar bhonn na bhfeidhmeanna reatha Talmhaíochta agus Bia a éascú. Sna figiúirí ó 2003 níl aon chaiteachas a bhaineann leis an bhForaoiseacht. Ghlac an Roinn cúrsaí Foraoiseachta uirthi féin ó 1 Eanáir 2004.

Ba ionann an caiteachas glan €828.7m i 2003 agus 99.2 % den bhuiséad a bhí ar fáil.

Tá miondealú mionchruinn ar an gcaiteachas faoin Vóta in Aguisín 4

Caiteachas ar an tSeirbhís Chigireachta Feola

Mar chuid de chuspóir na Roinne seirbhísí den scoth a chur ar fáil chomh héifeachtach agus ab fhéidir, rinneadh athbhreithniú i 2003 ar chúinsí oibre na gCigirí Sealadacha Tréidliachta den tseirbhís chigireachta feola i monarchana maraithe. Dá bharr seo coigistíodh i bhfad níos mó i 2003 i gcomparáid leis an méid i 2002. Ba chóir go mbeadh a thuilleadh coigistithe i ndán de bharr an chomhaontaithe le Veterinary Ireland.

CAITEACHAS AN AE

Maoiniú Caiteachais an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta

Maoiníonn Rannóg Ráthaíochta an Chiste Eorpaigh um Rathaíocht agus Treoracha (CERTT) caiteachas iomlán an CBT, amhail íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí agus tacaíochtaí do mhargadh an AE. Chomh maith leis sin, soláthraíonn an Ciste Ráthaíochta ranníocaíocht an AE do bhearta cómhaoinithe Forbartha Tuaithe de chuid an CBT, 2000-2006, agus ranníocaíocht an AE do chaiteachas airgeadais agus oibriúcháin na gceannachán Idirghabhála. Faoi rialacha an AE maoiníonn an Roinn caiteachas ráthaíochta an CBT roimh ré ar dtús, ag fanacht le hathchistiú ón AE sé seachtaine i riaráiste. Íoctar as cúlchnap atá bunaithe ar iasachtaí ar nuaigh an tAire iad don Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainistíochta Státchiste (GNBS) i 1999, agus atá á bhforlíonadh iad ag Eisiúntí gearrthéarmacha ón Státchiste i mbuaicthréimhsí íocaíochtaí. Cuireann an Roinn éileamh faoi bhráid an AE gach mí ar athchistiú an chaiteachais as an gCiste Ráthaíochta. Íocann an tAE cuid de chostas an chaiteachais ar bhearta Forbartha Tuaithe an CBT 2000-2006. Íocann an tAE 75% den chaiteachas ar an Scéim Chosanta don Chomhshaol (SCCT), 50% den Scéim Luathscoir agus 50% de Liúntais Chúitimh i gceantair faoi mhíbhuntáiste, aníos go leibhéal airgeadais atá faofa ag an gCoimisiún. Íoctar as an gcaiteachas ar bhearta forbartha tuaithe an CBT as an Vóta ar dtús, agus cuirtear éileamh ar ranníocaíocht an AE leis an éileamh míosúil ar an gCiste Ráthaíochta.

Maoiníonn an Roinn an ceannach isteach san idirghabháil trí iasachtaí a eagraíonn an GNBS i gcáil ghníomhaire an Aire. Coinníonn an Roinn Cuntas Idirghabhála ar leith chun na críche seo. Is as an Vóta a mhaoinítear na costais idirghabhála airgeadais agus oibriúcháin ar dtús. Faoi rialacha an AE faightear ar ais dímheas iomlán costais an stoic idirghabhála ón AE thar tréimhse ama, agus faightear ar ais costais airgeadais agus oibriúcháin ón AE ar bhonn méideanna caighdeánacha. Bíonn éilimh ar chostais dímheasa, airgeadais agus oibriúcháin faoi iamh leis an éileamh míosúil a chuirtear faoi bhráid Chiste Ráthaíochta an AE.

Ba fhiú €1,838.5 milliún na héilimh a tugadh faoi bhráid an AE maidir leis na bearta a mhaoinigh an

Rannóg Ráthaíochta den CERTT. Tá na sonraí sa tábla seo a leanas. Tá miondealú níos beaichte in Aguisín 5.

Éilimh a cuireadh faoi bhráid na Rannóige Ráthaíochta den CERTT i 2003

	2002 €m	2003 €m
Bearta Díreacha		
Préimheanna Beostoic	961.7	974.2
Cúnamh Ceantair	134.2	130.4
Athchistiú Onnmhairíochta	186.7	228.7
Bearta Déiríochta	71.9	107.1
Bearta Díreacha Eile	6.1	7.0
Bearta Indíreacha		
Bearta Forbartha Tuaithe(1)	320.0	255.9
Stóráil Phoiblí Idirghabhála(2)	136.1	73.7
Bearta Indíreacha Eile (SCD agus SCS den chuid is mó)	75.3	61.5
Iomlán	**1,892.0**	**1,838.5**

(1) Méideanna a éilítear ar an AE as na bearta cómhaoinithe sin.
(2) Méideanna a éilítear ar an AE as dímheas stoc, costais airgeadais agus oibriúcháin.

Ciste Treoracha CERTT

Ceann de Chistí Struchtúracha an AE is ea an Rannóg Treoracha den Chiste Eorpach Ráthaíochta agus Treoracha Talmhaíochta. Maoiníonn na Cistí Struchtúracha cuid de chostas na mbeart forbartha náisiúnta comhaontaithe a chuirtear i bhfeidhm thar roinnt blianta, faoi láthair ó 2000 go 2006. Tá an Maoiniú Treoracha a fhaigheann an Roinn sa tréimhse 2000 - 2006 ag maoiniú cuid de na bearta atá á gcur i bhfeidhm faoi dhá Chlár Oibriúcháin ar leith, mar atá an Fo-Chlár Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe atá faofa don dá cheantar, mar atá Ceantar na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair (TLI) agus Ceantar an Deiscirt agus an Oirthir (DO). Chuir an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha roinnt beart i bhfeidhm faoi na Cláracha Oibriúcháin anuas go hEanáir 2004 nuair a cuireadh an fhreagracht seo ar an Roinn Talmhaíochta agus Bia.

Is í an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta atá freagrach anois as roinnt beart, lena n-áirítear an Tionscnamh Pobail LEADER atá á chómhaoiniú as an gCiste Treoracha. Cuireadh an fhreagracht seo ar an Roinn Talmhaíochta agus Bia le linn atheagrú na Rann Rialtais i Meitheamh 2002.

Is as an Vóta a mhaoinítear an caiteachas ar bhearta a chómhaoiníonn an Ciste Treoracha agus is trí Leithghabháil-i-gCabhair a éilítear agus a chreidiúnaítear an aisíocaíocht ón AE ina dhiaidh sin. Tugtar isteach éilimh ar mhaoiniú ón AE ó am go chéile faoi réir ag clár airgeadais. Tá an caiteachas faoi réir iniúchóireachta ag Coimisiún an AE agus Cúirt Eorpach na nIniúchóirí.

Ba fhiú €16.58 milliún admhálacha na hÉireann ó Chiste Treoracha CERTT i 2003 maidir leis an íocaíocht dheireanach as an bhFo-Chlár Bia 1994 - 99, an tionscadal LEADER Plus agus na codanna Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe de na Cláracha Oibriúcháin 2000 - 2006 do gach ceann den dá cheantar, mar atá Ceantar na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair (TLI) agus Ceantar an Deiscirt agus an Oirthir (DO). Íocadh méideanna na gCláracha Oibriúcháin leis an Roinn agus leis an Roinn Chumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha.

RIALACHÁIN AIRGEADAIS

Ag cloí leis na Riachtanais Náisiúnta agus AE maidir le Tuairisciú Airgeadais

Caithfidh an Roinn a chinntiú go mbíonn cur i bhfeidhm gach scéime ag cloí leis na riachtanais náisiúnta agus AE maidir le tuairisciú airgeadais, cothabháil sonraí cuntasóireachta agus beartaíochta, agus rianta iniúchóireachta. Oibríonn sí córais chuimsitheacha bainistíochta agus rialaithe airgeadais agus cuntasóireachta chun deimhin a dhéanamh de seo. Ina measc seo tá:

- cur i bhfeidhm na bpríomhghnéithe de chóras cuntas ríomhaireachta FTB, a tugadh isteach i 2001, chun dul i ngleic le riachtanais fhorásacha náisiúnta agus AE a bhaineann le bainistiú agus le rialú airgeadais.
- Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí éifeachtach a rinne cion mór oibre i 2003

- coiste Iniúchóireachta ina bhfuil baill sheachtracha den chuid is mó (cúigear as seisear)
- scrúdú iniúchóireachta le cúig cinn d'iniúchóirí seachtracha neamhspleácha (an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an tEagras Deimhnithe; Coimisiún an AE, Cúirt Iniúchóirí an AE agus OLAF, Oifig neamhspleách Frithchaolaoise an Choimisiúin)
- tabhairt isteach córais fhoirmiúil bainistíochta priacail, le tacaíocht ó chomhairligh
- Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe lena chinntiú go gcoimeádfar ár stádas mar ghníomhaireacht chreidiúnaithe íocaíochta de chuid an AE, agus go leanfar de thorthaí agus de mholtaí na n-iniúchóireachtaí.

CREIDIÚNÚ DO RÁTHAÍOCHT AN AE - CÓRAIS FREAGRACHTA AIRGEADAIS

Is í an Roinn an ghníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe in Éirinn do 97% den chaiteachas ar thacaíochtaí don mhargadh agus d'íocaíochtaí díreacha le táirgeoirí de chuid Ráthaíocht CERTT. Tá an Roinn ar cheann de na gníomhaireachtaí íocaíochta is mó san AE.

Mar ghníomhaireacht íocaíochta caithfidh an Roinn cloí leis na caighdeáin dhiana airgeadais agus cuntasóireachta agus caithfidh sí cuntais dheimhnithe bhliantúla ar Chaiteachas Ráthaíochta a chur faoi bhráid Choimisiún an AE. Caithfidh sí cloí le Rialacháin an AE 1258/99 agus 1663/95 chun a stádas creidiúnaithe a choinneáil.

Tá an Roinn sainithe mar Eagras Comhordaithe freisin atá freagrach as faisnéis a sholáthar don Choimisiún maidir lena cuid oibriúchán agus leo siúd a dhéanann an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, arbh í an ghníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe as bearta iascaireachta agus foraoiseachta i 2003.

Choinnigh an Roinn stádas creidiúnaithe mar ghníomhaireacht íocaíochta den AE do chaiteachas Ráthaíochta FEOGA. Cuireadh amach cuntais náisiúnta agus AE faoi na spriocdhátaí a bhí sna rialacháin i 2003. Cuireadh na cuntais iniúchta agus deimhnithe don bhliain FEOGA 2002 (16 Deireadh Fómhair 2001 - 15 Deireadh Fómhair 2002) faoi bhráid an Choimisiúin faoin spriocdháta 10 Feabhra 2003. Dheimhnigh agus d'iniúch an t-eagras deimhniúcháin Deloitte agus Touche na cuntais seo agus bhí siad curtha san áireamh arís i gcinneadh an Choimisiúin faoin imréiteach airgeadais.

Chuir an Roinn a cuntas bliantúil don bhliain FEOGA 2003 (16 Deireadh Fómhair 2002 go 15 Deireadh Fómhair 2003) faoi bhráid an Choimisiúin faoi 10 Feabhra 2004 agus ba fhiú €1.89 billiún é i dtaobh íocaíochtaí díreacha FEOGA le táirgeoirí, tacaíochtaí don mhargadh agus bearta Forbartha Tuaithe an CBT.

Lean an Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe (GAC), a bhunaigh an tAire agus a bhfuil an tArd-Rúnaí sa chathaoir air, de mhonatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na Roinne mar ghníomhaireacht íocaíochta. Tá ionadaithe ón Roinn Airgeadais agus ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ar an GAC. Le linn 2003 rinne an GAC deimhin de gur cuireadh i bhfeidhm na moltaí ón Eagras Deimhniúcháin ón mbliain roimhe sin. Lean an Roinn d'ionadaithe a bheith aici ar an nGrúpa Creidiúnaithe Ardleibhéil (GCAL) comhchosúil atá sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

INIÚCHÓIREACHTAÍ

Iniúchóireacht Inmheánach

Ba é 22 ceann líon na dtuarascálacha iniúchóireachta a críochnaíodh, a síníodh agus a eisíodh. Rinneadh cion mór eile oibre maidir le riachtanais iniúchóireachta Chistí Struchtúracha an AE. Cuireadh gach riachtanas rialacháin i gcrích de réir an scála ama a bhí beartaithe i Rialachán Scrúdain an AE. Rinne an Grúpa Iniúchóireachta TF nuabhunaithe cion mór oibre freisin sa bhliain, i gcomhar le comhairleacht sheachtrach speisialaithe. D'eagraigh an tAonad comhdháil speisialta do Bhallstáit an AE maidir le riachtanais iniúchóireachta na gCistí Struchtúracha agus, chomh maith leis sin, an Seimineár Iniúchóireachta bliantúil a reachtáladh i gcomhar le Coiste Iniúchóireachta na Roinne. Cuireadh clár cuimsitheach oiliúna ar fáil arís d'fhoireann an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí. Chuir an tAonad cúrsaí oiliúna ar fáil freisin maidir leis an iniúchadh agus an rialú d'fhoireann na Roinne agus d'ionadaithe as cuid de na tíortha is iarratasóirí araon.

Baill Foirne den Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí leis an Uasal John Donnelly, Cathaoirleach Choiste Iniúchóireachta na Roinne, Samhain 2003. (Delete this caption)

An Coiste Iniúchóireachta

Bunaíodh Coiste Iniúchóireacht na Roinne i 1994. Is é John Donnelly, Cathaoirleach Hypovereinsbank Ireland, atá sa chathaoir ar an gCoiste. Is iad Michael Downes, CIÉ; Eamon O'Connor, Na Coimisinéirí Ioncaim; Robert Carey, An Roinn Airgeadais; an tOllamh Niamh Brennan, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath (UCD) agus Aidan O'Driscoll, An Roinn Talmhaíochta agus Bia na baill eile ar an gCoiste.



An tUasal John Donnelly, Cathaoirleach Choiste Iniúchóireachta na Roinne

Tá trí phríomhchúram ar an gCoiste Iniúchóireachta, mar atá;

- Comhairle a thabhairt maidir i dtaobh fheidhm na hiniúchóireachta inmheánaí laistigh den Roinn.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Rialachán na Comhairle (CEE) Uimh. 4045/89 a bhaineann le Ballstáit ag déanamh scrúdain ar bheartaíochtaí a mhaoinítear faoi na scéimeanna éagsúla tacaíochta do mhargaí atá á maoiniú ag an gCiste Ráthaíochta CERTT.
- Comhairle a thabhairt ar an gcleachtas is fearr maidir le bainistiú priacail.

Cuireann an Coiste tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Aire faoi réir ag a Chairt. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire i 2003 agus rinneadh cur i láthair ar an-chuid gnéithe d'oibriucháin na Roinne. Bhuail Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta leis an Aire agus leis an Ard-Rúnaí ar bhonn rialta.

I dTuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta don bhliain 2002, a cuireadh amach i Márta 2003, dúirt an Cathaoirleach "Ó ceapadh ar dtús mé tháinig meas agam ar an modh, agus iontaobh agam as an modh céanna, ina bhfuil an Roinn ag bainistiú feidhm airgeadais atá thar a bheith casta. Ta an iliomad scéim éagsúil á riar aici. Is rud as an ngnách iad ó thaobh an scála de agus an réimse iniúchóireachtaí a dhéantar orthu."

Lean an tuarascáil uirthi ag rá go bhfuil "Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí ag an Roinn atá lánfheidhmiúil agus a bhfuil maoiniú imleor agus cumhdach leathan iniúchóireachta aige. Cuirtear an oiliúint chuí ar na baill foirne agus tá cáilíochtaí gairmiúla iniúchóireachta ábhartha ag cuid de na baill shinsearacha. Chomh maith leis sin, maidir leis an iniúchóireacht ar an TF agus ar an mbainistiú priacail, úsáideadh comhairligh sheachtracha chun an próiseas a éascú agus chun na scileanna iniúchóireachta ar TF agus ar bhainistíú priacail a thabhairt do bhaill foirne."

Clár Iniúchóireachta an AE

Coimisiún an AE

Le linn 2003 rinneadh ceithre cinn d'iniúchóireachtaí de chuid Choimisiún an AE:

- Imréiteach Cuntais Ráthaíochta CERTT - Scéim Préimheanna Caorach
- Imréiteach Cuntais Ráthaíochta CERTT - Stóráil Phoiblí Ime agus Púdar Bainne Bhearrtha
- Imréiteach Cuntais Ráthaíochta CERTT - Earnáil na mBarr Curaíochta (EBC 2003)
- Iniúchóireacht ar bhainistiú na gcóras rialachán do chláracha a chómhaoiníonn Ráthaíocht CERTT don tréimhse 2000 - 2006.

Cúirt Eorpach na nIniúchóirí

Rinne Cúirt Eorpach na nIniúchóirí dhá iniúchóireacht maidir le:

- Iniúchóireacht ar an Ráiteas Deimhnithe (DAS 2002) ina ndearnadh iniúchóireacht chomhcheangailte ar EBC/DAS 2002, a thosaigh i Samhain 2002 agus a chríochnaigh i Márta 2003;
- Iniúchóireacht ar an Ráiteas Deimhnithe (DAS 2003) a thosaigh i 2003 agus a chríochnóidh in Aibreán 2004.

agus dhá fhiosrúchán/ cheistneoir i dtaobh CERTT: Iarratas ar fhaisnéis (Réamhfhiosrúcháin) faoi

sheiceálacha monatóireachta na Roinne faoi Rialacháin na Comhairle 386/90 agus 4045/89, agus an Ceistneoir maidir le hiniúchóireacht Chúirt na nIniúchóirí ar chaiteachas CERTT - mar a bhainistigh an Coimisiún cuspóir an CBT i dtaobh "ioncaim feirmeoirí".

Bainistiú Priacail

Le linn 2003 lean an Roinn de chur i bhfeidhm an chláir bhainistíochta priacail a thosaigh ar bhonn píolótach i 2002. Is é is cuspóir leis an gclár, mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne, ná iarracht a dhéanamh ar na príomhphriacail (a bhaineann le straitéisí, oibriúcháin, airgeadas, dea-chlú) atá roimh an Roinn a mheasúnú agus í ag baint a cuspóirí amach, agus imlíne a thabhairt ar na bearta chun aghaidh a thabhairt orthu.

Cuireadh tús le tuairisciú foirmiúil faoi réimse na n-íocaíochtaí talmhaíochta don cheathrú dar críoch 30 Meitheamh 2002 agus faoin tsábháilteacht bia agus an réimse táirgeachta don cheathrú dar críoch 30 Meán Fómhair 2002. Le linn 2003, agus tar éis roinnt ceardlann a eagraíodh chun go gcuirfeadh na Rannóga aithne ar an bpóiseas bainistíochta priacail, thug an dá chuaille den Roinn a bhí fágtha a gcéad tuarascáil ar phriacail: Beartas i leith Cheathrú 2/2003 agus Forbairt Chorparáideach i leith Cheathrú 3/2003.

D'fhostaigh an Roinn comhairligh, PricewaterhouseCoopers (PwC), chun cuidiú leis an bpróiseas foriomlán a thiomáint agus i nDeireadh Fómhair 2003 chuir siad amach tuarascáil ar an athbhreithniú a rinne siad ar an dul chun cinn go dtí sin. Tá an Coiste Bainistíochta Priacail (CBP) ag déanamh monatóireachta ar chur i bhfeidhm na moltaí tar éis an athbhreithnithe sin.

Tugann an fhoireann bhainistíochta priacail, ar a bhfuil ionadaithe ó na rannóga Cigireachta Riaracháin, Tréidliachta agus Talmhaíochta, tuarascáil don CBP ar chur i bhfeidhm an Chláir sa Roinn. Is é an tArd-Rúnaí atá sa chathaoir ar an gCoiste agus tá oifigigh shinsearacha ón Roinn ann, agus cuireadh ar bun é chun an próiseas bainistíochta priacail a chomhaontú agus a fhaomhadh. Tá an fhreagracht air as maoirseoireacht a dhéanamh ar an bpróiseas bainistíochta priacail ar fud na Roinne agus, ar na cúinsí sin, athbhreithníonn sé gach ardphriacal a thuairiscíonn an Fhoireann Bhainistíochta Priacail. Comhaontaíonn sé na gníomhartha atá le déanamh i dtaobh na bpriacal a thuairiscítear.

Creatlach Bhainistíochta Faisnéise (CBF)

Nuair a cuireadh i bhfeidhm an córas cuntas FTB in Iúil 2001 (agus cuireadh feidhmeanna breise leis i 2003) bhí an Roinn ar an gcéad Roinn a roghnaigh Córas Bainistíochta Faisnéise a ghéilleann don CBF agus a shuiteáil é. Tá breis agus 1,000 ball foirne anois ar fud na Roinne a bhfuil an rochtain chuí acu ar an gcóras FTB. Is é an buntáiste is mó atá ag an gcóras ná go bhfuil faisnéis airgeadais nuashonraithe ar fáil ar bhonn 'ar-líne' do gach ball foirne ábhartha.

Chomh maith le faisnéis airgeadais a sholáthar, bunaítear gach íocaíocht a dhéanann an Roinn ar chóras cuntas an FTB. Chun na críche sin gineann an córas breis agus milliún íocaíocht in aghaidh na bliana. Tá an córas, ar féidir leis faisnéis bunaithe ar airgead tirim agus ar fhabhruithe araon a chur ar fáil, curtha i gcumraíocht go hiomlán chun an áis íocaíochtaí leictreonacha a chur ar fáil do gach cliant.

Táthar ag ullmhú clár mionchruinn oiliúna CBF ina gcuirfear oiliúint ar fáil do bhaill foirne ar na leibhéil ábhartha sna córais bhainistíochta faisnéise. Cumhdóidh an oiliúint seo Faisnéis Bhainistíochta agus Cuntasóireacht Acmhainní, Nósanna Imeachta Airgeadais an Rialtais, Iniúchóireacht Fabhruithe agus Léirmhíniú Cuntas, Úsáid na Teicneolaíochta Faisnéise i dTuairisceoireacht Bhainistíochta agus i dTáscairí Feidhmíochta.

Tionscnamh an Athbhreithnithe ar Chaiteachas (TAC)

Tá an Lárchoiste Stiúrtha Athbhreithnithe ar Chaiteachas (LCSAC) sa Roinn Airgeadais ag déanamh maoirseoireachta ar Thionscnamh an Athbhreithnithe ar Chaiteachas (TAC). Chomhaontaigh an Rialtas an plean oibre trí bliana atá ann faoi láthair chun caiteachas a athbhreithniú don tréimhse ó Bhealtaine 2002 go dtí an tAibreán 2004. Le linn 2003 cuireadh cúig cinn d'athbhreithnithe ar chaiteachas i gcrích ag céim na measúnachta faoi Nollaig 2003, cuireadh tús le ceithre athbhreithniú eile i 2003 agus críochnaíodh na hathbhreithnithe lárthéarma ar cheithre réimse eile don Roinn Airgeadais i lár 2003.

CUMAIS OIBRIÚCHÁIN

Ár gcuid acmhainní, idir dhaonna agus nádúrtha, agus ár gcumais oibriucháin a fhorbairt, agus a chinntiú go soláthrófar seirbhís den scoth dár gcuid custaiméirí i gcéin is i gcóngar.

FORBAIRT STRAITÉISEACH

Ráiteas Straitéise 2003 - 2005

D'fhoilsigh an Roinn Ráiteas Straitéise nua i 2003. Tá an Ráiteas seo ar an gceathrú Ráiteas Straitéise a d'fhoilsigh an Roinn. Cé gur fhoilsigh an Roinn an Ráiteas Straitéise deireanach 2001 - 2004, i Samhain 2001 faoin Acht Bainistíochta Seirbhíse Poiblí 1997 bhí ar gach Roinn Rialtais Ráiteas Straitéise a ullmhú agus a chur faoi bhráid a nAire *laistigh de shé mhí tar éis Aire nua den Rialtas a cheapadh a bheadh i bhfeighil ar an Roinn nó ar an Oifig Sceidealta*. Dá réir seo bhí dualgas dleathach ar an Roinn Ráiteas nua a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire faoi 6 Nollaig 2002. Chloígh an Roinn leis an spriocam seo.

Cuireann an Ráiteas Straitéise síos ar an gcomhshaol, idir inmheánach agus sheachtrach, ina bhfuil an Roinn ag feidhmiú agus aithníonn sé na dúshláin atá i ndán di. Míníonn sé ár misean go cionn trí bliana eile, aithníonn sé na cuspóirí agus na straitéisí agus cuireann sé síos ar an bpróiseas measúnachta agus monatóireachta. Ar bhonn praiticiúil cuireann sé bun faoi gach Plean Gnó Rannach de chuid na Roinne a aithníonn agus a chuireann síos ar na gníomhartha ar leith a dhéanfar chun na straitéisí atá sa cháipéis a chur i gcrích.

Forbraíodh an Ráiteas Straitéise ar anailís dhomhain a rinneadh ar obair na Roinne agus a ullmhaíodh de réir a chéile trí shraith de chomhairliúcháin leis an bhfoireann agus le Cumann tríd an gCoiste Comhpháirtíochta, trácht ó bhaill foirne aonair agus comhairliúcháin le réimse leathan de chustaiméirí na Roinne. Bhí baint ag an Aire agus ag Airí Stáit leis an bpróiseas comhairliúcháin freisin.



Gealltanais faoin Dul Chun Cinn a Choinneáil

I mí Iúil chuir an Roinn a Plean Gníomhartha isteach inar mhínigh sí conas a bhainfeadh sí amach na gealltanais in *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn*, an Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta don tréimhse 2003 - 2005. I mí Dheireadh Fómhair cuireadh an chéad Tuarascáil ar an Dul Chun Cinn faoi bhráid an Ghrúpa Státseirbhísigh um Fhíorú Dul Chun Cinn (GSFDCC). Rinnadh an-dul chun cinn sna réimsí riachtanacha agus d'fhaomh an GSFDCC leibhéal agus caighdeán na bhfeabhsuithe a baineadh amach.

ACMHAINNÍ DAONNA

Straitéis faoi Acmhainní Daonna

Foilsíodh Straitéis na Roinne faoi Acmhainní Daonna i 2002 ina raibh cuspóirí mionchruinne a bhí le baint amach i réimsí amhail oiliúint agus forbairt foirne, pleanáil d'acmhainní daonna, an tsábháilteacht agus sláinte, an eitic agus stíl na bainistíochta. Cuireadh amach plean chun é a chur i bhfeidhm le linn 2003 agus bainfear amach na cuspóirí ar bhonn céimnithe.

Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna (CBAD)

Sa bhliain 2003 rinne an Roinn an cinneadh an Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna PeopleSoft a chur in ionad an Chórais Riaracháin Foirne (CRF) a bhí ann cheana. Cuireadh an córas ríomhaireacht idirlín seo i gcumraíocht chun córas aicmeach a sholáthar do Státseirbhís na hÉireann ar fad a chomhlíonfadh gach riachtanas dá bhfuil ag teacht amach as an Tionscadal Bainistíochta Straitéisí, mar aon le forbairtí as seo amach i bpróisis na bainistíochta foirne.

I ndiaidh próisis tairisceana roghnaíodh comhpháirtí chun é a chur i bhfeidhm i gcomhar le foireann Tionscadail CBAD na Roinne. D'éirigh leo an córas a chur i bhfeidhm laistigh den am agus na hacmhainní a bhí beartaithe.

Comhpháirtíocht

Lean an Chomhpháirtíocht Lárnach dá cuid oibre ar Phlean Gníomhartha na Roinne agus ar an Tuarascáil ar an Dul Chun Cinn a lean é faoi *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn*, ar an aistriú go Má Nuad, ar thuarascálacha ó fho-ghrúpaí comhpháirtíochta agus ó mholtaí ón Rialtas i leith an dílárnaithe.

Le linn na bliana leathnaíodh struchtúr Choiste na gComhpháirtíochtaí Áitiúla toisc coistí áitiúla nua a chur ar bun d'Oifigí Áitiúla na Gaillimhe, Ros Comáin agus Luimnigh. Bhí sé seo mar bharr ar na coistí ceantracha comhpháirtíochta atá ann faoi láthair sna príomhoifigí dílárnaithe, .i. an Cabhán, Caisleán an Bharraigh, Port Laoise agus Caisleán Bhaile Sheonach.

Suirbhéanna Inmheánacha

Ar na príomhchúraim i 2003 bhí anailís ar na torthaí ón Suirbhé Foirne 2002 agus forbairt straitéisí chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a aibhsíodh ann. Rinneadh anailís ar na torthaí i dtosach 2003 agus chomhaontaigh an Coiste Bainistíochta agus an Coiste Comhpháirtíochta go raibh cúig shaincheist ann ar chóir aghaidh a thabhairt orthu, .i. cumarsáid níos fearr leis an bhfoireann, CBF níos éifeachtaí, seirbhís níos fearr don chustaiméir inmhéanach, nósanna imeachta níos follasaí agus níos cothroime maidir le hardú céime, agus scileanna bainistíochta foirne níos fearr. Tá straitéisí níos fearr ann anois chun déileáil leis an ábhar imní faoin gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta agus faoin tseirbhís don chustaiméir inmheánach. Ullmhaíodh tuarascálacha chun cúrsaí cumarsáide leis an bhfoireann agus arduithe céime inmheánacha a fheabhsú agus a chur i bhfeidhm i 2004.

An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)

Leanadh den Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a thabhairt isteach i 2003. Le linn na bliana díríodh an fócas ar dheimhin a dhéanamh de go ndearna gach ball foirne ar leibhéal an Oifigigh Foirne/ Oifigigh Maoirseoireachta Talmhaíochta agus níos airde Rólphróifíl. Mar go ndearna an lucht sinsearach bainistíochta a seacht ndícheall chomhlíon breis agus 1,800 ball foirne (92% de na hoifigigh ábhartha) a Rólphróifíl.

De bhun na mbarúlacha a nochtadh sa Suirbhé Foirne ar an gcóras seo, d'athbhreithnigh Foireann Tionscadail CBFF a n-oibriúchán. Chuir siad amach a dtuarascáil i Meitheamh agus cuireadh i bhfeidhm na trí mholadh déag chun an próiseas a chuíchóiriú agus a fheabhsú.

Ghlac an Roinn páirt freisin i measúnú seachtrach ar fud na Stáitseirbhíse ar an CBFF.

Faoi dheireadh na bliana bhí Foireann Tionscadail CBFF tar éis an tiargáil ar ghné an Aiseolais Aníos den CBFF a chur i gcrích, féachaint len é a thabhairt isteach ar Rólphróifíl chríochnaithe i 2004.

Oiliúint agus Forbairt

Sa bhliain 2003 díríodh an oiliúint den chuid is mó de ar na réimsí Forbairt agus Bainistiú Feidhmíochta (CBFF) agus Teicneolaíocht na Faisnéise. Faoi dheireadh na bliana chríochnaigh 4,400 ball foirne a n-oiliúint CBFF. Cuirfear an oiliúint ar an gcuid eile den fhoireann faoi lár 2004.

Faoi chlár Cheadúnas Tiomána Ríomhaireachta na hEorpa (CTRE) d'éirigh le 1,672 ball foirne i 4,500 scrúdú. Cuireadh oiliúint ar inniúlachtaí eile ar fáil freisin, lena n-áirítear Táirgí Microsoft Office, Scríbhneoireacht Éifeachtach, Reachtaíocht, Uachtaránacht an AE, an Chomhpháirtíocht, Pleanáil don Dul ar Pinsean, cúrsaí Eolaíochta agus Saineolais.

Bhí 6,700 duine ag glacadh páirte i gcúrsaí foirmiúla a chosain €1.942 milliún. Is é 14,500 líon iomlán na laethanta oiliúna don bhliain.

Tionscadal Cionroinnte Acmhainní agus Pleanála Gnó

Sa bhliain 2003 roghnaíodh an Roinn le bheith ar cheann de thrí Roinn a mbeadh baint acu le tionscadal píolótach a ceapadh chun na nascanna idir acmhainní agus aschur a éascú nó a fheabhsú. An Tionscadal Cionroinnte Acmhainní agus Pleanála Gnó is ea é seo (TCAPG). Tá an tionscadal sna céimeanna tosaigh ach bhí sé áisiúil nuair a bhíothas ag iarraidh faisnéis airgeadais agus eile a nascadh ar shlí a fheabhsódh an fhreagracht. Ba é ba chuspóir leis ná tuarascáil a chur amach faoi lár 2004 a léireodh agus a thomhasfadh aschur agus torthaí na Rann i gcomórtas leis na hacmhainní a úsáideadh.

Comhionannas Inscne

Ionas go méadófar ar rannpháirtíocht na mban sna grádanna bainistíochta, socraíodh spriocanna ó thaobh an chomhionannais inscne de inár Ráiteas Straitéise, agus inár Straitéis faoi Acmhainní Daonna chomh maith, agus tá an-dul chun cinn déanta maidir leo seo.

Córas Ama agus Tinrimh

Chuir an Roinn córas ama agus tinrimh i bhfeidhm agus soláthraíonn sé uirlisí tuarascála i bhfíor-am don lucht bainistíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar phatrúin i dtinreamh na foirne. Lena leithéid sin de réimse patrún sa Roinn bhí réiteach ag teastáil a bheadh furasta le húsáid agus a thabharfadh tuarascálacha soiléire a bheadh furasta a mhionathrú chun dul i ngleic le riachtanais chlaochlaitheacha na Roinne. Le cur i bhfeidhm an chórais Ama agus Tinrimh déantar deimhin de go gcabhraítear leis an Roinn cloí leis an Treoir um Am Oibre. Tá an córas seo solúbtha go leor ionas gur féidir leis an Roinn déileáil le haon athruithe sa reachtaíocht ar bhonn éasca laistigh di féin.

ÁITREABH

Plean Áitribh 2001 - 2004

Sa Ráiteas Cáinaisnéise ar 3 Nollaig 2003, d'fhógair an tAire Airgeadais go n-aistreofaí ceannfort na Roinne ó Theach na Talmhaíochta i mBaile Átha Cliath go Port Laoise. D'iarr an Roinn ar Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) foirgneamh amháin a sholáthar don cheannfort i bPort Laoise le slí do 650 duine. Bhí an t-iarratas seo le feiceáil in "Clár Dílárnaithe: Iarratas ar Mholtaí" a d'fhógair an OOP ar 22 Nollaig 2003. Cuireadh Grúpa um Chur i bhFeidhm an Dílárnaithe ar bun laistigh den Roinn.

Áitreabh d'Oifigí

Cuireadh an Dara Céim den áitreabh eatramhach oifige i Má Nuad i bhfeidhm - le 100 ball foirne - rud a chiallaíonn go raibh thart ar 200 ball foirne ann faoi dheireadh na bliana.

Leanadh den chaibidlíocht le linn na bliana leis an OOP faoi áitreabh nua d'oifigí contae a chur ar fáil i nGaillimh, Ros Comáin, Liatroim agus Luimneach. Faoi dheireadh na bliana bhí an obair ar an Oifig i nGaillimh beagnach críochnaithe, bhí an bhunchloch curtha i Ros Comáin agus bhí lóistín cuí sealadach faighte do chuid den fhoireann ann.

Críochnaíodh an athmhaisiú ar an oifig i bPort Láirge agus bhí áitreabh nua nach mór críochnaithe i nDún na nGall.

Lonnaigh an Oifig Achomhairc Talmhaíochta in áitreabh nua le linn na bliana i gCill Minse, Port Laoise.

An tOllionad Nua Saotharlainne i mBacastún agus Feirm an Bhaile Fhada, Co. Chill Dara

Rinneadh dul chun cinn sásúil ar an bhfoirgneamh don tSaotharlann Lárnach Taighde Tréidliachta, an tSaotharlann Cheantrach Tréidliachta, an tSaotharlann Lárnach Rialaithe Feola, an tSaotharlann Lárnach Rialaithe Lotnaidicídí, an Stáisiún Náisiunta Tástála Síolta agus an tSaotharlann Eolaíochta Déiríochta. Rinneadh a thuilleadh forbartha ar an miontagasc d'Fheirm an Bhaile Fhada (a ghlacfaidh áit Fheirm Bhaile an Aba) le linn na bliana.

Ollionad Nua na Saotharlainne i mBacastún

Tithíocht ar Phraghas Réasúnta

San fhógra i Nollaig 2003 ar thithíocht ar phraghas réasúnta cuireadh san áireamh tailte na Roinne ag Ardán Fhearchair, Baile Átha Cliath (ionad na Saotharlainne Eolaíochta Déiríochta), ar Bhóthar na Modh-Fheirme, Corcaigh (ionad na Saotharlainne Brusalóise, na Saotharlainne Ceantraí Tréidliachta agus Saotharlann Déiríochta Chorcaí) agus san Ollscoil Talmhaíochta i nDarrara, Cloich na Coillte, Corcaigh.

Éifeachtacht Fuinnimh

Suiteáladh Córais Bhainistiochta Tógála in Oifigí na Roinne i mBaile an Aba, i dTeach na Talmhaíochta, i mBéal an Átha, sa Chabhán, sa Longfort, ar an Uaimh, i bPort Laoise, Sligeach agus i dTrá Lí. Suiteáiltear Córais Bhainistiochta Tógála chun áis a bhaint as leictreachas neamhbhuaice nó ag ráta íseal aon uair agus is féidir. Shuiteáil an OOP fearas monatóireachta le bliain anuas i roinnt de na hOifigí úd, féachaint le Córais Bhainistiochta Tógála a shuiteáil sna hOifigí leis an méid is mó úsáide fuinnimh.

FORBAIRTÍ EILE EAGRAIS

Bainistiú Tionscadail ISO

Le bunú na Rannóige Bainistíochta Tionscadail ISO thaispeáin an Roinn a thiomanta is atá sí táirge den scoth a chur ar fáil agus cur le sásamh an chustaiméara. Tá an Fhoireann Tionscadail ag leanúint de bheith ag obair i gcomhar le Rannóga eile de réir mar is féidir agus is cuí, chun a gcaighdeáin agus a nósanna imeachta in oibriú scéimeanna agus seirbhísí a fhorbairt ionas go mbainfidh siad amach an creidiúnú do ISO 9001:2000. Cónaidhm dhomhanda d'eagrais caighdeán náisiúnta é an ISO (Eagras Idirnáisiúnta don Chaighdeánú). Má bhaintear amach creidiúnú do ISO 9001:2000, is ionann é sin agus fíorú neamhspleách de chaighdeán ár seirbhíse. Sa bhliain 2003 bronnadh Deimhniúchán Cláraithe do Chaighdeán an ISO 9001:2000 ar an Rannóg Cógas Tréidliachta agus ar an Rannóg Aisíocaíochtaí Onnmhairíochta Mairteola. Tá an Rannóg Tógála Beostoic ag lorg creidiúnaithe faoi láthair agus tá sé i gceist an córas creidiúnaithe a leathnú go dtí rannóga eile.

Sláinte agus Sábháilteacht

D'fhreastail fiche Oifigeach Ardfheidhmeannach den Roinn ar chúrsaí dhá lá maidir le hoiliúint sláinte agus sábháilteachta a bhí ag plé le bainistiú sláinte agus aithint priacail.

D'éirigh le trí bhall déag cúrsa trí lá ar gharchabhair san áit oibre a chríochnú agus d'fhreastail 56 ball eile ar athchúrsa aonlae ar an ngarchabhair.

D'fhreastail 30 ball foirne a roghnaigh a bheith ina n-ionadaithe sábháilteachta cúrsa oiliúna dhá lá d'ionadaithe sábháilteachta.

Cuireadh oiliúint i gcás dóiteáin ar 204 ball foirne agus oileadh triúr ball foirne i gcúrsaí ionramhála láimhe.

Reachtaíodh riail nua a thugann ar gach n-aon a théann isteach i láithreán tógála "Pas Sábháilteachta" a bheith acu. Chríochnaigh 63 ball foirne talmhaíochta allamuigh den Roinn cúrsa aonlae ar an bpas sábháilteachta agus eisíodh pas sábháilteachta dóibh dá bhun seo.

Ciste Athraithe Lucht Bhainistíochta

Ba é seo an cúigiú bliain den Chiste agus de thionscnaimh chómhaoinithe an Ionaid Forbartha Bainistíochta agus Eagrais (IFBE) atá bunaithe orthu seo a leanas:

- Díriú ar cheann amháin nó níos mó de na príomhthionscadail sa chlár d'athruithe TBS/ Soláthar Rialtais Níos Fearr, le tús áite á thabhairt do chur i bhfeidhm an CBEF atá ar siúl faoi láthair, agus an tionscadal chun Creatlach Bhainistíochta Faisnéise (CBF) a fhorbairt,
- Tacaíocht a fháil ó chás gnó don tionscadal atá sainithe go soiléir,
- Líon beag de phostanna díomuana a chumhdach, a dtugtaí a maoiniú ar bhonn scála shleamhain laghdaithigh, agus
- Comhordaitheoir lárnach amháin sa Roinn chun dul in idirchaidreamh le Meitheal an ASB.

Fuair an Roinn €328,800 as an gCiste le cur chun chostas na gcúrsaí Athruithe Scileanna Bainistíochta (ASB), lena n-áirítear Bainistiú Feidhmíochta.

CÚRSAÍ CUMARSÁIDE

Tionscadail Chumarsáide

Forbraíodh roinnt feidhmeanna sa Roinn chun áis a bhaint as **eZone**, ár dtairseach inlín, agus as teicneolaíochtaí eile amhail an tSeirbhís Ghearrtheachtaireachtaí (SGT). Tugann an t-inlíon an deis don Roinn faisnéis a scaipeadh orthu sin go léir a bhfuil baint acu le Líonra Mórcheantair na Roinne. Tá a n-ionad féin san *eZone* ag an gcuid is mó de na Rannóga sa Roinn. Tugann sé seo rochtain don bhreis agus 4,000 ball foirne ar an forbairtí is nuaí. Cuireann an Rannóg Cúrsaí Corparáideacha nuashonraí ar fáil don fhoireann ar an *eZone* gach seachtain. Tá an dáileachán faisnéise ar fud na Roinne níos fearr anois dá mbarr seo.

Cé is moíte den fhaisnéis atá ar fáil don fhoireann ar an *eZone*, tá rochtain ag foireann allamuigh na Roinne - nach mbíonn ag obair in oifigí - ar fhaisnéis thábhachtach, amhail eolas ar rianú ainmhithe aonair, tríd an SGT.

Leanadh den Fhíschomhdháil a thabhairt isteach in oifigí iargúlta (Má Nuad agus an Cabhán) i 2003.

Tugadh gléasanna láimhe do roinnt ardoifigeach chun deis a thabhairt dóibh úsáid a bhaint as córais na Roinne mura bhfuil siad féin san oifig. Tugadh ríomhaire glúine neartaithe do roinnt Cigirí chun an deis a thabhairt dóibh dul i gcomhéadan leis na sonraí SMGE atá ar mhór-ríomhairí na Roinne. Is féidir leis na Cigirí seo an-chuid ceisteanna a eascraíonn as an gcigireacht ar an mbeostoc a fhuascailt ar an bhfeirm féin.

Sa bhliain 2003 leanadh de thionscnamh piolótach chun **Bothanna seirbhíse poiblí a chur isteach i roinnt ionad de chuid na Roinne le húsáid ag custaiméirí**. Úsáidtear an teicneolaíocht tadhaill scáileáin sna Bothanna a thugann rochtain ar shuíomh idirlín na Roinne, suíomhanna idirlín Gníomhaireachtaí Rialtais eile, chomh maith le suíomhanna idirlín na nInstitiúidí AE. Faoi lathair tá Bothanna i gcúig cinn d'ionaid na Roinne, mar atá Teach na Talmhaíochta - Baile Átha Cliath, Oifig Áitiúil Chloich na Coillte - Co. Chorcaí, Oifig Áitiúil na hInse - Co. an Chláir, Oifig Áitiúil Ráth Bhoth - Co. Dhún na nGall agus an tAonad Préimheanna Speisialta Mairteola i bPort Laoise.

Tionscadail ríomhRialtais

Tá an Roinn ag leanúint de bheith ag obair go dlúth le Coimisiún Shochaí an Eolais agus le gníomhaireachtaí trasrannacha eile amhail REACH, chomh maith lena bheith ag glacadh páirte i dtionscnaimh BASIS agus OASIS araon.

Rinneadh dul chun cinn i roinnt tionscadal ríomhRialtais agus cuireadh cuid acu i bhfeidhm go hiomlán le linn 2003.

Anuas air sin nascadh an Roinn de VPN an Rialtais le linn 2003 agus leathnófar an nasc seo i gcomhair úsáid iomlán an Idirlín i 2004.

I measc na bhforbairtí i gcúrsaí ríomhRialtais i 2003 bhí:

- **Clárú agus Fíorú**

Chuir an Roinn córas cláraithe agus fíoraithe i bhfeidhm dá cuid custaiméirí le linn 2003 chun rochtain ar a cuid ríomhsheirbhísí a chur ar fáil. Seoladh an córas ag an gCraobh Treafa Náisiúnta mar aon le leagan idirlín de iMap (sonraí thíos). Thug forbairt agus cur i bhfeidhm an chórais deis don Roinn rochtain ar a ríomhsheirbhísí a chur ar fáil sula bhforbródh an ghníomhaireacht REACH bróicéir do sheirbhísí poiblí.

- **Athfhorbairt Shuíomh Gréasáin na Roinne**

Athfhorbraíodh agus seoladh suíomh gréasáin na Roinne i 2003. Ar an suíomh nua tá dearadh níos fearr graificí, nascleanúint níos fusa, seirbhís clárúcháin a thugann an deis d'úsáideoirí r-phost agus/ nó nuashonraí i bhfoirm SGT a fháil maidir le hábhair a bhfuil suim acu iontu, chomh maith le rochtain níos fearr d'úsáideoirí faoi mhíchumas. Tá áis ann freisin d'úsáideoirí clárú le haghaidh nuashonraí ón Roinn i dtaobh gnéithe éagsúla d'obair na Roinne. Is i bhfoirm XML atá an fhaisnéis ar fad ar an suíomh athfhorbartha, rud a éascaíonn do ghníomhaireachtaí trasrannacha eile, amhail REACH, í a aistriú agus a athúsáid.

Tá an-chuid d'fhoirmeacha iarratais na Roinn ar fáil ar-líne ar an suíomh athfhorbartha chun iad a chlóbhualadh. Tá áiseanna níos fearr cuardaigh ann ionas go bhfaighidh úsáideoirí an tsuímh ghréasáin faisnéis ar bhealach níos tapúla níos éifeachtaí. Tá nasc ag an suíomh le suíomh na Seirbhísí Rialaithe Lotnaidicídí (www.pcs.agriculture.gov.ie) ar a bhfuil faisnéis fhorleathan nuashonraithe ar lotnaidicídí lena n-áirítear cuardach an bhunachair sonraí a thugann liosta de na lotnaicídí le húsáid ar bharra ar leith.

Leathanach baile athfhorbartha an tsuímh www.agriculture.gov.ie

- **Seirbhís Ghearrtheachtaireachtaí (SGT)**

Tá an Roinn ag baint úsáide as an tSeirbhís Ghearrtheachtaireachtaí (SGT), lena ndeirtear teachtaireachtaí téacs freisin, agus atá ar fáil do ghutháin GSM chun a thuilleadh feabhsaithe a dhéanamh ar an gcumarsáid lena custaiméirí.

Tá Cigirí na Roinne ag úsáid SGT chun cuidiú leis an gcigireacht ar an mbeostoc. Is féidir le cigirí ceisteanna a chur faoin mbólacht atá i gceist agus faoi chúlra gluaiseachtaí na n-ainmhithe chun próiseas na cigireachta a dhéanamh níos tapúla.

Tá an Roinn ag forbairt áise a thabharfaidh an deis do chliaint sheachtracha eolas ar lotnaidicídí a churdach trí mheán an SGT. Amach anseo táimid ag suil go mbeidh cliaint in ann teachtaireacht téacs a chur agus, de thoradh air seo, gheobhaidh guthán póca an chliaint SGT ar ais maidir leis na substaintí gníomhacha i dtáirge lotnaidicíde, mar shampla.

- **Fiosrúchán Bólachta Comhtheagmhálaí**

Forbraíodh leagan níos fearr den Fhiosrúchán Bólachta Comhtheagmhálaí ar ár n-inlíon a thugann an deis cuardach níos mionchruinne a dhéanamh sa bhunachar sonraí ar chúrsaí comhtheagmhálacha. Taispeánann an áis seo cé hiad na feirmeacha atá comhtheagmhálach le huimhir bólachta ar leith agus úsáidtear í chun críche díothaithe galar.

- **Ríomhphróifílí**

Suiteáladh córas chun deis a thabhairt d'úinéirí bólachtaí iarratas a chur i bhfoirm ríomhphoist ar phróifíl a mbólachta (uimhreacha na gclibeanna cluaise ar gach ainmhí ina seilbh) agus é seo a thabhairt ar ais dóibh i bhformáid leictreonach i ríomhphost. De bharr na formáide seo, is éasca an rud é an fhaisnéis a thabhairt isteach i mbogearraí bainistíochta feirme.

- **WAP**

Forbraíodh feidhm chun an deis a thabhairt do Chigirí Beostoic torthaí na gcigireachtaí ar an bPréimh Chaorach 2004 a thaifeadadh trína ngutháin phóca ag úsáid theicneolaíocht an WAP.

Baineann sé seo an dualgas de na cigirí aistir fhada a dhéanamh go dtí a nOifig Ceantrach Beostoic chun na torthaí a thaifeadadh ar an Mór-Ríomhaire agus tá an bainistiú faisnéise níos fearr agus níos tapúla dá bharr.

FEIDHMEANNA INMHEÁNACHA BUNAITHE AR AN nGRÉASÁN

Córas Bainistíochta Priacail

Le linn 2003 leathnaíodh an Fheidhm Bhainistíochta Priacail atá bunaithe ar an inlíon go dtí gach Rannóg/ Grúpa sa roinn.

Córas Cigireachta Leasa Ainmhithe (CCLA)

Cuireadh an fheidhm seo, atá bunaithe ar an ngréasán, i bhfeidhm i 2002 agus tugann sí an deis do Chigirí Tréidliachta sonraí a thaifeadadh ó chigireachtaí ar fheirm agus i dtaobh leasa ainmhithe atá á n-iompar, lena n-áirítear nósanna imeachta leanúna agus dlí. Tuairiscítear na méideanna iomlána gach bliain don AE. Leathnófar an córas chun monatóireacht a dhéanamh ar Chigireachtaí Iompair Idirnáisiúnta le linn 2004.

Rangú Conablach Mairteola/ Praghsanna Mairteola

Faigheann an fheidhm seo atá bunaithe ar an ngréasán sonraí ar chonablaigh gach lá tríd an ríomhphost ó 32 ceann de mhonarchana feola. Dá bharr seo tá coigealtas mór déanta i dtaobh na sonraí a fhaightear. Dearbhálann Oifigigh Rangaithe céatadán de na conablaigh ar-líne. Tugann an córas tuarascáil ar phraghsanna san AE agus réimse de thuarascálacha eile a bhaineann le cúrsaí rangaithe.

Forbairt Córais Bhig

Forbraíodh cúig cinn de chórais nua bunaithe ar an Ríomhaire Pearsanta agus cuireadh i bhfeidhm iad. Iarradh go ndéanfaí nuachóiriú ar sheacht gcóras a bhí ann cheana agus rinneadh é.

INNIÚLACHT TF A FHORBAIRT

Leanadh de Straitéis TF na Roinne a chur i bhfeidhm i 2003 le críochnú agus feabhsú cuid de na tionscnaimh mhóra maidir le bonneagar an TF. I dtreo dheireadh 2003 cuireadh tús le tionscnamh chun straitéis nua TF a fhorbairt, ag tógáil ar na torthaí atá ar an straitéis reatha. Tá sonraí thíos ar chuid de na príomhthionscadail i dteicneolaíocht na faisnéise a forbraíodh le linn 2003.

Córas Corparáideach Custaiméara

Tugann Córas Corparáideach Custaiméara na Roinne (CCC) dearcadh cuimsitheach amháin ar chustaiméirí na Roinne agus dá bharr tá sé níos saoráidí eolas cruinn ar chustaiméirí a choinneáil. Taifeadtar gach ról agus nasc gnó atá ag an gcustaiméir leis an Roinn ar bhonn lárnach agus cuirtear i dtaifead aonair don chustaiméir iad. Taifeadtar gach custaiméir ar an gCóras, is cuma má tá déileáil airgid acu leis an Roinn nó nach bhfuil. Baineann an Roinn cúpla buntáiste as an CCC trí

fhéiniúlacht an chustaiméara a shoiléiriú agus gach ról gnó de chuid an chustaiméara (m.sh. úinéir bólachta, soláthróir ginearálta srl) agus a shainaithinteoirí gnó (m.sh. uimhreacha bólachta, uimhreacha SCCT srl) a chur faoi shainaithinteoir amháin do gach custaiméir.

Úsáidfidh an Roinn an Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PSP), a dtugtaí Uimhir RSI uirthi, mar shainaithinteoir uathúil do chustaiméirí aonair. Tá sé seo ag teacht le tionscadal REACH an Rialtais agus leis an gcur chuige coitianta atá á leanúint ag Ranna eile. Is í an Uimhir CBL agus/ nó uimhir Chláraithe Oifig na Cuideachta an sainaithinteoir uathúil a úsáidfear do chuideachtaí/ thrádálaithe/ ghnólachtaí.

Forbraíodh an córas diaidh ar ndiaidh agus cuireadh Céim 3 den CCC i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 2003 agus tabharfar isteach ar fud na tíre é i 2004. Tugann sé seo an deis do bhaill foirne údarásaithe in áit ar bith sa Roinn sonraí aitheantais a nuashonrú ar an mbunachar sonraí dá gcuid custaiméirí. Cuireadh i bhfeidhm áiseanna dearbhála agus údarásaithe sa chéim seo freisin chun ardleibhéal rialaithe a sholáthar maidir leis an tslí ina gcothaítear an fhaisnéis seo agus ina dtéann sí i gcomhéadan leis an gCóras nua Ríomhaireachta do Shláinte Ainmhithe (CRSA) a cuireadh i bhfeidhm i 2003.

Scéimeanna

Córas Inmheánach Léarscáilíochta agus Íocaíochta (iMAP)

Baineadh úsáid as an teicneolaíocht atá taobh thiar de iMap chun áis fiosrúcháin i dtaobh iarratas ar Chúnamh Ceantair a sholáthar ar an Idirlíon d'fheirmeoirí atá cláraithe do ríomhsheirbhísí. Cuireadh na háiseanna Cláraithe agus Fiosrúcháin ar fáil den chéad uair ag an gCraobh Treafa Náisiúnta i Meán Fómhair 2003.

Athbhreithniú Lárthéarma

Cuireadh tús le tionscnamh chun iMap a leathnú ionas go bhféadfar teidlíochtaí príomhúla feirmeoirí a ríomhadh agus a eisiúint faoi 30 Meitheamh 2004, an dáta eisiúna atá beartaithe faoi láthair.

An Scéim Chosanta Comhshaoil Tuaithe (SCTT)

Cuireadh i bhfeidhm trí chéim eile den chóras SCTT i rith na bliana lena n-áirítear nuachóirithe agus feabhsuithe.

Cuireadh Scéimeanna Sláinteachais Déiríochta agus Cúnaimh Suiteála i bhfeidhm. Rinneadh an-dul chun cinn sa bhforbairt ar na trí Chóras Infheistíochta Ar-Feirme maidir leis na gealltanais a tugadh in *'Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn'*.

Córas Léarscáilíochta agus Íocaíochta Idirlín

Córas Idirghabhála/ Cúnamh don Stóráil Phríobháideach

Baineann an Córas seo úsáid as infheistíocht reatha na Roinne in FTB, ag baint áise as na modúil Ceannaigh, Fardail, Bainistíochta agus Díolacháin chun na próisis a dhéanadh duine roimhe seo, agus a bhaineann le hoibriú Scéimeanna Tacaíochta AE don Mhargadh, mar atá Idirghabháil agus Cúnamh don Stóráil Phríobháideach, a chur ar ríomhaire.

Ar bhuntáistí an Tionscnaimh tá rialacháin níos déine airgeadais agus oibriúcháin agus é níos éasca le hiniúchadh, imeascadh níos dlúithe le córas airgeadais FTB na Roinne agus faisnéis níos fearr bainistíochta.

Tionscnamh Aisíocaíochtaí Onnmhairíochta CAR Leictreonach (rCAR)

Chuaigh an Roinn i mbun tionscadail i gcomhar le Seirbhís Custaiméara na gCoimisinéirí Ioncaim agus an tSeirbhís Ioncaim ar-line (SIL) i lár 2003 chun córas leictreonach a fhorbairt a d'fhreastalódh ar dhearbhuithe onnmhairíochta CBT a thabhairt isteach. Thacaigh Coimisiún Shochaí an Eolais leis an Tionscnamh. Cuíchóireoidh an córas atá molta an nós imeachta atá ann faoi láthair i dtaobh na Cáipéise Aonair Riaracháin (CAR) atá i bhfoirm pháipéir faoi láthair, agus rachaidh sé seo chun leasa an trádálaí onnmhairithe agus an dá ghníomhaireacht ábhartha rialtais araon. Faoin gcóras atá molta bheadh áis ag an trádálaí na dearbhuithe riachtanacha Custaim a chomhlíonadh agus a sheoladh go leictreonach. Phróiseálfaí na dearbhuithe seo go leictreonach ansin agus gheobhadh an trádálaí na freagraí atá uaidh go leictreonach. Tar éis dó na nósmhaireachtaí Custaim a chomhlíonadh, de réir rialacha an AE, d'fhiorófaí an t-eolas go leictreonach agus sheolfaí go dtí an Roinn Talmhaíochta agus Bia é ionas go bpróiseálfaí an íocaíocht as an Athchistiú cuí Onnmhairíochta.

An Scéim Luathscoir (SLS)

Mheall an scéim 543 iarrthóir nua le linn 2003 agus tosaíodh ar íocaíochtaí i 743 cás an bhliain seo. Ar an bpríomhfhorbairt le linn na bliana bhí an anailís ar shonraí iarratais agus íocaíochta chun críche athbhreithnithe lárthéarma ar an scéim.

Córas Ríomhaireachta do Shláinte Ainmhithe

Is i mí na Samhna 2003 a tugadh isteach, ar bhonn píolótach, an Córas Ríomhaireachta do Shláinte Ainmhithe (CRSA) in Oifig Ceantrach Tréidliachta Phort Laoise (OCT). Tá sé i gceist go dtabharfaí isteach CRSA i ngach OCT le linn 2004. Is é is cuspóir leis an CRSA ná córas agus bunachar sonraí lárnach amháin a dhéanamh de na córais aonair atá ann cheana féin i ngach OCT, ionas go bhfeabhsófar go mór an feidhmeannas atá ar fáil d'úsáideoirí agus go ndéanfar deimhin de go bhfuil an córas in ann dul i gcomhéadan díreach le mórchórais ríomhaireachta eile na Roinne. Beidh Gnáththréidlianna Príobháideacha (GTP) ábalta ar úsáid dhíreach a bhaint as an gcóras CRSA ar an Idirlíon freisin. Tá an córas comhtháthaithe go hiomlán leis an gCóras Corparáideach Custaiméara (CCC) agus as seo amach tiocfaidh méadú ar an líon sonraí ar ainmhithe a roinnfidh sé leis an gcóras CMGE atá ann cheana, agus an gcóras CGA a bheidh ann.

Tionscnamh an Chórais Ghluaiseachta Ainmhithe (CGA)

Is é is cuspóir leis an Tionscnamh CGA ná an fheidhm atá ann faoi láthair, agus a sholáthraítear trí chórais amhail Clárú agus Clibeáil Ba (CCB), Monatóireacht ar Ghluaiseacht Eallaigh (MGE), Iarratas ar Chlibeanna do Chaoirigh (ICC) agus an Córas Náisiúnta Aitheanta agus Rianaithe Muc (CNARM), a chomhtháthú, a neartú agus, sa deireadh thiar thall, a hionad a ghabháil. Dá bharr seo cuirfear córas cineálach ar fáil a bheidh in ann breitheanna agus gluaiseachtaí speiceas éagsúil ainmhithe a thaifeadadh.

Comhtháthófar an Córas CGA leis na córais chorparáideacha nua atá forbartha chun sonraí ar Chustaiméirí (CCC) agus ar Shláinte Ainmhithe (CRSA) a thaifeadadh agus a chothú de réir Straitéis TF na Roinne agus fhís an ríomhRialtais.

Tá an CGA á fhorbairt ar bhonn modúlach. Is é an chéad mhodúl a roghnaíodh le cur i gcrích ná próiseáil clibeanna aitheanta do chaoirigh agus do bha agus tá feidhm ann a fhreastalaíonn ar mhórán Díoltóirí Clibeanna. Cuireadh an chéad chuid den mhodúl seo, cnuaschóras do chlibeanna ba i bhfeidhm i mí na Samhna 2003.

Córas Faisnéisithe Allmhairíochta

Córas nuálach is ea an Córas Faisnéisithe Allmhairíochta ata á fhorbairt le maoiniú ó Choimisiún Shochaí an Eolais chun fáil réidh leis an bpróiseas láimhe atá ann ina dtugann lucht allmhairíochta ainmhithe agus táirgí de bhunús ainmhíoch foirmeacha isteach de láimh, ag cur na Roinne ar an eolas go bhfuil fúthu táirgí de bhunús ainmhíoch a allmhairiú.

Is é an príomhchuspóir ag an gCóras Faisnéisithe Allmhairíochta (CFA) ná an próiseas atá ann cheana a chuíchóiriú trí fheidhm a chur ar fáil trí Bhróicéir Seirbhíse Poiblí REACH agus, dá bharr seo, beidh an tAllmhaireoir in ann sonraí an allmhairithe i gceist a chlárú. Cuirfear é seo faoi bhráid na Roinne go leictreonach mar a dtaifeadfar an t-eolas ar bhunachar lárnach sonraí. Sna cásanna a meastar tréidlia a bheith ag teastáil, aithneoidh an córas na cásanna sin trí úsáid a bhaint as critéir chigireachta réamhshainithe agus cuirfidh sé fios ar an bhfoireann chuí Tréidliachta. Is tríd an ríomhphost agus teachtaireachtaí téacs go guthán póca a sheolfar an fógra seo. Anuas air sin coinneoidh an córas súil ar chigireacht na lastas. Is dóichí go leathnófar an córas chun déileáil le hallmhairiú beathaithe d'ainmhithe agus le haistriú sonraí XML i gcás Allmhaireoirí méideanna móra.

Córas an Chláir Náisiúnta Géinitíop (CNG)

Sa bhliain 2003 rinneadh dul chun cinn mór i bhforbairt an chórais CNG a thacaíonn leis an gClár Náisiúnta Géinitíop a bhfuil an sainchuspóir aige cosc a chur ar leathadh na Scráibí TSE i gcaoirigh an náisiúin trí thástáil géinitíop, dheimhniú agus athrú úinéireachta na gcaorach seo a thaifeadadh ar bhonn lárnach. Taifeadann sé eachtraí saoil eile freisin, amhail allmhairiú/ onnmhairiú caorach agus básanna. Bhí sé beartaithe an clár a thabhairt isteach i 2004.

Córas Monatóireachta Gluaiseachta Eallaigh (CMGE)

Leanadh de na córais CCB agus CMGE i 2003. Cuireadh feidhmeanna nua do na córais seo i ngníomh i 2003, amhail feidhm ar-líne na bPróifílí Bólachta, laistigh den am a bhí beartaithe agus ina measc seo bhí forbairt comhéadain don iliomad córas nua atá ag teacht, amhail CRSA agus CGA.

SEIRBHÍS DEN SCOTH A SHOLÁTHAR DO CHUSTAIMÉIRÍ

Plean Gníomhartha don tSeirbhís do Chustaiméirí 2001 - 2004

Taispeántar go soiléir i bPlean Gníomhartha na Roinne don tSeirbhís do Chustaiméirí 2001 - 2004 an tslí ina bhfuil an Roinn ag cur na bPrionsabal Athcheartaithe de Sheirbhís den Scoth do Chustaiméirí, a ghlac an Rialtas in Iúil 2000, i bhfeidhm ar bhonn éifeachtach agus í ag déileáil le custaiméirí.

Cumhdaíonn an Plean trí cinn nua de Phrionsabail na Seirbhíse den Scoth do Chustaiméirí - an Comhionannas agus an Éagsúlacht, an Comhionannas Teangacha Oifigiúla agus an Custaiméir Inmheánach. Tógann sé seo ar an dul chun cinn atá déanta cheana féin faoin bPlean roimhe seo agus, an rud is tábhachtaí, ceanglaíonn sé an Roinn d'fheabhais ainmnithe eile a chur i bhfeidhm. Leagtar béim ar leith sa Phlean ar an gcomhairliúchán le custaiméirí.

Prótacal um Íocaíochtaí Díreacha le Feirmeoirí

Comhaontaíodh an "Prótacal um Íocaíochtaí Díreacha le Feirmeoirí" leis na hEagrais Feirmeoireachta in Iúil 2000 faoi *An Clár um Rathúnas agus Cothroime*. Leagadh amach spriocanna ar leith a bhí le baint amach d'íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí. Bunaíodh Coiste Athbhreithnithe agus Monatóireachta Prótacail chomh maith faoin gcomhaontú chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn. Tá ionadaithe ó Eagrais Feirme is Comhpháirtí Comhdhaonnach agus ón Roinn ar an gCoiste, agus thagadh sé le chéile gach ráithe le linn 2003 faoi chathaoirleach neamhspleách. Tá an coiste d'aon ghuth nach mór faoi chúrsaí seachadta seirbhíse agus, go dtí seo, tá an chuid is mó de na spriocanna sa Phrótacal bainte amach ag an Roinn. (In Aguisín 2 tá sceideal a thaispeánann an dul chun cinn a rinne an Roinn ag baint amach na spriocanna sin don bhliain 2003).

An Oifig Achomhairc Talmhaíochta

Gníomhaireacht neamhspleách is ea an Oifig Achomhairc Talmhaíochta a chuireann ar fáil seirbhís achomhairc d'fheirmeoirí a d'fhéadfadh a bheith míshásta le cinneadh a rinne an Roinn Talmhaíochta agus Bia maidir lena dteidlíochtaí faoi scéimeanna sainithe a bhfuil an Roinn i bhfeighil orthu.

Is é cuspóir na hOifige ná seirbhís achomhairc atá neamhspleách inrochtana chothrom phrapúil a sholáthar d'iarratasóirí ar scéimeanna de chuid na Roinne Talmhaíochta agus Bia agus an tseirbhís sin a chur ar fáil ar mhodh miochair feidhmiúil.

Cuireadh an Oifig ar bun i mBealtaine 2002 de bharr gealltanais a tugadh sa Chlár um Rathúnas agus Cothroime agus sa Phrótacal um Íocaíochtaí Díreacha le Feirmeoirí. Ritheadh an reachtaíocht chun é seo a chur i bhfeidhm, an tAcht Achomhairc Talmhaíochta, in Iúil 2001.

Sainítear san Acht seo, agus sna Rialacháin Achomhairc Talmhaíochta 2002, na feidhmeanna atá ag Stiúrthóir na nAchomharc Talmhaíochta agus ag na hOifigigh Achomhairc, na cineálacha cinnidh is féidir a achomharc agus na nósanna imeachta atá le leanúint maidir le hachomhairc. Ceann de na príomhghnéithe den Oifig is ea an ceart atá ag an achomharcóir ar éisteacht bhéil a bheith aige ina dtugann Oifigeach Achomhairc an t-achomharcóir agus oifigigh na Roinne le chéile chun dhá thaobh an cháis a chloisteáil agus ceisteanna a chur. I ndiaidh dianmhachnamh a dhéanamh ar na fíricí go léir sa chás eisítear litreacha cuimsitheacha faoin gcinneadh don achomharcóir agus don Roinn araon.

Ba í an bhliain 2003 an chéad bhliain iomlán ar an bhfód don Oifig Achomhairc talmhaíochta. I rith na bliana rinne an Oifig

- Aistriú go dtí a háitreabh nua i bPort Laoise
- A Chéad Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú
- A suíomh gréasáin nua a sheoladh (www.agriappeals.gov.ie).

Sa bhliain 2003 fuair an Oifig 1,143 achomharc a raibh 836 críochnaithe faoi dheireadh na bliana. Tá achoimre thíos ar thorthaí na gcásanna a críochnaíodh:

Achoimre	%
Achomairc a Ceadaíodh ina nIomláine, Codanna díobh nó a ndearna an Roinn Athbhreithniú orthu	38
Achomhairc a Aistarraingíodh, nach raibh Bailí nó a bhí Ródhéanach	7
Achomhairc a Dícheadaíodh	55

SAORÁIL FAISNÉISE

Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997 (ASF) i bhfeidhm in Aibreán 1998. Tá i gceist leis an Acht deis a thabhairt don phobal an rochtain is mó a fháil ar eolas atá i seilbh eagras poiblí, chomh fada agus atá sé ag teacht le leas an phobail agus leis an gceart ar an bpríobháideacht. Tugann an tAcht deis don phobal freisin eolas pearsanta orthu féin a cheartú má tá dearmaid ann ó thaobh na bhfíricí de agus, ar chúinsí aírithe, a fháil amach cérbh iad na fáthanna le cinneadh a bhaineann leo. Dá réir seo, tá foráil san ASF do chead rochtana ar thaifid atá i seilbh eagras poiblí, d'eisceachtaí riachtanacha ón gcead rochtana sin agus do chúnamh a thabhairt do bhaill an phobail an ceart sin a chleachtadh. Tá foráil ann freisin d'Athbhreithniú neamhspleách ag Oifig an Choimisinéara Eolais ar chinneadh ASF a dhéanann eagrais phoiblí.

Sa bhliain 2003 fuarthas 306 iarratas ar ASF a chumhdaigh gach gné d'oibriúcháin na Roinne. Astu seo is iarratais ar eolas pearsanta a bhí i 58% acu agus iarratais sa chuid eile ó fhoinsí éagsúla lena n-áirítear na meáin, baill den Oireachtas agus buíonta gnó/ leasa. Chuaigh 36 ceann díobh seo ar aghaidh go dtí athbhreithniú inmheánach agus tá Oifig an Choimisinéara Eolais ag achomharc 27 ceann.

Ó cuireadh tús leis an ASF go dtí 31 Nollaig 2003 fuair an Roinn 2,005 iarratas ar ASF a ndeachaigh 269 acu ar aghaidh go dtí athbhreithniú inmheánach agus tá 105 ceann arna n-achomharc go hOifig an Choimisinéara Eolais.

Ar 22 Samhain 2002 leathnaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise, le héifeacht ó 1 Samhain 2002, go dtí na cúig Eagras Stáit seo a leanas atá faoi choimirce na Roinne seo: An Bord Bia, Teagasc, Cuideachta Ghraí Náisiúnta

na hÉireann Tta, An Bord Glas agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne. Glactar leis na heagrais seo anois mar "eagrais phoiblí" chun críche an Achta um Shaoráil Faisnéise 1997.

Leasaigh an tAire Airgeadais an tAcht um Shaoráil Faisnéise le héifeacht ó 11 Aibreán 2003 agus ar 7 Iúil 2003 tugadh isteach scála de tháillí atá le híoc roimhe ré i dtaobh iarratas ASF ar fhaisnéis neamhphearsanta. Caithfear táille €15 (nó €10 i gcás lucht an chárta leighis agus a gcleithiúnaithe) a chur le hiarratais ar fhaisnéis neamhphearsanta agus gearrtar táille €75 (nó €25 i gcás lucht an chárta leighis agus a gcleithiúnaithe) ar achomharc ar athbhreithniú inmheánach ar chinneadh a thógtar i dtaobh a leithéide d'iarratas. Má tá duine míshásta le toradh an athbhreithnithe inmheánaigh tá sé/sí i dteideal athbhreithniú neamhspleách ar chinneadh an eagrais phoiblí a iarraidh ar an gCoimisinéir Eolais. Faoi na socruithe nua caithfear táille €150 (nó €50 i gcás lucht an chárta leighis agus a gcleithiúnaithe) a chur lena leithéid sin d'iarratas. Ní bhaineann aon táillí ar dtús le hiarratas a dhéantar faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ar thaifid phearsanta a fháil.

OIFIG AN OMBUDSMAN

Fuair Oifig an Ombudsman 136 gearán a bhain leis an Roinn seo i 2003 i gcomórtas le 156 gearán i 2002. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte reachtúla i ngach cás.

NÓS IMEACHTA DO GHEARÁIN

Tugadh isteach nós imeachta foirmiúil do ghearáin sa Roinn in Iúil 1998. Fógraíodh an áis chun gearáin a fhiosrú go neamhspleách trí chumarsáid dhíreach le custaiméirí aonair agus eagrais ionadaíochta araon. Tá bileog a mhíníonn an nós imeachta ar fáil i ngach oifig phoiblí agus dáileadh é agus míníodh é ag cruinnithe le feirmeoirí agus ag imeachtaí móra talmhaíochta.

Tá Aonad Caighdeáin Seirbhíse ar leith sa Roinn a fhiosraíonn gearáin agus réitítear iad de réir threoirlínte an Ombudsman ag úsáid phrionsabail an dea-chleachtais i riarachán poiblí. Sa bhliain 2003 is ó dhaoine aonair a bhfuil baint acu leis an bhfeirmeoireacht a tháinig tromlach na ngearán i dtaobh na n-ábhar thíos:

An Cineál Gearáin	2003
Moill ar íocaíochtaí	5
Moill ar phróiseáil iarratas	4
Moill ar fhreagraí ar cheisteanna	2
Easpa miochaire	2
Eile	4
Iomlán	**17**

Scéim do Mholtaí ón bhFoireann

Tá scéim do mholtaí ón bhfoireann ar siúl ag an Roinn dar teideal **INPUT**. Tríd an scéim seo spreagtar baill foirne ar gach leibhéal gníomhaíochtaí, córais agus nósanna imeachta na Roinne a scrúdú agus moltaí a dhéanamh chun iad a fheabhsú. Is é is cuspóir leis seo ná bealaí praiticiúla a fháil ionas gur féidir leis an Roinn a cuid gnó a dhéanamh ar shlí níos éifeachtaí, freastal níos fearr ar riachtanais a custaiméirí, costais agus/ nó diomailt a laghdú.

Tá réimse luachanna ag na duaiseanna agus is é Coiste INPUT na Roinne, ar a bhfuil ionadaithe ó gach gné den Roinn, a bhronnann na duaiseanna. Sa bhliain 2003 cuireadh 74 moladh faoina bhráid agus, astu seo, bronnadh duaiseanna arbh fhiú €3,150 iad ar 22 ball foirne. Is é Liam Aylward T.D., an tAire Stáit atá freagrach as an tSeirbhís do Chustaiméirí, a bhronn na duaiseanna.

Painéal Inmheánach do Chustaiméirí

Bunaíodh an chéad Phainéal Inmheánach do Chustaiméirí i bhFeabhra 2003 chun saincheisteanna a bhaineann le foireann na Roinne a scrúdú agus moltaí a dhéanamh ina dtaobh. D'fhaomh an lucht bainistíochta breis agus 70% de mholtaí an Phainéil a chur i bhfeidhm. Táthar ag déanamh monatóireachta ar nós

imeachta an chur i bhfeidhm agus tugtar tuarascálacha air go minic.

Seimineáir don Fhoireann

Bhí 18 Seimineár don Fhoireann ar fud na tíre don fhoireann ar fad a sholáthair faisnéis mhionchruinn ar réimse leathan ábhar lena n-áirítear an Phleanáil Straitéiseach, Beartas Talmhaíochta, forbairtí ar leibhéal an AE, an tSeirbhís do Chustaiméirí, srl.

ABBREVIATIONS

NODA

AD	Acmhainní Daonna
AE	An tAontas Eorpach
ALM	Aistriú Leictreonach Maoine
ARCC	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
BFN	Plean Forbartha Náisiúnta
CAD	Córas Aitheanta Dáileachtaí
CATT	Comhairle Airí Thuaidh/ Theas
CBFF	Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha
CBT	Comhbheartas Talmhaíochta
CCB	Clibeáil agus Clárú Ba
CCOB	Coiste Comhairleach Bainistíochta (den Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe)
CD	Ceist sa Dáil
CDB	Clár Domhanda Bia
CERTT	An Ciste Eorpach um Ráthaíocht agus Treoracha Talmhaíochta
CGA	Córas Gluaiseachtaí Ainmhithe
CGM	Clár Gníomhartha don Mhílaois
CMGE	Córas Monatóireachta Gluaiseachta Eallaigh
CNG	Clár Náisiúnta Géinitíop
CODEX	Coimisiún Codex Alimentarius
COTFTF	Clár Oibriúcháin don Talmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus Foraoiseacht
CRA	Cáipéis Riaracháin Aonair
CRC	Clár um Rathúnas agus Cothroime
CRSA	Córas Ríomhaireachta do Shláinte Ainmhithe
CSP	Cúnamh do Stóráil Phríobháideach
CTEÉ	Cónaidhm Tógála Eallaigh na hÉireann
EBT	Eagras Bia agus Talmhaíochta

ECGF	Eagras do Chomhoibriú Geilleagrach agus Forbartha
ECM	Eagrúchán Coitianta Margaidh
ECPEM	Eagras Cosanta Plandaí na hEorpa agus na Meánmhara
EDT	Eagraíocht Dhomhanda Trádála
FEOGA	Fonds Européen d'Orientation et Garantie Agricole
FTB	Feidhmeanna agus Táirgí Bogearraí i bPróiseáil Sonraí
GBTN	Gníomhaireacht Bainistíochta Taisce Náisiúnta
GCC	Gníomhaireacht um Chosaint an Chomhshaoil
IR	Ionstraim Reachtúil
ISO	Eagras Idirnáisiúnta don Chaighdeánú
ITGS	Institiúid do Thaighde Geilleagrach agus Sóisialta
LFBE	Lárionad Forbartha Bainistíochta agus Eagrúcháin
OBT	Oifig Bia agus Tréidliachta
OCT	Oifig Cheantrach Tréidliachta
OIE	Organisation Internationale des Epizooties
OOP	Oifig na nOibreacha Poiblí
PBC	Plean Bainistíochta Cothaitheach
SCCT	An Scéim Chosanta don Chomhshaol Tuaithe
SCD	Ceannach le haghaidh Díothaithe
SCS	Scéim Ceannaigh Speisialta
SF	Saoráil Faisnéise
SGT	Seirbhís Ghearrtheachtaireachtaí
SLTT	Saotharlann Lárnach Taighde Tréidliachta
SST	Seirbhís Saotharlainne Tréidliachta
TBS	Tionscadal Bainistíochta Straitéisí
TF	Teicneolaíocht Faisnéise
UCNÉ	Údarás Caighdeán Náisiúnta na hÉireann
USBÉ	Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

AGUISÍNÍ

AN PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA 2000-2006 – TALMHAÍOCHT AGUS BIA

Caiteachas 2000 – 2003 agus i 2003

	Clár	Fo-chlár/ Beart/ Fo-bheart	Caiteachas € 2003	Caiteachas € 2000-2003
1.	**Ciste Forbartha Tuaithe Maoinithe faoin Ráthaíocht**	SCCT	182.3	700.7
		Liúntais Chúitimh	237.2	709.6
		Luathscor	79.5	337.5
		Plean Iomlán Forbartha Tuaithe an CBT (Talmhaíocht)	**499**	**1,747.8**

	Clár	Fo-chlár/ Beart/ Fo-bheart	Ceantar na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair Cait. €M 2003	Ceantar na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair Cait. €M 2000- 2003	Ceantar an Deiscirt agus an Oirthir Cait. €M 2003	Ceantar an Deiscirt agus an Oirthir Cait. €M 2000-2003
2.	**Clár Oibriúcháin d'Earnáil na Táirgeachta**	**Fo-chlár ar Thaighde, Forbairt Teicneolaíochta agus Nuálachas**				
		Taighde agus Forbairt (Talmhaíocht) [1]				
		– Taighde Theagasc	1.320	5.553	6.927	26.292
		– Ciste Spreagtha Taighde	0.103	0.377	0.488	1.293
		Taghde agus Forbairt Iomlán (Talmhaíocht)	**1.423**	**5.930**	**7.415**	**27.585**
3.	**Fostaíocht agus Forbairt Acmhainní Daonna**	Talmhaíocht [1]				
	Clár Oibriúcháin	Oiliúint Theagasc	4.329	19.012	6.771	28.865
		Institiúid Idirnáisiúnta Capall	-	-	0.292	0.826
		Oiliúint Iomlán (Talmhaíocht)	**4.329**	**19.012**	**7.063**	**29.691**

4.	Clár Oibriucháin do Cheantar na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair	Fo-chlár ar Fhorbairt Talmhaíochta agus Tuaithe				
		Beart 1: Feabhsú Struchtúrach Ginearálta	**13.690**	**20.909**	**20.111**	**34.396**
	Clár Oibriúcháin	Cúnamh Suiteála d'Fheirmeoirí Óga	2.363	3.607	5.633	8.485
		Bainistiú Dramhaíola Feirme	10.215	14.983	10.392	15.155
		Feabhsú Caighdeán Sláinteachais Déiríochta	0.843	1.672	1.586	2.978
		Feabhsú Caighdeán Leasa Ainmhithe (Muca amháin)	-	-	-	-
		Diúscairt Conablach Ainmhithe	0.211	0.211	-	-
5.	Clár Oibriúcháin do Cheantar an Deiscirt Agus an Oirthir	Forbairt Áiseanna Ar-Feirme do Stóráil Gráin	0.058	0.436	0.510	1.986
		Feabhsú Bonneagair Tógála Eallaigh	-	-	0.553	2.332
		Feabhsú Bonneagair Tógála Capall	-	-	1.437	3.460
		Beart 2: Fiontair Eile	**0.963**	**2.994**	**1.956**	**6.700**
		Forbairt Earnáil na Gortóireachta	0.579	1.523	0.858	3.498
		Forbairt Earnáil na bPrátaí	0.019	0.297	-	0.609
		Forbairt na hEarnála Orgánaí	0.129	0.326	0.486	0.590
		Feabhsú Chaighdeán na gCapall	-	0.475	0.064	1.223
		Áiseanna Áitribh/ Láimhseála do Fhiontair Eile	0.236	0.373	0.548	0.780
		Beart 3: Seirbhísí do Fhorbairt na Talmhaíochta	**5.400**	**20.972**	**4.418**	**17.158**
		Seirbhísí Comhairle Theagasc	5.400	20.972	4.418	17.158
		Talmhaíocht agus Bia go hiomlán (Oibriú Ceantrach)	**20.053**	**44.875**	**26.485**	**58.254**
2-5	Iomláin	**Gach Beart Struchtúrach (Talmhaíocht agus Bia)**	**25.805**	**69.817**	**40.963**	**115.53**

Bearta Iomlána Struchtúracha agus Ráthaíochta don Talmhaíocht/ Bia	**Caiteachas 2003**	**2000-2003**
	€565.768	**€1,933.147**

(1) Cionranna foriomlána ina dtáscairí amháin.

PLEAN GNÍOMHARTHA DON TSEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

SPRIOCANNA D'ÍOCAÍOCHTAÍ NÓ DON CHINNTEOIREACHT

NÓTA TÁBHACHTACH: Tá an spriocam seachadta faoi réir ag gach cáipéis agus riachtanas eile a bheith i gceart nuair a chuirtear isteach an t-iarratas.

SCÉIMEANNA ÍOCAÍOCHTAÍ DÍREACHA LE FEIRMEOIRÍ

SEIRBHÍS	SPRIOCAM SEACHADTA	FEIDHMÍOCHT I 2003
An Phréimh Bó Diúil	Cuirfear tús le réamhíocaíochtaí 60% ar 16 Deireadh Fómhair i mbliain an iarratais, de réir na forála i rialacha an AE. Sa chás ina bhfuil an tréimhse choinneála tagtha chun deiridh faoi 16 Deireadh Fómhair, déanfar gach réamhíocaíocht cháilithe faoi 1 Nollaig. I gcásanna cáilithe eile déanfar a leithéid sin de réamhíocaíocht laistigh de 30 lá ó dheireadh na tréimhse coinneála. Déanfar an comhardú íocaíochtaí i Márta/ Aibreán an bhliain dár gcionn maidir le cásanna follasacha. Déanfar gach íocaíocht eile faoi 30 Meitheamh de réir rialacha an AE i ngach cás eile a mheasfar a bheith cáilithe ina dhiaidh sin.	*Tar éis faomhadh a fháil ón gCoimisiún Eorpach cuireadh tús le 80% de na réamhíocaíochtaí ar 16 Deireadh Fómhair agus bhí €184 milliún íoctha le 94% de na hiarratasóirí ar fad faoi 31 Nollaig 2003.* *Cuireadh tús le comhardú na n-íocaíochtaí faoi scéim 2002 ar 30 Aibreán 2003. Críochnaíodh an íocaíocht i ngach cás cáilithe faoi 30 Meitheamh de réir rialacha an AE.*
An Phréimh Speisialta Mairteola	Cuirfear tús le réamhíocaíochtaí 60% ar 16 Deireadh Fómhair i mbliain an iarratais, de réir na forála i rialacha an AE. Sa chás ina bhfuil an tréimhse choinneála tagtha chun deiridh faoi 16 Deireadh Fómhair, déanfar gach réamhíocaíocht cáilithe faoi 1 Nollaig. I gcásanna cáilithe eile déanfar a leithéid sin de réamhíocaíocht laistigh de 30 lá ó dheireadh na tréimhse coinneála. Cuirfear tús le comhardú na n-íocaíochtaí an bhliain dár gcionn nuair a shocrófar úsáid an chuóta do bhliain an iarratais. Déanfar gach íocaíocht eile faoi 30 Meitheamh de réir rialacha an AE. Sa chás go dtéitear thar acmhainn an chuóta, déanfar machnamh ar réamhíocaíocht eile.	*Tar éis faomhadh a fháil ón gCoimisiún Eorpach cuireadh tús le 80% de na réamhíocaíochtaí ar 16 Deireadh Fómhair agus bhí breis agus €114 milliún íoctha i gcás 96% de na hiarratais ó Eanáir go Meán Fómhair faoi 31 Nollaig 2003.* *Cuireadh tús le comhardú na n-íocaíochtaí faoi scéim 2002 ar 30 Aibreán 2003. Críochnaíodh an íocaíocht i ngach cás cáilithe faoi 30 Meitheamh de réir rialacha an AE.*
An Phréimh Chaorach	Cuirfear tús le híocaíochtaí as an bPréimh Caorach, lena n-áirítear Préimh an Domhain Tuaithe, ar 16 Deireadh Fómhair i mbliain an iarratais, de réir na forála i rialacha an AE.	*Cuireadh tús le híoc na préimhe iomláine ar 16 Deireadh Fómhair agus tá €100 milliún nach mór arna n-íoc le 98% de na hiarratasóirí*

SEIRBHÍS	SPRIOCAM SEACHADTA	FEIDHMÍOCHT I 2003
An Phréimh Maraithe Nua (lena n-áirítear an Clúdach Náisiúnta)	Cuirfear tús le réamhíocaíochtaí 60% ar 16 Deireadh Fómhair i mbliain an iarratais, de réir na forála i rialacha an AE. Cuirfear tús le comhardú na n-íocaíochtaí an bhliain dár gcionn nuair a shocrófar úsáid an chuóta do bhliain an iarratais. Déanfar gach íocaíocht eile faoi 30 Meitheamh de réir rialacha an AE.	*Tar éis faomhadh a fháil ón gCoimisún Eorpach íocadh réamhíocaíochtaí 80% arbh fhiú €70 milliún iad nach mór ar 16 Deireadh Fómhair maidir le hainmhithe cáilithe a maraíodh/ a onnmhairíodh sa tréimhse ó Eanáir go Meitheamh 2003.* *Leanadh de na híocaíochtaí agus faoi 31 Nollaig bhí breis agus €85 milliún arna n-íoc le 92% de na hiarratasóirí.* *Eisíodh réamhíocaíochtaí arbh fhiú €6 milliún iad nach mór as an gClúdach Náisiúnta faoi 31 Nollaig 2003.* *Tosaíodh ar chomhardú na n-íocaíochtaí faoi scéim 2002 ar 30 Aibreán 2003 nuair a socraíodh úsáid an Chuóta do 2002. Íocadh a dteideal le gach cás cáilithe faoi 30 Meitheamh de réir rialacha an AE.*
An Phréimh Mharaithe Dhíshéasúraithe (nuair atá gá léi)	Déanfar an íocaíocht laistigh de 60 lá tar éis an iarratais.	*Ní raibh an Scéim ar siúl i 2003.*
An Scéim Phréimhe Leathnaithe	Déanfar gach iocaíocht i Meitheamh sa bhliain tar éis na bliana ina gcruthaítear an incháilaitheacht.	*Tosaíodh ar na híocaíochtaí faoi scéim 2002 ar 5 Meitheamh 2003 agus faoi 30 Meitheamh 2003 bhí breis agus €140 milliún arna n-íoc le gach iarratasóir cáilithe.*
Cúnamh Curaíochta	Íocfar as cásanna cáilithe sa chéad bhabhta d'íocaíochtaí a thosóidh ar 16 Samhain. Sna cásanna ina bhfuil fadhbanna leis an iarratas fós, déanfar an íocaíocht faoi 31 Eanáir, de réir na forála i rialacha an AE, ar an gcuntar gur fhreagair an t-iarratasóir aon cheisteanna ón Aonad Cúnaimh Cheantair agus gur leor na freagraí chun gach deacracht atá fós ann a réiteach.	*Ar 16 Samhain 2003 íocadh breis agus €121 milliún le 95% de na hiarratasóirí. Faoi dheireadh na bliana bhí €125 milliún arna n-íoc le 99% de na hiarratasóirí.*
Liúntais Chúitimh do Cheantair faoi Mhíbhuntáiste	Thángthas chun réitigh leis na heagrais feirmeoireachta go dtosófar ar na híocaíochtaí ar 21 Meán Fómhair i mbliain an iarratais, féachaint le gach íocaíocht a dhéanamh faoi 1 Nollaig.	*Tosaíodh ar na híocaíochtaí faoi Scéim na Liúntas Cúitimh do Cheantair faoi Mhíbhuntáiste ar 19 Meán Fómhair 2003 agus íocadh breis agus €229 milliún le 94% de na hiarratasóirí faoi 31 Nollaig 2003.*
An Scéim Luathscoir #	Próiseáil an iarratais bhailí go sceidealú na híocaíochta:- • Iarratais nár roghnaíodh don chigireacht réamhíocaíochta laistigh de 10 seachtain* • Iarratais a roghnaíodh don chigireacht réamhíocaíochta laistigh de 12 seachtain* • Eisiúint na híocaíochta laistigh de 6 seachtain tar éis a faofa • Íocaíocht gach mí ina dhiaidh sin ar feadh thréimhse an phinsin.	*98% laistigh den sprioc.*

SEIRBHÍS	SPRIOCAM SEACHADTA	FEIDHMÍOCHT I 2003
An Scéim Chosanta don Chomhshaol Tuaithe ➤ Iarratas chun dul isteach sa scéim# ➤ Iarratas ar íocaíocht bhliantúil∅	Próiseáil an iarratais bhailí go sceidealú na híocaíochta:- • Iarratais nár roghnaíodh don chigireacht réamhíocaíochta laistigh de 12 seachtain* • Iarratais a roghnaíodh don chigireacht réamhíocaíochta laistigh de 14 seachtain* • Eisiúint na híocaíochta laistigh de mhí amháin tar éis a faofa • Próiseáil an iarratais bhailí go sceideal na híocaíochta laistigh de 10 seachtain* • Eisiúint na híocaíochta laistigh de mhí amháin tar éis a faofa	 *83%* *88%* *100%* *84%* *100%*
An Scéim Bhainistíochta Dramhaíola Feirme #	• Eisítear an faomhadh laistigh de 3 mí tar éis iarratas bailí a fháil* • Faomhtar an íocaíocht laistigh de 3 mí tar éis a chur in iúl go bhfuil deireadh leis na hoibreacha agus na cáipéisí bailí tacúla a fháil* • Eisiúint na híocaíochta laistigh de 6 seachtain tar éis a faofa.*	*95%*
An Scéim Sláinteachais Déiríochta #	• Eisítear an faomhadh laistigh de 3 mí tar éis iarratas bailí a fháil* • Faomhtar an íocaíocht laistigh de 3 mí tar éis a chur in iúl go bhfuil deireadh leis na hoibreacha agus na cáipéisí bailí tacúla a fháil* • Eisiúint na híocaíochta laistigh de 6 seachtain tar éis a faofa.*	*99%*
An Scéim Fiontraíochtaí Comhroghnacha #	• Eisítear an faomhadh laistigh de 3 mí tar éis iarratas bailí a fháil* • Faomhtar an íocaíocht laistigh de 3 mí tar éis a chur in iúl go bhfuil deireadh leis na hoibreacha agus na cáipéisí bailí tacúla a fháil* • Eisiúint na híocaíochta laistigh de 6 seachtain tar éis a faofa.*	*99%*
Cúnamh Suiteála #	Próiseáil an iarratais bhailí go sceidealú na híocaíochta:- • Iarratais nár roghnaíodh don chigireacht réamhíocaíochta laistigh de 10 seachtain* • Iarratais a roghnaíodh don chigireacht réamhíocaíochta laistigh de 12 seachtain* • Eisiúint na híocaíochta laistigh de 6 seachtain tar éis a faofa*	*100%*

I gcás na scéimeanna cuirfear in iúl don iarratasóir nuair a fhaofar a (h)iarratas don íocaíocht agus faoin méid atá le teacht.

∅ Gheobhaidh gach rannpháirtí SCCT réamhíocaíochtaí. I gcás íocaíochtaí bliantúla ní chuirfear moill ar íocaíochtaí go dtí go ndéanfar cigireachtaí. Má dhéantar cigireacht tar éis an íocaíocht bhliantúil a dhéanamh agus má ghearrtar éiric, bainfear an éiric as íocaíocht bhliantúil na bliana dár gcionn. Má dhéantar cigireacht sa bhliain dheireanach, bainfear aon airgead atá le fáil ar ais as na híocaíochtaí atá dlite don rannpháirtí faoi scéimeanna eile.

* Á chur i bhfeidhm ó thosach scéimeanna nua

SCÉIMEANNA DÍOTHAITHE GALAIR / RIALAITHE GALAR

SEIRBHÍS	SPRIOCAM SEACHADTA	FEIDHMÍOCHT I 2003
Cúiteamh - scéimeanna díothaithe na hEitinne Bó agus na Brúsalóise	Íocfar an cúiteamh as an Eitinn Bó agus an mBrúsalóis laistigh de 2-4 seachtain ón dáta a bhfaighfear na cáipéisí riachtanacha.	Is léir ó na híocaíochtaí cúitimh as Deontas an Imoibreora, Íocaíochtaí Luachála agus an Deontas Bánaithe a rinneadh i 2003, go ndearnadh 75% de na híocaíochtaí laistigh de 4 seachtain tar éis na cáipéisí riachtanacha a fháil, agus rinneadh 94% acu laistigh de 8 seachtain. Is léir ó na híocaíochtaí as an bhFóirdheontas Ioncaim agus an Deontas Cruatain gur íocadh 92% acu nach mór laistigh de 4 seachtain tar éis na cáipéisí riachtanacha a fháil, agus rinneadh 95% acu laistigh de 8 seachtain.
Bánú Bólachta de bharr BSE	Déanfar an íocaíocht laistigh de 4 seachtain tar éis na cáipéisí riachtanacha a fháil.	Iocaíochtaí Bólachta – 99.4% Íocaíocht Cohóirt agus Síolraigh – 93.31%9

TACAÍOCHTAÍ EILE DON MHARGADH

Scéim	Spriocam Seachadta	Feidhmíocht i 2003
Im a cheannach isteach san idirghabháil	45 lá	98%
Bainne bearrtha a cheannach isteach san idirghabháil	120 lá	99%
Eorna a cheannach isteach san idirghabháil	30 lá	Níor ceannaíodh i 2003
Athchistiú onnmhairíochta as táirgí próiseáilte	60 lá	85%
Athchistiú onnmhairíochta as táirgí déiríochta	60 lá	95%
Athchistiú onnmhairíochta as muiceoil agus gránbharra	60 lá	95%
Íocaíochtaí Athchistithe Onnmhairíochta Mairteola	2 mí	100%
Eisiúint ceadúnas allmhairíochta/ onnmhairíochta	5 lá	100%
Púdar bainne - cúnamh chun an barr a chur i mbeathú d'ainmhithe	1 mí	100%
Cúnamh do cháiséin	1 mí	100%
Im Taosa (srl)	1 mí	100%
Im Ospidéil	1 mí	98%
Bainne Scoile	3 mí	98%
Im Tiubhaithe	1 mí	Ní bhfuarthas tairiscint
Conartha CSP d'Im/ Uachtar/ Cáis	30 lá	100%
Conartha CSP do Mhuiceoil	5 lá	100%
Íocaíocht Dheireanach CSP as Im/ Uachtar/ Cáis	60 lá	95%
Íocaíocht Dheireanach CSP as Muiceoil	60 lá	95%
Cúnamh do tháirgeadh Farae Thriomaithe	90 lá	100%
Cúnamh do tháirgeadh Stáirse	5 mí	100%9

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

CUSPÓIR 6.1 – FORBAIRT AGUS TRÁDÁIL AGRAIBHIA

Earnáil agraibhia a fhorbairt a bheadh iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta, agus tacú le trádáil táirgí talmhaíochta agus bia.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
6.1.1 Dul i mbun anailíse beartais agus geilleagair ionas go n-aithneofar roghanna beartais agus an chreatlach thacúil is oiriúnaí don talmhaíocht, bia, geilleagar na tuiathe agus comhshaol nádúrtha na hÉireann. **(Crostagairt do 3.3)**	Caighdeán agus líon na nAthbhreithnithe Beartas a ullmhaíodh.	Foilsíodh an tAthbhreithniú agus Dealramh Bliantúil i mBealtaine 2003. Nuashonraítear Leathanach na bhFíricí go minic agus nuashonraíodh an Achoimreacht i Samhain 2003 agus tá sé ar fáil ar an suíomh gréasáin. Rinne an Roinn Talmhaíochta agus Bia (RTB) anailís mhionchruinn ar an laghdú céimseach, an modúlú agus gnéithe airgeadais eile den Athbhreithniú Lárthéarma ar mholtaí Chlár Oibre 2000 agus ar an réiteach deireanach. Cuir FAPRI-Ireland amach trí thuarascáil ar thionchar mholtaí an Athbhreithnithe Lárthéarma agus an réitigh dheireanaigh.
6.1.2 Athbhreithniú ar na bearta sa Phlean Gníomhartha do Agraibhia 2010.	An tAthbhreithniú le críochnú faoi dheireadh 2003. Tuarascálacha Iomaíochta a scrúdú agus dul i mbun na ngníomhartha iomchuí.	Tógadh cinní maidir le grúpa nua a bhunú chun na saincheisteanna a thóg an Coiste Agraibhia 2010 a athscrúdú. Cumadh téarmaí tagartha agus rinneadh obair ullmhúcháin chun go bhfógrófaí an grúpa nua i dtosach 2004. Fuarthas tuarascáil nua ar an táirgeacht le Carol Newman agus Alan Matthews i ndeireadh 2003.
6.1.3 Beartais náisiúnta chuí a chuireann cumas iomaíochta, éifeachtacht agus forbairt na hearnála agraibhia agus an gheilleagair thuaithe chun cinn agus a chuireann taca faoina bhforbairt, dul i mbun comhairle orthu agus iad a chur i bhfeidhm.	Scair den mhargadh baile agus onnmhairíochta. GVA thionscal na talmhaíochta agus an bhia. Meánioncam Feirme. Tuarascálacha Iomaíochta a scrúdú agus dul i mbun na ngníomhartha iomchuí. Maoiniú Tionscnamh Taighde.	Sásúil - méadú 2% ar onnmhairithe bia agus dí go €6.7 billiún. Baineadh amach an cuspóir trí chruinnithe/ comhairliucháin leis an mBord Bia De réir na Príomhoifige Staidrimh (POS) is fiú 8.3% d'onnmhairithe iomlána earraí i 2003 earnáil an agraibhia. Meastar gur €10.5 billiún GVA earnáil an agraibhia i 2003 = thart ar 8.9% den OTN de réir chostas na dtosca Léiríonn na sonraí is nuaí ó Theagasc gurb é €27,758 an meánioncam ar fheirmeacha lánaimseartha (agus €6,691 ar fheirmeacha páirtaimseartha) Fuarthas tuarascáil nua ar an táirgeacht le Carol Newman agus Alan Matthews i ndeireadh 2003. Feic 6.1.5 agus 6.2.6

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
6.1.4 Treoshuíomh margaíochta, an táirgeacht agus an nuálachas sa talmhaíocht agus sa bhia a chur chun cinn.	An dul chun cinn a rinneadh maidir leis na táscairí tionsclaíochta sa BFN de réir mar a tuairiscíodh do na Coistí Monatóireachta BFN iad.	Rinneadh dul chun cinn i ngach beart BNF a riarann an RTB agus na Gníomhaireachtaí Forbartha. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le fiosrúcháin ar fheirmeacha agus cúnamh suiteála.
6.1.5 Tacú le tionscal an agraibhia agus é ag iarraidh margaí onnmhairíochta a choinneáil agus a leathnú tríothu seo a leanas: a) deimhin a dhéanamh de go gcoinneálann sé agus go bhfeabhsaíonn sé a shuíomh iomaíochta i margaí an domhain b) córais a chur i bhfeidhm chun táirge a thástáil, a cheadúnú agus a dheimhniú c) córais chigireachta, cláraithe, ceadúnaithe agus deimhniúcháin maidir le hainmhithe beo a chur i bhfeidhm d) idirchaidreamh gníomhach lenár gcuid ambasáidí agus leis an mBord Bia chun tacú leis an méid de tháirgí bia na hÉireann a dhíoltar agus é a fhorbairt agus e) i gcomhthéacs na gcúinsí claochlaitheacha idirnáisiúnta trádála deacrachtaí trádála a fhuascailt, agus deimhin a dhéanamh den tacaíocht onnmhairíochta chuí ón AE f) cultúr an nuálachais agus taighde sa tionscal agraibhia a chur chun cinn agus a chothú, le béim ar leith ar tháirgí breisluacha.	Méideanna trádála leis an AE agus le margaí tíortha treasacha agus a fheabhas agus a chuaigh siad i bhfód ar mhargaí miondíola ardluacha. Cóimheas díolacháin leis an AE don díolachán iomlán. An fás i dtáirgí breisluacha. Margaí na dtíortha treasacha a choimeád ar oscailt do Phróiseálaithe na hÉireann. Fás i méid an bhia réamhullmhaithe do thomhaltóirí. An tacaíocht onnmhairíochta iomchuí AE a choinneáil. Gníomhartha iomchuí a dhéanamh chun margaí a oscailt, a chothú agus a dhaingniú. Líon na gcláracha taighde a mhaoinítear faoi Chláracha Taighde na hÉireann agus an AE.	De réir an POS ba fhiú €5.2 billiún onnmhairithe agraibhia leis an AE i 2003. Is ionann é seo agus 75% de na honnmhairithe iomlána agraibhia. Tá an Ríocht Aontaithe ar an margadh is mó, le 45% de na honnmhairithe iomlána agraibhia. Fuair tíortha nach bhfuil san AE 25% de na táirgí talmhaíochta iomlána. Is leis an AE a bhí 85% nach mór de na honnmhairithe mairteola i 2003 i gcomórtas le 50% i 2000. Tháinig méadú 30% nach mór ar onnmhairithe mairteola le margaí Mhór-Roinn na hEorpa idir 2002 agus 2003, aníos go dtí 150,000 tonna, agus ar na príomháiteanna fáis bhí an Iodáil, an Fhrainc agus an Ísiltír. Tháinig laghdú 5% ar luach na n-onnmhairithe de bhia réamhullmhaithe do thomhaltóirí, ach nuair a cuireadh in oiriúint é do ghluaiseachtaí airgeadra bhí méadú bunúsach 4% orthu. Níor dúnadh aon mhargaí Thainig méadú €2.6 billiún ar an táirgeacht in earnáil an bhia réamullmhaithe do thomhaltóirí Chuir an tAE Aisíocaíochtaí Onnmhairíochta Mairteola leis an Éigipt i bhfeidhm arís. Athosclaíodh margaí san Éigipt agus i mBairéin. Chuir an Eilvéis, an Pholainn, an Ungáir agus Poblacht na Seice a gcosc de bharr BSE i leatoabh Tá íocaíochtaí fós ar siúl le 28 tionscnamh as an gCiste Spreagtha Taighde (CST) a faomhadh i 2001 agus 2002, agus leis an gClár Comhoibrithe idir Éire agus na Stáit Aontaithe. Freastalaíodh ar gach cruinniú de Mheithleacha agus de Choiste Chlár CC6. Bhí eolas/ comhairliúchán leictreonach ann do thaighdeoirí. Eagraíodh breis agus 20 cruinniú agus cur i láthair taighde/ tionscail. Ghlac Taighdeoirí na hÉireann páirt an-rathúil sa Chéad Ghlao ar Mholtaí do Mhaoiniú.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
6.1.6 Seirbhísí a oibriú agus a chur chun cinn chun ardchaighdeáin i dtáirgí bia a chinntiú.	Cláracha Tógála a chur i bhfeidhm.	Le linn 2003 lean Cónaidhm Tógála Eallaigh na hÉireann de dhul chun cinn a dhéanamh ina cuid tionscnamh chun na foinsí éagsúla sonraí tógála a tharraingt le chéile agus an t-eolas seo a phróiseáil i mbunachar sonraí lárnach amháin - cuirfidh an bunachar sonraí seo feabhas ar chruinneas agus ar leithne na sonraí a d'fhéadfaí a úsáid i measúnachtaí géiniteacha. Eisíodh na torthaí ar an gClár Feabhsúcháin Póir Caorach Ginealaigh de réir an spriocama a bhí beartaithe.
	Caighdeáin cháilíochta táirgí a chur i bhfeidhm.	Rinneadh 5,000 cigireacht ar Thorthaí agus Glasraí agus léirigh siad go raibh an-chuid acu ag cloí leis an ardchaighdeán cáilíochta.
6.1.7 Scéimeanna ráthaíochta cáilíochta a spreagadh agus tacú leo, i gcomhar le gníomhaireachtaí eile agus trí shocruithe comhpháirtíochta idir táirgeoirí, próiseálaithe agus miondíoltóirí, ar scéimeanna iad a thugann ráthaíocht sa bhreis don tomhaltóir i gcéin is i gcóngar agus a thugann an deis dul níos daingne i bhfód ar mhargaí ardluacha.	Líon na scéimeanna ráthaíochta cáilíochta, na dtáirgí a chumdaíonn siad agus méid na rannpháirtíochta.	Sásúil. D'aontaigh an Roinn agus an ÚNCÉ Meitheal Oibre de Choiste Caighdeáin Thionscail an Bhia a bhunú chun treoirlínte cineálacha a dhréachtú le haghaidh scéimeanna ráthaíochta cáilíochta de chaighdeán EN45011.
	A mhinice is a bhíonn táirgí na hÉireann i margaí ardluacha an AE.	Is leis an AE a bhí 85% nach mór de na honnmhairithe mairteola i 2003 i gcomórtas le 50% i 2000. Tháinig méadú 30% nach mór ar onnmhairithe mairteola le margaí Mhór-Roinn na hEorpa, aníos go 150,000 tonna, agus ar na príomháiteanna fáis bhí an Iodáil, an Fhrainc agus an Ísiltír.
	An t-athrú ar phatrún soláthair mhairteoil na hÉireann chun dul i ngleic le riachtanais an mhargaidh.	D'athraigh an patrún soláthair chun riachtanais an mhargaidh a thaispeáint. Mar fhianaise air seo níor íocadh an Phréimh Dhílárnaithe.
6.1.8 Seirbhísí a oibriú, agus tacaíocht a thabhairt dóibh, chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an t-ionchur bunúsach in earnáil na talmhaíochta den chaighdeán is airde, lena n-áirítear tástáil cineálacha barr, deimhniú agus tástáil síolta agus tógáil ainmhithe.	Cloí leis na spriocamanna seachadta maidir le tógáil ainmhithe, tástáil/ deimhniú/ faomhadh cineálacha síolta, beathaithe, leasacháin, bithicídí agus lotnaidicídí agus seirbhísí tacúla eile a leagadh amach sa Phlean Gníomhartha don tSeirbhís do Chustaiméirí 2001 - 2004.	Comhlíonadh gach sprioc maidir le rialú tógála ainmhithe, deimhnithe síolta, cigireachta beathaithe agus áitribh don bheathú, leasacháin, bithicídí agus lotnaidicídí.
6.1.9 Tacaíocht a thabhairt do Theagasc, An Bord Bia, Bord Glas, an Ghraí Náisiúnta agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne chun a gcuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh agus chun deimhin a dhéanamh go gcuirfear a gcláracha oibre i gcrích ar bhonn éifeachtach	Tuarascálacha agus cuntais bhliantúla a chur faoi bhráid an Rialtais laistigh den tréimhse ama a beartaíodh.	Cuireadh tuarascálach bliantúla isteach laistigh den tréimhse ama a beartaíodh
	Ráiteas Straitéise na nEagras Státurraithe Neamhthráchtála a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm.	Foilsíodh Ráitis Straitéise agus tosaíodh ar iad a chur i bhfeidhm d'Eagrais Státurraithe Neamhthráchtála
	Pleananna bliantúla gnó a chur amach.	Cuireadh amach pleananna bliantúla gnó
	Cloí leis an gCód Cleachtais do Rialú Eagras Stáit.	Cloíodh leis an gCód

CUSPÓIR 6.2: SÁBHÁILTEACHT BIA, SLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE, SLÁINTE PLANDAÍ

Deimhin a dhéanamh de na caighdeáin is airde sa tsábháilteacht bia agus i gcosaint an tomhaltóra, i sláinte agus leas ainmhithe agus i sláinte plandaí.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
6.2.1 Na cláracha is éifeachtaí monatóireachta, cigireachta agus rialaithe sábháilteachta bia a chothabháil agus a fhorbairt ar an mbunleibhéal, ar leibhéal an táirgeora agus na próiseála chun deimhin a dhéanamh de go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach an reachtaíocht chuí ar fud gach réimse oibriúcháin de chuid na Roinne lena n-áirítear zúnóisí, cógais tréidliachta, beathú, táirgí cosanta plandaí agus ionchur talmhaíochta eile.	Líon na gcigireachtaí, na torthaí a bhí orthu agus na gníomhartha a tógadh. Líon na dtástálacha a rinneadh, méid an neamhghéilliúntais. Méideanna na n-iarmhar/ na n-éilliúchán agus na gníomhartha a tógadh.	Tógadh 2,077 sampla le tástáil don tSalmanóis in earnáil na n-uibheacha agus na héanlaithe clóis i 2003 agus bhí torthaí diúltacha ar 98.07% acu. Tástáladh 3,668 sampla de bheathú i 2003 féachaint an raibh próitéin ó ainmhithe próiseáilte iontu. Rinne an clár samplaithe monatóireacht freisin ar mhéideanna substaintí do-mhianaithe eile i mbeathú agus mheasúnaigh sé an géilliúntas do na riachtanais reachtúla maidir le comhdhéanamh cothaitheach. Fuarthas 388 mionsárú agus cuireadh amach litreacha foláirimh. Fuarthas dhá shárú mhóra agus gaibhníodh na lastaí. Rinneadh anailís ar 1,386 sampla de thorthaí agus glasraí, gránbharra agus bia de bhunús ainmhíoch le haghaidh iarmhar ó lotnaidicídí. Bhí leibhéil ag 35 sampla (2.5%) acu a bhí níos airde ná an Uasteorainn Iarmhar Reachtúil. Cuireadh amach litreacha foláirimh agus rinneadh cigireachtaí leanúna chun nach dtarlódh se arís. Tógadh 426 sampla de leasacháin i 2003. As na samplaí seo rinneadh anailís ar 1,124 cothaitheach agus bhí 108 acu neamhghéilliúil. Cuireadh amach litreacha foláirimh agus rinneadh samplú agus anailís arís orthu. Samplaíodh 2,701 luchtóg de shíolta deimhnithe i dtástalacha iar-rialaithe. Theip ar 28 sampla (1.04%) acu na caighdeáin reachtúla a bhaint amach. Cuireadh amach litreacha foláirimh i ngach cás. Is é PCS an CA do mheasúnú agus d'fhaomhadh táirgí cosanta plandaí. I 2003 faomhadh 350 táirge cosanta plandaí lena gcur ar an margadh tar éis a measúnaithe. Rinneadh athbhreithniú ar na rialacháin do bheathú d'ainmhithe. Eisíodh 526 ceadúnas Ceannaí Leighis Ainmhithe, 75 ceadúnas Mórdhíola Leighis Ainmhithe agus 25 ceadúnas Déanta Beathaithe Íocleasaithe tar éis do chigirí tréidliachta cigireacht a dhéanamh. Diúltaíodh 4 iarratas ar cheadúnas Ceannaí mar níor comhlíonadh an reachtaíocht.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
		Faoin bPlean Forbartha Náisiúnta tógadh breis agus 60,000 sampla agus tástáladh iad do réimse de shubstaintí cosctha agus d'iarmhair ó leigheasanna tréidliachta. Le linn 2003, de thoradh ar an obair fheidhmithe, fuarthas seisear ciontach i gcoireanna agus gearradh fíneáil €15,000 nach mór orthu, agus gearradh tréimhsí príosúin ar thriúr (atá fionraithe).
	Líon na gcláracha faireacháin.	
	Dul chun cinn mar a léirítear é i dtuarascálacha ráithiúla agus bliantúla don ÚSBÉ.	Cuireadh gach tuarascáil ráithiúil do 2003 faoi bhráid an ÚSBÉ sna catagóirí oibre atá sa chonradh seirbhíse, mar atá Sláinteachas Feola, Bainne agus Táirgí Bainne, Uibheacha agus Táirgí Uibheacha, Seirbhís Rialaithe Lotnaidicídí, Saotharlanna ó na réimsí seo, Ionaid Seiceála Teorann, an Clár Náisiúnta Monatóireachta ar Iarmhair.
	Tuarascálacha leis an ÚSBÉ agus OBT.	Rinne an OBT trí iniúchóireacht le linn 2003 a raibh baint ag an ÚSBÉ leo. • Ionaid Seiceála Teorann. 3-6 Meitheamh • Córais Rialaithe maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus a úsáid agus le hIarmhair Lotnaidicíde i mbia de bhunús planda. 15-18 Meán Fómhair • Rialú Iarmhar in ainmhithe beo agus i dtáirgí de bhunús ainmhíoch 20-24 Deireadh Fómhair Rinne an ÚSBÉ na hiniúchóireachtaí deiridh seo a leanas ar mhisin an OBT: Iniúchóireacht SRM, Bainne agus Táirgí Bainne 11-13 Samhain agus 8-11 Nollaig, Feoil agus Táirgí Feola.
6.2.2 Páirt a ghlacadh i bhforbairt reachtaíochta nua, agus dul i gcion orthu, maidir le sábháilteacht bia, sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte plandaí ar leibhéal idirnáisiúnta (CODEX agus OIE) agus ag leibhéal an AE agus i gcomhairle, de réir mar is cuí, le ÚSBÉ, FSPB, OBT, EPCEM, IPPC agus le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus sraitéis ar shláinte ainmhithe agus plandaí a fhorbairt agus rialacháin éifeachtacha sna hIonaid Seiceála Teorann a chothú ar bhonn uile-Éireann.	Freagra ar iniúchóireachtaí/ cigireachtaí seachtracha.	Tugadh isteach freagraí ar na hiniúchóireachtaí seo don OBT agus don ÚSBÉ laistigh den tréimhse ama a bhí beartaithe.
	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu, tuarascálacha a cuireadh amach.	Rinneadh a thuilleadh forbartha ar theagmhálacha Thuaidh/ Theas, agus cothaíodh iad i réimse na Lotnaidicídí agus cuireadh tús leis an gcéad chéim de thimthriall 4 bliana de shuirbhéanna ar a n-úsáid do tháirgí cosanta plandaí ar bhonn uile-oileánda. Aithníodh réimsí do chomhoibriú Thuaidh/ Theas i réimse shláinte na bplandaí agus bhí cruinnithe ann faoi chúrsaí comhleasa. Feic 6.3.5 agus 6.3.8 freisin.
	Forbairtí ar reachtaíocht an AE maidir le sábháilteacht bia.	Foilsíodh roinnt Rialacha i 2003 maidir leis na réimsí seo a leanas: Ionaid Seiceála Teorann, Údarás Eorpach Sábháilteachta Bia, Barra Géinathruithe, Bia agus Beathú Géinathruithe, Rialacháin ar allmhairithe ó thíortha treasacha, Uasteorainneacha Iarmhar, Iarmhair Leigheasanna

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
		Tréidliachta, Spongiform Encephalopathies Iniompartha, Éilliúcháin i mBeathú, Córais Ríomhairithe Tréidliachta - Rianta, Lipéadú Ailléirgíní, Rialú Oifigiúil Beathaithe, Breiseáin Bhia, Collaigin le Tomhailt ag Daoine, Zúnóisí, Rialúcháin de bharr ráigeanna den Ulpóg Éanúil, Bia do Naíonáin agus do Pháistí Óga.
	Dul chun cinn i bhforbairt straitéise uile-Éireann ar shláinte ainmhithe.	Bhí cruinniú gach ráithe de na meithleacha oibre éagsúla ar lipéadú agus clárú eallaigh agus caorach, agus camastaíl trasteorann. Thangthas chun réitigh choitianta in an-chuid de na réimsí seo.
	Méid na dtáirgí a diúltaíodh de bharr cáipéisí easnamhacha agus ábhar imní faoin tsábháilteacht bia.	Diúltaíodh 32 lasta de tháirgí de bhunús ainmhíoch, nó 26,700 cileagram go hiomlán, a allmhairiú. Diúltaíodh an chuid is mó acu mar níor comhlíonadh na riachtanais cháipéise maidir le deimhniú sláinte agus cáipéisí tráchtála.
	Líon agus cineál na gcomhghníomhartha a tógadh i gcomhar le comhghleacaithe as Tuaisceart Éireann.	Feic 6.3.8
	Líon na dtuarascálacha a tugadh isteach agus na gcinní a cuireadh i bhfeidhm.	Níor foilsíodh aon tuarascáil le linn 2003.
6.2.3 Coincheap fhreagracht an táirgeora agus an phróiseálaí as sábháilteacht agus caighdeán an bhia a tháirgtear a chur chun cinn agus a aibhsiú le gach geallchoimeádaí.	Líon na gcóras 'féindearbhála' / HACCP atá in úsáid.	Bhí 91 plean féinmhonatóireachta faofa ar siúl in earnálach na mbó, na gcaorach, na muc, na héanlaithe clóis agus an bhainne le linn 2003. Thapaigh an Roinn deiseanna chun coincheap fhreagracht an táirgeora/ an phróiseálaí as sábháilteacht agus caighdeán an bhia a chur chun cinn ag leibhéal na mBord agus sa Bhord Bia.
	Líon na gcliant a rannphártigh sna scéimeanna deimhnithe ábhartha.	Cuireadh síneadh leis an spriocam do rannpháirtithe faomhadh a iarraidh faoin Scéim Náisiúnta Deimhnithe Mairteola go dtí 31 Nollaig 2004.
	Méid na rialachán a chomhlíontar.	Chuir an bac ar chigireacht na bhfeirmeacha stop leis an Scéim Náisiúnta Deimhnithe Mairteola a chur chun cinn. Lean an Roinn uirthi ag scrúdú gach rogha chun na riachtanais cláraithe agus faofa den Scéim a chur i gcrích.
6.2.4 Na córais atá ann cheana maidir le haithint ainmhí/ táirge, lipéadú agus rianaithe a chothabháil agus méid na faisnéise atá ar fáil do thomhaltóirí a fheabhsú i dtaobh fhoinse an bhia ar díol sa tír seo, lena n-áirítear lipéad ar leith do bhia na hÉireann.	Oibriú éifeachtach na gcóras atá ann cheana.	Rinneadh dul chun cinn i roinnt tionscnamh chun cur leis an gcóras aitheanta ainmhithe, lena n-áirítear an CMGE nua réamhghlanta chun rianú na n-ainmhithe a fheabhsú agus iad i mbun gluaiseachta (go háirithe trí reiceanna priobháideacha). Nuachóiríodh an córas faisnéisithe agus an modh chun ainmhithe marbha a dhiúscairt. Leanadh den dul chun cinn ag forbairt an Chórais Gluaiseachta Ainmhithe chun feidhmíocht an bhunachair sonraí a fheabhsú. Leis na nósanna imeachta nua a tugadh isteach i 2003 beidh an bunachar sonraí níos cruinne ó thaobh am na bhfaisnéisithe de, agus laghdóidh sé an méid faisnéisithe aimhrialta ón mbunachar sonraí.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
	Córas nua a thabhairt isteach.	Forbairt na CRSA agus CGA.
	Moltaí iomchuí ón nGrúpa Lipéadaithe Bia a chur i bhfeidhm.	Rinneadh an-dul chun cinn ag cur i bhfeidhm na moltaí ón nGrúpa Lipéadaithe Bia, go háirithe maidir leis an dá phríomhcheist a d'eascair as an tuarascáil, .i. feidhmiú na rialachán i dtaobh lipéadaithe bia a lárnú san Údarás um Shábháilteacht Bia, agus sainmhíniú ar cad is foinse bia ann.
	Coincheap 'Food Ireland' a fhorbairt.	Sheol an Bord Bia i gcomhar le Cumann Bia agus Dí Thuaisceart Éireann (NIFDA) agus InterTrade Ireland clár nua faoin gcleachtas margaíochta is fearr chun fiontair bheaga agus mheánmhéide bia a choinneáil ar an eolas maidir le scála agus luas an nuálachais i margaí bia an domhain ar leibhéal an mhonaraithe agus an mhiondíola. Lean an Bord Bia dá chlár Thuaidh Theas le Invest Northern Ireland, ag díriú ar na hinniúlachtaí margaidh atá ag cuideachtaí bia speisialta a fhorbairt. I measc na dtionscnamh seo tá rannpháirtíocht chomhpháirteach sa Fine Food Fair i Londain inar tháinig 14 cuideachta aduaidh agus aneas le chéile chun réimse leathan táirgí a thaispeáint.
	Lipéid bhia ar leith ar tháirgí bia.	Tháinig méadú i 2003 ar líon na mball den scéim Féile Bia, a spreagann cuideachtaí lipéad a thaispeánann an fhoinse a chur ar tháirgí den scoth in earnáil an bhia, aníos go 1,290 asraon faoi dheireadh na bliana. D'aontaigh ÚSBÉ dul ar aghaidh le caighdeán náisiúnta a chumadh do scéimeanna deimhnithe cáilíochta. Lorgadh faomhadh ar an AE chun áit an táirgthe agus samhailchomhartha ar mhana Bhord Bhia a thaispeáint ar tháirgí deimhnithe den scoth.
6.2.5 Bith-shlándáil ar fheirmeacha a chur chun cinn maidir le díothú galar agus cur i bhfeidhm beartas a bhaineann leis an bhfaireachán agus an monatóireacht ar ghalair ainmhithe eile, amhail AD, PRRS, Galar Johne agus EBL.	Feirmeoirí ag glacadh leis na bearta molta bith-shlándála. Méideanna laghdaithe de ghalair.	Le linn 2003 bhuail an Roinn le príomhpháirtithe leasmhara, amhail Teagasc, Veterinary Ireland, CTEÉ, cumainn tógála eallaigh, na comharchumainn déiríochta, eagrais ionadaíochta d'fheirmeoirí agus eile chun an cur chuige a d'fhéadfadh a úsáid i gcoinne Ghalar Johne a phlé. Dá bhrí seo bhailigh an Roinn na moltaí éagsúla agus d'aithin sí cúrsaí cruógacha gearrthéarmacha agus fadtéarmacha.
6.2.6 Tacú leis an taighde ar an tsábháilteacht bia agus é a chur chun cinn.	Líon/ scála na dtionscnamh faoin mBeart um Thaighde Institiúideach ar Bhia. Comhthionscadail le gníomhaireachtaí eile, m.sh. ÚSBÉ agus FSPB.	Sa bhliain 2003 leanadh den obair ar 77 tionscnamh poiblí ar thaighde ar bhia ar bronnadh cúnamh orthu i 2000/2001 faoin mBeart seo. Arna iarraidh ag an ÚSBÉ bronnadh tionscnamh nua faoi na fachtóirí a rialaíonn cruthú na hacrailimíde i dtáirgí bia. Is é €10.5 milliún an caiteachas faoin mBeart i 2003. Ag leanúint d'fhoilsiú an "Plean Bainistíochta do Theagmhas Bia" le Comhairle Chomhoibrithe an Údaráis Bia, d'eagraigh an ÚSBÉ seimineár i 2003 ionas go gcuirfeadh an tionscal bia aithne ar na bearta atá le déanamh má tharlaíonn teagmhais.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
6.2.7 Córais a chur i bhfeidhm agus iad a athbhreithniú chun galair Aicme A a chosc agus déileáil leo, lena n-áirítear pleanáil teagmhasachta, oiliúint, cláracha feasachta agus rialacháin allmhairíochta.	Stádas an AE/ OIE a choinneáil. Torthaí na monatóireachta/ an fhaireacháin. Leibhéal an ullmhúcháin. Athbhreithniú ar Leabhrán an Phlean Teagmhasachta - Ionsamhladh Allamuigh.	Rinneadh an plean teagmhasachta a chothabháil/ a fheabhsú ar bhonn leanúnach do chásanna le Galair Aicme A. Oibríodh beartas maidir leis an mbriodarnach, lena n-áirítear córas ceadúnaithe chun briodarnach idirnáisiunta a dhiúscairt. Tá ionchúiseamh amháin ar feitheamh faoin Acht um Ghalair Ainmhithe, 1966. Foilsíodh plean teagmhasachta agus leabhrán oibriúchán FMD nua in Aibreán 2003. Nuashonraíodh na pleananna teagmhasachta do Fhiabhras Clasaiceacha na Muc agus don Ulpóg Éanúil.
6.2.8 Na cláracha monatóireachta agus rialaithe/ díothaithe TSE a chur i bhfeidhm d'fhonn BSE agus an Scráibeach a dhíothú sa bhólacht náisiúnta agus aghaidh a thabhairt ar shaincheist na seachtháirgí de bhunús ainmhíoch agus ainmhithe tite.	Líon na gcásanna BSE sa bhólacht. Líon na gcásanna den Scráibeach i gcaoirigh. Tionscadail nua a ghlacadh. Cláracha rialaithe/ díothaithe a chur i bhfeidhm. Scéim na nAinmhithe Tite a oibriú go rathúil. Modh inghlactha a bhaint amach chun déileáil le min feola agus cnámh.	Tháinig laghdú 45% ar líon na gcásanna BSE i 2003. Aithníodh 182 cás agus bánaíodh trí bhólacht eile ar bhonn réamhchúramach tar éis toradh dearfach a fháil i dtástáil scagtha mhear don BSE, i comparáid le 333 cás i 2002. Tharla an laghdú seo fad is a rinneadh breis agus 700,000 tástáil don BSE mar chuid de chlár faireacháin ghníomhaigh na Roinne. Maidir leis an Scráibeach, rinneadh breis agus 55,000 tástáil faoi chlár faireacháin ghníomhaigh na Roinne agus aithníodh 37 tréad nua a bhí dearfach. Cuireadh córas nua i bhfeidhm ó 1 Deireadh Fómhair 2003 ina ndéantar géinitíopáil agus bánú neamhuilíoch na dtréad a bhfuil an Scráibeach orthu. Tá córais bhánaithe/ faireacháin i bhfeidhm mar a luaitear thuas. Sa bhliain 2003 bailíodh breis agus 220,000 ainmhí buaibheach ó fheirmeacha agus íocadh astu faoi Scéim na nAinmhithe Tite. Comhlíonadh dualgais chonarthacha na soláthróirí seirbhíse nó gearradh éiric murar comhlíonadh. Toradh maith ar gach iniúchóireacht rialachán. Chloígh lucht monaraithe mine feola agus cnámh agus lucht úsáidte miodmais éanlaithe clóis leis na rialacháin.
6.2.9 An clár rialaithe/ díothaithe Brúsalóise a dhianú ionas go ndéanfar an-dul chun cinn i dtreo a díothaithe.	Líon na gcásanna den Bhrúsalóis sa bhólacht. Cur i bhfeidhm na gcláracha rialaithe/ díothaithe.	Is é 0.76% líon na gcásanna sa bhólacht i 1998 i gcomparáid le 0.25% i 2003. Cuireadh na cláracha i bhfeidhm.
6.2.10 An clár rialaithe/ díothaithe Eitinne a fheabhsú, lena n-áirítear an faireachán, an chigireacht agus taighde d'fhonn líon na gcásanna a laghdú tuilleadh nó go ndíothófar í go hiomlán.	Líon na gcásanna den Eitinn sa bhólacht. Cur i bhfeidhm na gcláracha rialaithe/ díothaithe. Dul chun cinn i ngnéithe taighde den fhiadhúlra.	Tá 99.5% den bhólacht saor ón Eitinn. Cuireadh na cláracha i bhfeidhm. Críochnaíodh Staidéar na gCeithre Cheantar agus tá an tuarascáil le teacht amach i dtosach 2004.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
6.2.11 An géilliúntas do rialacháin faoi leas ainmhithe a chur chun cinn agus a chinntiú i gcúrsaí táirgeachta, iompair agus maraithe.	Cláracha monatóireachta blaintúla agus na gníomhartha a d'eascair astu a chur i bhfeidhm.	Tugadh isteach córas nua chun monatóireacht a dhéanamh ar an ngéilliúntas do na rialacháin maidir le leas ainmhithe agus iad á n-iompar thar achair fhada. Bunaíodh Clárlann Iompair Náisiúnta. Oibríodh córas cláraithe do tharlóirí agus d'iompróirí ainmhithe beo thar achair níos sia ná 50 km. Rinne oifigigh ón Roinn, i gcomhar le Gardaí, cigireacht ar roinnt cásanna i dtaobh turcántachta/ faillí in ainmhithe le linn 2003 faoi na forálacha sna hAchtanna um Chosaint Ainmhithe 1911 agus 1965 D'fhoilsigh an Roinn leabhrán dar teideal *"Riachtanais Leasa na Muc - Ar an bhFeirm agus san Idirthuras"* agus tugadh é do gach táirgeoir muc agus gníomhaireachtaí a bhaineann le leas na muc. Thug an Roinn maoiniú do Theagasc don oiliúint i leas na muc. Eagraíodh dhá cheardlann déag faoi leas ainmhithe. D'fhoilsigh an Chomhairle Chomhairleach um Leas na nAinmhithe Feirme leabhráin de Threoracha faoi Leas Ainmhithe d'Fheirmeoirí Mairteola, Caorach agus Ba Bainne. Tugadh na leabhráin do gach gníomhaireacht a phléann le leas ainmhithe a choimeádtar chun críche feirmeoireachta.
	Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle Comhairlí um Leas na nAinmhithe Feirme.	Tá an chéad Tuarascáil Bhliantúil ón gComhairle Chomhairleach um Leas na nAinmhithe Feirme le cur faoi bhráid an Aire i 2004.
6.2.12 Seirbhísí éifeachtacha tréidlíochta, eolaíochta déiríochta agus saotharlainne lotnaidicídí a chur ar fáil chun críche faireacháin, fáthmheasanna, taighde agus rialaithe.	Feidhmíocht sna spriocanna ábhartha sa Phlean Gníomhartha don tSeirbhís do Chustaiméirí.	Tástáladh gach táirge déiríochta laistigh den chlár ama a bhí beartaithe. Chuir Seirbhís na Saotharlainne Tréidliachta (SST) seirbhísí fáthmheasanna ar fáil chun tacú leis na mórscéimeanna díothaithe agus leis an taighde ar ghalair. Laghdaíodh an méid ama a thógann sé ar an tSaotharlann Lotnaidicídí iarratais a phróiseáil chun táirgí cosanta plandaí a chlárú, agus cuireadh córais i bhfeidhm do rialú táirgí bithicídí agus leathnaíodh an clár monatóireachta ar iarmhair lotnaidicídí i mbia.
	Líon na saotharlann ag fáil creidiúnaithe.	Fuair Saotharlann Eolaíochta Déiríochta Bhaile Átha Cliath a creidiúnú EN17025 le linn na bliana. Creidiúnaíodh an tSaotharlann Rialaithe Lotnaidicídí i Nollaig 2002.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
6.2.13 Seirbhís sláinte plandaí atá éifeachtach feidhmiúil a oibriú, lena n-áirítear plean do chigireacht bhliantúil.	Na torthaí a fuarthas agus na gníomhartha a rinneadh.	Feic leathanach 27 sa phríomhthuarascáil.

CUSPÓIR 6.3 - CREATLACH IDIRNÁISIÚNTA

An chreatlach is fearr d'earnáil an agraibhia, don gheilleagar tuaithe agus don chomhshaol nádúrtha a bhaint amach ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon agus cur leis an gcomhoibriú Thuaidh/ Theas.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
6.3.1 Dul i mbun caibidlíochta faoi bheartais chuí AE a chuireann taca faoi fhorbairt earnáil an agraibhia, an gheilleagair thuaithe agus an chomhshaoil nádúrtha agus a chuireann chun cinn iad, agus cuidiú le tíortha is iarratasóirí a theacht isteach san AE.	Torthaí na nAthbhreithnithe Lárthéarma ar Chlár Oibre 2000.	Thángthas chun réitigh pholaitiúil i dtaobh leasaithe ar an CBT ar 26 Meitheamh. Glacadh le téacsanna dlí sa Chomhairle ar 29 Meán Fómhair. Toradh an-mhaith: bhain Éire amach a cuspóirí foriomlána na buntáistí i gClár Oibre 2000 a choinneáil. Is é an toradh air sin ná creatlach bheartais a thabharfaidh an deis d'fheirmeoirí na hÉireann agus d'earnáil an agraibhia iad féin a chur in oiriúint d'éilimh chlaochlaitheacha an tomhaltóra agus an mhargaidh agus do chúinsí idirnáisiúnta.
	Torthaí caibidlíochtaí AE eile i dtaobh beartas don mhargadh agus do struchtúir.	Bhí plé agus cinnteoireacht ann faoi na moltaí reachtacha a chuir an Coimisiún i láthair i dtaobh roinnt réimsí, lena n-áirítear leasú chóras an tsiúcra, sláinteachas beathaithe, orgánaigh ghéinathraithe, an galar crúb agus béil, smachtú confaidh agus zónóisí. Dul chun cinn agus torthaí sásúla ó thaobh na hÉireann de.
	Líon na gcomhthionscnamh a rabhthas páirteach iontu.	Bhí an Roinn páirteach in ocht gcomhthionscnamh i 2003 do na tíortha a thiocfaidh isteach.
6.3.2 Earnáil an agraibhia a chosaint go gníomhach sa bhabhta reatha den chaibidlíocht ilsleasach ar an trádáil faoin EDT	Toradh d'earnáil agraibhia na hÉireann sa chaibidlíocht EDT	Chlis ar an gcaibidlíocht ar an mbabhta nua sa Chúigiú Comhdháil d'Airí i gCancún i Meán Fómhair. Tá sainspéiseanna na hÉireann á léiriú i sainordú chaibidlíochta an AE.
6.3.3 Anailís a dhéanamh ar bheartais agus ar an ngeilleagar ionas go n-aithneofar roghanna beartais agus an chreatlach thacúil AE agus idirnáisiúnta is fearr don talmhaíocht, do gheilleagar na tuaithe agus don chomhshaol nádúrtha in Éirinn (Crostagairt do 1.1)	Líon agus caighdeáin na bpáipéar beartais a ullmhaitear maidir leis an CBT, an EDT agus le saincheisteanna idirnáisiúnta eile.	Rinneadh dianmheasúnú agus anailís ar na moltaí chun an CBT a leasú maidir le seasamh na hÉireann a shocrú sa Mheitheal Oibre, SCA agus i gComhairle na nAirí. Leanfaidh an chaibidlíocht faoin gcéad bhabhta eile den EDT isteach i 2004. Tá sainspéiseanna na hÉireann á léiriú i sainordú chaibidlíochta an AE. Rinne an RTB anailís mhionchruinn ar an laghdú céimseach, an modúlú agus gnéithe airgeadais eile den Athbhreithniú Lárthéarma ar na moltaí i gClár Oibre 2000 agus ar an réiteach deireanach. Chuir FAPRI-Ireland amach trí thuarascáil ar thionchar mholtaí an Athbhreithnithe Lárthéarma agus an réitigh dheireanaigh.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
6.3.4 Pleananna agus eagrúchán a dhéanamh ionas go mbeidh Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an AE i 2004 éifeachtach feidhmiúil (Crostagairt do 6.15).	Pleanáil agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin roimh ré. Líon na gcruinnithe a reachtáladh. Líon na dtorthaí maithe a baineadh amach. Líon na ngníomhartha ar son an AE i bhfóraim idirnáisiúnta.	Cumadh cláracha oibre don talmhaíocht. Críochnaíodh an t-ullmhúchán agus an phleanáil d'fhonn deimhin a dhéanamh d'Uachtaránacht éifeachtach. Bhí cruinnithe réamh-Uachtaránachta ann leis na 24 Ballstáit, idir shean agus nua, agus le Coimisinéirí Fischler agus Byrne. Ainmníodh 41 Cathaoirleach do Mheithleacha Oibre na Comhairle. Tomhasfaidh táscairí eile an fheidhmíocht i gcaitheamh na hUachtaránachta ó 1 Eanáir go 30 Meitheamh 2004.
6.3.5 Páirt ghníomhach a dhéanamh in ECGF, CODEX, OIE agus i bhfóraim idirnáisiúnta eile chun críche cuspóirí beartais náisiúnta.	Torthaí na caibidlíochta ar shaincheisteanna atá tábhachtach d'Éirinn.	Comhordaíonn an Roinn rannpháirtíocht na hÉireann sa Codex Alimentarius agus feidhmíonn sí mar Ionad Teagmhála an Codex i gcomhair na hÉireann. I 2003 d'fhreastail Éire ar 16 seisiún Codex agus bhí oifigigh ón Roinn i láthair i 10 gcinn acu. Rinneadh dul chun cinn a bhí go maith ó thaobh an AE agus na hÉireann de i roinnt saincheisteanna a bhí á bplé sna Coistí Codex/ Tascfhórsaí seo. Freastlaíodh ar chruinnithe de ghrúpaí reachtaíochta IDF. Bhí Éire sásta leis an treo agus an dul chun cinn a rinneadh maidir le caighdeáin táirgí agus an deimhniúchán. Tugadh aighneachtaí do ghrupaí dréachtaithe Codex. D'fhreastail an Roinn, i gcomhar leis an Ambasáid i Londain, ar an gComhairle Idirnáisiúnta um Chaife agus Cócó. Tugadh isteach an staidreamh ábhartha de réir mar ba ghá. Cuireadh saineolaithe ar fáil do mhisin an AE go dtí tíortha is iarratasóirí. Freastlaíodh ar 4 cruinniú de CoAg, CGM agus JWP. Ullmhaíodh tuairisceán faoin Meastachán Tacaíochta Táirgeora (MTT) agus an Meastachán Tacaíochta do Ghnáthsheirbhísí (MTGS).
6.3.6 Caidreamh éifeachtach a choinneáil le hinstitiúidí an AE agus le Ballstáit eile trí theagmháil dhíreach dhéshleasach le hinstitiúidí an AE agus trínár n-oifigigh taidhleoireachta thar sáile.	Toradh an Athbhreithnithe Lárthéarma ar Chlár Oibre 2000 agus ar chaibidlíochtaí eile faoi bheartais agus faoin EDT.	Teagmháil dhéshleasach agus ilsleasach faoin Athbhreithniú Lárthéarma, EDT agus saincheisteanna eile faoi bheartais an AE, lena n-áirítear cruinnithe leis an gCoimisinéir Fischler ar 25 Meitheamh agus cruinnithe le Ballstáit eile (an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe). Bhí siad seo mar bharr ar na cruinnithe réamh-Uachtaránachta a luaitear thuas. Bhain Éire toradh sásúil amach de bharr teagmhálacha agus comhairliúchán éifeachtach.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
6.3.7 Páirt a ghlacadh in iarracht na hÉireann cúnamh forbartha a thabhairt tríd an mbaint atá againn leis an EBT agus an CDB agus le fóraim eile; go háirithe ballraíocht de bhord feidhmeannach an CDB, cúrsaí a lean as an gCruinniú Mullaigh um Bia Domhanda agus oibriú na scéime APO/ JPO, i ndlúthchomhar le Ireland Aid agus le hEagrais Neamhrialtais.	Ranníocaíochtaí don EBT agus CDB. Rannpháirtíocht i gcruinnithe bhord feidhmeannach an CDB i 2003. Ionchur i gcruinnithe EBT/ CDB agus i bhfóraim agus i dtuarascálacha eile. An scéim APO/ JPO a chur i bhfeidhm.	€1.1m le EBT. €4.4m le CDB. D'fhreastail Éire ar 12 cruinniú comhordaithe EBT sa Bhruiséil agus ar na 4 cruinniú de Bhord Feidhmeannach an CDB i 2003, agus ghlac páirt iontu go léir. Thosaigh beirt ó APO/ JPO ag obair agus tugadh tacaíocht airgid dóibh i 2003. Rinneadh deimhin de gur cuireadh Taighdeoirí Éireannacha / Gníomhaireachtaí Cúnaimh ar an eolas faoi bheartais an AE trí ghníomhú mar Ionad Teagmhála do TETTF agus do Chóras Faisnéise TETTF. Freastlaíodh ar dhá chruinniú AE faoin mBeartas ar Thaighde Talmhaíochta le haghaidh Forbartha.
6.3.8 Comhoibriú Thuaidh/ Theas a chur chun cinn go gníomhach i gcomhthéacs an CATT agus an clár comhaontaithe oibre sa talmhaíocht a chur i bhfeidhm agus, lasmuigh de sin, comhoibriú thuaidh/ theas a chur chun cinn sna hearnálacha seo.	Líon na gCruinnithe Thuaidh/ Theas (Rannóg Talmhaíochta). Líon agus cineál na gcomhghníomhartha a rinneadh le comhghleacaí ón Tuaisceart. Líon na dtuarascálacha a tugadh isteach agus na gcinní a cuireadh i bhfeidhm.	Ní raibh aon chruinnithe foirmiúla Thuaidh/ Theas (Rannóg Talmhaíochta) ann mar gur cuireadh an Tionól ar fionraí i nDeireadh Fómhair 2002. Ach bhí cruinnithe ann idir oifigigh ón Roinn seo agus ón Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe (RTFT), Tuaisceart Éireann a chumhdaigh réimse leathan comhleasa. Le linn 2003 bhuail an tArdrunaí faoi dhó le Rúnaí Buan RTFT. Bhí roinnt cruinnithe ann faoi shláinte ainmhithe agus plandaí. I gcruinniú den chómheitheal oibre CATT faoi Leas Ainmhithe i Samhain 2003 pléadh ábhair chomhleasa, lena n-áirítear moltaí faoi chomhoibriú níos mó i gcúrsaí leasa ainmhithe agus i gcomhchuibhriú reachtaíochta.

CUSPÓIR 6.4 – GEILLEAGAR AGUS COMHSHAOL NA TUAITHE

Forbairt an gheilleagair tuaithe agus córais talmhaíochta agus táirgthe bia, atá inmharthana agus neamhdhíobhálach don chomhshaol, a chur chun cinn.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
6.4.1 Cothú an líon is mó teaghlach feirme a chur chun cinn, agus deimhin a dhéanamh de gur féidir leis na teaghlaigh slí bheatha atá tarraingteach inmharthana a bhaint amach.	Líon na dteaghlach feirme.	De réir an POS taispeánann na sonraí is nuaí go raibh 136,500 teaghlach feirme ann i 2002.
	Ioncam na dteaghlach feirme.	De réir an POS taispeánann na sonraí is nuaí gurbh é €29,692 meánioncam indiúscartha an teaghlaigh feirme in aghaidh na bliana.
6.4.2 Beartais, scéimeanna agus seirbhísí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun a) cuidiú le cothú gheilleagar na tuaithe b) athrú struchtúrach a éascú agus c) teicneolaíocht na cumarsáide a chur chun cinn i bpobal na feirmeoireachta.	Scéimeanna a cuireadh i bhfeidhm.	Leanadh de chur i bhfeidhm na Scéime Cosanta don Chomhshaol Tuaithe (SCCT), Scéimeanna Infheistíochta Ar-Feirme, Scéimeanna Cúnaimh Suiteála agus an dá Scéim Luathscoir.
	Méid an chaiteachais.	Feic Aguisín 1. €1.6 billiún go hiomlán in íocaíochtaí díreacha AE i 2003 (feic Aguisín 5).
	Líon na rannpháirtithe sa scéim.	38,500 rannpháirtí i SCCT faoi dheireadh 2003. 8,228 rannpháirtí sa dá Scéim Luathscoir faoi dheireadh 2003. 4,414 rannpháirtí sna Scéimeanna Infheistíochta Ar-Feirme faoi dheireadh 2003. 1,292 rannpháirtí sa Scéim Chúnaimh Suiteála faoi dheireadh 2003.
	Tionscadail bheartais a ndeachthas ina mbun.	Cuireadh moltaí faoin SCCT faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i Nollaig 2003. Fuarthas faomhadh ón gCoimisiún Eorpach chun feabhas mór a chur ar na buntáistí atá le baint as an Scéim Bhainistíochta Dramhaíola Feirme agus an Scéim Sláinteachais Déiríochta. Fuarthas faomhadh ón gCoimisiún freisin chun go gcumhdódh cómhaoiniú AE an Scéim Suiteála agus ceantair na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair den Scéim Sláinteachais Déiríochta. Cuireadh tús le hathbhreithnithe ar chaiteachas na Scéime Cúnaimh Suiteála agus na Scéime Bainistíochta Dramhaíola Feirme i 2003.
	Modhanna cumarsáide leictreonaí a chur chun cinn nuair is féidir.	Leanadh de ríomhstraitéis na Roinne le linn na bliana. Cuireadh ríomhbhothanna isteach i seacht n-oifig áitiúla ar bhonn píolótach agus tugann sé seo rochtain don phobal ar shuíomhanna gréasáin ábhartha an Rialtais.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
6.4.3 Na cláracha oiliúna d'fheirmeoirí a chur in oiriúint do na forbairtí coitianta i ngeilleagar na tuaithe, i gcomhar le Teagasc.	Líon na gCláracha le Teagasc. Líon na bhfeirmeoirí/ na dteaghlach tuaithe ag glacadh páirte i gcláracha oiliúna/ oideachais.	Bhí gach clár oiliúna creidiúnaithe go náisiúnta. Cuireadh clár cuimsitheach cúrsaí ar fáil d'fheirmeoirí páirtaimseartha agus bunaíodh clár píolótach ríomhfhoghlama do 2003/ 04. 652 rannpháirtí i gcúrsaí 3ú leibhéal. 2,729 rannpháirtí i gcúrsaí Gairmoideachais. 1,330 rannpháirtí i gcúrsaí páirtaimseartha, lena n-áirítear an ríomhfhoghlaim. 9,020 rannpháirtí in oiliúint na Feirmeoireachta do Dhaoine Fásta.
6.4.4 Clár Deiseanna Tuaithe a chur i bhfeidhm do theaghlaigh Fheirme trí Sheirbhís Inmhartanachta Tuaithe Theagasc.	Líon na dteaghlach feirme ag glacadh páirte i gClár Deiseanna Theagasc.	Faoi dheireadh 2003 bhí 5,526 teaghlach feirme tar éis céim 1 den chlár a chríochnú.
6.4.5 Tuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh um Mná sa Talmhaíocht a chur i bhfeidhm i gcomhar le Ranna eile.	Líon na moltaí a cuireadh i bhfeidhm.	Cuireadh i bhfeidhm gach moladh a bhain le RTB má bhí sé indéanta; cuireadh san áireamh moltaí a bhain le Ranna / Gníomhaireachtaí Rialtais eile agus rinneadh an-dul chun cinn.
6.4.6 Cuidiú le cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta athcheartaithe i gcoinne na Bochtaineachta i gcomhar le rannpháirtithe eile chun deimhin a dhéanamh go bhfuil na bearta atá le dul i ngleic leis an mbochtaineacht cuimsitheach, marthanach agus go n-éireoidh leo.	Feidhmíocht na spriocanna faoin mbochtaineacht do theaghlaigh tuaithe, a bhfuil feirm acu agus nach bhfuil.	Tacaíonn an Roinn le hioncaim feirmeacha trí íocaíochtaí díreacha ar fiú €1.6 billiún iad gach bliain. Rinne ITGS anailís, arna hiarraidh ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia, agus fuarthas amach go raibh 3.1% de na teaghlaigh feirme i bpriacal na bochtaineachta buaine i gcomparáid le 6.5% de theaghlaigh thuaithe gan feirm agus 4.2% de theaghlaigh uirbeacha, agus é seo bunaithe ar an Suirbhé 'Ag Maireachtáil in Éirinn' 2001.
6.4.7 Na dea-chleachtais san fheirmeoireacht a chur i bhfeidhm.	Méid an ghéilliúntais do dhea-chleachtas san fheirmeoireacht.	Méid ard géilliúntais don Dea-Chleachtas san Fheirmeoireacht de réir na gcigireachtaí ar fheirmeacha. Feic 6.4.14
6.4.8 Tacú leis na gealltanais a tugadh sa chuid talmhaíochta den Straitéis um Athrú Aeráide, de Phrótacal Gothenburg agus de bheartais ábhartha eile.	An dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na ngealltanas faoin talmhaíocht a chomhaontaigh an Rialtas.	Táthar i mbun cláir thaighde atá ag díriú ar fhardail iontaofa a bhunú d'astúcháin de gháis cheaptha teasa ón talmhaíocht agus gníomhartha a aithint a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun astúcháin mheatáin agus ocsaíde nítriúla a laghdú. Mheas FAPRI go dtiocfadh laghdú ar na hastúcháin de gháis cheaptha teasa ón talmhaíocht i 2012 anuas go leibhéal a bheadh 16% ní ba lú na an leibhéal a taifeadadh i 1990, agus é seo de bharr na leasuithe a comhaontaíodh mar chuid de Chomhaontú Lucsamburg i Meitheamh 2003. Sháródh an laghdú measta seo d'astúcháin gháis cheaptha teasa na spriocanna a socraíodh don earnáil sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
6.4.9 Idirchaidreamh éifeachtach le Teagasc agus le hinstitiúidí eile chun an taighde a spreagadh agus a fhorbairt agus a chuideoidh le taca a chur faoi chleachtais táirgeachta talmhaíochta inmharthana agus le cosaint ár gcomhshaoil tuaithe	Scair den chaiteachas ar thaighde a dhírítear ar an talmhaíocht inmharthana. Líon na gcláracha taighde ar an talmhaíocht inmharthana.	Tugadh cúnamh airgid do Staidéar Tultreorach ar Chomhshaol na Tuaithe in Éirinn i 2025, do thionscnamh chun aird a tharraingt ar shochar na bhfál sceach agus do Shuirbhé ar Áiseanna Feirme.
6.4.10 Deimhin a dhéanamh go gcuirfear cleachtais feirmeoireachta inmharthana chun cinn trí a) chláracha eolais agus oiliúna b) dhearthaí agus caighdeáin a nuachóiriú go rialta (lena n-áirítear tírdhreach an chomhshaoil agus an stóráil) do gach struchtúr a fhaigheann cúnamh deontais.	Líon na rannpháirtithe i gcúrsaí SCCT. Líon na rannpháirtithe i gcúrsaí Theagasc d'iontrálaithe feirme. Líon na sonraíochtaí agus na gcaighdeán, idir nua agus athcheartaithe. Líon na gcomhairliúchán le foirne allamuigh, pleanálaithe, saincheisteanna atá fós á bplé srl.	Is é 5,764 líon na rannpháirtithe i gcúrsaí SCCT a d'eagraigh Teagasc i 2003. Is é 3,381 líon na rannpháirtithe i gcúrsaí Theagasc d'iontrálaithe feirme i 2003. Ocht gcinn. 13 cúrsa oiliúna (2 lá) do fhoireann theicniúil sa Rannóg Talmhaíochta, Comhshaoil agus Struchtúr. 7 cúrsa oiliúna (2 lá) do phleanálaithe a bhfuil baint acu le scéimeanna OFI.
6.4.11 Bearta ar leith a chur i bhfeidhm chun tacú leis an bhfeirmeoireacht neamhdhíobhálach don chomhshaol lena n-áirítear: a) Bainistiú Dramhaíola Feirme b) Scéim Chosanta don Chomhshaol Tuaithe (SCCT) c) Feirmeoirí orgánacha a dtacaítear leo trí SCCT d) Pleananna Creatlaí don Choimín e) Scéim chúnaimh deontais chun an Earnáil Orgánach a fhorbairt f) An tSábháilteacht Feirme a chur chun cinn.	Athbhreithniú ar an SCCT i 2003. Líon na bhfeirmeoirí a fuair cúnamh deontais do bhainistiú agus do thoilleadh dramhaíola. Líon na rannpháirtithe sa SCCT agus na hachair thalún atá i gceist. Líon na rannpháirtithe sa SCCT atá ag baint áise as bearta tacúla do chúrsaí orgánacha agus na hachair thalún atá i gceist. Líon na bhfeirmeoirí orgánacha agus próiseálaithe a fuair cúnamh deontais. Méadú ar thoilleadh stórála do dhramhaíl. Tuarascálacha ar chaighdeán an uisce ón nGníomhaireacht um Chosaint Chomhshaoil (GCC). Tuarascálacha ar an tSábháilteacht Feirme.	Críochnaíodh an tAthbhreithniú agus cuireadh moltaí faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i Nollaig 2003. 3,352 Feirmeoir Thart ar 0.296 milliún m^3 38,493 rannpháirtí agus 1,315,841 ha 600 rannpháirtí 19,500 ha 27 Toradh faoi dheireadh 2003 – thart ar 0.296 milliún m^3 Feic 6.4.14 Ghlac an Roinn páirt sa Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Feirme nach raibh ról rialaithe aici i 2003 agus nach raibh uirthi tuarascálacha foirmiúla a chur amach. Beidh iallach foirmiúil uirthi i 2004.
6.4.12 Cur i bhfeidhm an Phlean Ghníomhartha Orgánacha.	Líon na ngníomhartha a cuireadh i bhfeidhm. An spriocmhéid talún a cuireadh i gcumraíocht don táirgeadh orgánach faoi 2006.	7 Á athbhreithniú.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
6.4.13 Cur leis an gcion a dhéanann an ghortóireacht don gheilleagar.	Méadú ar an táirgeadh gortóireachta.	Bhí méadú thart ar 1% ar an táirgeadh gortóireachta i 2003.
	Tacaíocht don ghortóireacht.	Scéim Chúnaimh don Infheistíocht in earnáil Thráchtála na Gortóireachta faoin BFN. Íocadh €1.438 milliún faoin scéim seo i 2003. Scéim Chúnaimh Deontais d'Eagrais Táirgeoirí faoi Chomheagrúchán an Mhargaidh do Thorthaí agus Glasraí. Iocadh €3.498 milliún faoin scéim seo i 2003. Rinneadh conradh leis an mBord Glas chun tomhaltas na mbeacán a mhéadú. Sa bhuiséad €399,000 tá 50% ina mhaoiniú ón AE agus 20% ina mhaoiniú náisiúnta.
	Líon na Scéimeanna Deimhnithe Cáilíochta atá ar siúl.	Bhí ceithre Scéim Dheimhnithe Cáilíochta agus dhá scéim phíolótacha ar siúl i 2003.
	Líon na rannpháirtithe sna Scéimeanna Deimhnithe Cáilíochta.	Bhí 612 rannpháirtí sna Scéimeanna Deimhnithe Cáilíochta faoi dheireadh 2003.
6.4.14 Comhoibriú éifeachtach a chothú leis an Roinn Comhshaoil agus leis an Rialtas Áitiúil agus le Ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha eile chun déileáil le cúrsaí agraibhia, lena n-áirítear reachtaíocht AE faoin gcomhshaol agus forbairt na socruithe pleanála éigeandála atá ann cheana.	Tuarascálacha GCC ar chaighdeán an uisce.	Tugann an Tuarascáil um Chur i bhFeidhm Náisiúnta na Rialachán um Fosfar, 2003, forbhreathnú ar chaighdeán uisce na n-aibhneacha agus na lochanna mar atá sé i ngach ceantar ina bhfuil údarás áitiúil. Taispeánann an mhonatóireacht reatha go bhfuil 62% de na stáisiúin mhonatóireachta aibhneacha agus 64% díobh i gcás lochanna, a bhfuil an t-eolas orthu ar fáil, ag comhlíonadh na Rialachán. Foilsíodh an tuarascáil bhliantúil leis an nGníomhaireacht um Chosaint Chomhshaoil (GCC) in Eanáir 2003. Tríd is tríd bhí caighdeán an uisce óil phoiblí sásúil sna samplaí a thug údaráis sláinteachais. I gcomparáid leis an uisce poiblí tá caighdeán an uisce a thug na grúpscéimeanna uisce, a thugann uisce do thart ar 145,000 teaghlach tuaithe in Éirinn, míshásúil.
	Líon na PBC ar fheirmeacha lasmuigh den SCCT.	Is é 127 líon iomlán na PBC do fheirmeacha lasmuigh den SCCT i 2003.
	Méadú ar an toilleadh chun dramhaíl a storáil.	Toradh faoi dheireadh 2003 - thart ar 0.296 milliún m_
	Feabhsúchán chaighdeán an uisce.	Tá ag éirí leis an bhfearas bainte fosfair i monarchana áirithe cóireála uisce caighdeán an uisce a fheabhsú. I gcomparáid leis na figiúirí do 2000 bhí méadú an-bheag ar chaighdeán an uisce óil sna samplaí de na soláirtí uisce phoiblí a thug na húdaráis sláinteachais. Bhí laghdú fiú le rá ar líon na samplaí ina raibh colafoirmeacha faecacha i 2001, i soláirtí d'uisce poiblí agus i ngrúpscéimeanna uisce. Ach bhí an t-uisce a thug na grúpscéimeanna uisce míshásúil agus de chaighdeán níos ísle ná mar a bhí i 2000.
	An méid úsáide a bhaintear as nitrigin agus fosfar.	Bhí méadú beag ar úsáid nitrigine agus fosfair i 2003, aníos go 388,000 tonna agus 43,832 tonna faoi seach.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
	Rannpháirtíocht i gcoistí idir-rannacha.	Rannpháirtíocht sa choiste idir-rannach a bunaíodh chun an Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta a chur i bhfeidhm.
	Comhairliúchán le Ranna agus le gníomhaireachtaí comhshaoil.	Rannpháirtíocht san Ardán Náisiúnta do Thaighde ar an mBithéagsúlacht.
	Deireadh a chur le nuashonrú rialta na socruithe pleanála éigeandála.	Nuashonraítí ar bhonn rialta iad. Rannpháirtigh an Roinn go gníomhach in Oifig na Pleanála Éigeandála.
6.4.15 Bearta a fhorbairt chun deimhin a dhéanamh go mbainfear úsáid cheart as acmhainní géiniteacha plandaí agus ainmhithe do bhia agus don talmhaíocht agus go mairfidh siad.	Táirgeadh tráthúil na tuarascála náisiúnta ar acmhainní géiniteacha ainmhithe.	Cuireadh amach Tuarascáil Náisiúnta ar Acmhainní Géiniteacha Ainmhithe. Oibríodh an Scéim Dheontais Náisiúnta do Thaighde ar Acmhainní Plandaí agus Ainmhithe. Dhaingnigh Dáil Éireann an Conradh Idirnáisiúnta um Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus Talmhaíocht.

CUSPÓIR 6.5: CUR I bhFEIDHM SCÉIMEANNA AGUS BAINISTIÚ AIRGEADAIS

Ár gcuid scéimeanna agus cláracha ar fad a oibriú ar mhodh éifeachtach feidhmiúil agus deimhin a dhéanamh de na caighdeáin is airde bainistíochta corparáidí agus airgeadais agus freagrachta inár gcuid gníomhaíochtaí go léir.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
6.5.1 Deimhin a dhéanamh de na caighdeán is airde seirbhíse agus an CBT agus scéimeanna náisiúnta tacaíochta á gcur i bhfeidhm, lena n-áirítear scéimeanna préimhe agus deontais agus bearta faoin bPlean Forbartha Náisiúnta de réir na bprionsabal agus na spriocanna a leagadh amach sa Phlean Gníomhartha don tSeirbhís do Chustaiméirí.	An fheidhmíocht maidir le spriocamanna, nósanna imeachta agus prótacail atá beartaithe, lena n-áirítear an Prótacal um Íocaíochtaí Díreacha agus na spriocanna atá sa Phlean Gníomhartha don tSeirbhís do Chustaiméirí. An céatadán de na hiarratasóirí a faomhadh agus íocadh.	Féach Aguisín 2.
6.5.2 An sreabhadh faisnéise a fheabhsú agus aird a tharraingt ar ghníomhaíochtaí na Roinne agus ar riachtanais na scéimeanna tríd an idirchaidreamh le buíonta cliant agus le gníomhaireachtaí stáit, agus cumarsáid thréan a chothú sa réimse oibriúcháin agus beartais den Roinn agus scrúdú a dhéanamh, in éineacht le heagrais feirmeoirí, féachaint le cúrsaí a bhaineann le nósanna imeachta iarratais agus próiseála a shimpliú, más féidir.	Líon na bhfoilseachán agus na gcruinnithe poiblí. Mionteagaisc ar bheartais don lucht bainistíochta. Suíomh gréasáin na Roinne a nuashonrú go rialta chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil na sonraí is nuaí ar fáil i gcónaí i dtaobh scéimeanna. Sástacht na gcustaiméirí le nósanna imeachta iarratais agus próiseála.	43 cruinniú faisnéise don phobal ar fud na tíre i dtaobh an Athbhreithnithe Lárthéarma ar an CBT. Bhí 6 seisiún eolais ann i rith na Craoibhe Treafa Náisiúnta i 2003. Soláthraítí rialta mionteagasc. Nuashonraítí go rialta é. Seoladh an suíomh gréasáin athfhorbartha i Meitheamh 2003. Thaispeáin Suirbhéanna 2002, a críochnaíodh i 2003, go raibh leibhéal na sástachta idir 70% agus 90%.
6.5.3 Na caighdeáin is airde in oibriú na bainistíochta airgeadais a bhaint amach, ar leibhéal lárnach agus ar leibhéal na scéimeanna araon, agus riachtanais airgeadais an AE agus na hÉireann a chomhlíonadh go hiomlán (tuarasciú airgeadais, coinneáil sonraí cuntasóireachta agus beartaíochta, riachtanais iniúchóireachta, tuairisciú ar aimhrialtachtaí agus aisghabhálacha), lena n-áirítear iadsan a bhaineann leis an gcreidiúnú mar	Tuarascálacha iniúchóireachta leis an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí, ARCC, eagras deimhnithe FEOGA, an gCoimisiún Eorpach agus Cúirt Eorpach na nIniúchóirí. Stádas creidiúnaithe mar ghníomhaireacht íocaíochta FEOGA. Tuarascálacha ó PAC agus ón gCoiste Iniúchóireachta. Líon agus scála na ndícheaduithe leis an gCoimisiún Eorpach.	Prasghníomh leanúna ar thorthaí na hiniúchóireachta AE. Ní raibh aon mhórthorthaí iniúchóireachta ag an Eagras Deimhnithe. Eisíodh 22 Tuarascálacha ar Iniuchóireachtaí Inmheánacha le linn na bliana. Coinníodh an stádas Eisíodh Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniuchóireachta i Márta 2003. Ó 1993 i leith tá an tríú leibhéal is ísle dícheaduithe san AE ag Éirinn.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
ghníomhaireacht íocaíochta le FEOGA agus le Cistí Struchtúracha an AE.		
6.5.4 Na rialacháin fhisiciúla is éifeachtaí, agus eile, a oibriú ag úsáid teicnící bainistíochta priacail, lena chinntiú go gcomhlíonfar go hiomlán riachtanais an AE agus na hÉireann agus go mbrathfar neamhrialtachtaí agus an chamastaíl.	Tuarascálacha Iniúchóireachta leis an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí, ARCC, eagras deimhnithe FEOGA, an gCoimisiún Eorpach agus Cúirt Eorpach na nIniúchóirí. Stádas creidiúnaithe mar ghníomhaireacht íocaíochta FEOGA. Tuarascálacha le PAC agus an gCoiste Iniuchóireachta. Líon agus scála na neamhrialtachtaí agus na camastaíola.	Sásúil. Ní raibh aon drochthorthaí móra iniúchóireachta ann. Feic 6.5.3 thuas Feic 6.5.3 thuas Feic 6.5.3 thuas
6.5.5 Éifeachtacht agus feidhmiúlacht na nósanna imeachta iniúchóireachta agus cuntasóireachta a fheabhsú tuilleadh trí chóras cuntas na Roinne a fhorbairt agus trí úsáid níos leithne a bhaint as na híocaíochtaí leictreonacha.	Céim 2 de chóras cuntas FTB a chur i bhfeidhm Céatadán na gcliant agus na foirne a n-íoctar leo ar bhonn leictreonach	Cuireadh Céim 2 i bhfeidhm i Lúnasa 2003. Bhí 55% de na soláthróirí ginearálta, 14% de na feirmeoirí agus 81% de na baill foirne á n-íoc ar bhonn leictreonach faoi 31 Nollaig 2003.
6.5.6 Na príomhphriacail roimh an Roinn a aithint agus a chinntiú go bhfuil na rialacháin is fearr ann agus go bhfuil úinéireacht phriacail sainmhínithe go maith trí chlár cuimsitheacha chun priacail fhiontraíochta a bhainistiú.	Beartas bainistíochta priacail a fhoilsiú i dtosach 2003. Clár bainistíochta priacail a chur i bhfeidhm ar fud na Roinne i 2003. Tuarascálacha gach ráithe don Choiste Bainistíochta Priacail (inmheánach) agus don Choiste Iniúchóireachta (seachtrach).	Foilsíodh i bhFeabhra 2003 é. Cuireadh i bhfeidhm faoi 30 Meán Fómhair é. Tugadh tuarascálacha ráithiúla don Choiste Bainistíochta Priacail agus don Choiste Iniúchóireachta.
6.5.7 Tógáil ar an infheistíocht inár gcóras cuntas trína thuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár gcórais faisnéise airgeadais mar chuid de chur i bhfeidhm Creatlaí cuimsithí Faisnéise Bainistíochta.	Tuarascálacha airgeadais bunaithe ar chostais le cur amach i 2003. Toradh ar rannpháirtíocht na Roinne i dtionscnamh píolótach faoi imeascadh bainistíochta airgeadais agus pleanála gnó.	Tosaíodh ag obair ar na tuarascálacha seo i 2003 agus críochnófar i dtosach 2004 iad. Rannpháirtigh an Roinn sa tionscadal píolótach faoi imeascadh Leithdháilte Acmhainní agus Pleanála Gnó i 2003 i gcomhar leis an Roinn Iompair, Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh. Críochnófar an tuarascáil ar rannpháirtíocht na Roinne i 2004.
6.5.8 Clár iomlán d'iniúchóireacht scrúdain an AE, iniúchóireacht Cistí Struchtúracha agus iniúchóireacht inmheánach lena n-áirítear iniúchóireacht TF de réir na gcleachtas is fearr agus de réir mar a bhí beartaithe sna pleananna ilbhliantúla agus bliantúla.	Tuarascálacha ráithiúla agus bliantúla ar fheidhmíocht na hiniúchóireachta don CCB agus don Choiste Iniúchóireachta. Líon na n-iniuchóireachtaí a críochnaíodh agus na moltaí móra a cuireadh i bhfeidhm.	Tuarascálacha ráithiúla agus bliantúla curtha faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta. Críochnaíodh 22 tuarascáil ar iniúchóireachtaí inmheánacha agus críochnaíodh an clár scrúdain ina iomláine. Cuireadh 50% de na moltaí móra ón Iniúchóireacht Inmheánach i bhfeidhm ina n-iomláine agus tá an chuid eile á gcur i bhfeidhm.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
6.5.9 Dul i mbun measúnachtaí ar phríomhréimsí caiteachais ar bhonn rialta tríd an gclár athbhreithnithe caiteachais agus an measúnacht lárthéarma ar an BFN agus ar bhearta forbartha tuaithe an CBT.	Líon na n-athbhreithnithe ar an gcaiteachas agus na measúnachtaí a críochnaíodh. Tuarascálacha a cuireadh faoi bhráid Choistí Monatóireachta Áitiúla agus Forbartha Tuaithe CCB agus CBT.	Críochnaíodh an tAthbhreithniú Caiteachais ar chúnamh don fhorbairt thar sáile (CFS) agus tugadh amach é le measúnú seachtrach a dhéanamh air. Le linn 2003 ceapadh luachálaithe seachtracha chun measúnacht a dhéanamh ar chaighdeán na gcúig chlár d'athbhreithnithe caiteachais a bhí ar siúl faoin Tionscadal Athbhreithnithe Caiteachais (TAC). Rinneadh dul chun cinn i gceithre athbhreithniú eile faoin TAC. Chomh maith leis sin rinne an Roinn ceithre athbhreithniú lárthéarma ar ríomhchláraitheoirí. Rinneadh luachálacha lárthéarma ar an bPlean CBT don Fhorbairt Tuaithe agus ar bhearta ábhartha talmhaíochta i 2003 agus tugadh tuarascáil ar na torthaí agus moltaí do na coistí cuí monatóireachta.
6.5.10 Féachaint, i gcomhar le Coimisiún an AE agus i gcomhthéacs an athbhreithnithe lárthéarma ar an bPlean CBT don Fhorbairt Tuaithe, arbh fhéidir rangú na gceantar faoi mhíbhunutáiste a leathnú ar fud cheantar na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair (TLI) ar fad.	An dul chun cinn a rinneadh san athbhreithniú lárthéarma ar an bPlean CBT don Fhorbairt Tuaithe. % den tír a rangaítear mar Cheantar faoi Mhíbhuntáiste % den cheantar TLI a rangaítear mar Cheantar faoi Mhíbhuntáiste.	Rinneadh athbhreithniú lárthéarma ar an bPlean CBT don Fhorbairt Tuaithe i 2003. Cuireadh moltaí ábhartha chun an SCCT a athrú, ag teacht leis na gealltanais sa chomhaontú *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn*, faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i ndeireadh 2003. De bhun na measúnachtaí lárthéarma agus *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn*, cuireadh moltaí faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh freisin chun feabhas a chur ar na scéimeanna bainistíochta dramhaíola feirme agus sláinteachais déiríochta agus faomhadh i mí na Nollag iad. Ní bhfuarthas freagra dearfach ón gCoimisiún Eorpach ar na chéad mholtaí a rinne Éire maidir le leathnú na gCeantar faoi Mhíbhuntáiste.

CUSPÓIR 6.6 - CUMAIS OIBRIUCHÁIN

Ár gcuid acmhainní, idir dhaonna agus nádúrtha, agus ár gcumas oibriúcháin a fhorbairt agus deimhin a dhéanamh go soláthrófar seirbhís den scoth dár gcuid custaiméirí i gcéin is i gcóngar.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
6.6.1 Straitéis faoi na hAcmhainní Daonna (AD) agus Clár Oiliúna na Roinne a chur i bhfeidhm.	Tá na cláracha AD atá sa Straitéis AD á gcur i bhfeidhm go sásúil Clár chun an Straitéis AD a chur i bhfeidhm le beartú, agus tosaíocht le tabhairt do shaincheisteanna ar leith Líon na laethanta oiliúna agus na gníomhartha a rinneadh maidir leis an aiseolas.	Críochnaíodh 92.5% de na Rólphróifílí laistigh den am a bhí beartaithe. Tá 100% den Struchtúr Comhpháirtíochta ann agus leathnaithe má bhíothas in ann. Rinneadh agus cuireadh amach an clár faoin gcur i bhfeidhm agus rinneadh dul chun cinn ag cur i bhfeidhm na ngníomhartha ar leith a aithníodh. 14,500 lá oiliúna.
6.6.2 Leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar rialacháin agus scéimeanna a bhaineann le hacmhainní daonna, agus iad a chur i bhfeidhm.	Cleachtais AD a cuireadh i bhfeidhm de réir na rialachán agus ag teacht leis na hardchaighdeáin a sainíodh sa Phlean Gníomhartha don tSeirbhís do Chustaiméirí.	Suiteáladh Córas Ama agus Tinrimh i mBaile Átha Cliath agus i bPort Laoise le linn 2003.
6.6.3 Córas Ríomhairithe Bainistíochta Acmhainní Daonna a shuiteáil agus a chur i bhfeidhm ionas go gcuirfear i bhfeidhm níos fusa beartais straitéiseacha AD.	Córas a shuiteáil agus é ag lánfheidhmiú faoi Bhealtaine 2003.	Suiteáladh an córas agus bhí sé ag lánfheidhmiú faoi Bhealtaine 2003.
6.6.4 Straitéisí reatha AD a athbhreithniú de bharr na dtorthaí ó Shuirbhé na bhFostaithe	Torthaí agus anailís ar an suirbhé a scaipeadh Príomhábhair imní/ spéise a roghnú agus straitéisí ar leith a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna.	100% 80%
6.6.5 Comhionannas inscne a bhaint amach do gach ball foirne.	Spriocanna do rannpháirtíocht na mban a bhaint amach faoi 2005.	Leantar de dhul chun cinn a dhéanamh chun cuspóir na Roinne a bhaint amach, mar atá an comhionannas mar phrionsabal gan cur ina choinne i ngach gné d'obair na Roinne: **Grád** / **AP** / **VI/RO** / **AI** Ionadaíocht Reatha do Mhná: 30% / 17% / 12% Ionadaíocht Sprice Faoi 2005: 33% / 20% / 10%
6.6.6 Plean Gníomhartha don tSeirbhís do Chustaiméirí 2001 - 2004 a chur i bhfeidhm.	Spriocanna atá sa Phlean Gníomhartha don tSeirbhís do Chustaiméirí a bhaint amach.	Cuireadh 80% de na Gníomhartha i bhfeidhm. Feic Aguisin 2 i gcomhair na dtorthaí do seachadta seirbhíse.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
6.6.7 Beartais agus réimsí oibriúcháin na Roinne a scrúdú agus tuairisc a thabhairt ar na rudaí a d'fhéadfaí a fheabhsú sa struchtúr (foireann agus nósanna imeachta).	Dul i mbun suirbhéanna MSD, tionscnaimh nó athbhreithnithe eile. Dul chun cinn a dhéanamh i gcaighdeánú, i bhfeabhsú agus, más cuí, i ndeimhniú de réir na samhlacha creidiúnaithe de chaighdeáin idirnáisiúnta do chórais oibre, do phróisis agus do nósanna imeachta.	Críochnaíodh tuarascáil ar Oifigí Áitiúla agus cuireadh faoi bhráid an Lucht Shinsirigh Bhainistíochta í. Tosaíodh athbhreithnithe ar Scéimeanna agus Seirbhísí. I Márta 2003 bronnadh Deimhniú Cláraithe do chaighdeán cáilíochta idirnáisiúnta ISO 9001:2000 ar an Rannóg Cógas Tréidliachta i Má Nuad. Bronnadh an deimhniú ar an Rannóg Athchistithe Onnmhairíochta Mairteola, Loch Garman i nDeireadh Fómhair. Fuair an tSaotharlann Eolaíochta Déiríochta i mBaile Átha Cliath a creidiúnú do EN17025 le linn na bliana.
6.6.8 Déileáil go feidhmiúil le hiarratais ar fhaisnéis faoin ASF agus le ceisteanna ón Ombudsman	Spriocamanna reachtúla a chomhlíonadh i dtaobh an ASF agus ceisteanna ón Ombudsman.	Comhlíonadh spriocamanna reachtúla.
6.6.9 A thuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcumarsáid inmheánach agus sheachtrach chun níos mó airde a tharraingt ar na gníomhaíochtaí agus scéimeanna a dhéanann an Roinn.	Líon agus réimse na bhfoilseachán/ na bpreaseisiúntí/ na mionteagaisc don phreas. Suíomh gréasáin na Roinne a nuashonrú go rialta.	23 foilseachán; 167 preaseisiúint Bainte amach (Feic 6.5.2 freisin)
6.6.10 A thuilleadh forbartha a dhéanamh ar Rannóg na Seirbhísí Dlí d'fhonn seirbhís chomhairleach dlí ar leith a sholáthar do gach rannóg sa Roinn agus, i gcomhar le gníomhaireachtaí dlí eile an Stáit, dlíthíocht a bhaineann leis an Roinn a chur i bhfeidhm agus a chosaint ar bhonn níos éifeachtaí.	Barúlacha beachta agus comhairle dlí a sholáthar in am is i dtráth do rannóga na Roinne. Gach dlíthíocht i gcoinne na Roinne a chríochnú go héifeachtach tráthúil. Reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach atá ag teastáil a thabhairt isteach. Suirbhéanna ó rannóga a fuair comhairle chun réimsí a aithint a mbeadh seirbhísí dlí ar leith uathu.	Sholáthair Rannóg na Seirbhísí Dlí breis agus 5,000 barúil faoi chúrsaí dlí agus ghnáthchúrsaí le linn 2003 do rannóga líne. Bhí baint níos pearsanta ann leis an dlíthíocht trí pháipéir mhionchruinne faoi chásanna a ullmhú don CSSO i ndlíthíocht a bhain leis an Roinn. Freastlaíodh ar an-chuid comhairliúchán agus éisteachtaí cúirte. D'ullmhaigh Rannóg na Seirbhísí Dlí breis agus 50 Ionstraim Reachtúil agus an-chuid rudaí eile do rannóga line. Tugadh cúnamh leanúnach chun ceithre phríomhphíosa reachtaíochta a thabhairt isteach. Tá plé ar siúl go fóill leis na rannóga líne faoin gcineál agus faoin méid cúnaimh dlí a theastaíonn le haghaidh na dtorthaí is fearr.
6.6.11 Bonneagar TF ardchaighdeáin a chur ar fáil a thacóidh le feidhmeanna na Roinne.	An t-íosmhéid ama atá an córas thíos. Nósanna imeachta a chur isteach chun an tseirbhís a athshlánú i gcás fadhbanna. Beartas faoi shlándáil TF a shocrú. Modh cosanta a chur isteach chun an baol ó víris a íosmhéadú, agus nósanna imeachta chun na modhanna cosanta seo a nuachóiriú ar bhonn rialta/ buan.	Tá an t-am laistigh den teorainn 1% agus baineadh amach athshlánú aonlae. Níor éirigh le haon iarracht bradaíola i 2003 de bharr na mbeart slándála agus cothabhála atá curtha isteach. Bainte amach. Bainte amach.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
	Nósanna imeachta cuí a chur isteach chun obair éifeachtach glantacháin agus athshlánaithe a dhéanamh sa chás go sáraíonn víris ár mbonneagar.	Bainte amach.
	Leanúint de mhonatóireacht chuí ar ár slándáil.	Bainte amach.
	Beartas faoi úsáid TF agus an Idirlín a chur isteach.	Bainte amach.
	Pleananna Athshlánaithe i gcás Matalaing TF a chur isteach agus a thástáil.	Bainte amach.
	An tslándáil fhisiciúil chuí in áiseanna TF a chur isteach.	Bainte amach.
6.6.12 Na córais straitéiseacha a aithníodh sa straitéis faoin TF a chur isteach, lena n-áirítear feabhsú na gcóras atá ann cheana a chuireann taca faoinár mbunghnó.	Na spriocamanna prótacail agus AE/ Náisiúnta a bhaint amach.	Baineadh amach gach spriocam i gcás íocaíochtaí as an Líon Ainmhithe agus Cúnamh Ceantair. Cuireadh i bhfeidhm céim 3 den CCC i nDeireadh Fómhair 2003. Tugadh isteach CRSA ar bhonn píolótach i Lúnasa 2003. Tugadh isteach an Córas CNG i ndá chéim - i Lúnasa agus Samhain 2003. Tugadh isteach an chéadmhodúl den CGA i Samhain 2003. Bhí dhá scaoileadh cothabhála Express (Aisíocaíochtaí Onnmhairíochta) i 2003.
6.6.13 Páirt a ghlacadh le húsáideoirí gnó i bhforbairt samhlacha seachadta seirbhíse don todhchaí.	Samhlacha seachadta seirbhíse a dhéanamh agus a athbhreithniú.	Cuireadh amach cáipéisí ar anailís mhionchruinn agus ar an dearadh don Chóras Gluaiseachta Ainmhithe i 2003. Bíonn cruinnithe/ ceardlanna ann chun samhlacha nua seachadta seirbhíse agus roghanna teicneolaíochta a fhorbairt. Tá an Straitéis Ríomhrialtais agus na háiseanna arna gcur isteach. Caithfear na háiseanna a nuachóiriú ar bhonn leanúnach.
6.6.14 An t-aistriú ó oibriúcháin na Roinne go dtí an Ríomhrialtas a chur chun cinn.	Straitéis na Roinne a nuashonrú agus a athbhreithniú. Deiseanna don Ríomhrialtas le haithint ag an nGrúpa Stiúrtha Ríomhrialtais agus tosaíochtaí a thabhairt dóibh. Timpeallacht dhaingean a chur i bhfeidhm do chórais a bhfuil rochtain sheachtrach ar an Idirlíon acu.	Leanadh de Cheisteanna agus Freagraí agus den mhonatóireacht tríd an nGrúpa Rúnaíochta Cúnta Ríomhrialtais agus tríd an gCoiste Stiúrtha TF.
6.6.15 Na teicneolaíochtaí agus tacaíochtaí cuí a thabhairt do ghníomhaíochtaí na Roinne le linn Uachtaránacht an AE (crostagairt do 3.4).	Na tacaíochtaí cuí a aithint Teicneolaíochtaí a roghnú chun na tacaíochtaí sin a sholáthar.	Leanadh den idirchaidreamh le Roinn Trádála an AE. Rogha na Teicneolaíochta gan Sreanga agus ríomhaireacht mhóibíleach d'úsáideoirí le linn na hUachtaránachta.

STRAITÉIS	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	DUL CHUN CINN
	An cur i bhfeidhm a phleanáil agus a dhéanamh. Na teicneolaíochtaí a thástáil lena chinntiú go n-oibreoidh siad gan stró le linn na hUachtaránachta.	Rannpháirtíocht i gcruinnithe leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha.
6.6.16 An riarachán inmheánach (cumadh beartas) a fheabhsú trí úsáid níos leithne a bhaint as an Idirlíon.	Rochtain ag gach ball foirne ar an Idirlíon faoi 2003.	Bainte amach.
6.6.17 Seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar don Aire agus do na hAirí Stáit lena n-áirítear mionteagaisc, comhairle, ábhair chuí do fhreagraí CD agus d'aithisc.	Líon na CD, na n-aitheasc agus na mionteagasc a ullmhaíodh.	Freagraíodh 1,695 CD agus comhlíonadh gach iarratas ar aitheasc/ mionteagasc a thabhairt.
6.6.18 An phleanáil straitéiseach a fheabhsú laistigh de na Rannóga agus den Roinn.	Pleananna Gnó a chur isteach do 2003, 2004, 2005. Anailís ar na Pleananna Gnó. Cruinnithe den Ghrúpa Comhordaithe TBS. CBFF a dhéanamh. Oiliúint foirne. Cruinnithe rannóige.	Bhí Pleananna Gnó ann do na 64 Rannóg sa Roinn i 2003. Rinneadh anailís ar an bPleanáil Ghnó. I 2003 ghlac an RTB páirt sa Tionscnamh Píolótach ar chomhtháthú na Pleanála Gnó agus an Leithdháilte Acmhainní (LAG). (Foilseofar tuarascáil ar an tionscnamh píolótach seo i 2004.) Cruinnithe ráithiúla i 2003. Chomlíon breis agus 92% den fhoireann oilte rólphróifíl i 2003. Chomhlíon 4,400 fostaí a n-oiliúint CBFF i 2003.
6.6.19 Na modhanna comhairliúcháin atá ann cheana a choinneáil agus, de réir mar is gá, modhanna nua a bhunú lena chinntiú go mbeidh cumadóireacht agus cinnteoireacht éifeachtach fheasach ann i dtaobh beartas maidir le saincheisteanna trasrannacha.	Cruinnithe a eagraíodh. Sreabhadh faisnéise. Beartas Trasrannacha chur i bhfeidhm.	Bhí ionadaithe ón Roinn ar nach mór nócha coiste idir-rannach faoi dheireadh 2003.
6.6.20 An Clár don Rialtas a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air mar aon le pé gealltanais a ghlacfaidh an Rialtas agus na Comhpháirtithe Comhdhaonnacha orthu féin in "Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn"	Na gealltanais a chur i gcrích.	Rinneadh monatóireacht ar chur i bhfeidhm na ngealltanas sa Chlár don Rialtas i gcomhthéacs chur i bhfeidhm an Ráitis Straitéise. Tugadh isteach dhá Thuarascáil um Dhul Chun Cinn maidir le cur i bhfeidhm na ngealltanas sa Chaibidil Talmhaíochta de "Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn". Bhí dhá sheisiún iomlánacha ann leis na Comhpháirtithe Comhdhaonnacha. Freastlaíodh ar chruinnithe den Ghrúpa Stiurtha agus de Thionscadail Speisialta.

VÓTA 31: CAITEACHAS AR AN TALAMHAÍOCHT AGUS BIA DO 2003

Cúrsaí Riaracháin		**237.107m**
A1	Tuarastail, Pá agus Liúntais	186.448m
A2	Taisteal agus Cothú	12.045m
A3	Caiteachas Teagmhasach	6.501m
A4	Post agus Teileachumarsáid	6.950m
A5	Inneallra Oifige	11.941m
A6	Caiteachas ar Áitreabh Oifige	6.361m
A7	Seirbhísí Comhairliúcháin	6.541m
A8	Bearta Forlíontacha chun Leas Airigid an AE a chosaint	0.320m
Seirbhísí Eile		
Taighde Oideachais agus Seirbhísí Comhairliúcháin		**138.371m**
B1	Taighde agus Tástáil	29.092m
B2	Deontas-i-gCabhair TEAGASC don chaiteachas ginearálta (PAY)	93.280m
B3	Deontas-i-gCabhair TEAGASC chun críche Aoisliúntais (PAY)	15.999m
Feabhsú Beostoic agus Díothú Galar		**218.337m**
C1	Díothú na hEitinne Bó agus na Brúsalóise	65.069m
C2	Díothú agus Rialú Ginearálta Galar	143.634m
C3	An tÚdarás Tógála Eallaigh	0.888m
C4	Scéim Náisiúnta Deimhnithe Mairteola	8.746m
Cúnamh Forbartha		**20.235m**
D1	An Bord Glas - Deontas-i-gCabhair don chaiteachas ginearálta	2.455m
E1	Bord Bia - Deontas-i-gCabhair don chaiteachas ginearálta	17.003m
F1	Tionscal na gCapall gan Folaíocht	0.560m
F2	Lárionad Taispeántais Bhaile Fuinse	0.217m
Íocaíochtaí Pinsin srl.		**2.236m**
G1	Íocaíochtaí Pinsin srl. (PAY) /Dairy Disposal Co Ltd.	0.142m
G2	Cuíchóiriú na mbord ceantrach bainne i mBÁC/ Corcaigh (PAY)	1.412m
G3	Blianachtaí agus Préimheanna Saoil (Rialachán an AE Uimh. 72/160)	0.682m
Scéimeanna a Riaradh agus Rialacháin Ráthaíochta an AE á gCur i bhFeidhm		**531.608m**
H1	Maoiniú an CBT	27.374m
H2	Caillteanais Idirghabhála an Mhargaidh trí Easnaimh, Thimpiste srl	2.081m
H3	EBC - CAD	3.000m
H4	An Scéim Chosanta don Chomhshaol Tuaithe	182.334m
H5	Luathscor	79.539m
H6	Liúntais Chúitimh	237.209m
H7	Cúnamh Teicniúil don Fhorbairt Tuaithe	0.071m

Scéimeanna a Riaradh agus Rialacháin Struchtúracha an AE á gCur i bhFeidhm		**43.809m**
I1	Infheistíocht Ar-Feirme	1.839m
I2	Forbairt Talmhaíochta faoin BFN	36.726m
I3	Deontais don Mhargú agus don Phróiseáil	5.244m
Ilchineál	**34.496m**	
J1	Comhoibriú Idirnáisiúnta	1.498m
J2	Comhdháil um Chúnamh Bia	4.430m
J3	Caiteachas Ginearálta ar Chúrsaí Dlí	0.529m
J4	Smachtú Capall	2.132m
J5	Cigireachtaí ar Sheamlais Áitiúla	2.522m
J6	Seanscéim Chúnaimh Suiteála	0.896m
J7	Scéim Bainne do Scoileanna	0.261m
J8	Cigirí Sealadacha Tréidliachta	21.087m
J9	Seirbhísí Ilchineálacha	1.141m
Ollchaiteachas Iomlán		**1,226.199m**
Leithghabhálacha i gCúnamh		**-397.472m**
Cúrsaí Riaracháin		**-23.720m**
K1	Aisghabháil Tuarastal	0
K2	Taiscí agus urrúis forghéillte faoi idirghabháil an AE, socruithe d'athchistiú onnmhairíochta srl,	-0.505m
K3	Athchistiú ó tháillí seirbhísí tréidlianna i monarchana éanlaith clóis agus ó tháillí cigireachta feola	-16.571m
K4	Admhálacha ó tháillí cigireachta tréidliachta de bharr onnmhairithe beo	-1.467m
K5	Admhálacha ó tháillí seirbhísí cigireachta ar áitribh déiríochta	-5.177m
Seirbhísí Eile		**-25.746m**
K6	Admhálacha ó tháillí díolta vacsaíní, beostoic, táirgí feirme srl	-0.737m
K7	Admhálacha ó tháillí tástála síolta, deimhniúcháin, ceadúnais, cláraithe lotnaidicídí srl	-1.775m
K8	Admhálacha ó cheadúnais agus ó dhíol agus léasú beostoic srl. (Fotheideal C1)	-0.063m
K9	Admhálacha ó ranníocaíochtaí feirmeoirí i dtreo chostas dhíothú Galar Buaibheach (Fotheideal C2)	-19.737m
K10	Admhálacha ón gCoimisiún Talún (Fotheideal A3)	-2.969m
K11	Admhálacha eile	-0.465m
Seirbhísí an AE		**-348.006m**
K12	Caiteachas Idirghabhála sa Mhargadh agus costais mhaoinithe do bhearta eile FEOGA (Ráthaíocht)	-48.936m
K13	Admhálacha ó Chaillteanais Stoic Idirghabhála	-1.631m
K14	Plean Forbarta Náisiúnta - Admhálacha Ráthaíochta (Fotheidil L4, L5, L6)	-250.363m
K15	Admhálacha BSE (Fotheideal C3)	-26.431m
K16	Ciste Tréidliachta (Fotheideal C2)	-8.240m
K17	Admhálacha Ráthaíochta eile	-0.066m
K18	Clár Oibriúcháin don Talmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus Foraoiseacht (COTFTF) 1994-1999	-0.006m
K19	PFN - Admhálacha Struchtúracha	-2.063m
K20	Fo-Chlár Bia	-10.270m
Ollchaiteachas		**828.727m**

CAITEACHAS RÁTHAÍOCHTA FEOGA/ CERTT 2003

MIONDEALÚ MIONCHRUINN AR ÉILIMH A CUIREADH FAOI BHRÁID CERTT SA BHLIAIN FÉILIRE 2003

	€, 000 (glan)
BARRA CURAÍOCHTA	
Aisíocaíochtaí Onnmhairíochta	146
Cúnamh Táirgeachta	5
Costais Idirghabhála (Gránbharra)	-18
Farae Díhiodráitithe	283
Barra Curaíochta - Cúnamh Ceantair	130,418
IOMLÁN	**130,834**
SIÚCRA	
Aisíocaíochtaí Onnmhairíochta	1,853
Cúiteamh as Stóráil	0
Aisíocaíochtaí as Siúcra a úsáideadh i dTionscal na gCeimiceán	1,270
IOMLÁN	**3,123**
TORTHAÍ AGUS GLASRAÍ	
Aisíocaíochtaí Onnmhairíochta	0
Bearta Tionscnaimh	64
Cúiteamh as Aistarraingtí	0
Cúnamh do Tháirgeadh Lín agus do Shíolta Lín	0
Cúnamh do Tháirgeadh Síolta Féir	0
Cúnamh do Lus an Leanna	0
Eagrais Táirgeoirí	3,781
IOMLÁN	**3,845**
TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA	
Aisíocaíochtaí Onnmhairíochta (lena n-áirítear Cúnamh do Bhia)	88,239
Cúnamh do Phúdar Bainne Bhearrtha do Bheathú d'Ainmhithe	2,631
Cúnamh do Bhainne Bearrtha Leachtach do Bheathú d'Ainmhithe	0
Cúnamh do Cháiséin	104,601
Costais Idirghabhála (Púdar Bainne Bhearrtha agus Im)	70,900
Stóráil Phríobháideach	2,513

Bearta chun an Bharraíocht Saille Ime a Laghdú	1,439
Forthobhach Bainne	-12
Aisíoc an Fhorthobhaigh	0
Cúnamh do Sholáthar Bainne do Scoileanna	963
Bearta Forbartha don Mhargadh	0
Feabhsú Chaighdeán an Bhainne	30
Cúnamh Cúitimh	80
Aisghabhálacha do Ráthaíocht CERTT faoi Earnáil an Bhainne	-122
IOMLÁN	**271,262**
MAIRTEOIL AGUS LAOFHEOIL	
Aisíocaíochtaí Onnmhairíochta Mairteola	63,276
Aisíocaíochtaí Onnmhairíochta Ainmhithe Beo	7,085
Stóráil Phríobháideach	0
Costais Idirghabhála	4,125
Préimh do Bha Diúil	243,939
Préimh Speisialta	280,070
Préimh Díshéasúraithe	0
Préimh Leathnaithe	156,690
Bearta Tionscnaimh	228
Scéimeanna Ceannaigh le haghaidh Díothaithe/ Ceannaigh Speisialta *	59,939
Scéim na Préimhe Maraithe	140,843
Bearta Cúitimh as BSE	46,666
Margú/ Cur Chun Cinn Mairteola d'Ardchaighdeán	0
Bearta Rialaithe agus Monatóireachta	0
Aisghabhálacha do Ráthaíocht CERTT faoi Earnáil an Bhainne	-4,852
IOMLÁN	**998,009**
CAOIREOIL	
Préimh Caorach	105,982
Stóráil Phríobháideach	0
Aisghabhálacha do Ráthaíocht CERTT faoi Earnáil an Bhainne	-279
IOMLÁN	**105,703**
MUICEOIL	
Aisíocaíochtaí Onnmhairíochta	232
Stóras Príobháideach	224
Aisghabhálacha do Ráthaíocht CERTT faoi Earnáil an Bhainne	0
IOMLÁN	**456**
ÉANLAITH CHLÓIS AGUS UIBHEACHA	
Aisíocaíochtaí Onnmhairíochta	21
IOMLÁN	**21**

TÁIRGÍ PRÓISEÁILTE	
Aisíocaíochtaí Onnmhairíochta	67,815
Aisghabhálacha do Ráthaíocht CERTT faoi Earnáil an Bhainne	-61
IOMLÁN	**67,754**
BEARTA EILE	
Cur Chun Cinn Plandaí	0
Clár Beachaireachta	15
IOMLÁN	**15**
GACH EARNÁIL	
Forbairt Tuaithe * *	
- Bearta Coimhdeacha (An Scéim Chosanta don Chomhshaol Tuaithe agus Luathscor - Ranníocaíocht 75%)	
- Liúntais Chúitimh (Líon Ainmhithe)	255,895
Bearta Agra-airgeadaíochta	7
Glanadh Cuntas ag an AE	1,584
IOMLÁN	**257,486**
MÓRIOMLÁN	**1,838,508**

* Ceannach do na scéimeanna Díothaithe/ Ceannaigh Speisialta: san fhigiúr seo tá (a) éileamh ar €24.7 milliún i 2003 maidir leis an gcaiteachas ar cheannacháin isteach sna scéimeanna sin i 2001 agus i 2002, ach nach raibh loiscthe go dtí 2002/03 agus (b) athchistiú €35.2 milliún maidir leis an ranníocaíocht náisiúnta san SCS. Is é 70% de chostas an cheannaigh ranníocaíocht an AE don scéim (80% le híoc tar éis min feola agus cnámh a dhéanamh de agus 20% le híoc tar éis a loiscthe). Rinneadh an t-athchistiú faoin SCS tar éis cinnidh a thóg Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa i gCás 239/01 a neamhnigh an riachtanas rialaithe go maoineodh Ballstáit 30% de phraghas na feola a cheannaigh siad faoin scéim.

** Cómhaoiníonn an tAE bearta Forbartha Tuaithe. An méid a éilíodh ar an AE sa bhliain atá san fhigiúr seo. Ní chuirtear san áireamh Bearta Coimhdeacha Foraoiseachta ar íoc an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha astu go dtí 31 Nollaig 2003. Tá Ráthaíocht CERTT agus an Státchiste ag cómhaoiniú íocaíochtaí atá bunaithe ar cheantair (liúntais chuitimh/ lín ainmhithe mar a bhíodh) i gceantair nach bhfuil chomh maith sin ó 2000 i leith. Roimhe seo chómhaoiníodh Treoracha CERTT (Cistí Struchtúracha) iad.

AN tACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS 1997 AGUS RIALACHÁIN NA gCOMHPHOBAL EORPACH (ÍOCAÍOCHT DHEIREANACH AR IDIRBHEARTA TRÁCHTÁLA) 2002

Is é beartas na Roinne Talmhaíochta agus Bia géilladh go hiomlán do théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus do thearmaí na Rialachán nua chun dul i ngleic le híocaíochtaí déanacha i mbeartaíochtaí tráchtála. (Rialacháin na gComhphobal Eorpach - Íocaíocht Dheireanach ar Idirbhearta Tráchtála - 2002). Táthar tar éis aird na foirne a tharraingt ar an Acht agus ar Rialacháin 2002, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun a riachtanais a chomhlíonadh agus bíonn monatóireacht á déanamh i gcónaí lena chinntiú go gcloítear lena bhforálacha.

Is iad seo a leanas na príomhnósanna imeachta a glacadh:

- I gcás cláracha ríomhaireachta agus cáipéisí treoracha íocaíochta, déantar deimhin de go gcloítear le forálacha an Achta agus na Rialachán.

- Déantar monatóireacht ar iarratais ar íocaíochtaí ó rannóga líne ionas go n-aithneofar sonraisc atá i mbaol spriocam na híocaíochta prasa a chailleadh.

- Ríomhtar an t-ús de réir théarmaí na Rialachán.

- Tá méid an tsonraisc, mar aon le haon ús atá dlite, san íocaíocht a thugtar do chliaint. Cuirtear amach nóta míniúcháin in éineacht leis na híocaíochtaí seo.

- Cuirtear na rannóga líne ar an eolas má ghearrtar fíneálacha as íocaíocht dhéanach, mínitear aon mhoill i bpróiseáil sonrasc a tharraingíonn ús déanach orthu féin agus cuirtear i gcomhad iad.

Sa bhliain 2003 gearradh éiric as íocaíocht dheireanach ar 306 sonrasc arbh fhiú breis agus €317.44 milliún 1 iad. Ba fhiú €4,944,194.21 na sonraisc go léir a íocadh go déanach. Is 2.7% é seo de €187,550,930.23, iomlán na n-íocaíochtaí a chumhdaíonn téarmaí na Rialachán. Ba fhiú €8,962.75 an t-ús iomlán a íocadh le linn 2003 de bharr íocaíochtaí déanacha.

1 Leag an Roinn Fiontraíochta, Trádála agus Fostaíochta an tairseach amach sna treoirlínte d'eagrais phoiblí.

EAGRAIS STÁIT FAOI CHOIMIRCE NA ROINNE I 2003

Teagasc, an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia

19 Ascail Dhumhach Thrá, Baile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 4
01 6376000; www.teagasc.ie

Soláthraíonn Teagasc seirbhísí comhtháthaithe taighde, comhairliúcháin agus oiliúna do thionscail na talmhaíochta agus an bhia agus do phobail tuaithe. Bunaíodh i Meán Fomhair 1988 é, faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Comhairliúchán agus Oiliúna) 1988. Déantar taighde in ocht n-ionad speisialta. Tá seirbhísí comhairliúcháin ar fáil i 96 ionad, idir cheantrach agus áitiúil. Tá oiliúint ar fáil in 8 coláiste agus 45 ionad áitiúla oiliúna agus taighde. Tá sé á riar ag údarás ina bhfuil aon bhall déag. Ceapann an tAire Talmhaíochta agus Bia an cathaoirleach agus cúigear gnáthbhall, agus ceapann an tAire na baill eile tar éis ainmniúcháin a fháil ó eagrais shainithe.

Bord Bia

Cúirt Chlann Liam, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2
01 6685155; www.bordbia.ie

Tá freagracht ar an mBord Bia as forbairt an mhargaidh agus cur chun cinn bhia agus dheochanna na hÉireann in Éirinn agus thar sáile, agus tacaíonn sé go mór le bia agus deochanna na hÉireann trí sheirbhísí éifeachtacha nuálacha a chur ar fáil chun an margadh a fhorbairt, earraí a chur chun cinn agus eolas a sholáthar chun gnó nua a fháil do chliaint. Oibríonn sé scéimeanna deimhnithe caighdeáin don mhairteoil, don mhuiceoil agus don bhagún agus do tháirgí uibheacha. Baintear úsáid as a bhranda trádála *Ireland the Food Island* chun tacú le gníomhaíochtaí margaidh gach earnála agus táirge. Tá líonra d'oifigí idirnáisiúnta ag an mBord Bia a chuireann ar fáil réimse iomlán de sheirbhísí tacúla don chustaiméir, in Amstardam, Chicago, Düsseldorf, Londain, Maidrid, Milan, Moscó agus Páras.

Bord Glas

Commercial House, West End Commercial Village, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15
01 8030398; www.bordglas.ie

Cuireadh Bord Glas ar bun i Márta 1990 mar chuideachta reachtúil fo-stáit faoin Acht Bhord Glas, 1990. Is é is bunfheidhm leis ná cuidiú le gach gné den ghortóireacht agus iad a spreagadh chun an táirgeacht a mhéadú, an margadh sa bhaile a fheabhsú agus, dá bharr sin, postanna a chruthú agus cur go mór leis an olltáirgeacht náisiúnta. Chomh maith leis sin, tá ról reachtúil aige maidir leis an ábhar gortóireachta a bhíonn i gclár bliantúil taighde, oiliúna agus comhairle Theagasc. Tá ról comhairliúcháin aige i mbeartais infheistíochta stáit a chumadh agus a chur i bhfeidhm agus i gcaighdeán grádaithe agus cáilíochta do tháirgí gortóireachta a bhunú agus a chur i ngníomh. Tá ról aige freisin i gcuraclam ardoideachais do chúrsaí gortóireachta a chumadh.

Graí Náisiúnta na hÉireann

Tulaigh, Cill Dara, Co. Chill Dara
045 521251, 521301, 521377; www.irish-national-stud.ie

Bunaíodh Cuideachta Ghraí Náisiúnta na hÉireann Tta i 1946 faoi Acht na Graí Náisiúnta. Is é is bunchuspóir léi ná graí do chapaill folaíochta a bhainistiú agus, go háirithe, seirbhísí staileanna den scoth a sholáthar ar phragsanna réasúnta. Tá baint aici le cláracha oideachasúla do thógálaithe capall agus do mhic léinn bainistíochta graí. Tá an Ghraí agus a cuid Gairdíní, a bhfuil clú agus cáil dhomhanda orthu agus atá ar oscailt don phobal, ar an bhfiche tarraingt turasóirí is mó in Éirinn. Is é an tAire Talmhaíochta agus Bia a cheapann an cathaoirleach agus seisear ball boird ar bhonn páirtaimseartha tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais. Tá an scairchaipiteal go léir a eisíodh i seilbh an Aire Airgeadais.

An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne

IPC House, Bóthar Shíol xxx, Baile Átha Cliath 4
01 6603396; www.nationalmilkagency.ie

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne i 1994 faoin Acht Bainne (Rialú Soláthair), 1994.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as rialú an tsoláthair bhainne a thomhailtear i bhfoirm leachta ar fud an Stáit. Maoinítear é trí thobhach reachtúil ar bhainne a thomhailtear i bhfoirm leachtach.

Tá roinnt freagrachtaí reachtúla ar an nGníomhaireacht faoin reachtaíocht Bainne (Rialú Soláthair): rialú an tsoláthair bhainne a thomhailtear i bhfoirm leachtach ar fud an Stáit; clárú táirgeoirí agus próiseálaithe; clárú conarthaí soláthair bhainne agus, dar ndóigh, bailiú an tobhaigh.

Tá rannóg bheag chigireachta sa Ghníomhaireacht a chinntíonn go bhfuil na sonraí a thugtar sna conarthaí cláraithe beacht agus ceart. Cuireann an Ghníomhaireacht amach Tuarascáil Bhliantúil ina bhfuil Cuntais na Gníomhaireachta agus, chomh maith leis sin, coimisiúnaíonn sí staidéir ar ghnéithe áirithe d'earnáil an ólacháin bhainne ó am go chéile.

Ceapann an tAire Talmhaíochta agus Bia cathaoirleach na Gníomhaireachta. Is iad na táirgeoirí cláraithe a thoghann an cúigear ball den Ghníomhaireacht a dhéanann ionadaíocht do tháirgeoirí agus is é an tAire a cheapann na baill eile - próiseálaithe (4), imdháileoirí (1), miondíoltóirí (1) agus tomhaltóirí (2) - tar éis ainmniúcháin a fháil ó eagrais shainithe.

ORDUITHE AGUS RIALACHÁIN

Rinneadh na hOrduithe agus na Rialacháin seo a leanas le linn 2003

TEIDEAL	UIMH. I.R.	CUR SÍOS
An Eitinn Bó (Fianú an Stáit agus Forálacha Ginearálta) (Leasú) Ordú 2003	32	Forálann an tOrdú seo do nuachóiriú na socruithe clibeála maidir le heallach a aithnítear le clib aonair agus cosctar (ó 1 Márta 2003) eallach a bhfuil "clib phráis" orthu a ghluaiseacht nó a dhíol, ach amháin chun críche a maraithe.
An tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Fiabhras Clasaiceach na Muc) (Srianadh ar Allmhairithe ón mBeilg) Ordú 2003	33	Cuireann an tOrdú seo srianta i bhfeidhm ar allmhairithe áirithe ó cheantair shainithe den Bheilg de bharr Fiabhras Clasaiceach na Muc a bheith sa tír sin.
An tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Fiabhras Clasaiceach na Muc) (Srianadh ar Allmhairithe ón nGearmáin) Ordú 2003	34	Cuireann an tOrdú seo srianta i bhfeidhm ar allmhairithe áirithe ó cheantair shainithe den Ghearmáin de bharr Fiabhras Clasaiceach na Muc a bheith sa tír sin.
An tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Fiabhras Clasaiceach na Muc) (Srianadh ar Allmhairithe ón bhFrainc) Ordú 2003	35	Cuireann an tOrdú seo srianta i bhfeidhm ar allmhairithe áirithe ó cheantair shainithe den Fhrainc de bharr Fiabhras Clasaiceach na Muc a bheith sa tír sin.
An tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Fiabhras Clasaiceach na Muc) (Srianadh ar Allmhairithe ó Lucsamburg) Ordú 2003	36	Cuireann an tOrdú seo srianta i bhfeidhm ar allmhairithe áirithe ó cheantair shainithe de Lucsamburg de bharr Fiabhras Clasaiceach na Muc a bheith sa tír sin.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leas Laonna agus Muc) 2003	48	Sainíonn na Rialacháin seo na riachtanais áitribh agus leasa chun laonna agus muca a thógáil agus a bheathú. Leagtar amach freisin na rialacha maidir le haiste cheart bhia do laonna agus do mhuca agus an chigireacht cheart chun a sláinte agus a leas a chosaint.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Allmhairíochta Táirgí Ainmhithe ón tSín) (Leasú) 2003	49	Leasaíonn an Rialachán seo na rialuithe ar allmhairithe táirgí ainmhithe ón tSín de réir na gcinní a thóg an tAE le déanaí.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Galar Crúb agus Béil) (Rialú Allmhairíochta Feola ón mBotsuáin) 2003	50	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh na Comhairle Uimh. 2002/374/CE de 31 Eanáir 2003 maidir le bearta cosantacha ar leith i dtaobh feola a allmhairíodh ón mBotsuáin.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feoil agus Éineoil Úr) (Seiceálacha Sláinteachais Ghinearálta) 2003	81	Forálann an tOrdú seo do sheiceálacha sláinteachais i monarchana feola.

TEIDEAL	UIMH. I.R.	CUR SÍOS
An tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Ulpóg Éanúil) (Rialú Allmhairíochta Táirgí Éanúla ón Ísiltír) Ordú 2003	82	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh na Comhairle Uimh. 2002/374/CE de 3 Márta 2003 maidir le bearta cosantacha ar leith i dtaobh táirgí éanúla a allmhairíodh ón Ísiltír.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Táirgí Cosanta Plandaí a Údarású, a Chur ar an Margadh, a Úsáid agus a Rialú), 2003	83	Comhdhlúthaíonn na Rialacháin seo agus glacann siad ionad Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Táirgí Cosanta Plandaí a Údarású, a Chur ar an Margadh, a Úsáid agus a Rialú), 1994 go 2001 (I.R. Uimh. 139 de 1994, I.R. Uimh. 200 de 1995, I.R. Uimh. 159 de 1996, I.R. Uimh. 290 de 1997, I.R. 466 de 1997, I.R. Uimh. 461 de 1999, I.R. Uimh. 141 de 2001, I.R. Uimh. 623 de 2001), agus tugann siad éifeacht freisin do Threoir an Choimisiúin 2001/36/CE de 16 Bealtaine 2001, Treoir an Choimisiúin 2001/103/CE de 28 Samhain 2001, Treoir an Choimisiúin 2002/18/CE de 22 Feabhra 2002, Treoir an Choimisiúin 2002/37/CE de 3 Bealtaine 2002, Treoir an Choimisiúin 2002/48/CE de 30 Bealtaine 2002, Treoir an Choimisiúin 2002/64/CE de 15 Iúil 2002 and Treoir an Choimisiúin 2002/81/CE de 10 Deireadh Fómhair 2002. Sainíonn na Rialacháin na riachtanais sonraí do tháirgí cosanta plandaí ina bhfuil miocrorgánaigh agus do shubstaintí gníomhacha ar miocrorgánaigh iad, agus lena n-áirítear na substaintí gníomhacha 2,4-D, isoproturon, ethofumesate, iprovalicarb, prosulfuron, sulfosulfuron, cinidon-ethyl, cyhalofop butyl, famoxadone, florasulam, metalaxyl-M agus picolinafen, in Iarscríbhinn I den Treoir de 1991 (.i. liosta na substaintí gníomhacha atá údarásaithe le húsáid i dtáirgí cosanta plandaí). Tugann na Leasuithe a rinneadh tuilleadh sainmhíniúchán isteach, athcheartaíonn siad na riachtanais maidir le cead margaíochta agus leosan a bhaineann le leathnú réimse na dtáirgí cosanta plandaí, forálann siad d'údarásuithe a thabhairt ar feadh tréimhsí áirithe, leasaíonn siad na riachtanais pacáistithe agus lipéadaithe ionas go mbeidh siad comhsheasmhach le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Táirgí Déshaíde agus Cosanta Plandaí a Rangú, a Phacáistiú agus a Lipéadú) 2001 (I.R. Uimh. 624 de 2001), leasaíonn siad na socruith rialaithe a shainítear faoi na Rialacháin, agus ceadaíonn siad táillí iarratais agus bliantúla a leasú.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Galar Crúb agus Béil) (Rialú Allmhairíochta Feola ó Pharagua) 2003	94	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh na Comhairle Uimh. 2003/137/CE de 31 Eanáir 2003 maidir le bearta cosantacha ar leith i dtaobh feola a allmhairíodh ó Pharagua.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Galar Newcastle) (Rialú Allmhairíochta Táirgí Éanúla ó Stáit Aontaithe Mheiriceá) 2003	95	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh na Comhairle Uimh. 2003/67/CE de 28 Eanáir 2003 maidir le bearta cosantacha ar leith i dtaobh táirgí éanúla a allmhairíodh ó Stáit Aontaithe Mheiriceá.
An tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Ulpóg Éanúil) (Rialú Allmhairíochta Táirgí Éanúla ón Ísiltír) (Uimh. 2) Ordú 2003	102	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh na Comhairle Uimh. 2002/153/CE de 3 Márta 2003 agus do Chinneadh na Comhairle Uimh. 2003/156/CE de 6 Márta 2003 maidir le bearta cosantacha ar leith i dtaobh táirgí éanúla a allmhairíodh ón Ísiltír.

TEIDEAL	UIMH. I.R.	CUR SÍOS
An tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Rialú Táirgí Ainmhithe) Ordú 2003	114	Forálann an tOrdú seo do rialacháin áirithe ar allmhairiú táirgí ainmhithe (lena n-áirítear leithéidí a allmhairítear mar bhagáiste pearsanta) agus rialaíonn sé "aicmiú" agus a leithéidí de chleachtais chomh fada agus a bhaineann siad le táirgí ainmhithe.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuóta Bainne) (Leasú) 2003	123	Déanann na Rialacháin seo a thuilleadh leasaithe ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuóta Bainne) 2000 trí roinnt de na forálacha a bhaineann le Comhpháirtíochtaí Táirgthe Bainne, aistrithe cuótaí bainne, úsáid na gcuótaí bainne agus aistrithe sealadacha a mhionathrú.
Acht na Seamlas, 1988 (Scrúdú Tréidliachta) (Leasú) Rialacháin, 2003	153	Forálann na Rialacháin seo nach gcuirfear i bhfeidhm nósanna imeachta áirithe i seamlais i dtíortha sainithe maidir le scrúdú tréidliachta réamhbháis agus iarbháis ar ainmhithe buaibheacha.
An tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Ulpóg Éanúil) (Rialú Allmhairíochta Táirgí Éanúla ón mBeilg) Ordú 2003	155	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh na Comhairle Uimh. 2002/173/CE de 12 Márta 2003 maidir le bearta cosantacha ar leith i dtaobh táirgí éanúla a allmhairíodh ón mBeilg.
An tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Rialú Vacsaíní d'Ainmhithe agus d'Éanlaith Chlóis) (Leasú) Ordú 2003	159	Forálann an tOrdú seo do rialú ar vacsaín áirithe ar chúiseanna sláinte an ainmhí.
Acht na Seamlas, 1988 (Scrúdú Tréidliachta) (Leasú) (Uimh.2) Rialacháin, 2003	182	Forálann na Rialacháin seo nach gcuirfear i bhfeidhm nósanna imeachta áirithe i seamlais i dtíortha sainithe maidir le scrúdú tréidliachta réamhbháis agus iarbháis ar ainmhithe buaibheacha.
An tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Ulpóg Éanúil) (Rialú Allmhairíochta Táirgí Éanúla ón mBeilg) (Uimh. 2) Ordú 2003	183	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Threoir na Comhairle Uimh. 2002/275/CE de 16 Aibreán 2003 maidir le bearta cosantacha ar leith i dtaobh táirgí éanúla a allmhairíodh ón mBeilg.
An tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Allmhairiú Cat agus Madraí) (Rialú na Péiste Ribíní (Echinococcus Multilocularis) agus Sceartán) Ordú, 2003, and Allmhairiú Cat agus Madraí, Ordú, 2003	192	Ceadaíonn an tOrdú seo do pheataí cait agus madra atá ag teacht isteach sa Ríocht Aontaithe ó thíortha atá faofa faoi réir ag téarmaí na Scéime Taistil do Pheataí (PETS), agus a bhfuil micrishlis acu, atá vacsaínithe, a bhfuil tástáil fola déanta orthu agus atá deimhnithe de réir na scéime, leanúint dá dturas chun na hÉireann gan iad a chur i gcoraintín.
An tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Allmhairiú Cat agus Madraí) (Rialú na Péiste Ribíní (Echinococcus Multilocularis) agus Sceartán) Ordú, 2003, and Allmhairiú Cat agus Madraí, Ordú, 2003	193	Sonraíonn an tOrdú seo go gcaithfidh go raibh gach madra agus cat atá ag teacht go dtí an Stát i gcúram faoin bpéist ríbíneach (echinococcus multilocularis) agus faoi sceartáin, agus leagann sé amach gach riachtanas a bhaineann leis seo.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tabhairt Isteach Orgánach atá Díobhálach do Phlandaí nó do Tháirgí Plandaí) (Cosc) (Leasú) 2003	219	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir na Comhairle 2000/29/CE, de réir mar atá sí leasaithe, maidir le bearta cosantacha i gcoinne orgánaigh atá díobhálach do phlandaí agus do tháirgí planda a thabhairt isteach agus maidir le scaipeadh orgánach díobhálach a chosc.
An tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Ulpóg Éanúil) (Rialú Allmhairíochta Táirgí Éanúla ón nGearmáin) Ordú 2003	221	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh na Comhairle Uimh. 2002/333/CE de 12 Bealtaine 2003 maidir le bearta cosantacha ar leith i dtaobh táirgí éanúla a allmhairíodh ón nGearmáin.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Galar Newcastle) (Rialú Allmhairíochta Táirgí Éanúla ó Stáit Aontaithe Mheiriceá) (Leasú) 2003	229	Leasaíonn na Rialacháin seo Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Galar Newcastle) (Rialú Allmhairíochta Táirgí Éanúla ó Stáit Aontaithe Mheiriceá) 2003 (I.R. Uimh. 95 of 2003)

TEIDEAL	UIMH. I.R.	CUR SÍOS
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margú Cócó agus Táirgí Seacláide) 2003	236	Is é is éifeacht leis na Rialacháin seo ná éifeacht dhlíthiúil a thabhairt do Threoir Pharlaimint agus Chomhairle na hEorpa 2000/36/CE a shainíonn agus a chomhchuibhíonn, laistigh den Aontas Eorpach, na caighdeáin do chomhdhéanamh agus do lipéadú táirgí cócó agus seacláide.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margú Beathaithe Chumaisc) (Leasú) 2003	237	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir Pharlaimint agus Chomhairle na hEorpa Uimh. 2000/2/CE de 28 Eanáir 2002 a leasaíonn na riachtanais lipéadaithe a bhaineann le beathú cumaisc d'ainmhithe.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cigireachtaí ar Chothú Ainmhithe) 2003	238	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir na Comhairle 95/53/CE de réir mar atá sí leasaithe. Socraíonn siad na coinníollacha do chigireachtaí oifigiúla i réimse an chothaithe ainmhithe.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margú Súnna Torthaí agus Táirgí Comhchosúla Áirithe) 2003	240	Is é is éifeacht leis na Rialacháin seo ná éifeacht dhlíthiúil a thabhairt do Threoir na Comhairle 2001/112/CE a shainíonn agus a chomhchuibhíonn, laistigh den Aontas Eorpach, na caighdeáin do chomhdhéanamh agus do lipéadú súnna torthaí agus táirgí comhchosúla áirithe. Ba chóir go léifí na Rialacháin seo in éineacht le Treoir 2001/112/CE.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seachtháirgí Ainmhithe) 2003	248	Forálann na Rialacháin seo d'éiricí as Rialachán Pharlaimint agus Chomhairle na hEorpa Uimh. 1774/2002 de 3 Deireadh Fómhair a shárú, tugann sé éifeacht do Threoir Pharlaimint agus Chomhairle na hEorpa Uimh. 2002/33/CE agus méadaíonn sé an éiric ar shárú forálacha áirithe agus gach ábhar coimhdeach eile.
An tAcht um Chosaint Ainmhithe a Choinneáltar chun Críche Feirmeoireachta, 1984 (Ainmhithe Buaibheacha) (Cosc ar Sciotadh Eireaball), Rialacháin 2003	263	Coscann na Rialacháin seo eireaball ainmhithe buaibheacha a sciotadh ach amháin ar chúinsí áirithe.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Beathú de Bhunús Ainmhíoch) (Leasú) 2003	270	Leasaíonn na Rialacháin seo na Rialacháin atá ann cheana maidir leis an íosmhéid d'iarmhair lotnaidicídí atá i ngránbharra agus orthu a shocrú.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotbaidicídí) (Táirgí de Bhunús Planda, lena n-áirítear Torthaí agus Glasraí) (Leasú), 2003 - Iarscribhinn do I.R. 271	271	Leasaíonn na Rialacháin seo na Rialacháin atá ann cheana maidir leis an íosmhéid d'iarmhair lotnaidicídí atá i ngránbharra agus orthu a shocrú.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Gránbharra) (Leasú), 2003	272	Leasaíonn na Rialacháin seo na Rialacháin atá ann cheana maidir leis an íosmhéid d'iarmhair lotnaidicídí atá i ngránbharra agus orthu a shocrú.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tabhairt Isteach Orgánach atá Díobhálach do Phlandaí agus do Tháirgí Planda) (Cosc) (Leasú) (Uimh. 2) 2003	276	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir na Comhairle 2000/29/CE, de réir mar atá sí leasaithe, maidir le bearta cosantacha i gcoinne orgánaigh atá díobhálach do phlandaí agus do tháirgí planda a thabhairt isteach agus maidir le scaipeadh orgánach díobhálach a chosc.

TEIDEAL	UIMH. I.R.	CUR SÍOS
Acht na Seamlas, 1988 (Scrúdú Tréidliachta) (Leasú) (Uimh. 3) Rialacháin, 2003	278	Cúlghaireann na Rialacháin seo Acht na Seamlas, 1988 (Scrúdú Tréidliachta) (Leasú) (Uimh. 3) Rialacháin 2003 (I.R. Uimh. 153 of 2003) agus Acht na Seamlas, 1988 (Scrúdú Tréidliachta) (Leasú) (Uimh. 2) Rialacháin 2003 (I.R. Uimh. 182 of 2003).
An tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Víreas Bholgach na Moncaithe) Ordú 2003	279	Coscann an tOrdú seo marmait mhachaire a allmhairiú as na Stáit Aontaithe, agus creimirí agus ioraí as an Afraic faoi bhun an tSahára de réir Chinneadh an Choimisiúin Uimh. 2003/459/CE de 20 Meitheamh 2003.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Síol ó Phlandaí Ola agus ó Phlandaí Snáithín) 2003	280	Déanann na Rialacháin seo: i. Foráil nach féidir síolta ó phlandaí ola ná ó phlandaí snáithín a mhargú mura bhfuil siad deimhnithe, iata agus lipéadaithe de réir na dTreoracha AE maidir le margú síolta plandaí ola agus plandaí snáithín; ii. Foráil nach féidir síolta ó phlandaí ola ná ó phlandaí snáithín a mhargú ach amháin más síol é de chineál, nó a bhfuil baint aige le cineál, atá cláraithe sa Chatalóg Náisiúnta nó i gComhchatalóg an AE; iii. Foráil don Aire Talmhaíochta agus Bia éinne a chlárú atá i mbun gnó ag próiseáil, ag allmhairiú nó ag pacáil plandaí ola agus plandaí snáithín; iv. Na forálacha atá i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Síol ó Phlandaí Ola agus ó Phlandaí Snáithín), 1981 go 1997 (I.R. Uimh. 136 de 1981), (I.R. Uimh. 136 de 1983), (I.R. Uimh. 64 de 1988), (I.R. Uimh. 109 de 1991), (I.R. Uimh. 301 de 1992), (I.R. Uimh. 53 de 1995), (I.R. Uimh. 54 de 1997) a chomhdhlúthú.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ulpóg Éanúil) (Rialú Allmhairíochta Táirgí Éanúla ón Iodáil) 2003	284	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh na Comhairle Uimh. 2002/975/CE de 12 Nollaig 2003 maidir le bearta cosantacha ar leith i dtaobh táirgí éanúla a allmhairíodh ón Iodáil.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aithint Cáilíochtaí sa Tréidliacht) 2003	288	Cuireann na Rialacháin seo Treoir Pharlaimint agus Chomhairle na hEorpa 2001/19/CE i bhfeidhm trí chur leis na coinníollacha ina gcaithfidh Comhairle Tréidliachta na hÉireann cáilíochtaí tréidliachta a baineadh amach lasmuigh d'Éirinn a aithint nó a mheas. Tá de dhualgas ar an gComhairle anois cáilíochtaí mar thréidlia a aithint má baineadh amach i mBallstát den AE nó i mball de Chumann Saorthrádála na hÉorpa iad, ní hamháin sa chás a bhfuil a leithéidí de cháilíochtaí liostaithe don stát i gceist san iarscríbhinn chuí sa Treoir, mar a bhí go dtí seo, ach freisin sa chás go bhfuil na cáilíochtaí, cé nach bhfuil siad liostaithe sa Treoir, deimhnithe ag an stát i gceist, á rá go bhfuil siad den chaighdeán atá ag teastáil sa Treoir agus go n-aithníonn an stát sin amhlaidh. Chomh maith leis sin, tá de dhualgas ar an gComhairle Tréidliachta scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chlárú ó dhaoine a bhfuil cáilíocht acu ó Thír Threasach ábhartha agus a bhfuil a leithéid sin de cháilíocht arna haithint ag Ballstát eile. Comhdhlúthaíonn na Rialacháin seo in aon ionstraim amháin gach Rialachán a bhí ann roimhe seo maidir le haithint cáilíochtaí a eascraíonn as dualgais an AE (mar atá I.R. Uimh. 391/1980, I.R. Uimh. 323/1982, I.R. Uimh. 159/1987, I.R. Uimh. 253/1992, I.R. Uimh. 268/1994).

TEIDEAL	UIMH. I.R.	CUR SÍOS
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margú Táirgí Siúcra) 2003	289	Cuireann na Rialacháin seo i bhfeidhm na forálacha i dTreoir na Comhairle 2001/111/CE a bhaineann le siúcraí áirithe atá le tomhailt ag daoine.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Táirgí de Bhainne Ámh, Bainne Teaschóireáilte agus de Bhunús Bainne a Tháirgeadh go Sláinteach agus a Chur ar an Margadh) (Leasú) 2003	290	Forálann na Rialacháin seo go gcaithfidh daoine a cheannaíonn bainne len é a phróiseáil le húsáid ag daoine cigireachtaí rialta a dhéanamh ar an áitreabh ina dtáirgtear an bainne lena chinntiú go gcomhlíonann siad na caighdeáin sláinteachais atá ordaithe. Forálann siad freisin go gcaithfidh na háitribh táirgeachta na caighdeáin struchtúracha ordaithe a chomhlíonadh. Méadaíonn siad freisin an éiric is mó is féidir a ghearradh de bharr na Rialacháin a shárú aníos go €3,000.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margú Subh Torthaí, Glóthach, Marmaláidí agus Purée Milsithe de Gheanmchnónna) 2003	294	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir Pharlaimint agus Chomhairle na hEorpa 2000/113/CE a shainíonn agus a chomhchuibhíonn, laistigh den Aontas Eorpach, na caighdeáin do chomhdhéanamh agus do lipéadú subh torthaí, glóthach, marmaláidí agus táirgí de phurée milsithe de gheanmchnónna.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bainne Leasaithe Díhiodráitithe) 2003	298	Is é is éifeacht leis na Rialacháin seo ná éifeacht dhlíthiúil a thabhairt do Threoir Pharlaimint agus Chomhairle na hEorpa 2001/114/CE a shainíonn agus a chomhchuibhíonn, laistigh den Aontas Eorpach, ó 17 Iúil 2003 na caighdeáin do chomhdhéanamh agus do lipéadú bainne atá díhiodráitithe i bpáirt nó go hiomlán. Ba chóir go léifí na Rialacháin seo in éineacht le Treoir 2001/114/CE.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Galar Newcastle) (Rialú Allmhairíochta Táirgí Éanúla ón Astráil) 2003	300	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh na Comhairle Uimh. 2003/489/CE de 25 Meitheamh 2003 maidir le bearta cosantacha ar leith i dtaobh táirgí éanúla a allmhairíodh ón Astráil.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí Do-mhianaithe i mBeathú) 2003	317	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do na forálacha i dTreoir Pharlaimint agus Chomhairle na hEorpa Uimh. 2002/32/CE de 7 Bealtaine 2002 (de réir mar atá sí leasaithe) a shocraíonn na bearta rialaithe atá le cur i bhfeidhm ar shubstaintí do-mhianaithe i mbeathú.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Torthaí agus Glasraí) 2003	356	Leasaíonn na Rialacháin seo na Rialacháin atá ann cheana maidir leis an íosmhéid d'iarmhair lotnaidicídí atá i mbeathuithe de bhunús ainmhíoch agus orthu a shocrú.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Táirgí Cosanta Plandaí a Údarású, a Chur ar an Margadh, a Úsáid agus a Rialú) (Leasú) 2003	357	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir an Choimisiúin 2003/5/CE de 10 Eanáir 2003, Treoir an Choimisiúin 2003/23/CE de 25 Márta 2003, Treoir an Choimisiúin 2003/31/CE de 11 Aibreán 2003, Treoir an Choimisiúin 2003/39/2003 de 15 Meitheamh 2003 and Treoir an Choimisiúin 2003/68/CE de 11 Iúil 2003. Leasaíonn na Rialacháin seo Treoir na Comhairle 91/414/CEE maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus comhdhlúthaíonn siad Iarscríbhinn I den Treoir sin agus forálann siad substaintí gníomhacha a chur isteach in Iarscribhinn I de Threoir na Comhairle 91/414/CEE: Flumioxazine, Deltamethrin, Imazamox, Oxasulfuron, Ethoxysulfuron, Foramsulfuron, Oxadiargyl, Cyazofamid, 2,4-DB, Beta-cyfluthrin, Cyfluthrin, Iprodione, Linuron, Maleic hydrazide, Pendimethalin, Propineb, Propyzamide, Trifloxystrobinin, Carfentrazone ethyl, Mesotrione, Fenamidone agus Isoxafultole.

TEIDEAL	UIMH. I.R.	CUR SÍOS
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leigheasanna agus Beathú Íocleasaithe d'Ainmhithe) (Leasú) 2003	365	Nuashonraíonn na Rialacháin seo Rialachán 4 (a) i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leigheasanna agus Beathú Íocleasaithe d'Ainmhithe) 1994, an tagairt do nósanna imeachta cuí Formheasta nó Cláraithe faoin Reachtaíocht um Beathú.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Prátaí Póir) (Leasú), 2003	366	Leasaíonn na Rialacháin seo Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Prátaí Póir) (I.R. 343 de 1980), ionas go simpleofar na riachtanais chun pacáistí beaga de phrátaí póir a iamh agus a lipéadú.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margú Meala) 2003	367	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir na Comhairle 2001/110/CE de 20 Nollaig 2001 a bhaineann le margú meala agus cúlghaireann siad na Rialacháin um Chaighdeáin Bhia (Mil) (Comhphobail Eorpacha) 1976 (I.R. Uimh. 155 de 1976).
Gníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá an Toghcháin), Rialacháin 2003	368	Is é is éifeacht leis na Rialacháin ná 31 Deireadh Fómhair a cheapadh mar lá an toghcháin don Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne.
Gníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Stiúradh na dToghchán) (Leasú), Rialacháin 2003	369	Is é is éifeacht leis na Rialacháin seo ná toghcheantair a bhunú chun ionadaithe táirgeoirí a thoghadh lena gceapadh ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Táirgí de Bhunús Plandaí lena n-áirítear Torthaí agus Glasraí) (Leasú) (Uimh. 2) 2003	384	Leasaíonn na Rialacháin seo na Rialacháin atá ann cheana maidir leis an íosmhéid d'iarmhair lotnaidicídí atá i mbeathuithe de bhunús ainmhíoch agus orthu a shocrú.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Beathú de Bhunús Ainmhíoch) (Leasú) (Uimh. 2) 2003	385	Leasaíonn na Rialacháin seo na Rialacháin atá ann cheana maidir leis an íosmhéid d'iarmhair lotnaidicídí atá i mbeathuithe de bhunús ainmhíoch agus orthu a shocrú.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Gránbharra) (Leasú) (Uimh. 2) 2003	386	Leasaíonn na Rialacháin seo na Rialacháin atá ann cheana maidir leis an íosmhéid d'iarmhair lotnaidicídí atá i mbeathuithe de bhunús ainmhíoch agus orthu a shocrú.
An tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Ulpóg Éanúil) (Rialú Allmhairíochta Táirgí Éanúla ón Ísiltír) (Uimh. 2) (Cúlghairm) Ordú 2003	403	Is é is éifeacht leis an Ordú seo ná na srianta ar allmhairithe ón Isiltír de bharr na hUlpóige Éanúla a bhaint.
An tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Fiabhras Clasaiceach na Muc) (Srianadh ar Allmhairithe ón bhFrainc) (Leasú) Ordú 2003	404	Leasaíonn an tOrdú seo na bearta rialaithe a bhaineann le táirgí ar leith ón bhFrainc de bharr na ráige de Fhiabhras Clasaiceach na Muc sa tír sin.
Caighdeáin Bhia (Prátaí) (Leasú), Rialacháin, 2003	406	Tugann na Rialacháin seo prátaí nua laistigh de réimse na gCaighdeán Bia (Prátaí) Rialacháin 1977 (I.R. Uimh. 367 de 1977).
An tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Fiabhras Clasaiceach na Muc) (Srianadh ar Allmhairithe ón mBeilg) (Leasú) Ordú 2003	418	Leasaíonn an tOrdú seo na bearta rialaithe a bhaineann le táirgí ar leith ón mBeilg de bharr na ráige de Fhiabhras Clasaiceach na Muc sa tír sin.
An tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Fiabhras Clasaiceach na Muc) (Srianadh ar Allmhairithe ón nGearmáin) (Leasú) Ordú 2003	419	Leasaíonn an tOrdú seo na bearta rialaithe a bhaineann le táirgí ar leith ón nGearmáin de bharr na ráige de Fhiabhras Clasaiceach na Muc sa tír sin.

TEIDEAL	UIMH. I.R.	CUR SÍOS
An tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Fiabhras Clasaiceach na Muc) (Srianadh ar Allmhairithe ó Lucsamburg) (Leasú) Ordú 2003	420	Leasaíonn an tOrdú seo na bearta rialaithe a bhaineann le táirgí ar leith ó Lucsamburg de bharr na ráige de Fhiabhras Clasaiceach na Muc sa tír sin.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Breiseacháin i mBeathú) (Leasú) 2003	461	Leasaíonn na Rialacháin seo Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Breiseacháin i mBeathú) 1999 go 2003, chun éifeacht a thabhairt do Threoir an Choimisiúin 2003/7/CE.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tabhairt Isteach Orgánach atá Díobhálach do Phlandaí nó do Tháirgí Planda) (Cosc) (Leasú) (Uimh. 3) 2003	462	Cuireann na Rialacháin seo i bhfeidhm na forálacha i dTreoir an Choimisiúin 2003/46/CE a leasaíonn an cur síos reatha ar chriosanna áirithe de chuid an AE atá faoi chosaint.
Ríalacháin n gComhphobal Eorpach (Aisghabhálacha Méideanna) 2003	463	Socraíonn an Ionstraim Reachtúil seo na rialacha agus an ráta úis a bhaineann le haisghabháil méideanna de bhun Rialachán an Choimisiúin (CEE) Uimh. 2220/85 de 22 Iúil 1985 de réir mar atá sé leasaithe ag Rialachán an Choimisiúin (CE) Uimh. 3403/93 de 10 Nollaig 1993, Rialachán an Choimisiúin (CEE) Uimh. 3002/92 de 16 Deireadh Fómhair 1992 de réir mar atá sé leasaithe ag Rialachán an Choimisiúin (CE) Uimh. 770/96 de 26 Aibreán 1996, Rialachán an Choimisiúin 800/1999 de 15 Aibreán 1999 agus Rialachán an Choimisiúin (CE) Uimh. 2419/2001 de 11 Nollaig 2001.
Galair Ainmhithe (Cosaint Ainmhithe le linn a nIompair) (Leasú), Ordú 2003	465	Is é is éifeacht leis an Ordú seo ná foráil do choinníollacha athcheartaithe chun ainmhithe a chosaint le linn a n-iompair.
Galair Ainmhithe (Galair Thógálacha a Chur in Iúl) (Leasú), Ordú 2003	487	Baineann an tOrdú seo an riachtanas éigeantach caoraíochtaí, ina bhfuil sé deimhinithe go bhfuil Caseous Lymphadenitis ann, a ghaibhniú ach coinníonn sé an chumhacht gaibhniú a chur i bhfeidhm má mheasann oifigeach údarásaithe gá a bheith leis.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Táillí ar Allmhairíocht Táirgí de Bhunús Ainmhíoch ó Thíortha Treasacha), 2003	533	Méadaíonn na Rialacháin seo na táillí ar an bhfeoil agus leathnaíonn siad agus comhdhlúthaíonn siad liosta na dtáirgí de bhunús ainmhíoch ar a ngearrtar táillí maidir le seiceálacha tréidliachta ar allmhairithe díreacha de tháirgí de bhunús ainmhíoch go hÉirinn ó Thíortha Treasacha, de réir mar is gá faoi Chaibidil 11 d'Iarscríbhinn A den Iarscríbhinn le Treoir na Comhairle 96/43/CEE. Cumhdaíonn na táillí seo gach táirge de bhunús ainmhíoch.
An tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Fiabhras Afraiceach na Muc) (Srianadh ar Allmhairithe ón tSairdín) Ordú 2003	619	Tugann an tOrdú seo éifeacht do Chinneadh na Comhairle Uimh. 2003/514/CEE de 10 Iúil 2003, maidir le srianta ar allmhairiú muc/ táirgí muice ó Shairdín na hIodáile de bharr Fiabhras Afraiceach na Muc a bheith sa tír sin.
Acht na Scéime Náisiúnta Deimhnithe Mairteola 2000 (Gluaiseacht Ainmhithe) Rialacháin 2003	655	Forálann an Rialachán seo do ghluaiseachtaí ainmhithe agus bás ainmhithe a chur in iúl don bhunachar sonraí a aithníonn agus a rianaíonn ainmhithe (CMGE). Forálann an Rialachán freisin do dheimhniúchán a eisiúint roimh aon ghluaiseachtaí a thaispeánann gur géilleadh don CMGE.
Acht na Scéime Náisiúnta Deimhnithe Mairteola 2000 (Formheas) Ordú 2003	656	Is é is éifeacht leis an Ordú seo ná síneadh a chur leis an tréimhse ama do rannpháirtithe cur isteach ar fhormheas faoin Scéim Náisiúnta Deimhnithe Mairteola.

TEIDEAL	UIMH. I.R.	CUR SÍOS
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí Do-mhianaithe i mBeathú) (Leasú) 2003	694	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do na forálacha i dTreoir an Choimisiúin 2003/100/CE de 31 Deireadh Fómhair 2003 a leasaíonn na huasmhéideanna ceadaithe de shubstaintí do-mhianaithe áirithe i mbeathú.
An Bhrúsalóis in Eallach (Forálacha Ginearálta) (Leasú) Ordú 2003	700	Forálann an tOrdú seo (i) go bhfuil faomhadh ó chigire tréidliachta ag teastáil chun bólacht a thástáil don Bhrúsalóis; (ii) dísceidealú na bhFógraí Gaibhnithe agus Díghaibhnithe; (iii) aithint shaorthoilteanach ainmhithe is imoibreoirí; (iv) maolú ar an tástáil 30 lá roimh ghluaiseacht d'ainmhithe fireanna cáilithe (mar atá ainmhithe fireanna atá 12 mí nó níos sine d'aois) atá ag gluaiseacht go díreach ó fheirm go hionad bailithe lena n-onnmhairiú chun a maraithe i dtír nach bhfuil tástáil roimh ghluaiseacht ag teastáil uaithi.
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Táirgí Cosanta Plandaí a Údarású, a Chur ar an Margadh, a Úsáid agus a Rialú) (Leasú) (Uimh. 2) 2003	702	Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir an Choimisiúin 2003/70/CE de 17 Iúil 2003, Treoir an Choimisiúin 2003/79/CE de 13 Lúnasa 2003, Treoir an Choimisiúin 2003/81/CE de 5 Meán Fómhair 2003, Treoir an Choimisiúin 2003/82/CE de 11 Meán Fómhair 2003 agus Treoir an Choimisiúin 2003/84/CE de 25 Meán Fómhair 2003. Leasaíonn na Rialacháin seo Treoir na Comhairle 91/414/CEE maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus comhdhlúthaíonn siad Iarscríbhinn I den Treoir sin agus forálann siad substaintí gníomhacha a chur isteach in Iarscribhinn I do Threoir na Comhairle 91/414/CEE, mar atá Mecoprop, Mecoprop-P, Propiconazole, Molinate, Thiram, Ziram, Coniothyrium minitans, Flurtamone, Flufenacet, Iodosulfuron, Dimethenamid-p, Picoxystrobin, Fosthiazate agus Silithiofam agus Iarscríbhinní IV agus V a chur isteach i dTreoir 91/414/CEE.
Galair Bó (Tobhaigh) Rialacháin 2003	714	Tiocfaidh na Rialacháin seo in éifeacht ar 1 Eanáir 2004 agus leagfaidh siad amach rátaí nua den Tobhach Galair ar bhainne atá le próiseáil agus ar ainmhithe buaibheacha a mharaítear nó a onnmhairítear ina mbeatha.

NA hACHTANNA TALÚN I 2003

Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí faoi na hAchtanna Talún:

- Réitíodh na socruithe chun 132 heicteár talún a fuair an tIar-Choimisiún Talún ar dtús a dhiúscairt.
- Ullmhaíodh na cáipéisí maidir le 208 duine aonair a bhí ag teastáil chun an teideal ar thalamh an Iar-Choimisiúin Talún a chlárú.
- Eisíodh 15,119 toiliú maidir le foroinnt / léasú gabháltais talmhaíochta.
- Eisíodh toiliú i 326 cás maidir le daoine neamhcháilithe ag ceannach talún, .i. daoine aonair agus cuideachtaí nach bhfuil lonnaithe san AE.
- Diúscairt 630 heicteár de mhóinchearta.
- Comhlíonadh 12 Ordú Dílseacháin maidir le coimín a roinnt agus a atheagrú.
- Comhlíonadh 11 Ordú Idir-Roinnte.

ISBN 0-755-71966-2